

PLEAN OIDHREACHTA MHÚSCRAÍ

PLEAN CAOMHNAITHE, BAINISTIÚ AGUS LÉIRLÉAMH 2018-2032:



ULLMHAITHE : EANÁIR, 2018

CLIANT: COMHAIRLE CONTAE CHORCAIGHE AGUS ACADAMH FÓDHLA

THUG AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA TACAÍOCHT AIRIGID DON BPLEAN SEO

Údair: Liam Mannix, Tomás McNamara, Terry Connell, Janice Fuller agus William Brady
Cartógrafaí: Tighearnach Dunne

Leagan Gaolúinne: Eilís Ní Shúilleabháin, Peadar Ó Riada, Máire Ní Chéilleachair agus Cristóir Ó Cróinín
Foilsithe ag Research and Dig, An Ghráinseach, Co. Chorcaí

Geata dúchasach i gCúil Aodha atá ar an gclúdach tosaigh.
Droichead ó naoú aois déag i mBaile Mhúirne atá ar an gclúdach cúil.

RESEARCH + DIG

Caomhnú/Oidhreacht/Seandálaíocht



Abhair	Leathanach
Foclaíocht	3
Aisling	4
Achoimre gníomhaíochta	5
1.0 Réamh alt	7
2.0 Prófil Stairiúil agus Seandálaíochta	20
3.0 Oidhreacht an Nadúir i nGaeltacht Mhúscraí	40
4.0 Oidhreacht doláimhsithe	43
5.0 Measúnú na Suntasáíochta	56
6.0 Deiseanna agus Srianta	80
7.0 Polasaithe Caomhnaithe agus Gníomhaíochta	86
8.0 Prionsabail Léirmhínithe Oidhreachta	101
9.0 Athbhreithniú criticiúil léirmhínithe agus liostáil suíomh	109
10.0 Léirmhíniú agus gníomhartha bainistiú cuairteoirí	111
11.0 Focal Scoir	133
Appendices	134

Foclaíocht

Gaeltacht	Úsáidtear an focal Gaeltacht mar mhíniú ar cheanntair ina bhfuil, nó ina raibh, le déanaí, an teanga Ghaeilge mar phríomh theanga labhartha. Tá na ceanntair Ghaeltachta leaghta amach le h-órdú ón Rialtas. Is ceann acu san Gaeltacht Mhúscraí.
Oidhreacht	Ár dTraidisiúin, Séadchomharthaí, Tírdhreach, Ábhair agus Cultúr atá seachadta ón ár sinnsear. Is féidir é bheith nádúrtha nó déanta ag an daonáí (sé sin Cultúrtha) le braith nó dobhraite.
Léirmhíniú Oidhreachta	Léirmhíniú oidhreachta is ea an cumarsáid déanta ar an míniú nó na mínithe áitreabh trí éagsúlacht meáin. Do réir na cairte idirnáisiúnta a threoraíonn léirmhíniú “cuirtear san áireamh foilseacháin clóbhualte agus leictrónach, léachtanna poiblí, fearais ar an láthair agus fearais seachtracha atá gaolmhar go díreach, cláracha oideachasúla, gníomhaíochtaí pobail, agus taighde leanúnach, traeineáil, agus measúnú ar an bproiséis féin ¹ .
Oidhreacht doláimshithe	Oidhreacht chultúrtha i bhfoirm traidisiúin nó cur-in-iúil tagaithe ós na sinnsear agus seachadta chun na nglúnta le teacht. Áiríotar san Oidhreacht doláimshithe- traidisiúin béil, ealaíona ardáin, cleachtais shóisialta, gnáis, imeachtaí féilte, eolas agus cleachtais a bhaineann leis an nádúir nó an Bhith, ceardaíocht a bhaineann le táirgiú láimh cheardaíocht thraidisiúnta.
Sprid Áite	Na h-elimintí inláimshithe (foirgnimh, suíomhanna, tírdreacha, bealaigh, réadaí) agus na h-elimintí doláimshithe (cuimhní, scéalta, doiciméid scríte, deasgnátha, féilte, eolas traidisiúnta, luachanna, uigeachtaí, dathanna, bolathaí 7rl), sé sin le rá na h-elimintí fisiciúla agus spioradálta a thugann míniú, luachanna, mothuchán agus mistéireacht do áit ² .
Inbhuanaitheacht	Forbairt a chothaíonn na ríachtanaisí eacnamúla agus sóisialta an lae inniu, gan comhghéille don saintréitheacht cultúrtha nó do chumas na nglúnta atá le teacht a gcuid ríachtanaisí féin a bhaint amach.
Oidhreacht láimhseach	Na comharthaí fisiciúla d’oidhreacht chultúrtha. Áiríotar imeasc Oidhreacht Láimhseach na foirgnimh, áiteanna stairiúla, deilbh is séad-chomharthaí.

¹ ICOMOS, *Charter for the interpretation and presentation of cultural heritage sites* (2007): 3

² ICOMOS, *Quebec declaration on the preservation of the spirit of place* (2008)

Aisling

Is áit eisceachtúil fíor-bheo, fuinniúil é Múscraí. Is áit é ina bhfuil caractéir na ndaoine agus an tírdhreach fite fuaite trina chéile, agus idir-fhite ar a chéile chomh maith. Tagann athraithe de shíor. Is chun cabhrú le Muintir Mhúscraí bainistiú do dhéanamh ar na h-athraithe sin agus cosaint do dhéanamh ar na gnéithe súntasacha sa réigiún ina gcónaíonn said, is cúram don doiciméid seo. Samhlaíotar go gcabhróigh an doiciméid seo leis an nGaeltacht a dhéanamh níos fearr mar áitreabh maireachtála, ionad oibre nó chun teacht ar cuaird chuige.

Cúis na docuiméide

Luíonn Gaeltacht Mhúscraí 48 cileoméadar siar ó Chathair Chorcaighe, fan teorainn Chorcaighe agus Chiarraighhe. Clúdaíonn sé achar c.255km². Is ceantar tuaithe é seo atá faoi scath iliomad cnoc is sliabh carraigreach. Daonra de 3,785 áitreabhach atá ann (CSO 2016). Siad seo 4% de dhaonra iomlán Gaeltachta na tíre.

Dob iad Comhairle Chontae Chorcaighe agus Acadamh Fódhla a dhein coimisiúnú ar an bPlean Cúig mBlia na Déag seo Caomhnaithe, Bainistíochta agus Léirléimh 2018-2032. Léiriú ar thábhacht agus fiúntas oidhreachta Ghaeltacht Mhúscraí is aidhm don togra seo maraon le soláthar polasaithe agus gníomhaíochtaí a dheimhneogh an ceantar do bheith caomhnaithe agus bainistithe go ceart, chun na todhachaí.

Módh oibre.

Taighde ar thaiscí, cuaird ar láithreacha agus clár cuimsitheach cruinnithe poiblí is bunús leis an tuairisc seo (Fch caibidil 1-4). Tionóladh sraith de chruinnithe poiblí in éineacht le cruinnithe stiúrtha le cabhair Acadamh Fódhla agus Oifigeach Oidhreachta Chontae Chorcaighe. Reachtáileadh na seacht n-ócáidí poiblí i mBaile Mhic Íre/Baile Mhúirne agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaigh. I dtaca leis na seisiúin poiblí bhí sraith d'agallaimh le timpeall ar c.30 ionadaí roghnaithe ó earnáil is eagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus ón bpobal féin.

Tábhacht an Áitrimh

Is é aidhm gach riar caomhnaithe cosaint do dhéanamh ar gach ní atá tábhachtach i dtaobh áite ach é dhéanamh i slí a cheadaíonn úsáid leanúnach. Is aidhm lena leithéid bainistiú do dhéanamh ar athrú seachas cosc do chur leis.

Mar thoradh ar an dtaighde foirleathan tá sé le tuiscint go bhfuil an Oidhreacht Láimhseach (e.g. foirgnimh, seandálaíocht, portaigh 7rl) Mhúscraí fite fúaithe isteach leis an Oidhreacht Do-Láimhsithe (e.g. Béaloideas, Log ainmneacha, Nósanna, Ceol, Filíocht, Gnás)(Fch caibideal 5). Tá gaol doimhin, casta, daingean idir dhaoine agus áitreabh. Is lú ceann acu gan an ceann eile. Is é an gaol seo a ghairmeann a thábhacht idirnáisiúnta ar Mhúscraí Is é ríomh na ndaoine féin a áiríonn carachtair na chríche seo a bheith eisceachtúil.

Is é an Cultúr Cruthaíoch agus Spioradálacht Áite seo Mhúscraí a sholátharaíon, d'Éire, tobar ionsparáide agus brí agus a dhéanann iomaíocht le nádúr an oll-mheasca Domhanda.

Sa cheantar seo tá táipéis d'áitribh is daoinibh de thabhacht áitiúil, réigiúndach, náisiúnta, agus indirnáisiúnta, a chruthaíonn an áit seo mar atá sí inniu – críoch beo beathach le brí doimhin diamhair ag baint leis.

Le n'áireamh imeasc oidhreacht tábhachtach idirnáisiúnta tá:

- Bailiúchán Béaloideas na Gaeltachta seo agus an ceangal idir dhaoine is áitreamh
- An cleachtas adhradh agus oilthireachta naomhtha áitiúil
- Áitreabh oilthireachta ag Teampall Ghobnatan agus na h-iarsmaí
- Tírdhreach searmainise atá in úsáid ó Aois an Iarainn nó níos luaithe
- An traidisún beo ceoil agus amhráníochta, filíochta agus rinne
- Páirt thábhachtach Mhúscraí i gcaomhnú Teangan na Gaolúinne agus Ceol Gaelach
- Páirt a ghlac an Ghaeltacht seo sa troid ar son saoirse na hÉireann agus bunú an Stáit.
- An raidhse saibhir gnáthóg agus an líon mór pór beatha caomhnaithe atá i Múscraí.

Contúirtí tábhachtaibh

Deimhin do dhéanamh de maireachtaint faid thréimhseach a bheith ar fáil do phobal labhartha nagaolúinne is ea an gníomh agus an tréith is tabachtaí maidir le caomhnú oidhreachta Mhúscraí (fch roinn 5.5). Tá sé riachtanach go mbeadh sóisialtacht dhoimhin ag an bpobal i gcomhlúadar a chéile.

Is contúirtí ar leith do Mhúscraí:

- Oll-thurasaíocht
- Laghdú líon na dturasóirí culturtha
- Forbairtí móra tithíochta nua
- Aistharrac seirbhísí

- Uasghrádú Bóthar an N22
- Athrú Aeráide
- Titim daonra sna sráidbhailte agus na ceantracha mágcuard
- Easba cainteoirí gaolúinne ag bogadh isteach sa ghaeltacht
- Leathan Bhannda atá ró thanaí
- Easpa fostaíochta a fhreagraíonn scileanna agus mianta na n'áitreabhach áitiúil.
- Iomarca ag brath ar thairgiú mar mhódh fostaíochta
- Easpa spáis comh-oibre idir dhaoine gairmiúla agus lucht bunaithe gnótha
- An laghdú ar thuilleamh sásúil ós na feirmeacha, go háirithe sna h-árdthailte
- Breithiúntas dhaoine ar a chéile maidir le labhairt na Gaolúinne go poiblí
- An laghdú ar úsáid cannúna Mhúscraí
- An easpa guth láidir, lárnach, neamhspleách, pobail ag áiteamh ar son Mhúscraí
- Áitrimh thábhachtacha go Náisiúnta nách bhfuil cosanta do réir dlí
- Ní mór an tuiscint ar bhainistiú ceart oidhreachta i Múscraí do bheith níos fearr.

Polasaithe agus gníomhachtaí caomhnaithe

Seo thíos ráiteas aislingeach an tsaothair seo:

Is dúthaigh fíor fhuinniúil í Muscraí. Is ceantar é mar a bhfuil idir thírdhreach agus daoine fite fuaite ina chéile. Bíonn síor-athrú ann igcónaí. Is é cúram an tsaothair seo an chabhair do thabhairt do Mhuintir Mhúscraí le bainistiú do dhéanamh ar an athrú sin agus chun cosaint do dhéanamh ar ghnéithe fíor-thábhachtacha an réigiúin ina maireann siad. Samhalaíotar, ar deireadh, gurb é toradh an tsaothair seo gur áit níos fearr chun maireachtana é, chun oibre ann nó chun cuaird a thabhairt air, a bheidh i gceanntar Mhúscraí.

Tá na polasaithe agus gníomhachtaí uilig i gcaibideal 7 ar aon dul leis an bhfís seo. Níl aon eisceacht ionta. Táid uilig deartha le tacú agus buanú a dhéanamh ar a chéile.

Polasaithe ginearálta

- Ní foláir don CMIP seo an bonn do sholáthar do gach cinneadh a bhaineann le bainistiú oidhreachta Mhúscraí
- Is ceart don CMIP seo do bheith in áireamh gach cinneadh a thógann Comhairle Contae Chorcaighe, Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile uilig an Stáit.
- Is ceart forbairt do bheith ionbhuanaithe ag cloí le cultúir agus slí maireachtála na Gaeltachta.

Clabhsúr

Réigiún ina bhfuil cultúr de thabacht idirnáisiúnta isea Múscraí. Is annamh an ceangal doimhin seo, idir daoine is dúthaigh, in aon áit eile san Eoraip. Tá Muscraí chomh tábhachtach sin go n'éilíonn sé aitheantas agus tacaíochtaí físiúla. Mura ndéantar seo, laghdóigh smúsach éagsúil oidhreachta na h-áite agus laghdóigh a luach don Stát, is don Eoraip foirleathan, le h-imeacht aimsire go dtí nách ann do a thuilleadh.

1.0 Réamhrá


1.1 Cúlra

Tá an Plean cúig mbliana déag caomhnaithe seo coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae Corcaighe, in éineacht le h-Acadamh Fódhla. Is chun áird a tharraingt ar an tábhacht agus suntasaíocht oidhreachta, a bhaineann le Gaeltacht Mhúscraí, príomh aidhm an tionscadail seo, maraon le spriocanna oidhreachta a chruthú agus gníomhartha a chur sa tsiúbhal a chinnteoidh go mbeidh an ceantar caomhnaithe, bainistithe agus cothabhálta, sa tslí is oiriúnaí, as seo amach. Tá an saothar bunaithe ar obair iontach éagraíochtaí éagsúla pobal-bhunaithe Gaeltachta agus ar iarrachtaí Comhairle Contae Chorcaí, Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí stáit éagsúla eile. Níl Gaeltacht Oileán Cléire mar chuid den dtuairisc seo

1.2 Aithint Suíomh agus Próifil

Tá Gaeltacht Mhúscraí suite 48 ciliméadar sár ó Chathair Chorcaighe (figiúir 1) ina luí fan teorann Chorcaighe/Chiarraighe. Tá a dhaonra 3,785³, ionann le 4% de iomlán áitreabhaigh Gaeltachta na tíre. Tá achar talamhan de 255km² sa Ghaeltacht Corcaíoch. Is ionann seo agus 5.5% d'iomlán limistéir na nGaeltachtaí. Is iad bailte Baile Mhic Íre/Baile Mhúirne agus Béal Átha an Ghaorthaidh na h-áitreabh daonra is mó. Áitribh suntasacha eile is ea Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, agus Cill na Martra.

Fig 1.1 Tá limistéar Gaeltacht Múscraí le feiscint i mbándearg⁴



Tá an tírdhreach luite faoi chnoic líonmhara, árd, carraigreacha agus Sléibhte Dhoire na Sagart. Árdáinn an stuaic is aoirde, Mullach an Ois, go dtí 647m. Tá patrún a' tsaoil laethiúil dírithe fa' ghleannta atá tochailte amach ag an Laoi agus an Sulán. Gearann dhá phríomh bhóthar (R586 and N22) an Ghaeltacht seo

³ Census 2016 (An Príomh-Oifig Staidrimh)

⁴ Comhairle Contae Chorcaí, 2014

agus iad ag leanúint abhantracht na n-abhann. Nascann an dá bhealach sin le chéile ag baile margaidh MháchCromtha. Tá an Ghaeltacht seo scoilte ina chodaibh ag an dtírdhreach garbh, agus tábhacht an dá phríomh bhóthar. Dá dheascaibh seo níl dóthain teanghmála idir dhaoinibh thall is abhus, idir Mhuintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Muintir Bhaile Mhic Íre/Bhaile Mhúirne. Le teacht iomadúil an ghluasiteáin, is é Mágh Cromtha a úsáidean na daoine mar an ionad lárnach seirbhísí. Níl aon siopa anois i gCúil Aodha. I mBéal Átha an Ghaorthaidh, níl ach siopa amháin fágtha. Dúnadh oifig an phoist ansúd le déanaí(fig. 1.5). Go deimhin, tá oiread san mionghnótha díolacháin dúnta i mBéal Átha an Ghaorthaidh, ná bhfuil mórán ócáidí ag daoine bualadh uma chéile i gcomhlúadar murach na cliubanna agus eagraíochtaí daoine sa cheantar(Féach appendix A do liostaí na ngrupaí pobail seo). Má tharlaíonn an úasghradú atá beartaithe don N22 tríd an nGaeltacht, feabhasóidh an slí go MághCromtha, agus beidh Baile Mhic Íre/Baile Mhúirne seachanta go h-íomlán. Dúshlán mór é seo do Bhaile Mhic Íre/Bhaile Mhúirne mar lár-ionaid shóisialta.

Figure 1.2

Gaeltacht Mhúscraí




Figure 1.3

Áiteanna i Mhúscraí




Fig. 1.4 Radharc ar Mhúscraí is tú ag féachaint i dtreo Mhullach an Ois



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Fig. 1.5 Príomh Shráid Bhéal Átha an Ghaorthaidh



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Méadú beag ar an ndaonra is ea an 3,771 duine i ndaon-áireamh 2011 - árdú beag de 2.5% ar na figúirí⁵ ó 2006. Ach taispeánann sé athrú suntasach ar threo na n-uimhreacha seo seachas mar a bhí le ceithre daon-áireamh anuas (tábla 1.1). Léirigh na ceirthe daonáirimh sin meath leanúnach, le isliú iomlán idir 1986 agus 2006 de 242 duine nó 6%. D'árdaigh an daonra 0.4% idir 2011 agus 2016 (cearthar déag duine) go 3,785. Ach le linn na tréimhse céanna (2011-2016) agus mar chomparáid, d'árdaigh daonra Contae Chorcaighe ag ráta níos mó na a deich n-oiread sin(4.2%)⁶.

⁵ Census 2011 agus 2006, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

⁶ <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpr/censusofpopulation2016-preliminaryresults/geochan/>, (scrúdaithe: 13/2/2018)

Tábla 1.1 Atharaithe Daonra Gaeltacht Múscaí 1986-2011⁷

Ainm	1986	1991	1996	2002	2006	2011	1986-2011	1986-2011
Múscaí Gaeltacht								%
Béal Átha an Ghaorthaidh (páirt)	227	218	211	238	220	194	-33	-14.5
Béal Átha an Ghaorthaidh (páirt)	524	517	523	494	542	544	20	3.8
Ceann Droma, Claothrán (páirt), Doire Fhíinín, Gort na Tiobhratan, Cill na Martra (páirt), An Sliabh Riabhach, Na hUláin,	271	260	256	257	292	317	46	17.0
	210	215	205	189	169	168	-42	-20.0
	235	230	243	217	229	251	16	6.8
	440	426	438	425	420	450	10	2.3
	540	563	558	619	378	382	-158	-29.3
	871	761	747	761	816	833	-38	-4.4
	602	561	564	537	612	632	30	5.0
Iomlán	3,920	3,751	3,745	3,737	3,678	3,771	-149	-3.8

Is in Éirinn a saolaíodh beagnách 87.7% des na daoine a bhí ag maireachtaint sa Ghaeltacht i 2006. Faoi 2011, d'árdaigh an líon seo beagán go 88.3%⁸. Leis an gcúlú eacnamaíochta i 2008 tháinig laghdú ar iomlán daonra ginearálta, léirigh sé seo go bhfuil níos mó dúil ag eachtrannaigh, seachas na bun-dúchasaigh, an ghaeltacht d'fhágaint. B'iad an Ríocht Aontaithe (5.9%) agus an Pholainn (2.2%) an dá thír is mó in'ar saolaíodh na h-eachtrannaigh seo. Tá geall le duine as gach ochtar, a chónaíonn sa ghaeltacht, nár saolaíodh sa tír seo, Éire. Dar leis an dtuairisc *Anailís ar socheacnamaíoch agus riachtanaisí cultúrtha* de chuid Údarás na Gaeltachta, cothaíonn an fhíric seo deis/dúshlán mhór maidir le inmheascadh an daonra agus aitheantas don éagsúlacht idir dhaoineibh⁹.

Bhí leibhéal úinéireachta tithe cónaithe árd do réir an doiciméid céanna. Bhí díreach ós cionn 90% de theaghlaigh in úinéiracht na clainne a bhí ina gcónaí iontu¹⁰. Bhí sé seo níos aoirde ná an meán Náisiúnta. Ach sa bhliain 2011, ní raibh ach 82% des na tithe go raibh úinéir ionnta.

Deallraíon sé go bhfuil scoilt suntasach oideachais idir áitreabhaigh, óga agus aosta. Sa bhliain 2011, b'é an Bunscoil agus/nó an Teastas Sóisearach na cáilíochtaí oideachasúla ab aoirde ag 36.5% na ndaoine¹¹. Tá sé seo beagáinín níos ísle ná an figúir 37.3% i 2006¹². Is ós na glúnta is sine a faightear tromlach mór de dhaoine le h-oideachas níos neamh-fhoirmeálta. Ina theannta sin, tá an t-aos óg dírithe ar chéim tríú leibhéal a bhaint amach. Is ábhar buartha é, i dtuairisc an Údaráis (*Anailís ar Riachtanais Socheacnamaíoch agus Cultúrtha Ghaeltacht Mhúscaí*), go raibh ana chuid de mhic léinn 3^ú leibhéal Mhúscaí ag socrú síos lasmuigh den gceantar. Easpa réimse agus éagsúlachta postanna proifisiúnta sa Ghaeltacht, is príomh chúis leis an nós seo do réir ár n-agallaimh áitiúla. Is amhlaigh, ach go h-áirithe, dóibh siúd fostaithe i réimsí cruthaíochta - m.s. dearadh idirlíne, ailtireacht, margaiócht 7rl.

⁷ *Census 1986, 1991, 1996, 2002, 2006, 2011*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

⁸ *Census 2011*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

⁹ Phil Mortell et al, *Gaeltacht Mhúscaí A socio-economic and cultural needs analysis* (Corcaigh: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, 2008) 21

¹⁰ *Ibid*, 21

¹¹ *Census 2011*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

¹² *Census 2006*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

Sa bhliain 2017 bhí 684 fostaithe i gcomhluchtaí Mhúscraí le tacaíocht Údarás na Gaeltachta¹³. Aithníonn an t-Údarás an t-athrú meoin seo imeasc na ndaoine agus táid le roinnt bhlianta ag iarraidh malairt treo ó fhostaíocht fó-scill an tairgiúcháin go gcabhraid anois le comhluchtaí san earnáil seirbhíse agus táirgíthe árdluacha. Mar sin féin níl an raidhse ag freastal ar an éileamh go fóillín. B'fhéidir gurub amhlaigh nách mbeidh riamh toisc an oiread sin saghas slí beatha, anois agus an daonra beag atá sa Ghaeltacht. Níl ach an oiread áirithe gur féidir leis an Údarás a chur i gcrích agus iad ag athrú slí is ag gríosadh anois i dtreo éagsúlacht leathan fostaíochta. D'aithnigh Walsh, i 2005, an dainséar atá ann ó iomarca monarchan agus gnótha, nách mionn-ghnóthaí iad, mar go mbaineann siad úsáid as meithil móra oibríthe nách ón nGaeltacht iad agus mar sin gur baol iad do charaictéar teangan labhartha na ndaoine¹⁴. Seachas an tionnscalaíocht agus an earnáil seirbhíse, tá feirmeoireacht fós láidir san eacnamaíocht áitiúil. 'Sé tortha iomláine an scéil seo ná nách bhfuil dóthain éagsúlachta i ngairmeacha oibre do dhaoine óga an cheantair.

Ganntanas Leathan Bhannda ar árd-luas is ea an bac is mó ar dheiseanna proifisiúnta do chur ar fáil. Cuireann easpa Mol Oifige ar árdchaighdeán do chomhluchtaí beaga proifisiúnta, mar a bhféadfaidís buanú agus teacht le chéile, moill ar an bhforbairt leis.

Tá céim Ollscoile nó níos aoirde gnóite ag geall le 14% d'áitreabhaigh na duichí seo¹⁵. Tá ana chuid díobh seo a roghnaigh fanúint i Múscraí, nó a bhog tharnais ann, in ainneoin an easpa deiseanna gairmiúla. Mura mbíonn an t-ádh leo, bíonn orthu taisteal chun oibre. Léiríonn an fíric seo go bhfuil líon na múinteoirí i Múscraí (108) i bfad níos mó ná líon na bpostanna atá le fáil i scoileanna na Gaeltachta¹⁶.

Mhaoigh 29% de lucht freagartha tuarascáil 2008 an Údarais gurab í an Ghaeilge an príomh theanga labhartha teaghlaigh acu (2007, leath. 20). Duairt beagnách trí ceathrúna díobh go raibh an Ghaeilge mar theanga tánaisteach acu¹⁷. Dhearbhaigh 73% acu gurb í an dara teanga teaghlaigh í. Is é Cuil Aodha an ceantar is láidre labhartha gaoluinne go laethiúil, lasmuigh den gcóras oideachais i Múscraí. Bhí líofacht ar fuaid Mhúscraí áirithe ag 40.5% de dhaonra na Gaeltachta i 2006¹⁸. Bhí líofacht Gaoluinne leamh ag 34.5% sa bhreis orthu seo. Díobh súid a labhrann an Ghaoluinne go laethiúil, labhrann trí ceathrúna díobh í sa bhaile. Titeann úsáid na Gaoluinne go tubaisteach lasmuigh den dtig cónaithe. Abhar dóchais ámh an tuairisc is déanaí *Nuasshonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíocht Ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* (2015) go bhfuil flúirse labhartha na Gaoluinne ag 43% agus feabhas ar leith i dToghcheantar Chill na Martra dá réir¹⁹.

Tugan tuairisc *Nuasshonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* (2015) léargas leathan ar stádas agus úsáid na teangan i nGaeltachtaí na tíre. Cé nách i leith Múscraí an tuairisc, tá an ainlís ar ghluaiseachtaí ghinearálta gaeltachta oiriunach ansa chomh maith. Is suntasach na h-údair seo bheith géarchúiseach i leith tuairisc níos luaithe 2007.²⁰ B'é'n gearán i dtuairisc 2015, go raibh an docuiméad níos tuisce ró-bhog ina gcur síos ar staid na teangan Ghaeilge, nách mar a mheasadar a bhí cursaí ar an dtalamh mar a léirigh an staidéar níos déanaí. In aineoin méadú ar fhlúirse labhartha i Múscraí, is duairc an breithiúntas ghinearálta a thugann an tuairisc do thoghacháil Teangan na Gaoluinne. Deir Ó Giollagáin agus Charlton, úghdair na tuairisce, go bhfeicfead "Bás na Teanga" mar phríomh theanga labhartha, in aon Ghaeltacht sa tír, lastig de dheich mbliana (2021). Is cúis uafáis an

¹³ *Údarás na Gaeltachta: 2017 Review* (Údarás na Gaeltachta) 18

¹⁴ John Walsh, *The influence of the promotion of Irish language on Ireland's socio-economic development*, PhD Thesis, (Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 2005) 205

¹⁵ *Census 2011*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

¹⁶ Phil Mortell et al, *Gaeltacht Mhúscraí A socio-economic and cultural needs analysis* (Corcaigh: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, 2008) 31

¹⁷ *Ibid*, 51

¹⁸ Conchúr Ó Giollagáin et al, *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: principal findings and recommendations* (Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2007), 19-21

¹⁹ Conchúr Ó Giollagáin agus Martin Charlton, *Nuasshonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíocht Ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* (Gaillimh agus Má Nuad: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann, Má Nuad) 71,

²⁰ Bhí Conchúr Ó Giollagáin páirteach i ndéanamh an tuairisc níos luaithe.

scéal seo agus is ceart éisteacht leis go cúramach i gcás Mhúscraí leis. Dearbhaíonn an eolas scéite ag Census 2016 firinne a gcuid bhárnála nuair a léiríonn sé titim trom de 11.2% i gcainteoirí gaeltachta ag úsáid na teangan lasmuigh den gcóras oideachais, nuair a cuirtear é i gcomparáid le 2011²¹. B'ionann an titim i nGaeltachtaí Chorcaighe (Múscraí agus Cléire) leis, sé sin, titim 11.2%²².

Thagair údair tuairisce 2015 go dearfach i leith an chórais scolaíochta sa ghaeltacht agus deir said murach ionchur na scoileanna seo, bhéadh scéal na Gaoluinne i bhfad níos a mheasa. Mheas Ó Giollagáin agus Charlton go raibh an sláinte teangan is láidre imeasc scoláirí scoile agus gur thit an neart seo leis na daoine níos sine.²³

Tá roinnt mhódhanna chun stádas agus neart na teangan a mheas, dá n'úsáid i dtuairiscí 2007 agus 2015. Is chun leibhéal na teangan a ríomh mar phríomh theanga a' phobail faoi scrúdú, atá an obair agus tá grádú céimithe déanta ar cheantracha gaeltachta ina gcóras, na ceantracha sin ag lagú síos ó A,B go C (Tábla 1.2). Tá sé tábhachtach ó thaobh Múscraí, nár tugadh d'aon cheann dá ceantracha, stádas A (oscionn 67% de áitreabhaigh a úsáideann an Ghaoluinn mar chéad agus príomh teangan). Tá furmhór na réigiúin de Chatagóir A i gConamara Theas le cúig cinn eile i gCorca Dhuibhne agus ceithre cinn i dTir Chonaill Thiar Thuaidh do réir deallraimh.²⁴ Ach nuair a tógtar staitisticí san áireamh, tagraíonn Ó Giollagáin agus Charlton do roinnt ceantracha Catagóir C a bheith árdaithe go Catagóir B ach go h-áirithe i gCeanntar Chorca Dhuibhne agus Mhúscraí.

Tábla 1.2 Úsáid laethiúil na teangan²⁵

Catagóir Ghaeltachta	% Cainteoirí Laethiúla Gaeilge do réir an Daonáirimh	% Teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i dteideal an deontais faoi Scéim Labhairt na Gaeilge
A	67%+	65% +
B	44% - 66%	30% - 64%
C	30% - 43%	10% - 29%
Gan Stádas	< 30%	< 10%

(foinse: Ó Giollagáin agus Charlton, 2015)

I nGaeltacht Mhúscraí, tá Cuil Aodha i gCatagóir B (44%-66% daoine a úsáideann Gaoluinn go laethiúil) agus tá an chuid eile den nGaeltacht (seachas cuid de Bhéal Átha an Ghaorthaidh) áirithe i gcatagóir C (idir 30% - 43%).

Is léir úsáid na Gaeilge, idir ábhair scríte atá le fáil, ár n-agallaimh, agus breathnóireachtaí, gur scéal casta é i gCeanntar Mhúscraí. Tá líofacht feabhasaithe ach úsáid laethiúil, lasmuigh den scoil, imithe beagán i ndísc. Tuairiscíon daoine faoi agallamh againn, go bhfuil níos mó úsáide anois i measc déagóirí an lae inniu seachas mar a bhí cúigdéag nó fiche blian ó shin. Deallraíon sé go bhfuil an teanga a bhfaiséan arís! Deirtear go bhfuil úsáid na Gaoluinne imeasc eachtrannaigh an Oir-Eoraip taréis bundúchasaigh áitiúla do náiriú is do ghríosadh ionas iad anois ag iompáil ar a dteanga dhúchais sa bhaile lena gclann leannaibhe. Imeasc na dtoghacheantar inar déanadh an anailís, is fíor a rá go bhfuil éagsúlacht mór in úsáid na teangan i Múscraí.

²¹ *Census 2016 summary results – part 1*, (rialtas na hÉireann, 2017) 69

²² Ibid. I 2011, bhí 982 cainteoirí Gaoluinne laethiúil lasmuigh den gcóras oideachais. Bhí 872 i 2016.

²³ Conchúr Ó Giollagáin and Martin Charlton, *Nuasshonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíocht Ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* (Gaillimh agus Má Nuad: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann, Má Nuad) 8

²⁴ Ibid, p. 7

²⁵ Ibid

1.3 Comhthéacs Reachtúil agus Liostaí

Tá an plean seo coimisiúnaithe ag an Comhairle Chontae Corcaíge agus Acadamh Fódhla, chun tuiscint ar luachanna oidhreachta Mhúscraí a chur ar fáil agus chun treoir a thabhairt dos na h-Údaráis agus an pobal áitiúil, conas chaomhnú, bainistiú agus léirmhíniú a dhéanamh ar an áit. Ach go háirithe, tá an plean buanaithe i gcomhthéasc polasaí Pleanáil Reachtúil Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014 (CCDP), a thugann is a tharraigíonn tacaíocht ó sholathairtí an Stratéis Náisiúnta Spásúlachta (NSS), na Treoirlínte ar Pleanáil Réigiúnda an Íar Dheiscirt (RPG), agus Plean Strátéiseach an Tuaiscirt agus an Íarthar (N&WSP).

Tá solathartí tábhachtacha san CCDP, a bhaineann le pleanáil tuaithe, tithíochta agus forbairt infastructúr, go mbeidh tionnchar acu ar réigiún Mhúscraí. Aitheanta fé sprioc polasaí tuaithe RCI 4 – 5 mar *Ceanntar Tuaithe* Idirthréimhseach, tá na saintréithe forbartha agus eacnamaíochta faoi leith agus cur chuige dearfach leagtha amach do phobal agus fiontraíocht²⁶. Léiríonn an plean seo an treo strátéiseach do chruthú an fráma lonnaíochta daonra agus áitreabh an cheanntair atá leagtha amach insan Príomh Stratéis, comh maith le h-áird ar pholasaí d’oidhreacht fisiciúil, nádúrtha agus forbairt eacnamúil ins na ceanntair tuaithe, le pleanáil áitiúil. Léiríonn an Plean polasaí cuimsitheach ag treorú forbairt tithíochta tuaithe dá leithéid do cheantar, a éilíonn go mbeadh forbairtí tithíocht tuaithe nua taobh amuigh de lonnaíocht bailte, bunaithe ar thuiscint nascannaibh fíora ó thaobh eacnamaíochta agus shóisialta na duichí. Sa bhliain 2013, thug Cúirt Díl agus Cirt na hEorpa rialú i dtaoibh tithíocht “áitreabhaigh áitiúla amháin” agus tháinig sé seo chun solais i Mí Bealtaine 2017. Chaith sé amhras ar chinnithe pleanála bunaithe ar cheangailtí fírinneacha sóisialta is eacnamúla áitiúla ag iarrtasáí i leith tithe aonaracha lasmuigh de shráid bhailte²⁷.

Ta soláthar polasaithe ar leith ag an CCDP ag díriú ar chosaint na h-oidhreachta cultúrtha agus teangeolaíoch Ghaeltacht Mhúscraí i ‘HE 5–3: Ceanntair Gaeltachta’²⁸:

- Tacú, misniú agus áisiú do dhéanamh ar Oidhreacht Chultúrtha an cheantair, úsáid na teangan san áireamh, chun forbairt do dhéanamh lastigh den nGaeltacht;
- Gríosadh do dhéanamh ar fhorbairt lastigh den nGaeltacht a chuireann fostaíocht agus áiseanna shóisialta ar fáil do chách ann ach go háirithe don ghlúin óg áitiúil;
- Diultíú d’aon fhorbairt sa Ghaeltacht, a lagaíon an oidhreacht cultúrtha (úsáid an teanga Gaelach sa phobal san áireamh), murach go bhfuil sár-bhuntaístí do bhunaíocht faid théarmach an phobail áitiúil nó do phleanáil ceart agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin níos leithne;
- A chinntiú gurab í an Ghaeilge an príomh teanga ins na háiteanna ina gcuireann an Comhairle Chonntae suas comharthaí taobh istigh den nGaeltacht, murach cúiseanna cinnte agus neamhsháraithe do bheith ann lena mhalairt.
- Cur i gcoinnibh fógraíochta taobh istigh den nGaeltacht nách bhfuil an Gaeilge mar phríomh theanga iontu;
- Ní mór macnamh do dhéanamh ar an ngá atá le staidéar is iniúchadha ceart faoi idirghabháil aon iarrtas pleanála ó mhór-fhorbairt maidir lena thionnchar ar an dteanga. Is tógraí iad seo a fhéadfadh tionnchar mí-chuíosach a imirt ar úsáid na Gaolúine mar theanga labhartha an phobail agus ní gá go mbeadh sé seo soiléir ag a thús ach chomh beag. Ní mór bheith ana chúramach leis na h-iarrataisí seo.

In éineacht leis an CCDP, tá trí tionscnamh suntasacha agus tábhachtacha eile ag leibhéal áitiúil, go mbeidh tionnchar acu ar cheanntar Mhúscraí. Sa chéad áit, fé reachtaíocht nua, beidh Comhairle Chontae Corcaíge i bpáirtnéireacht leis an Coiste Forbairt Pobail Áitiúil (LCDC) ag ullmhú cód sé bliana de *Plean*

²⁶ Comhairle Contae Chorcaí, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 61

²⁷ Michael Clifford, “Chance discovery spells end of ‘locals only’ restriction on one-off housing”, *Irish Examiner* (May 22, 2017), <https://www.irishexaminer.com/viewpoints/analysis/chance-discovery-spells-end-of-locals-only-restriction-on-one-off-housing-450596.html>, (scrúdaithe: 30/10/2017)

²⁸ Comhairle Contae Chorcaí, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 200

Eacnamaíocht agus Pobail Áitiúil (LECP). Beidh dhá téama saineúil acu seo, eilimint eacnamaíocht áitiúil agus eilimint forbairt pobail. Agus a dó, beidh Comhairle Chonntae Corcaíge ag ullmhú sraith *Pleananna Ceanntair Áitiúil (LAPs)* chun pleanáil géarchúiseach, ceanntar-bhunaithe do chur ar fáil agus rangú úsáide tailimh i ngach ceann de 'sna Ceanntair Báirde. Clúdóidh an LAP reachtúil *Ceanntar Bhárdaís Bhlárna – MághCromtha* réigiún Mhúscraí, na cúig sráidbhaile san áireamh, maidir le réimsí ceisteanna pleanála, forbairt, oidhreacht, tithíocht, infreastuctúr agus eacnamaíocht. Do réir Acht na Gaeltachta (2012) bronnfar Plean Teangan ar Mhúscraí a bheidh ar aon dul le Plean Baile. Tá Foireann Research and Dig taréis bheith i dteangabháil rialta le príomh úghdar an Plean Teangan chun deimhin do dhéanamh de go dtacaíonn agus go réitíonn an docuiméad seo leis an Plean Teangan sin. Cabhair is treoir le dainginiú ar an nGaoluinn mar theanga labhartha an phobail is cuspóir an plean sin²⁹.


Tá polasaí pleanála níos doimhne agus rangú úsáid talamhan curtha ar fáil ag Plean Ceanntair Áitiúil Toghcheanntar Na Blárnan/Mágh Cromtha³⁰ (fig1.4). Áiríotar mar phríomh abhair breithniúcháin cheanntar Mhúscraí na ceisteanna seo leanas;

- Bonn stratéis lonnaithe a athníonn céimlathas de lonnaithe daonra pleanáilte ó bhailtí móra go sráidbhailtí tuaithe agus ceanntair tuaithe oscailte;
- Go dtabharfadh an structúr seo céimlathas de sheirbhísí chun a chinntiú gur féidir na seirbhísí sin a chuir ar fáil le infheistíocht i dtithíocht, iompar, fostaíocht, oideachas, áiseanna sláinte agus seirbhísí pobail.
- Stratéis tithíochta agus daonra bunaithe ar an ról agus an feidhm sráidbailte reatha a láidriú tré fhorbairt a dhíriú taobh istigh dos na treoracha forbairte, agus ag an am gcéanna, na fíorriachtanaisí tithíochta tuaithe do thógaint san áireamh agus a scaipeadh faoin dtuath;
- Tá Baile Mhic Íre/Baile Mhúirne agus Béal Átha'n Ghaorthaidh aitheanta mar 'Sráidbhailte Eochrach' – ina bhfuil líon agus réimsí réasúnta seirbhísí áitiúla agus táid aitheanta mar ionaid oiriúnacha fáis. Ach aithníonn an plean an laicis atá leagtha ag laige an tsoláthair saoráidí fuíoluisce, an easpa fíor uisce le n-ól agus cothabháil carachtair theanga na Gaeltachta;
- Sraith polasaithe a áiríonn forbairt eacnamaíochta, soláthar infrastructúr, iompar agus cursaí timpeallachta;
- Polasaí a aithníonn na riachtanaisí fé leith ag Ghaeltacht Mhúscraí mar réigiún éagsúil, lena dteanga agus cultúr eisceachtúil. Tugann an LAP cúnamh le caomhnú agus ardú céime a thabhairt dos na h-áitribh agus ceanntair Ghaeltachta, le cur chun cinn fostaíochta agus deiseanna forbartha 'sna ceanntair Ghaeltachta.

²⁹ STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030, (Rialtas na hÉireann) 20

³⁰ *Blarney Macroom Municipal District local area plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2017)

Figúir 1.6 **Limistéir Plean Áitiúil Togha Cheanantar Na Blárnan /Mágh Cromtha**³¹



Tá aon structúir déag i nGaeltacht Mhúscraí atá liostaithe ar Taifead Structúir Caomhnaithe ó Chonntae Corcaíge (RPS). Mar thoradh air seo tá na structúir sin faoi chosaint fé *Act Pleanáil agus Forbairt 2000*. Dá dteastódh ó úinéir foirgnimh ar bith, deisithe a dhéanamh a athródh carachtair na bhfoirgneamh seo, chaithfí cead pleanála a lorg ó Comhairle Chonntae Corcaíge. Tá 28 foirgnimh liostaithe ins an Fardal Náisiúnta d’Oidhreacht Ailtireachta. Ní thugann a liostáil ‘san Fardal sin cosaint dlíthiúil dóibh. Ach, úsáidtear tafidiú chun eolas a bhailiú ar bhreithiúnas a dhéanamh ar ceart an fhoirgnimh do bheith liostaithe mar structúr faoi chosaint. Níl aon cheanntair Caomhnú Ailtireachta i Múscraí.

Ins an gceanntar seo tá 421 suíomhanna seandálaíochta liostaithe sa Taifead Séadcomharthaí agus Áiteanna (RMP). Tugann sé seo cosaint dos na suíomhanna fé *Achtanna na Séadcomharthaí Náisiúnta 1930-2004*. Nuair atá i gceist ag úinéir nó áititheoir de réadmhaoín, nó éinne eile, obair a thosnú ag nó ar shéadcomhartha atá liostaithe, caithfear foláireamh i scríbhinn a thabhairt don Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta dhá mhí roimh tosnú aon obair. Níl aon Séad Chomharthaí Náisiúnta ann.

Tá roinnt suíomhanna catha i gCeantar Mhúscraí. De ghnáth agus toisc gur ceantar sléibhtiúil an dúthaigh seo, tá furmhór na suíomhanna seo beag. Eisceacht ámh an suíomh réasúnta leathan atá ag ionad Luíochán Cúl na Catharach. Do réir an stairí Turtle Bunbury “some hold that the Coolnacaheragh Ambush was one of the most decisive engagements of the entire struggle. Precisely how decisive it was is hard to gauge, but it certainly gave the IRA a much needed boost in their belief that they could actually send the British into retreat³². Mar stráitéis, dhaingnigh sé Sléibhte Dhoire na Sagart mar thearmainn shábhálta don IRA³³. In aineoinn tábhacht Cúl na Catharach agus láithreacha eile cogáíochta, níl cosaint dlíthiúil ag aon cheann acu i láthair na h-uaire. Maíonn Plean Forbartha Contae Chorcaí mar aidhm ginearálta, caomhnú láithreacha Catha (Objective TO 201)³⁴. Deir Roinn 12.5.5 den Phlean seo maidir le Cogadh na Saoirse agus Cogadh na

³¹ <http://corklocalareaplans.com/blarney-macroom-municipal-district/>, (Scrúdaithe: 14/2/2018)

³² Turtle Bunbury, “The Coolnacaherach ambush - 25 Feabhra 1921,” www.turtlebunbury.com/history/history_irish/history_irish_ambush.htm, (scrúdaithe: 22/06/17)

³³ Michael Hopkinson et al, “Coolnacaheragh ambush site and the N22,” (Litir chun an An Bord Pleanála, Bealtaine 7, 2010) 1

³⁴ Comhairle Contae Chorcaí,, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 122

gCarad, *'it is the intention of Cork County Council to acknowledge the importance of these sites and to endeavour to protect and preserve them as places of historic heritage'*³⁵.

Tá cosaint tabhartha do roinnt species agus tírdreachaibh ainmnithe ag treoracha do Éin Eorpacha (1979) agus Gnáthóga (1992), Rialúcháin do Éin agus Gnáthóga Nádúrtha 2011, na hAchtanna Fiadhúlra 1976 agus Acht Fiadhúlra (Leasaithe) 2000-2010. Nuair atá forbairt beartaithe do áit ar a mbíonn impleachtaí do species nó áit atá faoi chosaint, caithfear ceadúnas teoranta do lorg ó Seirbhís Fiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta. Tá ocht suíomhanna ainmnithe do chaomhnú an nádúir i Múscraí.

Níl aon chosaint dlíthiúil tabhartha do ghnéithe den oidhreacht doláimsithe. Níl aon tagairt do oidhreacht doláimsithe in san *Acht Oidhreachta 1995*. Mar an gcéadna, níl aon tagairt ar oidhreacht doláimsithe ins an alt oidhreachta de Plean Forbairt reatha Chorcaighe (2014). Le linn Mí na Nodhlag 2015, do shínigh Éire Conradh UNESCO *"convention for the safeguarding of intangible cultural heritage (2003)"*³⁶. Dá réir i roinn 11 (a) deir sé *"each state party shall: (a) take the necessary measures to ensure the safeguarding of the intangible cultural heritage present in its territory"*³⁷. Ina theannta san deir caibideal 13 (a) *"each State Party shall endeavour to:*

(a) adopt a general policy aimed at promoting the function of the intangible cultural heritage in society, and at integrating the safeguarding of such heritage into planning programmes'³⁸.

1.4 Modheolaíochta agus Téarmaíocht

Tá an tuairisc seo bunaithe ar thaighde taisc-eolas, cuairteanna ar na suíomhanna, agus clár forleathan de comhairliúcháin poiblí.

Is mór an achar talaimh atá i nGaeltacht Mhúscraí. Níor cruthaíodh, riamh cheana féin, aon doiciméid le raon fairsinge agus feidhme forleathan mar atá beartaithe ag an CMIP seo. Tá dúshlán mór i n-áireamh, idir caomhnú áite agus a mhínte, ceanntar atá c.255km² in achar. Ach, tugann sé deis eisceachtúil doiciméid stuama amháin a chuir ar fáil, ag treorú an Aire agus an cur i láthair is fearr d'oidhreacht an cheanntair.

Beartaíodh gurab é an tslí is fearr chun doiciméid cosúil leis an Múscraí PCBL a chruthú go h-eacnamíúil agus ar árd caighdeán ná go gcúlódh na comhairleoirí. Is amhlaigh a chruinnigh na proifisiúnaithe an pobal agus chuir an t-eolas ar fáil dóibh is d'freastalaíodar ar chómhra áitreabhach na Gaeltachta. Mar sin bhí cruinnithe ag an nGrúpa Stiúrtha leis an Acadamh Fódhla agus Oifigeach Oidhreachta Chontae Corcaighe, agus bhí sraith foirleathan cruinnithe comhchomhairle poiblí. Thárla na seacht n-imeachtaí poiblí i mBaile Mhic Íre, Baile Mhúirne agus Béal Átha an Ghaorthaidh. I dteannta leo seo bhí cruinnithe inmheánacha ag príomh úghdar na tuairisce seo agus suas le 30 urlabharáí ó éagsúlacht eagraíochtaí pobail áitiúla, eagraíochtaí ón Earnáil Phoiblí agus gnóthluchtaí go forleathan. B'é ba chuspóir leis na cruinnithe neamh fhoirmeálta, inmheánach seo, raidhse agus éagsúlacht tuairimí a bhailiú ó gach ceard de Mhúscraí, i dtaobh Múscraí agus a oidhreacht. I dteannta na h-agallaimh foirmeálta, bhí mórán agallaimh neamh fhoirmeálta leis na h-áitreabhaigh chomh maith. Do réir mar a bhí an tuairisc ag teacht le chéile, foilsíodh dréachtanna de ar shuíomh idirlín an Chomhairle Contae agus seachadadh cóipeanna chúchu siúd a bhí páirteach sa diospóireacht poiblí. Fágadh, leis, cóipeanna i leabharlann áitiúil Bhaile Mhic Íre. Fágadh bileoga sa leabharlann leis chun eolas d'aistharraingt ó lucht léite na ndréachtanna. Foilsíodh leathanach AghaidharLinn (Facebook) dírithe ar nuacht na tuairisce seo do chur ar fáil. Le linn

³⁵ Ibid, 199

³⁶ *Convention for the safeguarding of intangible cultural heritage*, (Paris: UNESCO) 2003

³⁷ Ibid, 5

³⁸ Ibid, 6

an phróiséis ar fad, bhí uimhreacha guthán agus ríomhphoist taoiseach na fóirne taighde proifisiúnta scaipithe go foirleathan.

Dhein príomh úghdar na tuairisce seo trí thuras thaighde chun Gaeltacht na Rinne, An Uíbh Ráthaigh agus Gwynedd na Breataine Bige, mar a bhfuil an Bhreatainis mar an teanga labhartha, d'fhonn bearnaí eolais do líonadh. Fiosraíodh go neamh fhoirmeálta cúis staid na teangan áitiúil agus a raidhse labhartha. Ina theannta san bhí seacht gcruinniú breise bailithe eolais ag príomh úghdar na tuairisce seo le h-úghdair oidhreachta, úghdair teangan agus úghdair forbairt tuaithe.

Bhí cruinnithe áitiúla leis ag an eiceolaí, an t-úghdar béaloideas agus an seandálaí, le comhludair éagsúla ón bpobal áitiúil, d'fhonn bearnaí eolais do líonadh, do réir mar a measadh gá a bheith leo.

Bhí coiste stiúrtha beag ann le Peadar Ó Riada, thar cheann Acadamh Fódhla, agus Conor Nelligan, Oifigeach Oldhreachta Chontae Chorcaighe, ag cur eolais stiúrtha luachmhar ar fáil.

Tugann an tuairisc le chéile na próiséis agus prionsabail ábhartha den *Cairt Granada* (1985), an *Cairt Burra : an Cairt Australia ICOMOS do áiteanna le suntasacht cultúrtha* (2013) agus an *Cairt Ename, an ICOMOS cairt do léirmhíniú agus léiriú suíomhanna le h-oidhreacht cultúrtha* (2008). Tá an téarmaíocht úsáidte ins an tuairisc seo seasmhach leis na teoracha ins an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta *Treoracha chun cosaint ar oidhreacht Ailtireachta* (2004) agus an *Cairt Burra* (2013).

1.5 Srianta

Is doiciméid strátéiseach an tuarascáil seo, ag díriú ar bhainistiú oidhreachta Mhúscraí. Is é a chúram a aithint cad tá suntasach faoi oidhreacht na Ghaeltacht seo agus creatalach a chruthú trín'ar féidir an suntasaíocht sin a chosaint agus a chur chun tosaigh. Dá réir sin, tá fardal uileghabhálach dos na séadcomharthaí fé leith agus na suíomhanna oidhreachta uilig, taobh amuigh de scóip na turascála seo. Sa tslí céanna, tá doimhin mheastóireacht ar shláinte na teangan Gaelach taobh amuigh de chumais an pháir seo. Tabhair fé ndeara go bhfuil trí caibidil a leanann é seo, iad ag cur síos ar- An Oidhreacht Tógtha, Nádúrtha agus Oidhreacht Doláimhsithe Mhúscraí, curtha i láthair chun beagán aithne do chur ar chreatalach agus smior, gnéithe den nGaeltacht.

Níl an oileán gaeltachta Corcaíoch Oileán Cléire faoi chaibideal sa tuairisc seo.

Tá réimse na docuiméide seo chomh leathan le h-eolas caomhnaithe, bainistíochta agus mínithe ar oidhreacht Mhúscraí, gur fuirist é d'úsáid leis mar fhoinsé shaibhir chun pleananna forbartha áitiúla nó turasóireachta d'ullmhú, d'éinne a thoileann a leithéid a dhéanamh.

Tógann leagan Gaoluinne na tuairisce seo tús áite ar leagain i dteanagcha eile. Is ceart an tuairisc seo a athbhreithniú gach cúig mbliana.

1.6 Aithint na h-Údair

Tá an plean caomhnaithe, bainistiú and léirmhíniú ullmhaithe agus curtha i láthair ag:

- Will Brady, Pleanálaí
- Terry Connell, Seandálaí Ceadúnaithe agus feirmeoir
- Tighearnach Dunne – Cartógrafaí
- Dr Janice Fuller, Eiceolaí
- Dr Tomás MacConmara, Béaloideasóir
- Liam Mannix, Comhairleoir Oidhreachta

Cuireadh an doiciméad seo in eagar ag Liam Mannix.

B'iad Eilís Ní Shúilleabháin, Peadar Ó Riada, Máire Ní Chéilleachar agus Criostóir Ó Cróinín a aistrigh is a chur an leagan Gaolunne ar fáil.

1.7 Aitheantas

Gabhann Research and Dig a mbuíochas le Peadar Ó Riada, Máire Ní Chéilleachair Eilís Ní Shuilleabháin agus Criostóir Ó Cróinín ó Acadamh Fódhla agus le Conchúr Ó Neileagáin ó Chomhairle Chontae Chorcaí. Tá buíochas speisialta leo sin a chur ionaid cruinnithe phoiblí ar fáil saor in aisce. Ina measc tá Seán Óg Ó Duinnín Scoil Mhuire, Don Ó Laoire agus foireann Óstán an Mhuilinn agus CLG Bhéal Átha an Ghaorthaigh. B'iad foireann díograiseach Acadamh Fódhla, Eilís Ní Shúilleabháin, Peadar Ó Riada, Máire Ní Chéilleachar agus Criostóir Ó Cróinín a shaotharaigh go dian chun an leagan gaolunne do chur ar fáil. Go raibh maith agaibh! Ar deireadh, is mian leis an bhfoireann a míle buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd uilig a roinn linn a gcuid eolais is tuairimí ag cruinnithe phoiblí, agallaimh agus caidreamh comharsanúil trí chéile. Go raibh maith agaibh.

An radharc ó thuaidh ó Bhéal a Ghleanna is abhar den bpeictiúir ar an gclúdach.

2.0 Prófil Staire agus Seandálaíochta


2.1 Tionscnamh

Tugann Stair agus Seandálaíocht Mhúscraí le fios gur réigiún ilgnéitheach atá poncailte le séadcomharthaí, eachtraí agus daoine a shníonn pictúir de cheantar atá ag cur thar maoil le h-ionaid ag a bhfuil tábhacht áitiúil, réigiúnda, náisiúnta agus idir-náisiúnta. Leanfaigh an caibideal seo an ceantar ó thosach an aois ársa an Chré Úmha ar aghaidh chun na fichiú aoise, agus stracfhéachaint bheag leis ar stair agus sheandálaíocht inlámhsithe an tsaoil a bhí i Múscraí.

Tá 411 suíomh seandálaíochta sa cheantar ar liosta “Record of Monuments and Places” (RMP) (fig. 2.1). Astu seo, áiríotar an chuid is mó leis an dtréimhse Cré Úmha nó luath-Meánaoise. (table 2.1).

Tábla 2.1

An éagsúlacht Séadchomharthaí³⁹



2.2 Aois an Chré Úmha ina thosach


Do réir an Taifead de Séadcomharthaí agus Áiteanna (RMP) níl aon séadcomharthaí Neolíteach soiléir sa Ghaeltacht. Mar sin féin, tá mór chuid bothán réamh-phortaigh aitheanta go h-áitiúil. Tugann sé sin le tuiscint gur dócha go raibh áitreabh daonna i Múscraí ag síneadh síar chun an Ré Neolíteach nó fiú an Ré Méislítach. Tá sé riachtanach go mbeadh imscrúdú seandálaíochta sainiúil curtha ar bun chun na nithe seo a chur le sainliosta buanaithe.

Aithníotar Aois Cré Úmha mar ré a dhein athruithe ollmhóra ar shochaí Réamh Stairiúil Éireannach. Le linn na tréimhse seo ‘sea tháinig athrú ins an gcultúr ábharach ó bhreochloch go cré úmha. Léiríonn na léirscáileanna RMP⁴⁰ go raibh ana chuid séadcomharthaí Aois Chré Úmhaigh (go garbh ó 2400BC – 700BC) ar an dtírdhreach. Aontaíonn sé seo le próifil náisiúnta Aois an Chré Úmha. Le linn na tréimhse seo bhí gluaiseacht mór leathan daoine i dtreo cúinne Iar-dheisceart na hÉireann de bharr an flúirse copair a bhí sna mianaigh in Iarthar Chorcaighe agus Iarthar Chiarraige. Tugann fíanaise na séadcomharthaí i Múscraí le fios go soiléir agus sinn ag tosnú leis na Tuamaí Dingeacha, an claoclódh ón dtréimhse Neolíteach/Chré Úmha ar aghaidh chun na Galláin níos déanaí. Deir Ó Suilleabháin –

³⁹ *Record of Monuments and Places, Cork*, (Dúchas, 1998), <https://www.archaeology.ie/publications-forms-legislation/record-of-monuments-and-places>, (Scrudaithe: 9/2/2018)

⁴⁰ Ciallaíonn **RMP**, Taifead Séadcomharthaí agus Áiteanna. Taispeánann siad lonnaithe na séadcomharthaí rangaithe ar léirscáileanna suirbhéireachta ordanáis 6’ orlach ón luath 1900. Tá gach leac liostaithe le ciorcail triantáin agus uimhir rangaithe tabhartha do. Tugann an uimhir seo cód an chonntae (Corcaighe CO) uimhir an leathanaigh ar a bhfuil an leac agus uimhir don leac. Tá cosaint dlí ag na leacanna seo ón Acht na Séadcomharthaí Náisiúnta 1930 agus na leasaithe a lean.

Fig 2.1 Suíomhanna RMP i Múscraí



‘chruthaig na Tuamaí Dingeacha cuid lárnach den bhforbairt ar an dtírdreach feirmeoireachta⁴¹.’ Tá 56% de thuamaí Dingeacha na tíre go léir lonnaithe in Iar-dheisceart na hÉireann⁴². Dea shampla is ea an ceanntar den bproifíl réigiúnda le figúiri líonmhara de thuamaí dingeacha, fulachta fiaidh, ciorcail cloiche agus galláin.

Níl an Iarann-aois le n-aithint go soiléir ins na taifid RMP áitiúla. Tá taifid séadcomharthaí na tréimhse seo gann go leor idir ráthanna cosantacha agus Ulaigh, ag áireamh tromlach saghas suíomh Iarannaoise náisiunta. Deallraíonn sé go h-aontaíonn sé seo le próifíl náisiúnta mar níl ach timpeall 10% de shuíomhanna ar ar déanadh tochailt fé choimirce an Údarás um Bóithre Náisiunta ar a raibh iarsmaí ón Iarannaois. Cé go ndeallraíonn sé go bhfuil easpa séadcomharthaí, bheadh sé mícheart a rá nách raibh aon ghníomhaíocht Iarannaoise i Múscraí. B’fhéidir go bhfuil an tréimhse seo áirithe tríos na liosanna luatha, clocha ogham nó leacacha allmhúraigh eile dátaithe go ginearálta le h-Aois Cré Úmha nó an tréimhse luath-Meánaoiseach. Is fiú tagairt don Ollamh M.J. Ó Ceallaigh agus a chuid tochailtí seandálaíochta ag Scrín Ghobnatan mar gur chreid sé é bheith tagaithe ar fhianaise de chuid Ré an Iarainn ann.

Cé go bhfuil nodanna soiléir le faíl ón dtírdhreach Cré-Úmhach luaite san RMP, tá fadhbanna le h-aithint agus rangúcháin. Tá ana chuid des na suíomhanna liostáltha ins an RMP rangaithe go ginearálta le ré fé leith ach gan dátú eolaíoch ní féidir dátaí deimhnitheacha a thabhairt go beacht.

⁴¹ M. O’Sullivan, *Wedge Tombs, Archaeology Ireland, Winter 2010, volume 24, issue 4, Lth. 38*

⁴² *IBID*, p. 38

2.3 An Ré Luath Meánaoiseach

Tá patrún láidir lonnaíochta Luath Chríostaíochta i Múscraí. Is í Naomh Gobnait, an Bhan-ab naofa sa mhainistir i mBaile Mhúirne, an Naomh is iomráití atá bainteach leis an gceantar (fig. 2.2). Ceaptar gur dóchadh gur bhunaidh Naomh Abán an Eaglais anso san 6ú aois agus do réir scéil áitiúil, ba dhreatháir é le Naomh Gobnait.⁴³ Tá a lá patrún dá cheiliúradh fós ar an 11ú Feabhra. Déanann an Athbhreithniú Uile Éireann⁴⁴ ó 1900 taifead ar mar seo:

Fig 2.2 **Bothán Naomh Gobnait tochailte ag O’Ceallaigh ins na 1950daí**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Naomh Gobnait, Maighdean agus Máthair Abb Bhaile Mhúirne, Co. Chorcaí (6ú aois) Tá sé ráite fuithe gur chur sí a cuid beach chun an ruaig do chur ar ridire allúrach. Le linn an Aonach is Lá Patrúin tiomnaithe ina h-onóir, chruinníodh fir óga an cheantair ar charraig aoird, ag impí uirthé páirtneírí saibhre do sheoladh chuchu i rith na bliana dár gcionn.

Fianaise ar thábhacht an fhearann mainistreach seo is ea na séadchomharthaí seandálaíochta atá fos fágtha ina dhiadh. Chuir tochailtí seandálaíochta na gcaogadaí luatha faoi M.J. Ó Ceallaigh leathan áireamh ar an suíomh seo. Tá cearta lonnaithe faoi Thig Ghobnatan ó Ré an Chré Úmha is Ré an Iarainn, ina measc seo. Dar le Ronald Hutton⁴⁵ thárlodh ceangal teidil ann le Dia Tine na gCeilteach, Goibniú, a bhí ina ghabha ag na Tuatha Dé Danann do réir na miotaseolaíochta. Dar leis go bhfuil gaol ag an gceangal tine seo le Bríd, máthair abb Chill Dara⁴⁶. Tá na clocha

⁴³ D. Harris, St. Gobnet Abbess of Ballyvourney, *The Journal of the Royal Society Antiquaries of Ireland Seventh Series Vol. 8*, (1938), Lth. 276

⁴⁴ The National Calendar, *All Ireland Review*, Vol. 1, Number 14, (1900), Lth. 5

⁴⁵ R. Hutton, *The Pagan Religions of the Ancient British Isles: Their Nature and Legacy*. Oxford, Blackwell, (1991), 285.

⁴⁶ *Ibid*, p.285

ogham sa timpeallacht áirithe leis an Luath Mheánaois (níl deimhniú eolaíochta)⁴⁷. Tugann an iliomad liosanna is ráthaibh sa cheantar le fios dúinn go raibh daonra rábach fa' Dhúthaigh Mhúscraí le linn an ama seo. Is féidir teacht ar shampla breá den tsaghas seo, le beagán dua, i Ráth an Ghaiscíg mar a bhfuil dún agus a pasáiste fo-thalamh(fig. 2.3).

Fig. 2.3 **Cathair ag Ráth Ghaiscíg**



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Cé go bhfuil traidisiún leanúnach ag cultúr Ghobnait i Múscraí, ní hí an taon Naomh suntasach aitheanta sa cheantar í. Tá luath lonnócht mainistreach i nGuagán Barra, síar ó Béal Átha an Ghaorthaidh luaite le Naomh Fionnbarra ón seachtú aois ar aghaidh (fig 2.4). Tá omós tiomnaithe do Naomh Lachtaín i Réidh na nDoirí. Tá dhá thobar (0.2m óna chéile) le cumhachtaí leighis tiomnaithe do Naomh Lachtaín ar bhaile fearainn Cloch Eidhneach(fig2.5).

Fig 2.4 **Aireagal Naomh Fionnbarra**



(Foinse: Research and Dig, 2016)

⁴⁷ M. O'Sullivan, Ogham Stones, *Archaeology Ireland, Summer 2014, imleabhar 28, eagrán 2, lth. 29*

Fig. 2.5
charraig.

Tobar Lachtaín le dhá Bháisín láimh ghearrtha síos, isteach sa



(Foinse: Research and Dig, 2017)

2.4 Na Tréimhsí Meanaoiseacha Déanacha agus Luath Nua-aimseartha

Cuireann fáil ar cháipéisí go mór leis an dtaifead seandálaíochta den dtréimhse Meanaoise Déanach i Múscaí. Eascraim pictúir ós ár comhair de choimhlintí cumhachta inmhéanacha agus díshealbhú ón dtalamh. B'iad an Clann Mhac Cárthaigh a bhí chun tosaigh ar chlanna Gaelacha na hÉireann le linn na meánaoiseanna. Ginneadh na céad deontaisí talamhan i 1352 agus d'fhás Barúntachtaí astu seo do réir a chéile. Talamh a bhí rialaithe le deontais corónach fan teorann Chorcaighe agus Chiarraighe, a bhí ann. Tugadh an Choróin Shasanach do Chormac Mac Cárthaigh é tar éis do féin agus Sir Thomas de Rokeby an lámh in uachtar a fháil ar Dhiarmuid Mac Diarmuid Mhic Cárthaigh i gcoimhlint cumhachta inmhéanach na gCárthach. Faoi'n mbliain 1365 bhí Cormac Mac Carthaigh ag glaoch 'Captaen Gaeil Dheasmumhain' ar féin⁴⁸. Deallraíonn sé gur lean an ginealach seo i sciarraibh éagsúla i dtailte na gCárthach ar fuaid Mhúscaí. B'é caisleán *Carraig an Phúca* (díreach lasmuigh de Ghaeltacht Mhúscaí), a thóg Diarmuid Mac Carthaigh i lár na 1450daí, ceann des na dúnaibh a bhí acu.

Thaobhaigh na Mac Cárthaigh leis na fórsaí corónach le linn an iarracht ar phlandáil na Mumhan a déanadh go déanach ins na 1500daí. Thaobhaíodar leis na fórsaí corónach le linn Cogadh na Naoi mBlían, chomh maith. Tar éis athbhuanú Shéarlais II i 1660 tugadh luach a saothair don Clann Mac Cárthaigh i bfoirm an teidil Iarla Clanncárthaigh, ba é seo forleathnú ar an dteideal Iarla Clancare a cuireadh ar bun i 1565. B'é an Ceallacháin MacCarthaigh is mó a ghnóthaigh leis seo. Fágadh aige talamh timpeall ceanntar Bhéal Átha'n Ghaorthaidh. Bhí formhór na talamhan sin i seilbh Clann Uí Laoghaire roimh tréimhse na plandála. Tugadh an t-aitheantas do MhacCárthaigh de bhrí gurb Caitliceach é, mionlach iad siúd le linn an aistriú úinéireacht talamhan an uair sin. D'árdaigh úinéireacht talamhan imeasc na bProtastúnach ó 42% i 1641 go 70% i 1670, ar fuaid Éireann.⁴⁹ I gContae Corcaighe d'árdaigh an úinéireacht talamhan Protastúnach ó 23% i 1641 go 63% le linn 1670⁵⁰. Bronnadh an talamh timpeall Bhaile Mhic Íre / Bhaile Mhúirne agus Cúil Aodha ar John Colthurst a fuair tabhartas timpeall le

⁴⁸ K. Nicholls, *Gaelic and Gaelicized Ireland*, Dublin, Lilliput Press, (2003), lth. 189

⁴⁹ Downesurvey.tcd.ie, [Dáta iniúchta: 20/10/2014]

⁵⁰ Ibid, [Data iniúchta: 20/10/2014]

15,000 acra de thalamh fóna. Bhí tromlach na talamhan a bronnadh ar Colthurst gafa ó chaitliceach darbh ainm dó Liam Ó hIarfhlaith.

Cúiteamh ar dhílseacht ba chúis le furmhór an aistriú uinéireachta tailimh, mar atá luaite thuas. Mar thoradh ar sin, d'aistríodh seilbh na talamhan ó Chaitlicigh go Protastúnaigh. Is simiúil ámh, gur choiméad Caitlicigh an ceantár mórthimpeall níos mó seilbh talamhan i gcomaráid leis an gcuid eile den gcontae i gcoitinne. Dá ainneoin sin, leag an treaschairt forleathan talún seo an bhunchloch a thug an sway do Thiarnaí Talamhan le linn an ochtú agus an naoiú aoise déag.

Bá láidir, beo, tréan cultúr Naomh Gobnait le linn na tréimhse seo (fig 2.6). Sa bhliain 1601 bhronn an Papa Clement VIII logha deich mbliana ar éinne a thug oilithreacht ar an scrín lá fhéile Ghobnatan. I 1602, stop Dónal Cam O'Suilleabháin chun paidireoireachta ag an scrín i mBaile Mhúirne agus é ag teitheadh ón dtubaist in gCionn tSáile, agus titim a chaisleáin féin ag Dún Baoí agus a aghaidh ar mháirseáil go Liatroim agus an deoraíocht. Ar lá fhéile Ghobnatan, i 1645, léigh níuntas an phápa, an Caírdinéil Rinuccini, aifreann ann in ainneoin a raibh de chaitheamh anuas air, agus é ag cabhrú le Chónaidhm Chill Chainnigh. Léiríonn na gníomhartha seo go léir an tábhacht a bhain le Naomh Gobnait le linn na tréimhse i ndiaidh an Reifirméisean.

Níl ach trí structúr ós na meán aoiseanna fágtha ina seasamh i Múscraí. Is eaglaisí loitithe dhá cheann acu. Ceann acu is ea Teampall Ghobnatan. Teampaillín Eachrois, atá loitithe go maith, an dara ceann (fig. 2.7). Is ag an Teampaillín i 1602 seo a stad Dónal Cam Ó Suilleabháin agus a lucht leanúna don chéad oíche agus iad ar shlí a dteithe cosantach go Liatroim. Tá cillín anso agus is áit é mar a cuirtí leannaibhe óga gan baiste. Tá sé anois ar an *Bealach Béara-Breifne*. Is é an Túr Theach ar bhaile fearainn Dún Dea Radhairc⁵¹ (fig. 2.8) - an t-aon fhotharach meanaoiseach fágtha ar liosta na Séad Chomharthaí is Áitreabh. Dob iad na Cárthaigh a thóg agus maireann sé go haoirde a chéad úrláir fós. Sa bhliain 1602 do thóg Ó Suilleabhán Béara an áit⁵².

Fig 2.6 Teampall Ghobnatan



(Foinse: Research and Dig, 2014)

⁵¹ Buíochas leis an stairí Tim Herlihy as ucht an Túr-theach seo do chur in aithne dhúinn.

⁵² *Archaeological inventory of County Cork. Volume 3: Mid Cork*, Dublin, Oifig an tSoláthair (1997), CO070-084

Figure 2.7

Teampaillín Eachrois



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Fig. 2.8

Túr Theach Dún Dea-Radhairc



(Foinse: Research and Dig, 2017)

2.5 An Gorta agus Aois na Reabhlóide

Bhí tionnchar ollmhór ag an nGorta Mór 1845 – 1852 ar Éirinn. Tá meastúcháin ar líon na ndaoine a fuair bás agus a chuaigh ar imirce ins na milliúin. Cé gur dhein an Gorta Mór scrios ar gach ceantar den tír bhí sé i bfad níos measa ins na ceantair imeallacha in iarthar na hÉireann. Tá an pictiúr naisiúnta seo deimhnithe leis an titim daonra 32.7% i mBaile Mhúirne agus titim 35.1% i gCill na Martra idir 1841 agus 1851⁵³.

Bhí barúntacht Mhúscraí taobh istigh de Aontas Dlí na mBocht MághCromtha (304 míle cearnach). D’oscail Tigh na mBocht go h-oifigiúil ar an 1ú Meán Fomhair 1842. B’ é an polasaí *Laissez Faire* a bhí i mbarra réime ag lucht riar is polasaí um an dtaca seo. Dá réir seo, níor cheart d’éinne leas cúnaimh a bheith ar fáil dóibh ón rialtas. Dá dheascaibh seo bunaíodh Tithe na mBocht ionas ná beadh daoine ag fáil cúnaimh gan é thuilleamh trí dheonaíocht saothair chun an tsochaí.

Cé go raibh tithe na mbocht scriosta le galar, beag is fiú agus náire, bhí cúrsaí an tsaoil taobh amuigh níos mheasa fós. Is ins na h-uimhreacha tinnrimh ionta, le linn 1851, is soiléire a tuigtear é seo. Sa bhliain 1845, bhí 38,497 duine i tithe na mbocht in Éirinn. D’árdaigh sé seo go 83,283 i 1847, agus go 217,000 le linn 1851.⁵⁴ Bhí Tigh na Leitean ag Teampall Ghobnatan agus Cistin Súip sna Kerry Yards ar Chúil Aodha a chabhraigh le maolú ar an gcuid ba mheasa den ocras ach níor sháraigh sé an imirce. Chabhraigh oibreacha móra poiblí, ag na Colthursaí, le h-obair do chur ar fáil go h-áitiúil – bhí bóithreacha, clóis, fallaí móra agus cánalacha dá dtógaint le linn na tréimhse sin.

Tá an scéal faoi Chlann Uí Bhuachalla agus iad ag siúl ó thig na mbocht, in MaghCromtha, go reilg Charraig a’Staighre, chun bás a mbeirt leanaí do chaoineadh, agus bás na beirte acu féin ina dhiaidh, ar cheann des na scéalta is láidre in ár n-aigne, a bhaineann leis an gceantar seo.

Níor tháinig deireadh le fadhbanna le teacht críoch an Ghorta Mhóir. Bhí díshealbhú comónta i Múscraí le linn na tréimhse seo. Thárla sampla de sin i mBaile Mhúirne nuair a díshealbháodh 44 clann as a dteaghlach le linn an tréimhse iar-Ghorta. Léiríonn sé seo an síor mí shuaimhneas a bhí sa tsochaí le linn na tréimhse sin agus taispeánann sé conas a thárla an choimhlint maidir le h-úinéireacht talún, comhionannas agus ar deireadh an neamhspleáchas.

Na cúinsí a bhí ar bun sa naoú aois déag in Éirinn a leag an bun chloch don dúthracht réabhlóideach a gaibh an tír le linn 1910aí agus na 1920daí. Thug na cúinsí a bhí ar folúin, fáthanna go flúirseach le mí-shuaimhneas imeasc tromlach mór na ndaoine, is mar sin a bhí i Múscraí comh maith. Bhí an tromlach talamhan fós i seilbh na dtiarnaí neamhláithreacha. D’fhág sé seo na tionóntaithe ag tabhairt gan morán a ghéille thar nais, ní raibh ionta ach píosaí fichille ag na tiarnaí talún. B’fhuraist iad a chaitheamh amach den dtalamh ag aon tráth nó uair de dheascaibh gan dóthain feabhais curtha acu ar an ngabháltas. D’eascair grúpaí talamhaíochta cosúil leis na Buachaillí Bána agus na Ribínigh ar fud na tíre. Troid ar son cearta talamhaíochta don aicme oibrí feirme a bpríomh aidhm súd. Thárla cath ag Céim an Fhia i 1822 inar maraíodh trí Rockites (grúpa talamhaíochta eile) agus saighdúir Sasanach, agus crochadh fear eile, rud a thaispeáineann an nádúr dian de fhrithsheasamhacht talamhaíochta i gCorcaigh.

Cé gur bronnadh Fuascailt na gCaitliceach i 1829 ní go dtí na blianta i ndiadh an Ghorta go dtánaig na h-athraithe níos a mhinicí. I 1869 dhíbhunaíodh Eaglais na hÉireann mar phríomh

⁵³ M. Mac Suibhne, *Famine in Muskerry, An Drocsaol*, Midelton, Litho Press, (1997), lth. 82

⁵⁴ William J. Smyth, *The Province of Munster and the Great Famine*, in (eds) J. Crowley, W.J. Smyth & M. Murphy, *Atlas of the Great Irish Famine*, Corcaigh, (2012), lth. 363

eaglais na ndaoine (gan creidimh a áireamh). Chuir sé seo deireadh le Córas na nDeachaithe don eaglais bhunaithe.

Thug an stáit urraíocht do ana chuid scéimeanna chun maolú ar an dteannas faoin dtuath a bhí ag teacht i réim le linn an tréimhse seo. B'e Bórd na gCeantar gCúing ceann acu siúd. Bhí sé seo bunaithe le cabhair a thabhairt do dhaoine i gceantair imeallacha san iarthar, trí dheontaisí a thabhairt chun feabhsú infreastruchtúra agus úasghrádú ar fheirmeacha. Tugann na turascáil eile leide maith ar na cúinsí sóisialta i Múscraí le linn na gcéimeanna deireanacha den naoiú aois déag. Taispeánann Figiúr 2.4 úinéirí talún agus a luach ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Baile Mhúirne agus áiteanna eile sna ceantair máguaird ón turascáil ag Bórd na gCeantar gCúing i 1892.

Fig 2.4 Tuarascáil ó Bórd na gCeantar gCúing 1892⁵⁵

Togha Cheantar	Achar in acraí	Luach ag Dlí na mBocht	Líon luachála faoi £10 agus oscionn luach £4	Líon luachála faoi £4	Daonra 1891	Líon clann i 1891	Líon clann ar shealús luach £2 - £4	Líon clann ar shealús le luach <£2	Líon clann i ríocht an bhochtanaí	Líon clann gan beithíoch
Drom an Dá Liag, Thuaidh	6089	678	39	24	562	93	9	7	10	
An Achail,	13976	821	25	10	574	85	9	0	6	
Beal Átha an Ghaorthaigh	8368	1095	48	28	852	128	2	12	8	
Claon Ráth	6868	642	27	18	491	77	7	4	5	
Sliabh Riabhach	11684	1562	58	52	1064	167	5	28	16	
An Bhréadach	4410	1593	38	90	1063	184	19	56	40	60
Iomlán	51395	6391	235	222	4606	734	51	107	85	118

Tharla creimeadh, do réir a chéile, do uilchumhacht uaisle na n-eastát agus thug san deis do Bhillí Talún do bheith ceadaithe in Éireann. Bhí tionnchar sofheicthe acu seo go léir ar thírdhreach Mhúscraí. Thug an troid do chearta na dtionóntaithe spreagadh do bhunú Chonradh na Talún i 1878. Cearta a bhaint amach do úinéirí talún bochta ab ea a gcuspóir. Leathanaigh Conradh na Talún go tapaidh le craobhacha bunaithe ar fuaid na tre. I mBealtaine 1881 bunaíodh craobh in Inse Geimhleach chun cearta daoinibh an cheantair do chosaint.

Sna blianta 1870 agus 1881 ritheadh dhá acht talamhan gan rath ach lean sraith do achtanna iad seo.⁵⁶ Thugadar seo deiseanna do thionóntaithe talamh a cheannach trí dheontaisí rialtais agus cuireadh reachtaíocht ar bun chun na h-éastáit i léig a dhíol. Anois is ea d'athruigh tírdhreach eacnamaíoch Mhúscraí go mór. Ghaibh na daoine smacht ar a gcuid talaimh féin don chéad uair agus diaidh ar ndiaidh tógadh tithe feirme caighdeánacha ar fuaid na dúichí. Léirigh na tithe tuaithe feirme seo nádúir na n-athraithe a bhí tagaithe ar an sochaí Éireannach; an creimeadh mall sin ar chóras impiriúil uas-aicmeach agus, ina áit, an t-at ar aicme feirmeoirí beaga Caitliceacha neamhspleácha.

Ní raibh na h-athruithe teoranta do chreimeadh an uasaicme; bhí tionnchar ag dainginiú agus imfhálaithe na talamhan chomh maith. Bhí na h-áitribh is cnuasachtaí tuaithe de thithe méanaoiseacha ag imeacht as radharc. Bhí tithe feirme tógtha cóngarach don ngréasán bóithre nua ag teacht chun cinn. Tá tigíní tuaithe na tréimhse seo fós le feiscint mór thimpeall, cé go bhfuilid i stáidibh difriúla de dhroch órd. Táid le fáil go mór mhór timpeall chúlchríoch Bhéal Átha an Ghaorthaidh. Táid mar chuimhneachán seasmhach ar na athruithe móra a thit amach

⁵⁵ Eolas a bhuíochas do Chumann Staire Bhéal Átha an Ghaorthaidh.

⁵⁶ Irish Land Purchase Act 1885, Balfour Act 1887, Wyndam Act 1903 agus an Labours Act 1906

sa réigiún le linn na tréimhse réamh-réabhlóideach, agus seasann siad mar leachtanna do athruithe nádúr an sochaí Éireannach go déanach san naoiú aois déag.

Thug an t-athrú sochaíoch seo spreagadh do athruithe politicúla agus cultúrtha, agus leag buncloch don tréimhse réabhlóideach.

Bhí tréimhse achrannach suaite le linn Cogadh na Saoirse (1919-1921) ach go h-áirithe i gCorcaigh. Bhí uimhir na n-eachtraí i gCorcaigh le linn an tréimhse seo níos líonmhaire ná in aon contae eile. Níorbh aon eisceacht Múscaí ach oiread. Tugann na h-iarchuntais eisithe le déanaí ó Chartlann Biúró na Staire Míleata cuntas bun-úghdair ar na h-eachtraí. Tá a leithéid de chúntas tugtha ag Pádraig J. Ó Loingsigh ó na hUláin, Baile Mhic Íre⁵⁷. Bhí an Loingseach mar Chaptaen IRA Baile Mhúirne le linn blianta Cogadh na Saoirse. Dealraíonn sé go raibh gníomhaíocht reibiliúnach leanúnach mórthímpeall Mhúscaí uilig; agus an líon eachtraí taifeadta is mó sa bhliain 1920. Tugann an Loingseach cuntas ar eachtraí ar nós an t-ionsaí ar bheairic RIC i mBaile Mhúirne ar an 3ú lá d'Eanáir 1920, an loisceadh ar an 'Lodge' faoi úinéireacht W.G Williams ar an 9ú Meitheamh, bronnadh ar (Williams) £10,000 damáistí níos deanaí,⁵⁸ agus an troid fíochmhar a tharla ar an nGeata Bán ar an 17^ú Iúil, áit ar maraíodh Captaen Ayrie ó Reisimint Mhanchain. Maíonn na h-áitreabhaigh gurab é seo an chéad ionsaí ar lorráí míleata le linn tréimhse cogaidh an neamhspleáchais⁵⁹. Taispeánann na h-eachtraí seo comh mí shocair agus a bhí nádúr an phobail i Múscaí.

Sampla maith den tsaghas seo gníomhaíochta ag an IRA i Múscaí le linn Cogadh na Saoirse ab ea Luíochán Cnoc an Iúir i mí Lúghnasa 1920. Ar an 17^ú lá mí Lughnasa bhí dhá lorráí míleata ag filleadh go Maigh Cromtha tar éis fiche rothar a sheachadadh don Arm i mBaile Mhúirne. Níor thug an dá mharcach coimhdeachta aon áird ar órdú dhóibh teacht chun stad ón IRA; is amhlaidh gur ardaíodar a luas chun éalaithe. Thug an IRA, faoi cheannas Phádraig Uí Shúilleabháin agus Phádraig Uí Loingsigh, fogha futhú láithreach agus thosnaigheadar ag scaoileadh leo. Tugann Pádraig Ó Loingsigh cuntas ar an eachtra.⁶⁰

Thosnaíomar ag scoileadh leo, ag marú an oifigeach i gceannas – darbh ainm Leifteanant Sharman – láithreach agus ag gortú cearthar eile. Scaoileadar tharnais linn. Lean an lámhach ar feadh timpeall leath uair a chloig, tráth, do réir a chéile, gur ghéill an méid an bhí fágtha den phatról.

Thug an ionsaí seo spreagadh do fhórsaí na Coróineach gníomhiú láithreach. Thug tuairisc in san *Irish Times* ar an 23^ú de Lúghnasa go raibh –

Bhí timpeall 200 saighdiúir ón Reisimint Manchain dréachtaithe go Baile Mhúirne ar an Aoine. Oíche dé hAoine thimpeallaíodar an Baile, agus mar thoradh air sin gabhadh roinnt daoine.

Tugann na taifead tugtha ag Conchúr Ó Cróinín, ball de Chomplacht Bhéal Átha an Ghaorthaidh, 8^ú Cathlán, athchoimre ar ghairm Óglaigh na hÉireann sa cheanntar i 1913 agus an t-órdú slógadh tugtha ag Tomás Mac Curtáin do 16 óglach ar Domhnach Cásca 1916. Léiríonn sé, chomh maith, an meoin in aghaidh coinscríobh a bhí go mór i bfheidhm in Éirinn go luath i 1918 – ‘Nuair a bhí an scanradh coinscríobh ar bharr a réime, d’árdaigh uimhreacha na Complachta go 130 fear’⁶¹. I sliocht eile den taifead tugann sé cuntas ar ghéarchéim

⁵⁷ P. Lynch, *Bureauofmilitaryhistory.ie*, [Scrudaithe: 15/09/2014]

⁵⁸ *Skibberean Eagle*, Deire Fomhair 8th 1920, lth. 2

⁵⁹ Op. Cit Lynch *lth.* 9

⁶⁰ *Ibid*, lth.9

⁶¹ C. Cronin, *Bureauofmilitaryhistory.ie*, [scrudaithe, 19/11/2014], lth. 2

coinsiasa a tharla do Shairsint ag an RIC (Sairsint Appleby) nuair a tháinig sé ar Thomás Mac Curtáin i seomra in Óstán Ghugán Barra – ‘Nuair a chuaigh sé isteach i seomra san Óstán chonaic sé Mac Curtáin, Ó hUigín, De hÍde agus Óglach Albanach... Labhair sé le MacCurtáin i nGaeilge ar feadh cúpla neomat, d’iompaigh sé timpeal agus dhfág sé an seomra, is do dhún an dorais laistiar de.’⁶² Léiríonn an fhianaise seo, an saghas fadhbanna a bhí ar a bpláta ag baill an RIC in Éirinn le linn tréimhse na saoirse.

Tá an luíochán ag Cúl na Catharach ar cheann des na samplaí is déine troda ar a bhfuil cur síos air ó thréimhse Chogadh na Saoirse. Tharla an cogadh ar an 26^ú Feabhra 1921. Páirteach ann bhí an colún reatha seascad fear ag an IRA le 193 poblachtánach eile dá bhfaire is dá bhfóirithint. Thosnaigh an t-arm Sasanach le beagán I dteannta 70 fear in ocht veihiclí ach do mhéadaigh seo go 700 éigin fear roim deire an lae agus cúnaimh eitileáin. Dubhairt Pádraig J Ó Loinsigh ina thaobh – ‘bhí an cogadhaíocht fíochmhar ar feadh ceithre huairde a chloig’⁶³ Lean an troid a tharla i gCúl na Catharach féin ar feadh ceithre huairde a chloig ach lean an toirmeasc le cath reatha ar fuaid sléibhte Mhúscraí ar feadh sé huairde a chloig eile agus lean laetheanta diana chuardaigh agus bruidiúileachta ag na fórsaí gallda. Chaill na Sasanaigh 28 fear do réir na gcúntas áitiúil, agus cé nár chaill na Poblachtánaigh aon duine, lámhaigh na h-allúraigh síbhíalach sa chuardach dóibh. Astráileach ab ea duine den dornán Sasanach a dheimhníodar a bheith marbh. Más fíor, dob é an t-aon Astráileach a maraíodh le linn Cogadh na Saoirse

I dteannta luíocháin Chros Clonainín agus Chros an Bharraigh (an dá cheann Mí Marta 1921), tá sé aitheanta go raibh an luíochán ag Cúl na Catharach mar dheasampla den nádúr éifeachtach cogadhaíochta a bhí le treallchogaíocht le linn Cogadh na Saoirse. B’ é freagra ar an Luíochán ag na Sasanaigh, an ceantar do líonadh go mear le saighdiúirí coise, aonaid armtha agus aonad aeir. Is fíor a rá faoi an luíochán seo go raibh sé ar cheann des na h-ionsaithe míleata is uailmhianaí le linn na tréimhse sin ar fad. Go deimhin tá an láthair catha ag Cúl na Catharach ar an aon cheann sa réigiún atá marcáilte ar na léirscáileanna ag Suirbhéireacht Órdanáis na hÉireann. Taispeánann sé seo an leibhéal frithbheartaíochta a bhí i bhfeidhm i réigiún Mhúscraí, agus sníonn sé le snáithe stuama a ritheann tríd an réamh-stairíochta agus stair na h-áite. Léiríonn sé seo an réigiún mar cheantar a bhí i gcónaí eolach faoi’n a bhféiniúlacht réigiúnda agus náisiúnta, agus taispeánann sé na h-íobairtí a déanadh chun cosaint agus cothú do dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha. Bhí an saighdiúireacht i gcónaí sa cheantar agus tá fós.

Cé go ndíríonn an stair ar na daoine a throid anso, bhí 210,000 Éireannaigh a ghlac páirt i gCogadh Domhanda 1, le 49,000 nár tháinig thar nais riamh airís. Ní fhéachann sé go raibh mórán ó Mhúscraí i measc na marbh le linn an chogaidh sin. Sean Ó Laoghaire (ó Bhaile Mhúirne) a bhí mar bhall des na Fiúsailéirí Muimhneacha agus maraíodh é ar an 22^ú Márta 1918 sa bFhrainc. Ó Bhaile Mhúirne, b’ é an t-aon saighdiúir Múscraíoch a thit sa ghleo go cinnte (thit slaodaibh saighdiúirí eile ach níorbh eol cá tír arb as dóibh).

Is fiú tagairt do scéal Mhichíl Uí Laoghaire ón Inse Geimhleach (ar theorainn na Gaeltachta). Bronnadh an Chrois Victoria air as ucht a chrógachta le linn troda dho sa bhFrainc i 1915. Threoraigh sé ruathar an Chéad Cathaláin Éireannach i dtreo trínse Gearmánach, is chaith cúigear ar mhaisín Ghunnaí do mharú chun a chomrádaithe féinig a shábháil. Bronnadh árdú céime air láithreach ó Lance Corporal go Sáirsint taréis an eachtra. D’úsáid na Sasanaigh é mar shéadchomhartha daona agus iad ag earcú don chuid eile den gCéad Cogadh Domhanda. Bhí árd mheas ag poblachtánaigh Mhúscraí air.

⁶² Ibid, lth. 4

⁶³ Op. Cit. Lynch, lth. 17

Ba ghairid go raibh an iarracht pobail le Cogadh na Saoirse curtha trina chéile ag an gCogadh Cathardha a lean é(Cogadh na gCarad). I mBaile Átha Cliath a bhí an suathadh ar dtúis ach shín sé amach go tapaidh, ag druidim ó dheas agus bhí sé mar fheachtas náisiúnta um Mheitheamh 1922. Ba dhún daingean poblachtánach é ceantar Mhúscraí. Faoi Dheireadh Fomhair 1922, bhí Béal Átha an Ghaorthaigh sroiste ag Arm an tSaor Stáit. Arsa an *Cork Examiner* ar an 2ú Deireadh Fomhair –

‘thárla troid fíochmhar díograiseach le linn ionsaí ar Béal Átha an Ghaorthaidh’.

Tugann an t-alt le tuiscint go mbeadh Baile Mhúirne ar an gcéad ceanntar eile le géilleadh. Deireann an *Irish Independent* ar an 1^ú Meán Fomhair–

‘Meastar líon lucht gonnta imeasc na Neamhrialtaigh do bheith trom.’

Dealraíonn sé nár mhaolaigh an troid le linn 1923. Tugann an *Freemans Journal* dár dáta 2^ú Márta tuairisc ar luóchan i mBaile Mhúirne. Le deireadh an Chogadh Cathardha i 1923 cuireadh an Ghaeltacht faoi smacht daingean Rialtais an tSaor Stáit i mBaile Átha Cliath.

Is ón 19^ú agus luath san 20^ú aois a thagann ana chuid d’oidhreacht ailtireachta Mhúscraí chughainn. Tá aon cheann déag de structúir caomhnaithe i Muscraí(fig. 2.9). Tá a bhformhór siúd lonnaithe timpeall ar Bhaile Mhúirne/Bhaile Mhic Íre. Tithe, scoite nó sraitheach, simplí is suailceach, dhá úrlár is mó atá le feiscint ar phríomh shráidbhailte na Gaeltachta(figí 2.10 & 2.11). Tá comhlúadar na dtithe seo dá shaibhriú le tithe feirme cinn slinne, sa stíl dúchasach, timpealtha le botháin is cróite. Níl mórán rian de Thithe Móra le feiscint in oidhreacht Mhúscraí. Eisceacht is ea tigh a’ Ghléidhb atá in a fhotharach taobh le scrín Ghobnatan (fig 2.12). Thóg an Clann Colthurst é san 19^ú aois agus díoladh é le hEaglais na hÉireann go déanach sna 1800daí⁶⁴.

Tógadh furmhór na n-Eaglaisí le linn na 19^ú aois. Tá sampla maith d’eaglais de chuid Bórd na gCéadtorthaí Anglacánach le feiscint ag Scrín Ghobnatan. Tá bailiúcháin breá d’eaglaisí, ó am na h-iarfhuascailte Rómhánach, le feiscint ar fuaid na Gaeltachta seo.(fig 2.10) Tá gloine daite ag maisiú mórán d’fhuinneoga na séipéal, sa cheantar agus cuireann seo lena luach ealaíonta.. Is docha gurb é Teampall Fhionnbarra ar an nGugáin an ceann is tábhachtaí díobh ar fad. Tógadh é i stíl na h-athbheochana Cheiltí sa bhliain 1903 do réir dearadh le S.F.Hynes⁶⁵. Is samhail nó tógáil dearfach é, a léirigh an gluaiseacht gníomhach ag an am, chun féin aithne Éireannach do chruthú is do chothú. Nuair a tógadh ar dtúis é, bhí fallaí binne oirthear an tséipéil clúdaithe le learáidí casta áille, ach táid san imithe anois nó i bhfolach faoi stráicí troma péinte. Bhí binn thoir Shéipéal Chill na Martra leis greannta go cruthaíoch ach níl fágtha le feiscint inniu ach barr an ealaín seo agus é anois mar fhráma timpeall ar chóip de phictiúr áluinn le Ruebens dar teideal ‘Árdú na Croise”. Tá sé sin anois os cionn na h-altórach (fig 2.11 agus 2.12). Tá bailiúchan maith de dhroichidí cloiche ón 18^ú agus 19^ú aois scaipithe ar fuaid Mhúscraí. (fig. 2.17). Tógadh iad chun feabhas do chur ar thrádáil agus taisteal⁶⁶.

⁶⁴ John Cronin and Associates, *Heritage Plan for St Gobnait’s Shrine and environs* (John Cronin and Associates 2003), 24

⁶⁵ <http://www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?type=record&county=CO®no=20908001> (scrúdaithe: 6/2/2018)

⁶⁶ www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?type=record&county=CO®no=20908103 (scrúdaithe: 7/3/2018)

Fig 2.9 **Struchtúir Caomhnaithe i Múscraí**




Fig 2.10 **Siopa agus tithe sraithe i mBaile Mhic Íre**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Fig 2.11 **Gnáth fhoirgnimh ar Cúil Aodha agus iad tógtha timpeall ar charraig**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Fig 2.12 **An Gléidhb**




(Foinse: Research and Dig, 2014)

Fig. 2.13 Séipéal Réidh na nDoirí le buláin cloiche buailte le thaobh na lámhe deise den ndoras.



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Fig 2.14 Fuinneog gloine daite i séipéal Bhéal Átha an Ghaorthaidh



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Fig 2.15 Tógadh an iomhá seo, ó 1924, d'altóir Séipéal Chill na Martra ó phictiúr atá ar an láthair.



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Fig. 2.16 Laistig de Shéipéal Chill na Martra 2017



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Fig 2.17

Droichead Cloiche i mBéal Átha an Ghaorthaidh c.1800



(Foinse: Research and Dig, 2014)

2.6 An Athbheochan Cultúrtha

Níor chóir go mbeadh aon ionadh ar éinne i dtaoibh Múscraí bheith mar ghnéith bunúsach ríachtanach in athbheochan na Gaeilge le linn na naoiú aoise déag agus go luath san bhfichiú aois. Tá sé le tabhairt faoi ndearadh a laghad ionradh buan a bhí ag na h-aicmí riailiúcháin Gallda sa cheantar. Tugann an lorg ailtireachta atá ar Mhúscraí le tuiscint dúinn nách raibh nádúir áitriú i sráidbhailte ann mar a bhí forleathan ar fuaid na tíre. Leanann Múscraí stíl lonnaíochta níos ársaí, stíl a thugann fíanaise dá bpréamhacha Gaelacha. Sin córas tógála le h-úsáid abh-ábhair neamh-bhuana, ábhair nách bhágann mórán rian ar an dtúrdhreach. Is sampla iontach de seo an sráidbaile i gCúil Aodha. Tá sráidbaile an lae inniu (tagaithe chun cinn i dteannta an tSéipéil (1872) mar an ceathrú ionchollú de lonnaíocht san cheanntar mágcuard. Tá córas seo an phobail inaistrithe préamhaithe go doimhin sa traidisiún Gaelach, agus tá sé gnáthach mórthimpeall Mhúscraí. Tá sé éagsuil ar fad leis an módh Sasanach a bhraitheann ar lonnaíocht nó áitreabh buanseasamhach ar aon láthair. Níor tháinig na bóithre go dtí an 19^ú aois. Roimhe seo, bhí taisteal an oilithirigh, an tréad bó nó an trádálaí rianta fá chonairí seanda Gaelacha.

B'é toradh an diúltú áitiúil do thuairimí na n'allmhúrach agus an tacú ón sruth láidir sin, féin-aithine, sa phobal áitiúil, faoi ndearadh Múscraí 'bheith chun tosaigh sa Réabhlóid Cultúrtha Náisiunta le linn deireadh na naoiú aoise déag agus tosach na fichiú aoise.

Bhí an tuiscint ar thábhacht áite agus traidisiúin mar bhun chloch i saothrú Cultúir is Ceantar Mhúscraí go luath sa bhfichiú aois. Eiseamláir an tsaothair seo ab ea an Doctúir Dónal Ó Loingsigh (1842 –1913). Ceanródaí sa ghluaiseacht Cultúrtha Náisiunta le linn na naoiú aoise déag agus I dtús na fichiú aoise ab ea an fear seo ó Chúil Aodha. Plúchadh a chonair gairme ábhairín nuair a crochadh úncail leis a cionntaíodh mar bhall des na Buachaillí Bána.⁶⁷ Chuir seo bac lena dhul chun sagartóireachta. Ina éaghmuis sin, throid sé le h-arm a' Phápa i gcogaí Aontachta na h-Iodáile agus arís, ar thaobh na Fraince le linn Cogadh idir Fhrainc is Prúis, is

⁶⁷ Díorma talamhan a throid ar son cearta maireachtála feirmeoirí san ochtú aois déag. Tugadh an ainm sin orthu toisc an éide bhán a bhí á gcaitheamh acu agus iad ag ionsaí eastáit na dtiarnaí talún.

thug turas is triail ar Chanada is na Stáit Aontaithe roim do teacht abhaile dhó go Baile Mhúirne mar ar chleachtaigh sé an Leigheas. B'é an lóchrann chun teangan na Gaoluinne é agus bhunaigh an chéad rang i mBaile Mhúirne i 1898 i dtigh ostaíochta an Mhuilinn mar a raibh na Coltuirsí i réim. Duine de bhunaitheoirí na scoile iomráiteach - Coláiste Na Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh i 1904 ab ea é chomh maith. Ba ghearr an mhoill go raibh an Coláiste mar chuid fíor thábhachtach de ghluaiseacht athbheochana na Gaoluinne. Ba mhinic a leithéidí Traolach Mac Suibhne agus Tomás Mac Curtáin ar cuairt ann. Bhunaigh sé aeríocht áitiúil ar Cúil Aodha a reachtáileadh mar Fheis i gCill Árne, agus, as san, dheibhghigh go Baile Átha Cliath. Leag sé an bhun chloch a bhronn aitheantas ar Bhaile Mhúirne mar cheann de láithreacha lárnacha an Cultúr Ghaelaigh agus an gluaiseacht chun neamhspleáchais. Bhí sé mar ionadaí Éireannach (maraon le Pádraig MacPiarais agus Dúglás de hÍde) ag Comhdháil na gCeilteach i bPáras i 1900. Chur sé chun cinn fás Chonradh an Gaeilge ar fuaid duthaigh Mhúsraí, agus mágcuard, mar chuid dá fheachtas tréan cultúrtha. Bhí éileamh ana mhór ar scoláirí ó Mhúsraí le ceannródaíocht do dhéanamh ar theagasc na gaoluinne ar fuaid Éireann, a bhí ag claoclódh ag an am. Thárla sé seo de dheascaibh tionnachar mór an Dochtúra Uí Loingsigh.

Bíodh is gurb le craobh scaoileadh an chultúir Ghaelaigh amach ó Mhúsraí is fearr cuimhne ar an nDochtúir Ó Loingsigh, ní féidir gan dearúd do dhéanamh ar shaothar ar son forbairt pobail is tionnscalaíocht áitiúil. Thuig sé go raibh an tionnscalaíocht riachtanach má bhí an ceannntar le maireachtaint. Bhunaigh sé stór le trealamh feirmeoireachta agus bia eallaigh do chur ar fáil don ceannntar. Threisigh sé an polasaí seo trí bacús a bhuanú agus monarcan cniotála a fhostaigh suas le 20 bean. B'é meoin seo an Loingsigh a leag an bhun chloch faoi shochaí is eacnamíocht bríomhar áitiúil i dtráth luath seo an tSaor Stáit óig.

Ní minic gur féidir le duine aonarach, is cuma pé mhéid tallan atá aige, athrú a dhéanamh ar charaictéir cultúir náisiún, D'éirigh le Ó Riada é seo a dhéanamh –
Thomas Kinsella

D'éirig leis an cumadóir ceoil Sean Ó Riada na tionnchair cultúrtha iomadúla a fhigh le chéile i rith na 1950s agus 1960s. Borradh ar an gceol traidisiúnta Gaelach a thoradh san. Is leis a luaitear an t-athrú meoin i leith ceol traidisiúnta na hÉireann ionas gur athbhunaíodh é san Éire nua comhaimseartha. Ba mhó traidisiún éagsúil ceoil i gcumas an Riadaigh; sheinn sé le banna snagcheoil i gCorcaigh go luath sna 1950s ach bhí tionchar ag an siabhialtacht clasaiceach Eorpach ar feadh a shaoil uilig. Le linn a shaol gairmiúil chaith sé tréimhse mar leas cheannaire ceoil ar Radio Éireann (ag aois 22), ag cúmadóireacht ceoil i Londain agus i bPáras, mar stúirthóir ceoil in Amharchlann na Mainistreach, agus ag léachtóireacht i rannóg ceoil Coláiste Ollscoile Chorcaíge.

Nuair a thuig sé an ceol traidisiúnta Gaelach a bheith i gcontúirt tromchúiseach bhain sé feidhm iomlán as a thraenáil claisiceach chun a fhóirithinte. Don chéad uair, chur sé an ceol traidisiúnta isteach ar stáitse san amharchlann amhail an cheoil de thraidisiún na h-Eorpa. Trí bhunú an ghrúpa traidisiúnta - Ceoltóirí Chualann - bhí ar a chumas bogadh ó chúrsa an bhanna céilidhe agus fíis an cheolfhoireann nó buíon gaelach do chur ar folúin os comhair na ndaoine. D'oscail sé tobar ceoil as ar eascraigh cáil domhanda ar ghrupaí ceoil na hÉireann i sruthaibh éagsúla ach luann siad go léir eisean mar 'athair' a sruthaibh.

hIarradh ar Ó Riada glacadh le coimisiún scór ceoil a chumadh do *Mise Eire*, scannán a dh'inis scéal Éire ag scor ón gcolínteacht is ar thóir náisiúntachta neamhspleách. Ceann de phríomh phointí ceannródaíochta a ghairm beatha a bhí anso. Chruthaigh sé móréileamh breise ar a chuid ceoil agus chothaigh an láimhscríbhinn ceoil áirithe seo, mórtas i Náisiún na h-Éireann. D'fhág sé rian ar phobal na hÉireann agus bhí an ceol traidisiúnta Gaelach anois chun tosaigh sa bhféinaitheantas náisiúnta.

Le linn na tréimhse luath seo mhair agus d'oibrigh Ó Riada i mBaile Átha Cliath. Bhí a theaghlach ag cur futhu i bhFaiche na Rás agus é mar 'Teamhair' do comhthionól thraidisiúnta idir cheol, teanga, filíocht, amhráin 7rl. I 1962 ghlac Ó Riada le post léachtóra i gCóláiste na hOllscoile Corcaigh. Bhog sé an teaghlach go ceanntar dúchasach a mháthar, i Múscraí. Nuair a lonnaigh sé ar Chúil Aodha, thóg sé ar féin, go díograiseach brat an ambasadóra do phobal Múscraí agus é ag saothrú gort an cheoil le Ceoltóirí Chualann is a leithéid. Bhunaigh sé Cór Cúil Aodha.

Chuir Dara Comhairle na Vatacáine réabhlóid ar bun. Níorbh ghá a thuilleadh, an t-Aifreann a cheiliúradh as Laidin, ach anois, i dteanga dhúchais an réigiúin. Mar thoradh air sin, tugadh spreagadh don phobal páirt níos a mhó a ghlacadh i gceiliúradh an Aifrinn. Chur Ó Riada an nós cantaireachta laidne in éineacht leis an nós ársa amhránaíochta Dúchas na nGael agus chuir ceol ar fáil don Aifreann gur ráinig do eiseamláir a dhéanamh do phobal na Gaoluinne is iad ag ceiliúradh an Aifrinn (fiú i gceantrach Béarla). Le Cór Cúil Aodha ag canadh na bpíosáí litúirge seo trí thír na hÉireann, do leathanaigh aithne ar an nGaeilge agus threisigh sé ar ról ambasadóireachta cultúrtha an Riadaigh ar shon cainteoirí Gaeilge ar fuaid na tíre (fig. 2.14). Go deimhin, tá Aifreann Uí Riada fós á úsáid mórthimpeall na tíre agus an Domhain Mhóir go dtí an lá atá inniu ann.

Níl éachtanna Sheáin Uí Riada teoranta d'obair scríte. Athbhunaigh sé áit na Cruite sa cheol traidisiúnta Gaelach (Chothaigh a úsáid den cruitchórda conspóid imeasc roinnt daoine) agus thug sé an bodhrán mar úirlis tharnais ina chuid oibre thraidisiúnta. Shaibhrigh a shaothar an cruach ceoil traidisiúnta Gaelach atá ar fáil. Bhí ar a chumas é nascadh leis an bpobal. D'éirigh leis an aithne ar an gceol do bhuanú is do neartú I dtréimhse go raibh an ceol féin ag meath. Ar aon dul leis an Dochtúir Ó Loingsigh roimis, d'úsáid an Riadach Múscraí mar dhaingean as ar scaoil sé chun an Náisiúin beart cultúrtha chun an tsochaí Eireannach. D'éirig leis athbheochaint an cheoil Ghaelaigh a chuir i gcrích trí úirlisí na nua aimsirí do chur i bhfearas leis an seana thraidisiún agus, mar sin, déanadh de duine de mhór-laochra an cheoil thraidisiúnta Gealach.

Fig 2.18 Bolg Séipéal Ghobnatan mar a bhfuil Cór Cúil Aodha lonnaithe



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Tugann stair agus seandálaíocht Mhúscraí le tuiscint gur réigiún é seo atá chun tosaigh ar cheisteanna réigiúnda agus náisiúnta. Taispeánann na séadcómharthaí Cré Úmhacha sa cheanntar dúinn gur tírdhreach torthúil a bhí ann mar a raibh áitreabhacht measartha trom le linn an ré réamhstaire. Dealraíon sé go raibh sé i mbarr a réime le linn an tréimhse Luath Meánaoiseach le ról ollmhór tábhachtach ag an gcreideamh. Lean an deabhóid seo le linn an ré meánaoiseach agus iar-mheánaoiseach agus tá sé fós le feiscint inniu. B'iad coimhlintí agus goid talamhan na tréithe bunúsacha atá le brath le linn na ré meánaoiseach agus b'é an suathadh ba mhó, ná na h-aistrithe talamhan a thárla déanach sa séú aois déag. Thug an Gorta Múscraí chun agenda an Náisiúin arís. B'iad san a bhí ina gcónaí ar na tailte maithe, an talamh ag bun na gcnoc, ar cheann dos na ceanntair is measa buailte leis an Gorta le linn lár-1800daí, le radharcanna uafásacha ocras agus briseadh croí. Taispeánann an tart chun athmhúscailt cultúrtha, agus neamhspleáchais sa bhfichiú aois, conas a dhein an ceantar seo ceannródaíocht sa troid chun saoirse polaiticiúil agus cultúrtha na Tíre.

3.0 Oidhreacht Nádurtha Ghaeltacht Mhúscraí

3.1 Réamhrá

Is tírdhreacht cultúrtha an tírdhreach Éireannach atá cruthaithe agus athraithe leis na mílte blian le gluaiseacht an chine Daonna thairis agus an úsáid a bhaineadar as an dtalamh. Mar an gcéanna, bhí tionnchar mór ag an dtírdhreach ar phatrún áitriú daoine agus a ngníomhú. Níl aon dabht ach go raibh tionchar ollmhór, leis na mílte bliain, ag sléibhte árda, cnoic géara agus gleannta torthúla, ar shaol na ndaoine i nGhaeltacht Mhúscraí. Tá nascanna láidre idir dhaoine, a dteanga is an tírdhreach le thabhairt faoi ndearadh go láidir 'sna Logainmneacha, sa cheol agus i n'oidhreacht dholáimhsithe an cheanntair.

Tá an sainmhíniú ar Oidhreacht Nádurtha tugtha ag Coinbhinsean Oidhreacht Domhanda UNESCO⁶⁸ mar leanas:

1. **Gnéithe Nádurtha** i láthair go fisiciúil agus bitheolaíocht nó grúpaí dá leithéid, go bhfuil luach sáráilleacht cómhchoitianta ó thaobh aestéitiúil nó eolaíochta dhe;
2. **Gnéithe géolaíochta agus Tírdhreachúla** ceanntair atá ríomhtha go beacht agus atá mar ghnáthóga do phórtha ainmhithe agus plandaí atá faoi bhagairt, go bhfuil luach sáráilleacht comhchoitianta acu ó thaobh eolaíochta agus caomhnaithe dhe;
3. **Suíomhanna nádúrtha** nó ceantracha nádúrtha ríomhtha go cruinn ag a bhfuil luach sáráilleachta comhchoitianta acu ó thaobh an dearcadh eolaíochta, caomhnaithe agus áilleachta nádúrtha dhe.

3.2 Géolaíocht

Tá Gaeltacht Mhúscraí teantaithe ag sléibhte Dhoire na Sagart lastuaidh agus síar ó thuaidh, sléibhte Seithe laistear agus gleann na Laoi lastoir. Is sean Ruadhchloch Gainimhe Devonian⁶⁹ an bhuncharraig bhunúsach i gceanntar Mhúscraí. Tá sé seo le feiscint go soiléir ar réidhthe is ar shleasaibh sléibhe a bhíonn mantach le carraigreacha ingearacha is le coirí san árd thalamh. Mullach an Ois an bheann sléibhe is aoirde (647m), é ar theorann thuaidh Ghaeltacht Mhúscraí imeasc sléibhtibh Dhoire na Sagart. Seithe (546m) an tarna beann sléibhe is aoirde agus é ar an dteorainn Theas. Tá roinnt bheanna eile san iarthar agus sa deisceart (Cúm a tSagairt 530m, Maoileann 487m, Cnoc Buí 461m) agus tá lár an cheanntair leis sléibhtiúil go maith le beanna timpeall 200m ar aoirde.

3.3 Gnáthóga

Is iad tailte árda agus tailte isle, beanna sléibhe is gleannta, aibhinte, sruthanna agus riascaibh príomh tréithe an tírdhreach. Tá na tailte árda clúdaithe le pluid portaigh agus fraochmháigh, foraois buaircíneach is tailte féarach garbh. Ar an dtalamh íseal, tá feirmeoireacht thorthúil le feiscint agus féarach feabhasaithe le bogaigh is riascaigh ar thalamh níos imeallaí. Tá roinnt láthaireacha mar a bhfuil coillearnach Daraí dúchasacha maraon le coillte beaga seasta sa bhfluichar cóngarach d'aibhinte agus ar imeallacha lochaibh, agus tá ceanntair bheaga bhrat-phortaigh ar thalamh íseal. Tá dhá dhobhar-cheanntar abhann thábhachtacha i Múscraí, an Laoi agus an Sulán. Éiríonn an dá abhainn ar thalamh árd ar theora iarthar Mhúscraí agus gluaiseann le sruth soir go teora oirthear an réigiúin. Tá stoc maith breac rua in Abha an tSulán is a fo-aibhinte agus tá móréileamh ar iascach cuileoige sa cheanntar⁷⁰. Tá caighdeán uisce na n-abhann go maith go ginearálta, nó ar árd-caighdeán, ach tá roinnt dobharlach anso is ansúd ar dhroch chaighdeán.

⁶⁸<http://whc.unesco.org/en/conventiontext/>

⁶⁹ www.gsi.ie

⁷⁰<http://www.fishingireland.info/trout/southwest/sullane.htm>

Foraoisí buaircíneacha, aoireacht caorach ar na h-árd-tailte agus feirmeoireacht bó ar bhántaibh ins na íseal-thailte an úsáid choitianta ar thailte chríche Mhúscraí. Tá feirmeacha gaoithe le feiscint breacaithe ar an spéirlíne an talamh árd in áiteanna sa cheanntar le déanaí.

Tá tuairisc ghairid ar na príomh ghnáthóga agus fo-ghnáthóga ceantracha Mhúscraí ríomhtha thíos (tábla 1). Le n'áireamh tá roinnt ghnáthóga nádúrtha le luach d'árd-stádus caomhnaithe atá ar liosta Annex I de 'Treoir Maidir le Gnáthóga ag an Aontas Eorpach'⁷¹. Tá an liosta seo bunaithe ar shuirbhé teoranta den gceanntar déanta ag Janice Fuller, achoimriú na 'suiomhanna ainmnithe'⁷² agus athbhreithniú ar an litríocht⁷³.

Tábla 3.1 Tá príomh Gnáthoga agus fo-Gnáthóga Mhúscraí rangaithe do réir Fossitt (2000) 'A Guide to Habitats in Ireland'⁷⁴

Gnáthóg	Cód an Gnáthóg *	Tuairisc
Pluid Phortaig árdthalamh.	PB2	Tá fuíolach pluid-phortaigh árdthalamh ar árdáin ar aoirde (>150m) agus go minic i breacaithe le fraochmháigh fliucha. Tá cuid mhaith des na portaigh is na fraochmháigh curtha fé bhuaircínigh, ach tá paistí móra oscailte slán ó phlandáil (e.g. Portach Mullach an Ois, SAC). Le n'áireamh i bhfásra portaigh tá Fraoch Mór (<i>Calluna vulgaris</i>), Ceannbhán (<i>Eriophorum angustifolium</i>), Ceannbhán Gaelach (<i>E. vaginatum</i>), Lus na Feannóige (<i>Empetrum nigrum</i>) agus Caonaigh Móna (e.g. <i>Sphagnum papillosum</i>). Is fadhb in áiteanna an iomarca caorach. Is ionann an Gnáthóg seo agus Annex I Gnáthóg 'Brat Phortach 7130', nuair atá borradh fáis ann.
Fraochmháigh Tirim	HH1	Tá na fraochmháigh tirim ar fhánaig géara agus ar árdthailte carraigreach le fáil go forleathan. Toir ar nós an Fraoch Mór (<i>Calluna vulgaris</i>), Clogíneach (<i>Erica cinerea</i>) agus Aiteann (<i>Ulex</i> spp.) le fáil anso. Is ionann an Gnáthóg seo agus Annex I Gnáthóg 'Fraochmháigh Siliciúil Tirim 4030'.




⁷¹ Annex i gnáthóga liosta ar Annex I den treoir ar Gnáthóga ag an Aontas Eorpach. Tugtar an caighdeán is aoirde luach do Ghnáthóga seo ó thaobh Caomhnaithe an Nadúir i gcómhthéasc an Aontais Eorpach.

http://europa.eu/legislation_summaries/environment/nature_and_biodiversity/l28076_en.htm


⁷² www.npws.ie/protectedsites



⁷³ AOS Planning Limited. 2010. Constraints Report- Flora and Fauna. Dunmanway to Clashavoon 110kV Overhead Line Environmental Reports. Tuairisc neamh fhoilsithe; DixonBrosnan. Ecology. Cleanrath Wind Farm. Unpublished report; Peppiatt, C. 2013. Caibideal 5, Flora and Fauna. In 'Shehy More Wind farm- Environmental Impact Statement'. McCarthy Keville O'Sullivan. Tuairisc neamh-foilsithe.



⁷⁴ Fossitt, J. 2000. A Guide to Habitats in Ireland. An Comhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh.


Fraochmháigh Fliuch	HH3	Tá an Fraochmháigh Fliuch comónta, é dréachtaithe go minic le Pluid Phortach agus Fraochmháigh Tirim. Faightear é ar phortaigh níos éadoimhne (15-50cm) ná Pluidphortach ach tá an brat fásra mar an gcéadna. Seo an Gnáthóg go nglaothar <i>Fraochmháigh fliuch an Atlantaigh Thuaidh le Erica Cinera 4010</i> air in Annex Gnáthóga#1
Plandáil Buaircíneach	WD4	Tá achar fairsing plandála buaircíneach i gceanntar Mhúscaí. Tá an chuid is mó den fhorois sin bainistithe ag Coillte (e.g. foraoisí Ghleann Daimh agus Cúil Aodha ⁷⁵) ach tá cuid eile acu i seilbh úinéirí príobháideacha. Is é an Sprús Sitreach (<i>Picea sitchensis</i>) an príomh pór agus is é is coitianta 'sna coillte uilig. Tá feirmeacha gaoithe tógtha in éineacht leis na foraoiseacha i gceanntair áirithe díreach ar theorainn na Gaeltachta. Maraon leis na coillte buaircíneacha, tá stráicí loma toisc leagadh na gcrann go léir (WS5) agus achar eile go bhfuil plandáil nua dá ndéanamh iontu.
Aibhinte ardhailte agus isealthailte	FW1/FW 2	<p>Is iad an Laoi agus Sulán an dá dhobharcheanntar aibhne tábhachtacha sa réigiún seo atá breacaithe le h-aibhne is sruthaileáin. Is fo-abhainn thábhachtach den Laoi an Sulán. Éiríonn sé ins na cnoic in iarthar Bhaile Mhúirne agus gluaiseann sé soir chun nascadh leis an Laoi lastoir de Mhách Cromtha. Éiríonn an Laoi i sléibhte Seithe ós cionn Ghúgán Barra agus gluaiseann soir chun an Ghaortha go sníonn soir as san go Cathair Corcaighe. Tá an Diúilicíní Fíoruise (<i>Margaritifera margaritifera</i>) luaite leis an dá dhobharcheanntar, chomh maith leis an Dobharchú. Táid seo araon i liosta Annex II den Treoir Maidir le Gnáthóga ag an Aontas Eorpach. Seo thíos íomhá de Abha an tSuláin is a bhruacha fliucha ag sníomh trí Chúil Aodha</p> 

⁷⁵http://www.coillte.ie/coillteforest/plans/forest_management_plans/progress_on_revising_our_forest_management_plans/cork/?tx_r3co086forestsdb_pi1%5BshowUid%5D=CK11&cHash=f248a02ccc;
http://www.coillte.ie/coillteforest/plans/forest_management_plans/progress_on_revising_our_forest_management_plans/cork/?tx_r3co086forestsdb_pi1%5BshowUid%5D=CK29&cHash=2ba771fe72

Locha	FL	Tá locha i Múscraí, idir bheag agus meán-mhór, ach is í loch Ghúgán Barra an loch is cáiliúla des na lochaibh uilig. Tá furmhór na locha ar árdthalamh rangaithe mar locha ‘diostrófacha’ – loch an Ghúgáin san áireamh (FL1). Tá aitheantas ‘méistrófach’ bronnta ar na locha le leasú níúitríoch níos aoirde ionta (FL4) -Locha Lua mar shampla. Is ionann locha diostrófach le gnáthóg Annex#1 ‘Locha is locháin diostrófach Nadúrtha 3160’.
Pluidphortach Isealthalamh	PB3	<p>Tá áiteanna beaga de phluidportach ísealthailimh ins na gleannta agus i gcomhgaracht na n-abhann. Is é an railleógach (<i>Myrica gale</i>), Fraoch Mór (<i>Calluna vulgaris</i>), Fionnán (<i>Molinia caerulea</i>), Ceannbhán Móna (<i>Eriophorum vaginatum</i>), Fraoch Naoscaí (<i>Erica tetralix</i>) agus Caonach Móna (Speiceas <i>Sphagnum</i>) na príomh luibheanna ar fáil ansa. Is ionann an gnáthóg seo agus an gnáthóg Annex I ‘Pluid Phortach 7130’ nuair atá borradh fáis faoi.</p> 

Féarach tirim aigéadach bogthais	GS3	<p>Faightear an sort talaimh féarach seo go minic ar árd thalamh oscionn cré aigéadach agus is ithir caorach é de ghnáth. Ní déantar dian-thalamhaíocht leis an saghas seo tailimh féarach, ach is féidir dian innilt do dhéanamh air. An Feorainn Mhín (<i>Agrostis species</i>) agus Beitheán (<i>Nardus stricta</i>) na gnáth fhéaracha forleathan ansúd faoi láthair.</p> 
Talamh Féarach Fluich	GS4	<p>Tá talamh féarach fliuch, fairsing ar fuaid cheanntar Mhúscraí go mórmhór i gceanntair ar bheagán draenála nó i ndobharlaigh. Páirceanna luachracha leis an Geataire (<i>Juncus effusus</i>), Feoirín (<i>Agrostis stolonifera</i>), Féar an Chinn Bháin (<i>Holcus lanatus</i>) agus an Léine Mhuire (<i>Cardamine pratensis</i>).</p> 
Coillearnaig Dair/Beith/Cuileanna	WN1	<p>Tá roinnt coillte Daire i Múscraí. Coill Ghort na Tiobrad agus Coill an Easa an dá cheann is so-aitheanta, áiteanna mar a bhfuil pócaí fairsinge de shean choillearnaig Daraí. An Dair Gaelach (<i>Quercus petraea</i>) an crann is forleithne ins na coillearnaigh Daraí sin agus iad i</p>

		<p>gcuideachtain na Beithe (<i>Betula pubescens</i>) agus an Cuileann (<i>Ilex aquifolium</i>). Is ionnan an Ghnáthóg seo agus Annex #I Gnáthóg ‘Sean Choillearnach Daraí 91A0’.</p> 
Gaorthaigh	WN6	<p>Ta paistí beaga Gaorthaigh le Saileach Líath (<i>Salix cinerea</i>) go forleathan agus Fearnóg (<i>Alnus glutinosa</i>) le fáil ar thaobh aibhinte is sruthaileána, agus ar theorannacha portaigh nó logáin bhogacha. Fuairitheas le déanaí an Raithineach Chill Áirne (<i>Trichomanes Speciosum</i>) agus é ag fás taobh le sruthán sléibhe i gcoill dhúchasach nách bhfuil aon chosaint caomhnú nádúir bronnta air.</p> 
Fál Sceach	WL1	<p>Is iad na fáltha ceann de ghnéithibh suntasacha an cheanntair seo agus iad lán de shaibhreas fhásra fál sceach. An Sceach Geal (<i>Crataegus monogyna</i>) rí na bhfál seo ach tá Cuileann (<i>Ilex</i></p>

		<p><i>aquifolium</i>) agus Coll (<i>Corylus avellana</i>) go comóna, comh maith leis an nDair (<i>Quercus</i> spp).</p> 
Coilltibh Dair/Fuinseog/Col l	WN2	<p>Tá an choill lán le Dair, Coll is Fuinseog leis le fáil go fairsing ar fuaid Mhúscraí ach go háirithe ar thalamh tais nó bhog nite. Ansa, is iad an Dair Ghallda (<i>Quercus robur</i>), an Fhuinseog (<i>Fraxinus excelsior</i>) agus an Coll atá raidhsiúil agus an Crann Cnó (Cailce)(<i>Corylus avellana</i>) faoin a gcos. Tá fáil ar an saghas seo coillearnaigh go h-ioldaithe le WN1 (tá i láthair i gCoill Ghort na Tiobratán agus Coill an Easa).</p>

* *Gnathóga rangnaithe do réir le Fossitt (2000) 'A Guide to Habitats in Ireland'*

3.4 Suíomhanna Ainmnithe do Chaomhnú Nádúr

Tá ocht suíomh ainmnithe d'fhonn Caomhnú an Nádúir i Múscraí, ina measc tá Ceanntair Caomhnaithe Speisealta (SACs), Ceanntair Oidhreachta Nádúrtha (NHAs) agus Ceanntair Cosnaithe Speisialta (SPA) (fig. 3.1). Tá cúntas gairid orthu thíos. Tá breis eolais agus achoimriú ar na suíomhanna le fáil ar www.npws.ie.

SACs is iad seo príomh cheanntair Caomhnú an Nádúir in Éirinn agus san Aontas Eorpach. Tá na suíomhanna ainmnithe bunaithe ar na póirthe i láthair (liostaithe ar Annex II de Treoir Gnáthóga an AE) agus Gnáthóga (liostaithe ar Annex I de Treoir Gnáthóga an AE) Áiríotar iad mar cheantracha tábhachtacha caomhnaithe i gcomhthéacs na hEoraipe.

SPAs isea ceantracha ainmnithe toisc imní fúthu faoi chaomhnú na nÉan (liostaithe ar Annex I de Treoir Éin an AE) -san áireamh éin chónaitheacha agus éin imirceacha - agus a gcuid gnáthóga in Éirinn agus san Aontas Eorpach.

NHAs isea na suíomhanna atá curtha i leataoibh mar áitribh thábhachtacha do Chaomhnú an Nádúir i comhthéacs Éireannach. Táid ainmnithe faoi Achtanna an Fiadhúlra.

1. Coill Ghort na Tiobratán (Coill Naomh Gobnait SAC - suíomh Cód 000106)


Tá Coill Naomh Gobnait agus Coill an Easa san áireamh san SAC seo. Tá an dá choill seo suite ar thalamh cnocach ar an dá thaobh de bhóthar N22 i mBaile Mhúirne le Coill an Easa ar an dtaobh ó thuaidh agus Coill Naomh Gobnait ar an dtaobh ó dheas. Coillearnach seanda réasúnta mór nuair a tógtar le chéile iad le seastáin crann scartha ón a chéile in áiteanna. Féachann sé go raibh an dá Choill ar an gcéad eagrán den léarscáil 6^o den Suirbhéireacht Ordanáis don cheantar, rud a thabharfadh le fios gur Coillearnach Sheannda atá i gceist ann⁷⁶.

⁷⁶<http://www.npws.ie/publications/irishwildlifemanuals/IWM46.pdf>

Is coillearnach Dair/Beith/Cuileann an chuid is mó den gcoill (mar atá luaithe i dtábla 3.1) ach tá coillearnach Dair/Fuinseog/Coll i láthair ann chomh maith, go mórmhór ar an dtalamh sruthlaithle ag bun fánaidh⁷⁷. Tá cúpla ceantar beag de Choillearnach Glárach le h-ais bruchaibh abha an tSuláin mar a bhfuil an Fearnóg, Fuinseog agus Beith Chlúmhach le fáil go flúirseach. I gcuideachtaí na Daraí, atá ar an láthair, tá an Dair Gaelach (*Q. petraea*) agus an Dair Gallda (*Quercus robur*) agus pór den dá cheann le chéile- sin an *Q. Rosacea*. Tá crainn mhóra seannda Feán (*Fagus sylvatica*) comónta go leor sa choill chomh maith. Tá an Coll flúirseach fúthu agus tá Cuileann ann comh maith in áiteanna. Fúthu uilig tá gáirdín luibheanna saibhir le h-iliomad pór coillearnaigh ar nós na gCoinnle Corra (Cloigín gorm), Lus na Gaoithe, Machall Coille, Fuinseagach agus Creamh na Muice Fia. Tá Glóiris agus Glasair Coille flúirseach in aiteanna atá tais, fluich. Tá éadan charraigreach ag gobadh aníos go coitianta agus bolláin clúdaithe le Caonaigh difriúla, Aelusanna, agus fúilleach Cabáiste Madra Rua (*Saxifraga spathularis*) ar fuaid na h-áite.

Cothaíonn an suíomh an Drúchtín Ballach (*Geomalacus maculosus*), pór atá neamhchoitianta agus caomhnaithe agus atá ar liosta Annex II den Treoir ar Ghnáthóga ag an AE. Tá cuid de Choill an Easa ina bhfeictear go minic ar a laghad seacht bpór de Sciatháin Leathair: an sciatháin leathair Shopránach is an sciatháin leathair Fhreascrach, an sciatháin leathair Fheasrach, an Daubenton, an sciatháin leathair Natterer agus an sciatháin leathair Ghiobach/Ialtóg Bhrandt⁷⁸. Bhí an sciatháin leathair an Chrú Bhig (pór atá neamhchoitianta san Eoraip agus mar sin atá ar liosta san Annex I de Treoir ar Gnáthóga san AE) taifeadta i gCoill an Easa le déanaí (2007) ag an Cumann Sciatháin Leathair Corcaighe. Chomh maith le sin tá sean tuairisc ar Raithneach Chill Áirne a bhí ag fás sa choill⁷⁹. Tá an plannda seo thar a bheith neamhchoitianta agus tá sé liostáltha ar an Órdú Caomhnaithe Flóra (1999)⁸⁰. Is Gnáthóg Annex I an Sean Choillearnach Daire sa Treoir Gnáthóga ag an AE.

Figure 3.1 **Suíomhanna ainmnithe do chaomhnú Nádúir**



⁷⁷ Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K., and Delaney, A. 2008. National Survey of Native Woodland. Volume 3c Site reports. Seirbhís fiadhúlra agus Páirceanna Náisiunta.

⁷⁸ <http://www.corkcountybatgroup.ie/page/the-bats-of-cascade-wood>

⁷⁹ <http://www.bsbimaps.org.uk/atlas/main.php>

⁸⁰ www.npws.ie/legislationandconventions

2 SAC Portach Mullach an Ois (Suiomh Cód 001890)

Tá portach Mhullach an Ois lonnaithe timpeall ar bharr sliabh Mullach an Ois. Tá an suíomh ainmnithe mar SAC toisc go bhfuil pluid phortach i láthair (liosta ar Annex I den Treoir Gnáthóga ag an AE). Is achar beag portaigh atá annseo ach tá suim speisialta ann, ó thaobh caomhnaithe nádúir de, toisc go bhfuil sé folláin, slán go maith le Pluid Phortach agus gnáthóga le Talamh Sruthlaithe. (níl díobháil déanta anso ag trom iníor nó creimeadh talamhan)

3 SPA Sleibhte Mullach an Ois agus Muisire Mór (Suiomh Cód 004162)

Tá an chuid is mó d'achar sliabh rian na mBogarach agus Dhoire na Sagart san SPA Sléibhte Mhullach an Ois is Muisire Mór. Tá cuid den achar SPA seo laistigh de theorann Múscraí. Le fáil sa tsuíomh seo tá ana chuid gnáthóga árdthalamh éagsúla cosúil leis an bhForaois Buaircíneach, an Pluid Phortach, an Fraochmháigh Fluich agus an Fraochmháigh Tirim. Tá an suíomh seo ainmnithe mar SPA toisc é mar bhaile ag Cromán an gCearc (*Circus cyaneus*), ceann des na h-éin is neamh choitianta d'éanlaithe creiche agus tá sé ar Annex I den Treoir ar Éin ag an AE. Sár shuíomh gnáthóige d'fhonn neadú agus sealgaireacht do éanlaithe goir Cromán na gCearc an áit seo, agus is ceantar tábhachtach daingean é don phór. Is baile agus cosaint an suíomh seo leis don Meirliún (*Falco columbarius*), éan chreiche neamh cotianta eile de phórtha Annex I.

4 NHA - Coill Phruthas (suiomh Cód 001248)

Dealraíonn sé gur gearradh síos Coill Phruthais le linn na 1950adaí. Tá sé faoi riail na Daraí (*Quercus* spp.) atá ag eascairt faoi iliomad gas is é i gcuideachtaí na Beithe (*Betula pubescens*) agus thíos fúthu tá Coll (*Corylus avellana*) agus Cuileann (*Ilex avellana*)⁸¹. Tá roinnt srutháin ag gluaiseacht tríd an gCoill go sroisid abha an tSuláin. Tá ann ana chuid leacacha carraige agus carraigreacha le Cabáiste Madra Rua agus Baine Cích na nÉan ag fás orthu.

5 pNHA Locha Lua (Suiomh Cód 00165)

Is loch ribíneach í Locha Lua (chuid de chóras Abha na Laoi). Tá éagsúlacht gnáthóg timpeal air. Le n'áireamh ina measc tá an Móinfhéar Fluich, Áitreabh Coille, Portaigh agus Fraochmháigh. Tá an plannda neamh choitianta, agus caomhnaithe, an Sailchuach Liath (*Viola lactea*) ag fás ar an mbuach Thuaidh in iarthar Inse Geimhleach⁸².

6 pNHA Loch Ghúgán Barra (Suiomh Cód 001057)

Ta Loch Gúgán Barra suite ar árd thalamh tímpeallaithe le sléibhte géara árd. Tá leibhéal aigéada árd in uiscibh loch Ghúgán Barra, le meascán mór móna san uisce, rud a chiallfonn nách bhfuil mórán fásra uisce sa loch. Is eol go mbíonn an Fabhcún Gorm (éan creiche eile atá mar phór caomhnaithe agus neamh coitianta san Eoraip) ag neadú 'sna failte ós cionn an locha⁸³. Bíonn an Sciatháin Leathair go raidhsiúil dá chothú féin ar chuileanna an locha um thráthnóna.

7 pNHA Portach Ballagh (Suiomh Cód 001886)

Tá timpeall le trían den suíomh seo lasitigh de cheantar Múscraí. Suíomh é seo le machaire-abhann ar árd-leibhéal agus tímpeallaithe le réathaibh sléibhe. Tá sraith de Phortaigh Árdaithe Beaga Gleanna le fáil i gcamaibh an tsrutháin sléibhe seo⁸⁴.

⁸¹ Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K., and Delaney, A. 2008. National Survey of Native Woodland. Volume 3c Site reports. Seirbhís fiadhúlra agus Páirceanna Náisiunta.

⁸² AOS Planning Limited. 2010. Constraints Report- Flora and Fauna. Dunmanway to Clashavoon 110kV Overhead Line Environmental Reports. Tuairisc neamh-fhoilsithe.

⁸³ Peppiatt, C. 2013. Chapter 5, Flora and Fauna. In 'Shehy More Wind farm- Environmental Impact Statement'. McCarthy Keville O'Sullivan. Tuairisc neamh-fhoilsithe.

⁸⁴ Peppiatt, C. 2013. Chapter 5, Flora and Fauna. In 'Shehy More Wind farm- Environmental Impact Statement'. McCarthy Keville O'Sullivan. Tuairisc neamh-fhoilsithe.

8 SAC An Ghaortha (Site Code 000108) agus SPA (Site Code 004109)

Is saghas áite ar leith an Coilearnach Fhliuch atá neadaithe siar ó Dheas ó Mhágromtha, ar mhachaire tuile Abhainn na Laoi, an Gaortha. Ráinníon go bhfuil cúinne Thiar Thuaidh na coille seo i Múscraí.

Tá an saghas seo Coilearnach Glárach ana ghann in Éirinn inniu. Do leagadh mórán de chrannaibh na coille seo le linn na 1950daí chun freastal ar scéim tógála dama agus ginnte aibhléise an Laoi. Is eol dúinn an blúirín atá fágtha de bheith ann ó Ré na Lic Oighre deireannach oscionn 10,000 bliain ó shin agus mar sin, is Coilearnach Ársa an áit seo. Sé atá le fáil ann inniu na scata oileán beag faoi chrainn, agus creatalach casta cainéalach abhann ag sníomh eatartha uilig.

Sna coillte beaga ar na hoileáin seo faightear meascán shaibhir de chrannaibh is toir ar nós na Beithe, na Fuinseoige, an Coll, an Sceach Gheal, an Cuileann, an Draighean Fearná, an Sílin Fíain, an Saileach agus an Feá. Tá dúlra uisce leathan éagsúil le fáil sna sruthaileáin. Agus é mar chuid de Scéim Abhantrachta na Laoi, is ionad mairthineach tábhachtach do mhórán pobal éanlaithe an cúinne seo leis an Eala Glórach, an Rualacha, an Praslacha ghlaseiteach, an Lacha Bhacánach agus an Fheadóg Bhuí le fáil ann.

3.5 Pórtha Suathainseacha

Ta ana chuid Pórtha caomhnaithe agus neamh choitianta áirmhithe i gceanntar Mhúscraí. San áireamh ionta san tá Cromán na gCearc, Fabhcún Gorm agus Meirliún atá le feiscint i sleibhte Dhoire na Sagart agus Seithe.

Tá tuairiscí sa cheanntar ar an Scréacóg Reilge cúthaileach agus an Cruidín. Chomh maith leo seo tá éin lapadaíola ar nós an Pilibín Míog agus Caoirliún (Crotach)⁸⁵. Tá an Ghaeltacht sáite i bhfad isteach i réimse Fíolair an Eireabail Bháin atá ag neadú anois ar Oileán a' Chuilinn.

Is é Múscraí croi lár an cheanntair in a bhfuil an Drúichtín Ballach le fáil agus tá tuairiscí áirmhithe air i gCoill an Easa agus i suíomhanna eile sa cheanntar⁸⁶.

Tá sé le fios go bhfuil Diúilicíní Fíor Uisce le fáil i ndobharcheanntair abhann an tSuláin agus an Laoi, agus is pór ana neamhchoitianta iad a éilíonn uisce d'árd chaighdeán chun maireachtana.

Tá an Crú Sciatháin Leathair Beag (Pór neamhchoitianta san Eoraip go bhfuil a dhaingean dúchasach aige in iarthar na hÉireann) áirmhithe i gCoill an Easa ag Cumann Sciathán Leathair Chorcaighe le déanaí (2005- 2007). Tugadh faoi ndearadh iad leis i leath deisceartach Mhúscraí le-hais Inse Geimhleach⁸⁷.

Deallraíonn sé gur airmhíodh an raithneach ana neamhchoitianta sin Raithneach Chill Áirne (*Trichomanes speciosum*) do bheith taobh istigh den Hectaid (10klms X10klms) mar a bhfuil Múscraí suite. Thárla seo i 1987-1999⁸⁸. Tá tuairisc eile arís do Raithneach Chill Áirne bheith fachta in áitreabh coille dúchasach nách bhfuil áirmhithe go dlithiúil mar ionad caomhnaithe nádúir.

Tuairiscítear an Dobharchú a bheith forleathan i gceanntar Mhúscraí. Cé go bhfuil an dobharchú neamhchoitianta go leor ar fuaid na hEorpa, táid forleathan go leor ar mhórthír na

⁸⁵ McCarthy Hyder Consultants. 2009. N22 Baile Bhuirne- Macroom. Environmental Impact Statement, Volume 1 Non-technical Summary. Tuairisc do Chomhairle Chontae Chiorcaí.

⁸⁶ NPWS. 2010. Threat Response Plan Kerry Slug *Geomaculus maculosus*.

⁸⁷ DixonBrosnan. Ecology. Cleanrath Wind Farm. Tuairisc neamh-fhoilsithe

⁸⁸ <http://www.bsbimaps.org.uk/atlas/main.php>

hÉireann. Tá dobharcheantair fairsinge aibhinte Mhúscraí ag cothú gnáthóga raidhsiúla do' sna Dobharchoin.

Tá an Fia Seapánach/Sika iomadúil is forleathan ar fud na duichí ach go h-áirithe fá theorannacha na bhforaoiseacha. Ní pór dúchasach iad mar sin, is féidir leo feidhm díobhálach a bheith acu ar na gháthóga coillearnaigh. Bíonn an Fia Rua dúchasach le feiscint sa cheanntar go minic agus ceaptar go bhfuil siad nascaithe leis an bhFia Rua atá i bPáirc Náisiúnta Cill Áirne⁸⁹. Is breá leis an bhFia Rua na gnáthóga ar imeall na gcoillearnach, na Pluid Phortaigh agus Fraochmháigh. Is iad an Fia is toirtiúla atá le fáil in Éireann. Imeasc ainmhithe eile a ghnáthaíonn imeall na nCoillearnach tá an Iora Rua, an Broc agus an Scréachóg agus táid go léir ag dul i dtreise toisc an leathnú gnáthóg coillearnaigh atá le fáil. Níl an Cat Coille, áfach, feichithe fós i Múscraí⁹⁰.

3.6 An Nádúr taobh amuigh dos na Suíomhanna Ainmnithe

Cé go bhfuil suíomhanna tábhachtach ainmnithe do Nádúr i gceanntar Mhúscraí, tá ana chuid póirthe agus gnáthóga suimiula éiceolaíochta taobh amuigh des na suíomhanna ainmnithe sin agus in san tírdhrecht níos leithine. Feictear ana chuid dos na póirthe suaithinseacha thuasluaite lasmuigh des'na ceantracha ainmnithe.

Tá Dobharcheanntar na Laoi thar a bheith tábhachtach mar fhoinsé uisce agus mar ghnáthóg don Fiadhúlra. Tá tuairiscí an Dobharchú, Diúilicíní Fíor Uisce agus Cruidín in Abhainn na Laoi agus an tSulán. Tá bogaigh foirleathana ceangailte leis na h-aibhinní seo agus a gcuid sruthaileáin.

Tá mórán de Árdthalamh Mhúscraí gan ainmiú oifigiúil fós. Is ann atá mór cheantracha scartha amach ón a chéile mar a bhfuil Pluid Phortach agus Fraochmháigh, agus Gnáthoga éan 'leithéidí Cromán na gCearc agus an Meirliún.

Chomh maith leis sin tá áitreabh beag tábhachtach Coillearnach Daraí mar a ngnáthaíon na h-ainmnithe thuas agus áitribh bheaga eile ar nós an Coillearnach i nDoire Leathan cómhangarach do Chúil Aodha. Tá an dá phór *Hymenophyllum* Raithneach Shreabhach agus Baine Cích na nÉan⁹¹ aimsithe sa choill.

Cothaíonn an líonra fál sceach forleathan ar fuaid Mhúscraí conairí saor-ghluaiseachta don bhFiadhúlra tríd a' dtírdhreach. Buanaíodh furmhór Fáltaoibh Éireann idir na bliantaibh 1750 go 1850. Tiarnaí Talamhan ag ceannsú talaimh dóibh féin as na conairtí/coimíní poiblí chun páirceanna a déanamh dóibh féin an bhí i gceist le seo⁹². Thug na Fáltracha seo agus nádúr cnocach na talamhan i Múscraí dídean agus buntáiste d'Arm na Poblachta os cionn fórsaí na sSasanach le linn Cogadh na Saoirse.

Tá tarrac mór ag an bpobal ar an bPáirc Náisiúnta Foraoise i nGúgan Barra mar a bhfuil siúlóidí taitheamhacha faid mórán ciloméadar réitithe le suíomhanna deasa do lóin aoibhne. B'é an Pháirc seo, de bhreis ar 137 hectare, an chéad Pháirc Foraoise a cruthaíodh in Éirinn. Luíonn furmhór na Páirce lasmuigh de theorainn na Gaeltachta.

⁸⁹ Declan O'Donnell (Seirbhís fiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta) pers. comm.

⁹⁰ Ted Cook pers. comm.

⁹¹ Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K., and Delaney, A. 2008. National Survey of Native Woodland. Volume 3c Site reports. Seirbhís fiadhúlra agus Páirceanna Náisiúnta.

⁹² *Conserving Hedgerows*, An Comhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh, lth. 1.

4.0 Oidhreacht Dholáimhsithe.

4.1 Réamhrá

Is é an sainmhíniú a thugann an *Comhaltas um Chosaint na hOidhreachta Dholáimhsithe*, fé chomairce EOECA [UNESCO], ar an oidhreacht dholáimhsithe ná seo : na cleachtais, na h-aighneachtaí, na leagain cainte, chomh maith leis an eolas agus na scileanna [ar a n-áirítear uirlisí, ábhair nó rudaí, lámhdhéantúsáin, feidhmspásanna cultúrtha], a aithneodh pobail, grúpaí, agus, i gcásanna áirithe, daoine aonair, mar chuid dá n-oidhreacht chultúrtha⁹³. Uaireanta tugtar oidhreacht bheo an chultúir air seo, agus léirítear é i bhfeairinn chultúrtha áirithe mar na traidisiúin béil, an teanga labhartha, na h-ealaíona taibhiúcháin, eolas agus cleachtais a bhaineann leis an nádúr, agus ceardaíocht thraidisiúnta.⁹⁴

Seoltar an oidhreacht chultúrtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Bíonn athnuachain á dhéanamh air de shíor ag pobail agus grúpaí, ag braith ar a dtimpeallacht, an idirghníomhú a bhíonn acu leis an nádúr agus an stair a bhaineann leo féin.⁹⁵ Úsáideann an caibideal seo mar threoir sainmhínte agus prionsabail ó ICOMOS Charter for the Conservation of Places of Cultural Significance [Burra Chapter]. Laistigh d’earnáil na hoidhreachta dholáimhsithe, dá bhrí sin, tá réimse ilchineálach luachanna a ghineann dúshláin mhóra modheolaíochta, mar shampla, conas fráma oiriúnach a dhearadh le rannú a dhéanamh ar an oidhreacht dholáimhsithe i gcomhthéacs Mhúscraí. Ag smaoineamh ar an slí is fearr le tabhairt fé seo, ní féidir feart thábhachtach amháin a dhearmad, rud a tugadh fé ndeara le linn taighde a bheith á dhéanamh ar an gcaibideal seo – is é sin an gaol atá idir an ábhar dholáimhsithe agus an t-ábhar sholáimhsithe.

Ag tús na taighde, déanadh cineadh go raibh sé tábhachtach a aithint nár chomheisiach iad oidhreacht dholáimhsithe agus oidhreacht sholáimhsithe. Tré dhul i gcomhairle leis an bpobal, agus freastal ar cheardlanna poiblí, cuireadh ar a súilbh do ‘Research and Dig’ an slí iomlánaíoch ina mbaineann muintir Mhúscraí ciall as a n-oidhreacht. Sampla an-mhaith de seo isea an ról a ghlacann Naomh Gobnait i saol na ndaoine. Ní suíomhanna seandálaíochta amháin dóibh sin mainistir agus tigh Ghobnatan. Is pointí tábhachtacha iad d’éinne a bhíonn ag tabhairt Turas Ghobnatan. In aice le Tigh Ghobnatan tá íomhá di, deartha ag Séamus Murphy, a bhfuil beacha snoite ag a bun, fé chosa an naoimh. Creideann an pobal go raibh smacht ag Gobnait ar bheacha, agus gur bhain sí úsáid astu le muintir na háite a chosaint ar fhoghlairí stoic. Rud eile dhe, deirtear gur de bharr na dílseachta atá ag an bpobal áitiúil don naomh atá an bheachadóireacht go foirleathan sa pharóiste go dtí an lá inniu.⁹⁶ Rud eile fós, insíonn an seanchas dúinn gur bhain Gobnait Naofa úsáid as ‘bolla’ – liathróid iarainn – le deireadh a chur le tógáil caisleáin ar charraig ard sa dúthaigh, foirgneamh a bhí ceapaithe d’aon ghnó leis na gnáth dhaoine a chur fé chois. Dá bharr san, imrítear bollaí bóthair go foirleathan in Iarthar Cho. Chorcaí fós.⁹⁷

⁹³ Téacs Choinbhinsiúin um Chosaint na hOidhreachta Dholáimhsithe, <http://www.unesco.org/culture/ich/en/convention> [scrúdaithe 20/10/2014].

⁹⁴ Sainmhíniú Oidhreacht Dholáimhsithe, http://www.unesco.org/services/documentation/archives/multimedia/?id_page=13&PHPSESSID=743f303zf0b2452205c4a672fde9310bc [Scrúdaithe 13/10/2014].

⁹⁵ ibid

⁹⁶ Eilís Uí Dhálaigh, *St Gobnait of Ballyvourney*, [Baile Átha Cliath, 1983] lth.7.

⁹⁷ Uí Dhálaigh, *Saint Gobnait of Ballyvourney*, lth 8. Tá Iarthar Chorcaí mar cheann des na ceantair ar chuid dá saol sóisialta, cultúrtha is spóirt an babhláil bóthair, agus go bhfuil doiciméidíú déanta air mar spórt. Tá staidéar déanta ag Fintan Lane ar stair an spóirt sa dúthaigh. Feic: Fintan Lane, *Long Bullets: A History of Road Bowling in Ireland* [Corcaigh, 2005]

4.2 Comhairliúchán Poiblí / Modheolaíocht

Tugadh fé'n taighde tré obair baile agus saothar sa pháirc. Chuathas i muinín réimse leathan doiciméidí stairiúla chun stair agus béaloideas na h-áite a chinntiú. De bharr agallaimh le daoine áitiúla thángthas ar thuiscint níos doimhne ar mhéid an tionchair atá ag an oidhreacht dholáimhsithe ar ghnáth shaol mhuintir Mhúscraí. Ní leor go dtabharfadh taighdeoirí profisiúnta aitheantas do thábhacht na hoidhreachta gan tuairimí na ndaoine áitiúla a chur san áireamh chomh maith. Is cúram sóisialta agus cultúrtha é caomhnú na hoidhreachta, agus ar deireadh thiar, tá sé ag brath ar rannpháirtíocht dhearfach ós na daoine áitiúla. I gcomhthéacs Mhúscraí, is léir go bhfuil tiomántas agus díograis thar na bearta acu dá n-oidhreacht, rud a dhéanfaidh bunchloch dearfach óna n-eascróidh caomhnú fóna faidthéarmach ar an ndúthaigh agus a bhfuil ann.

I dteannta le dul i gcomhairle le pobal Mhúscraí féin, déanadh teangbháil le daoine arb as an áit a dtuismitheoirí, chun measúnú a dhéanamh ar an dtábhacht a bhain le Múscraí i saol na dtuismitheoirí, agus ina saol féin chomh maith céanna. Duine acu san isea Frances Madigan ó Inis Díomáin i gCo. an Chláir. Tá ceangal ag Frances le Múscraí tréna máthair, Mary Kelleher ó Bhaile Mhúirne, a thug aghaidh ar Cho. an Chláir sna 1930'aí.

Mhínigh Frances an bhaint a bhí aici leis an dúthaigh mar seo : ‘Sea, chuas go Baile Mhúirne do Lá ‘le Gobnatan. Ó scaras ó obair, táim saor chun a bheith ann ar a lá féile. Tugann mórán daoine Féile Mhuire Lourdes ar an 11ú Feabhra, ach in ár dtigh níor tugadh riamh air ach Lá ‘le Gobnatan. Bhíodh Tomhas Ghobnatan againn sa tigh i gcónaí..... Bhíos ar cuaird thíos ann ar a laghad uair sa bhliain ó bhíos seacht nó h-ocht mbliana d’aois, agus leanfaidh mé leis a nós sin lem’ shaol, le cúnamh Dé. Tá préamhacha agam thíos ann. Mothaím go bhfuil ceangal chomh láidir agam leis an áit is atá agam le hInis Díomáin, mo bhaile dhúchais. Tá glúnta dem mhuintir curtha i Reilig Ghobnatan. Is áit dhraíochtúil, shíochánta, spioradálta í. Nuair a thagaim i dtreo Bhaile Mhúirne ó Shráid a’ Mhuilinn nó ón County Bounds mothaím go bhfuil ceangal an-láidir agam leis an áit. Tá sé díreach mar a bheinn ag teacht abhaile.’⁹⁸

4.3 Teanga

Tá úsáid leanúnach na teangan Ghaoluinne ar fud na Gaeltachta mar bhunchúis rí-thábhachtach i gcoimeád an traidisiúin Ghaelaigh in amhránaíocht, i bhfilíocht, i rince, i scéalaíocht agus i gceol. Ní mór an Ghaoluinn a choimeád mar an príomh theanga, agus é seo a bheith mar phríomh aidhm ag aon phlean a bhaineann le h-oidhreacht dholáimhsithe. Dar le Daonáireamh 2016 tá 76% de Dhaonra Mhúscraí ina gcainteoirí gaoluinne⁹⁹ (43% acu sin ar a dtoil¹⁰⁰). Theaspáin torthaí ‘Anailís ar Riachtanais Socheacnamaíoch agus Cultúrtha Ghaeltacht Mhúscraí’, a seoladh i 2008, go raibh gá le straitéis a neartódh cur ar aghaidh na Gaoluinne mar an príomh theanga.¹⁰¹ Tugann Údarás na Gaeltachta cabhair straitéiseach i gcur chun cinn na Gaoluinne imeasc an phobail agus lucht gnó. Tá ceathrar Oifigeach Teanga agus Cultúir i nGaeltacht Mhúscraí, chomh maith le triocha ionad seirbhíse teangan, a chuireann ábhar foghlama Gaoluinne ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil fonn orthu an Ghaoluinn a fhoghlaim. Sa bhliain 2011 bhí 633 duine ag obair go lán aimsearach i gcomhluchtaí a bhí bainteach leis an Udarás i nGaeltacht Mhúscraí.¹⁰² Tá Udarás agus an Chomhairle Ealaíon ag obair as lámh a chéile chun na hEalaíona a fhorbairt sa Ghaeltacht, agus eatortha, déanann siad maoiniú ar Ealaíona traidisiúnta agus comhaimseartha trína bhfo-chomhlucht: Ealaín na Gaeltachta.

⁹⁸ Comhfhreagras, Frances Madigan leis an údar 2014.

⁹⁹ <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/ilg/>, (scrúdaithe: 16/2/2018)

¹⁰⁰ *Census 2011*, (An Príomh-Oifig Staidrimh)

¹⁰¹ Results of the Socio-economic and Cultural Needs Analysis of the Múscraí Gaeltacht

<http://www.udaras.ie/en/nuacht/anailis-ar-riachtanais-socheacnamaioch-agus-culturtha-ghaeltacht-mhuscra/> (scrúdaithe: 29/11/2014)

¹⁰² *Údarás na Gaeltachta: 2017 Review* (Údarás na Gaeltachta) 18

Cé gur tugadh fé ndeara go raibh labhairt na Gaoluinne ag laghdú do réir a chéile ós na ‘90aí luaithe, - lasmuigh de Chúil Aodha- féachann sé go bhfuil an líon Gaeilgeoirí i Múscraí mar a chéile – a bheag nó a mhór – agus a bhí sé sa bhliain 2002.¹⁰³ Tá ceantair ann atá níos láidre ná a chéile. Sa bhliain 2008, féachadh ar an gceantar siar ó thuaidh ó Chúil Aodha, agus siar ó dheas ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh mar an ceantar ba threise ó thaobh na teangan.¹⁰⁴ Thug daoine a bhí i mbun an taighde seo fé ndeara chomh maith go dtáinig borradh ar an nGaoluinn i mBéal Átha an Ghaorthaidh go ginearálta le blianta anuas. Cé gur thug Hindley fé ndeara go dtáinig laghdú suntasach ar líon na ndaoine óga a bhí ag labhairt Gaoluinne ins na 1990aí luatha, faigheann an taighde seo amach go raibh – do réir scéal scéil, ar a laghad – an líon daoine óga atá ag labhairt na teangain dulta i méid. Bhuail an fhoireann taighde le méid áirithe daoine óga i rith a gcuid oibre, daoine óga a raibh greim mhaith ar an dteangain acu, agus fonn orthu í a úsáid mar a bpríomh theanga labhartha. Mar sin féin, tar éis taighde a dhéanamh, agus dul i gcomhairle le daoine ar fud Mhúscraí, bhí sé le sonrú go raibh Gaoluinn ar eolas ag furmhór an phobail, ach go raibh Béarla á úsáid mar ghnáth theanga labhartha sna tábhairní agus sna siopaí.

Mar Ghaeltacht intíre, cosúil le Gaeltacht Phort Láirge, tá Múscraí aonarach i gcás teangan. Is mó, dá bhrí sin, an tábhacht a bhaineann le caomhnú na teangan, de bharr sainiúlachta na cainte agus na ráite a bhaineann leis an dteanga áitiúil. Is tré mheán na Gaoluinne, ag baint úsáide as chaint shuaithinseach an cheantair, is fearr a choimeádfar cuimhne agus béaloideas Mhúscraí beo imeasc an phobail. Dá bhrí sin, tá staid na h-oidhreacht dholáimhsithe sa Ghaeltacht seo ag brath go h-iomlán ar shláinte na teangan Gaoluinne sa dúthaigh.

4.4 Tírdhreach agus áit.

Bhí tionnchair an-láidir ag suíomh dúnta na Gaeltachta i Múscraí ar chaomhnú na ngnéithe den chultúr a bhaineann go háirithe leis an réigiún. I 1965 sa réamhrá a scríbh sé don leabhar ‘Where Mountainy Men Have Sown,’ leis an údar Mícheál Ó Súilleabháin, Eas Coille, léirigh Dónal Ó Corcora an dlúth-cheangal atá idir mhuintir Mhúscraí agus an tírdhreach. Ag cur síos dó ar chumas an tSúilleabhánaigh chun ómós áite a chur in iúl dá léitheoirí, deir Ó Corcora :

‘An grá atá aige dhó... Is éinní amháin iad. Ar a shlí go cnocán, nó cúil folaithe, is ceolmhar leis ainmneacha na gcarraigreacha, na dtobar, na gcumar¹⁰⁵, a fheiceann sé ina thimpeall, na cuimhní a thugann siad ar ais chuige, an caonach a fhásann orthu, an tor cuilinn nó an lus mhic rí – ní mór ná go bpógann sé iad. Is léir go raibh eolas aige orthu lena shaol, go doimhin ina chomhfhios, agus go gcuireann siad go léir leis an ardú meanman atá anois air..... agus tá an t-eolas céanna seo atá aige le fáil i gceann agus i gcroí a chomharsain go léir sa cheantar Gaeltachta seo.’¹⁰⁶

4.5 Leanúnachas an Traidisiúin

Tá leanúnachas an traidisiúin agus léiriú ealaíon laistigh de theorainní tíreolaíochta agus cultúrtha le brath go soiléir i Múscraí. Glactar leis go bhfuil stair agus traidisiún an cheoil agus na hamhránaíochta, na filíochta agus an rince, chomh láidir agus is féidir iad a fháil in aon áit ar fuaid Éireann. Toisc gur cheantar é ina bhfuil traidisiún doimhin ó thaobh na teangain, na litríochta, na héigse agus an chultúir, ní h-aon ionadh é gur eascair líon mór daoine cruthaitheacha agus ealaíonta ón áit : Seán Ó Riada, Seán Ó Ríordáin, Máire Bhúí Ní

¹⁰³ Le haghaidh mion-mheasúnú ar stádas na teangain Gaoluinne i Múscraí, feic John Walsh, *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland’s Socio-economic development* [Switzerland 2011]pp 232-243. Féach leis ar; Reg Hindley. *The Death of the Irish Language*. [USA, 1990]

¹⁰⁴ Kendall A. King, Natalie Schilling-Estes, Lyn Fogle, Jia Jackie Lou, agus Barbara Soukup, [eagarthóirí] *Sustaining Linguistic Diversity: Endangered and Minority Languages* [USA, 2008]lth119.

¹⁰⁵ *concourse*

¹⁰⁶ Ó Súilleabháin, Mícheál, *Where Mountainy Men have sown, War and Peace in Rebel Cork in the turbulent years 1916 -21*, [Ciarraí, 1965]lth 8-9.

Laoghaire, Eibhlín Dubh Ní Chonaill, Séamus Ó Céilleachair, an tAthair Peadar Ó Laoghaire agus Dónal Ó Mulláin, táid so imeasc na ndaoine a thug saothar ealaíonta chun foirfeachta i Múscraí. Cé gur lonnagh daoine a thuill aitheantas náisiúnta sa cheantar, Ó Riada agus Ó Ríordáin ina measc, ar leibhéal áitiúil lean an traidisiún anuas trís na glúnta do réir cleachtais na háite, ar mhaithe go príomhdha le muintir na háite, agus leanann sé ar aghaidh ag déanamh athnuachaint air féin le gach glúin dá dtagann. Tá fuinneamh cruthaitheach saibhir i gceantar leathan Mhúscraí a théann chun sochair don fhilíocht agus don cheol. Dar le hAcadamh Fódhla go bhfuil suas le 2,000 file curtha i reilig Ghobnatan féin, gan aon áit eile a chur san áireamh, Tá traidisiún saibhir scoileanna na mBárd agus na scoileanna scairte ag dul ar aghaidh fós i nDáimhscoil Mhúscraí, agus in Acadamh Fódhla.

Is cuid lárnach den saol cultúrtha í an scoraíocht, is é sin le rá cuaird a thabhairt go rialta ar thithe áirithe mar a ndeirtí amhráin, mar a seinntí ceol, agus go h-áirithe mar a n-innstí scéaltha. Choimeád traidisiún na scoraíochta beo gnéithe den saol a bhí thart, agus ina theannta sin, tuiscint ar idirphlé pobail agus ar chaidreamh na gcomharsan. Tháinig tuairisc amach le déanaí ón HSE agus Ollscoil Uladh a thaispeáin go raibh áit lárnach ag an scoraíocht i saol na n-aosach ó Chontae Chorcaí ar labhradh leo.¹⁰⁷ Eagraíotar ócáidí rialta scoraíochta ins na trí Ionad Lae sa Ghaeltacht.

Ceann des na nithe is soiléire a léiríonn dúinn chomh beo fuinniúil is atá traidisiún i Múscraí isea go bhfuil Cór Chúil Aodha ar an bhfód go láidir fós. Bhunaigh Seán Ó Riada an cór sa bhliain 1963 (fig 4.1) Tá sé anois fé stiúir a mhic, Peadar ó 1971 i leith. Sa bhliain 2013, dheineadar cheiliúradh ar leathchéad bliain saothair le turas speisialta go hOileán Í na hAlban. Is féidir an turas seo a fheiscint ar chlár faisnéise dár teideal *Ó Chúil Aodha go hOileán Í* a taispeánadh ar TG4 le déanaí.

Fig. 4.1 **Séad Comharatha i gcuimhne Sheáin Uí Riada ag Séipéal Chúil Aodha**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

¹⁰⁷ Brendan McCormack agus Elizabeth Breslin. *The Implementation of a Model of Person-Centred Practice in Older Person Settings* [Baile Átha Cliath, 2010]lth. 149

4.6 Béaloideas agus an Traidisiún Béil.

Tá béaloideas láidir fuinniúil a bhaineann le gnéithe den tírdhreach, idir shaordha agus aiceanta, dá chaomhnú fós i Múscraí. B'é an traidisiún béil an córas cumarsáide is mó ar baineadh úsáid as, agus tá neart fé leith ag baint leis i Múscraí i gcónaí. Sampla maith dhe seo isea an slí inar seoladh ar aghaidh mór-chuid filíochta ó bhéal síos tríd na glúnta. Cuimhnigh go raibh Máire Bhuí Ní Laoghaire – a chum Cath Chéim an Fhia – gan léamh ná scríobh, agus go rabhthas ag brath ar an traidisiún béil chun a cuid saothair a scaipeadh agus a chaomhnú don choismhuintir.¹⁰⁸ Mar an gcéanna le ‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire, cumtha ag Eibhlín Dubh Ní Chonaill, is tríd an mbéal is mó a seoladh ar aghaidh é.¹⁰⁹ Tugann an leabhar ‘Filí an tSuláin’, a fhoillsigh an tAthair Pádraig Ó Tuathaigh, cúntas ar an mór-fhorbairt a tháinig ar an bhfilíocht Gaolúine i nGaeltacht Mhúscraí.¹¹⁰

Níl Múscraí saor ar na hathruithe a dhein díobháil don traidisiún béil in áiteacha eile ar fuaid na hÉireann. Mar sin ní mór a mheas go bhfuil tuiscint sa cheantar gur baol go gcaillfear a lán den traidisiún béil agus den eolas atá i gcuimhne an phobail muna ndéantar é a scríobh síos. Tugadh fé ndeara le linn dul i gcomhairle leis an bpobal nár theastaigh óna lán an traidisiún béil a bheith lárnaithe. Cé go mbfhearr lena bhfurmhór an traidisiún béil a choimeád mar a bhí sé i bhfoirm cultúrtha stairiúil, mar sin féin, níor mhiste straitéisí a cheapadh chun a chinntiú ná caillfear é.

Nuair a bhí obair ullamuigh agus comhairliúcháin á ndéanamh, fuaradh amach go raibh uimhir áirithe de chlosbhailiúcháin príobháideacha ar fáil. Ba chóir iad seo a lárnú, a dhigitíú agus a chur ar fáil don phobal chomh luath agus is féidir. Ina dteannta seo, tá Coláiste Ghobnatan ag dul i mbun tograí a bhaineann le bailiúcháin os na scoileanna áitiúla. Tá cabhair á fháil acu ó fhoireann Research and Dig chun na hoibre seo a dhéanamh.

4.7 Caomhnú an Chultúir Dholáimhsithe – Inspreagadh

Le linn na comhairliúcháin phoiblí, bhí pobal Mhúscraí go dinnabhálta den dtuairm dá gcuirfí caomhnú oidhreachta i gcomhcheangal le forbairt eacnamaíoch, go mbeadh, i ndeireadh na dála, droch thionchar aige seo ar chultúr na háite. Níl sé chomh chomh simplí sin. Go deimhin dá mbeadh an dlús turasóireachta ró-árd go loitfí carachtair an cheantair. Ar an dtaobh eile den scéal, bheadh fáilte roimh ráta turasóireachta a bheadh íseal nó measartha, ar chaighdeán árd, a ghinfadh cuid mhaith airgid, agus a bheadh tógtha timpeall ar cheiliúradh, ar thírdhreach, ar theanga na Gaolúine, agus ar nósanna maireachtála na ndaoine. Caithfear é seo a bhainistiú go cúramach. Tá gníomharthaí áirithe le turasóireacht chultúrtha – bialanna fóna mar shampla, a chuirfeadh feabhas ar shaol mhuintir na háite uile. Bheadh sé seo le tuiscint i dtaobh daoine a bhí ina gcónaí lasmuigh den gceantar ar feadh tréimhse, agus a bheadh imithe i dtaithí ar chaighdeán maireachtála áirithe.

I mBéal Átha an Ghaorthaidh, tá achfainn tráchtála an bhaile dulta i laghad go mór. Dá bhrí sin níl aon lárionad sóisialta ann ina bhféadfadh muintir an bhaile bualadh le chéile go sóisialta. Beidh aon iarracht athnuachainte a déanfar ar an mbaile ag braith ar thurasóirí cultúrtha. Taobh amuigh de roinnt treoirlínte agus gníomhartha molta, ní hé gnó na doiciméide seo cinneadh a dhéanamh fé conas a cuirfear seo i gcrích. Mar sin féin ní mór a bheith cinnte ná h-athróidh, pé pleananna a ceapfar, carachtair na háite, a mheallann na turasóirí, ar an gcéad dul síos. Ní foláir greim docht a choimeád ar iomláine agus firinne igcónaí.

¹⁰⁸ Tá tuairisc san amhrán seo ar throid idir na Giománaigh agus na Buachaillí Bána le linn réabhlóide talúntais in 1822. Feic Brian Brennan, *Songs of an Irish Poet, The Mary O'Leary Story* [Cork 2000] lth12 – 13.

¹⁰⁹ Maureen O'Rourke Murphy, James McKillop, [Eagarthóir]. *An Irish Literature Reader: Poetry, Prose, Drama* [dara eagrán], [USA,2006] lth 45 – 47.

¹¹⁰ .Pádraig Ó Tuathaigh, *Filí an tSuláin*, [Corcaigh,1993] Tá dánta agus amhráin maithe Múscraíoch I leabhar Sheáin Uí Mhuimhneacháin *Gleanntán an Aoibhnis, Dánta agus Amhráin*.

4.8 Acadamh Fódhla.

Sa bhliain 2000, chuir Peadar Ó Riada agus Máire Ní Cheocháin Acadamh Amhránaíocht Dúchas na nGael ar bun. Le h-imeacht aimsire, cuireadh trí cinn eile d'Acadaimh leis, mar atá: Acadamh Staire, Acadamh Talamhaíochta agus Acadamh Fuinnimh. Tá tábhacht mhór ag baint le hAcadamh Fódhla i ndoiciméadú oidhreachta agus staire Mhúscraí. Tá clárú digiteach déanta acu ar oidhrecht nádúrtha, tógála agus cultúrtha sa cheantar.

4.9 Naomh / Deabhóid / Oilithreach.

Tá cleachtaí deabhóideacha fós tábhachtach i saol Mhúscraí. Inseann stair agus béaloideas dúinn go bhfuil ceangal ag naomh fé leith le príomh cheantair na dúthaí. I gCill na Martra, is é Naomh Lachtaín an naomh pátrún, agus tá a ainm luaite leis an Scoil Náisiunta áitiúil – Gaelscoil Naomh Lachtaín. Tá áitreabh Naomh Fionnbarra, pátrún Chorcaí i nGuagán Barra, siar ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh, agus thóg sé mainistir ar an oileán sa loch sa gú h-aois. Tá fothrach ann fós, ach sé atá anso ná an méid atá fágtha de fhoirgneamh a thóg an tAth. Donnchadh Ó Mathúna timpeall 1700a.d.

I mBaile Mhúirne, tá Naomh Gobnait agus Naomh Ábán araon lárnach sa stair agus sa bhéaloideas (Fig.4.2). Is í Gobnait an naomh is mó go bhfuil aithne uirthi, agus tá sí go mór i gcuimhne na ndaoine i mBaile Mhúirne agus sa cheantar ina thimpeall. Do réir an bhéaloideas, do leigheasadh sí daoine breoite a thagadh ag triall uirthi. Bhí sí an-eolgaiseach ar bheacha agus bhaineadh sí úsáid as a gcuid meala le breoiteacht a leigheas, agus créachta a chneasú. Tá scrín agus tobar beannaithe in aice na reilige, mar a bhfágtar paidríní, pictiúirí beannaithe, agus ofráiltí pearsanta eile mar chomhartha buíochais agus urrama dí, rud a thugann le fios dúinn go bhfuil deabhóid fós do Naomh Gobnait ag muintir Bhaile Mhúirne. Tá Síle-na-Gig greanta ar cheann far-fhuinneoige sa teampall meánaoiseach ag Scrín Ghobnatan. Do réir an nós bronann éadach atá cuimilte leis an mbean nocht snoite ar an gcloich, torthúlacht ar an mbaineann (fig 4.3). Tá an naomh seo leis na cianta mar phointe tagartha ag staraithe agus lucht béaloidis. Mar shampla, do luaidh na daoine seo leanas í : Charles Smith [1750], W.G. Wood Martin [1902], Edith M. Guest [1937] agus Michael J. O'Kelly [1952].¹¹¹ Bhí fianna ina gcuid thábhachtach de scéal Ghobnatan chomh maith, agus táid le feiscint mar órnáidí ar gheata na reilige, agus ar gheataí tí an tsagairt paróiste. Tá ainm Ghobnatan le feiscint ar ghnóluchtaí áitiúla chomh maith. (e.g. Grúdlann na 9 Fia mBán I mBaile Mhúirne)

¹¹¹ Scríbh Daphne D.C. Pochin Mould mion - chúntas ar lá Pátrúin Naomh Gobnait, bunaithe ar thaighde a dhein sí sna 50daí. Feic Daphne D.C. Mould, *Pattern Day sa Capuchin Annual 1955*.

Figure 4.2

Dealbh Naomh Gobnait le Seamus Murphy RHA i mBaile Mhúirne



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Fig. 4.3

An Síle-na-gig greanta ar an eaglais iarmheann-aoiseach ag Srín Ghobnatan



(Foinse: Research and Dig, 2015)



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Bhí suíomh dá chuid féin ag Naomh Ábán ar an dtaobh theas d' Abha an tSuláin i mbaile fearainn na Seanchluana, ach ní théann na sluaite céanna ag triall air sin. Cé ná fuil aithne chomh foirleathan air agus atá ar Ghobnait, tá áit thábhachtach aige sa bhéaloideas áitiúil. Tá an fhoireann áitiúil ainmnithe uaidh – Peileadóirí Naomh Ábán, mar aon leis an mbunscoil – Scoil Ábán Naofa, agus an pháirc pheile – Páirc Imeartha Ábán Naofa de chuid an Chumainn Lúth Chleas Gaeil.

Achar beag ó thoibreacha beannaithe Ghobnait is Abáin tá dealbh beag adhmaid ón 13ú aois déag faoi churaim an tsagairt Paróiste i mBaile Mhúirne (fig. 4.5). Meastar coitianta gur dealbh de Naomh Gobnait atá ann agus cuirtear ar fáil é go poiblí don bpobal gach Lá le Gobnatan (11ú Feabhra) i séipéal naoiú aoise déag na paróiste. Tógann na daoine Tomhas Ghobnatan ansúd le ribín a chuimilt is iad ag tomhas an dealbh leis¹¹². Úsáidtear an ribín sin chun leighis i gcaitheamh na bliana ansan. Tá cúntas ón ochtú aois déag ag John Richardson ina dtagráíonn sé do dheasgnátha cosantach in aghaidh na bolagaí agus úsáid an deilbh agus íobairt caorach¹¹³. Ní chleachtaíotar an gnás sin níos mó.

¹¹² <https://pilgrimagemedievalireland.com/2013/02/18/pilgrimage-to-st-gobnait-at-ballyvourney-co-cork/> (scrúdaithe 8/3/2018)

¹¹³ John Richardson, *The great folly, superstition, and idolatry of pilgrimages in Ireland*, (Baile Átha Cliath: J. Hyde, 1727) 71

Figure 4.5

Dealbh de Naomh Gobnait ón 13ú aois c.1938¹¹⁴



(Foinse: images courtesy of *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*)

4.10 Comhfhios Stairiúil.

Tá fianaise ar fáil a thaispeánann go raibh daoine ina gcónaí sa dhúthaigh seo ó thús na Cré-umhaoise. Cruthú é seo ar stair shaibhir leanúnach na dúichí. Tuigtear ón dtraidisiún áitiúil go bhfuil mór-chuid ábhair seandálaíochta agus láithreacha stairiúla ann a thugann le tuiscint go raibh áitritheoirí sa cheantar máguaird níos luatha fiú ná mar a léiríonn na déantáin réamhstairiúla atá ar fáil dúinn.¹¹⁵ Tá caomhnú na láithreán seo i dtírdhreach leathan Mhúscraí i meabhair agus i dtuiscint mhuintir na h-áite leis na cianta siar.

Cé go bhfuil leanúnachas le brath i bpróifil staire leathan Mhúscraí, is féidir é a ríomh go croineolaíoch chomh maith, ag baint úsáide as sainchomharthaí tábhachtacha staire agus saolta. Maireann na sainchomharthaí seo fós sa bhéaloideas, sa bhfilíocht agus ins na h-amhráin. Tá an Gorta [1845 – 1851] tábhachtach i stair Chorcaí Thiar agus i Muscraí. Cuireann leabhar Mháire Mhic Suibhne – ‘Famine in Muskerry – An Droch-shaol’ – cúntas os ár gcomhair ar shé cinn déag [16] de pharóistí laistigh den Macroom Poor Law Union i lár na naoiú aoise déag.¹¹⁶

¹¹⁴ *Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 8.2 (1938): Pl. XXXIII.)

¹¹⁵ Agallamh le Peadar Ó Riada, Cúil Aodha, Co. Chorcaí, 21 Deireadh Fomhair 2014.

¹¹⁶ Máire Mac Suibhne, *Famine in Muskerry, An Drochshaol*, [Cork, 1997]. Feic ‘Irish Famine Report from Ballyvourney’ i ‘Transactions of the Central Relief Committee of the Society of Friends during the Famine in Ireland’.

Figure 4.6

Cloch cuimhneacháin Lasmuigh de shéipéal Baile Mhúirne



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Figure 4.7

Corcán na Leiteann ón nGorta - Béal Átha an Ghaorthaidh



(Foinse Research and Dig, 2014)

4.11 Go déanach sa 19ú Aois.

Tá sprid na n-oibríthe deonacha le brath go láidir i Múscaí. Le linn na gceardlanna poiblí, bhí sé le rá ag cuid des na cainteoirí go raibh ceangal aige seo le sprid na ndaoine áitiúla a mhair i dtreo deireadh na 19ú h-aois, nuair a tharla gníomhaíocht shuntasach i gcúrsaí polaitíochta agus cultúrtha, chomh maith le forbairt rábach ar chomharchumainn (fig. 4.7). I rith na tréimhse seo leis a tharla éabhlóid na nAeríochtaí, na bhFeiseanna agus an Oireachtais sa cheantar ar déanadh gluaiseacht náisiúnta de do réir a chéile, agus a bhláthaigh sa ghluaiseacht i dtreo an neamhspleáchais le linn na bhfichidí den bhfichiú aois. Bhí Conradh na Gaeilge, Cumann na Talún, agus Cumann Lúthchleas Gael gníomhach sa sa dúthaig ag an am seo chomh maith. Agus é ag moladh go gcuirfí stuidéar ar bheatha an Dochtúra Uí Loingsigh ar churaclam na h-idirbhliana do dhaltáí scoile áitiúla, labhair Donnchadh Ó Sé mar seo :

‘Bheadh dhá bhuntáiste ag baint leis seo – ní h-amháin go mbeimís ag déanamh buan-chomóradh ar an Dochtúir Ó Loingsigh, ach ag cabhrú go mór le múnlú dearfach aigne agus charaictéir na mic léinn, rud a chruthódh bunshraith do shochaí freagrach, agus mar bharr air sin, ag déanamh deimhin de go mairfeadh smaointe, ceannasaíocht, inspreagadh agus ionsparáid an Dochtúra Uí Loingsigh.’¹¹⁷

Figure 4.8 **Dí-sealabhú tionóntaithe – Béal Átha an Ghaorthaidh – 1906**



(Foinse: Pictiúir le buíochas le Marian Ní Laoire)

4.12 Tréimhse an Éirí Amach.

Is mó leabhar agus cúntas atá scríofa i dtaobh an cheangail a bhí ag Iarthar Chorcaí le tréimhse réabhlóideach na hÉireann. Tá ard – aithne ar luíochán Chill Mhichíl a tharla i mí na Samhna 1920, agus bhí gníomhaíocht phoblacánach ar siúl go foirleathan ar fuaid na dúithí, go háirithe le linn Cogadh na Saoirse agus an Cogadh na gCarad [1919 – 1923].¹¹⁸

¹¹⁷ Comhfhreagras, Donnchadh Ó Sé leis an údar, 22 Samhain 2014

¹¹⁸ Scríbh an tAth Pádraig Ó Tuathaigh i dtaobh Chogadh na gCarad in Iarthar Chorcaí ina leabhar *‘The Dark Secret of Béal na mBláth.’*

Ar an 7ú Iúil 1918, a tugadh an fogha ba thúisce taréis Éirí Amach na Cásca fé'n RIC, Constáblacht Ríoga na hÉireann. Tharla seo ag Béal a' Ghleanna (4.8) ar an mbóthar idir Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Baile Mhúirne . Tharla sé seo breis is sé mhí sular tharla an luíochán ag Sulchóid Bheag, an ceann faoina ndeirtear go minic gurb é an chéad luíochán é i gCogadh na Saoirse. Tharla mórán eachtraí den tsort céanna sa cheantar i rith an dá bhliain ina dhiaidh san, agus ar an 25ú Feabhra 1921 déanadh ionsaí ar fhórsaí na Breataine -a bhí ag cur fúthu i Maghchromtha- ag Cúl na Cathrach (fig.4.9 agus 4.10).¹¹⁹ Seasaíonn luíochán Chúil na Cathrach amach i gcuimhne na ndaoine agus iad ag trácht ar Chogadh na Saoirse. Mar a tharlaíonn ina lán áiteacha in Éirinn, is iad na scéalta fé na Black and Tans a thugann na mothúcháin is láidre agus is doimhne chun cuimhne na ndaoine, mar táid bunaithe ar an mbéaloideas, agus ar na cuimhní a bhí ag a muintir féin ar na h-eachtraí a tharla. Sa bhliain 2009 d'éirigh teannas idir lucht forbartha bóithre Transport Infrastructure Ireland agus lucht caomhnaithe láithreacha stairiúla. B'é fé ndeara é seo ná moladh ón Udarás um Bóithre Náisiúnta débhealach nua ar an N22 a thiomáint tré láthair luíocháin Chúil na Cathrach.¹²⁰ Cuireann an díobháil a dhéanadh an obair seo don láthair stairiúil i gcuimhne dhúinn an tábhacht a bhaineann leis na láithreacha áitiúla seo, agus tá súil againn go ndéanfar iarracht an Rialtas a ghríosadh le reachtaíocht agus polasaí soiléir ina leith a chur i bhfeidhm.

Figure 4.9 **Ag féachaint duit ó Thuaidh ó Bhéal a' Ghleanna**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

¹¹⁹ Dónal Ó hÉalaithe *'Memoirs of an old warrior, Jamie Moynihan's Fight for Irish Freedom 1916 – 1923* [Corcaigh 2014] lth .161

¹²⁰ Irish War of Independence: Coolnacaheragh Ambush Site and proposed Realignment of N22 Route Macroom – Ballyvourney , <http://sites.google.com/site/coolnacaheragh> [scrúdaithe 20/11/2014].

Figure 4.10

Suíomh Luíochán Cúl na Cathrach



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Figure 4.11

Le linn 2016, chroch áitreabhaigh bratanna chun ionaid tábhachtacha ar Pháirc a' Chatha, ag an IRA sa luíochán frith Ghallaibh ar Chúl na Catharach



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Tá alán láithreacha cuimhneolaíochta ag á bhfuil ceangal le tréimhse réabhlóideach Mhúscraí. Féachtar ar na cuimhiní seo mar chuid den sruth staire ag síneadh siar tré ghlúnta na sinnsearach. Thagraig Marian O'Leary don comhnascadh sin idir na coimhlintí éagsúla a thit amach san am atá imithe le linn di trácht ar an leac atá ar an mbóthar idir Bhéal Átha an Ghaorthaidh is Guagán Barra, áit mar ar maraíodh na hÓglaigh Críostóir Ó Luasa ar an 20ú Samhain 1920, agus an t-Óglach Ian McKenzie ar an 8ú Lúnasa 1920. Dubhairt sí mar leanas(fig 4.11) :

'Is mar a bhfuil an chrois bhán a fuair Criostóir Ó Luasa bás. Bhí a shin-shean-athair, Séamus Breathnach, páirteach i gCath Chéim an Fhia sa bhliain 1822, agus dob é siúd, do réir scéil, an té a mhairbh Smith, an t-aon ghíománach a cailleadh sa troid.¹²¹

Agus sinn ar tháirseach tréimhse comóradh Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad, is doichí go mbeidh iarracht dá dhéanamh ar na séadchomharthaí do ghlanadh agus cinn nua dá dtógáil. Caithfear bheith ana churamach leis an nglanadh mar tá baol mór ann go ndéanfaí díobháil agus go mbrostódh ráta ídithe na scríobhnoireacht greannta orthu, go mór.

Figure 4.12 **Séad Chomhartha Poblachtánach chun Criostóir Ó Luasa agus Ian McKenzie lasmuigh de Bhéal Átha an Ghaorthaidh. Tabhair faoi ndearadh an chrois bhán sa chúlra mar ar cailleadh an Luasach. (Faoi'n giorcal dearg)**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

4.13 Múscaí – Láithreacha Cuimhne.

Mar chuid de mhodheolaíocht na taighde tógadh fárdal radhairc na láithreacha follasacha cultúir agus staire i bpríomhpharóistí Mhúscaí. Sa tógra seo tugtar láithreacha Cuimhne ortha seo. Tá na suímh seo fíor thábhachtach mar taispeánann siad na cuimhní cinn go dteastaíonn ón bpobal féin do choimeád ag leibhéal phoiblí, agus anuas air sin, is siombail iad de gach a dtugann cuairteoirí faoi ndearadh de chuimhne shóisialta an cheantair.

I ngach ceann des na príomh pharóistí, déantar cheiliúradh ar dhaoine agus ar ócáidí a bhí lánach sa cheantar. Imeasc príomh láithreacha Cuimhne na dúthaí mar shamplaí tá: i gCill na Martra, dealbh den laoch spóirt, amhránaí, agus, níos déanaí ina shaol, Ard Stiúrthóir Chumann

¹²¹ Comhfhreagras idir Marian O Laoire leis an údar, 10/11/2014.

Lúthchleas Gael, Seán Ó Síocháin, tógtha i lár an bhaile. I gCúil Aodha, tá séad-chomhartha sa bhfalla trasna ón séipéal a dhéanann comóradh ar Shéamus Ó Muimhneacháin, ball d’Óglaigh na hÉireann. I gclós an tséipéil céanna, tá íomhá créúmha den cheoltóir/ cumadóir Seán Ó Riada, a tógadh sa bhliain 2008. I mBaile Mhúirne, tá séad-chomharthaí de luíochán Chúl na Cathrach, don mhairtíreach poblachtánach Liam Ó hÉigeartaigh, agus ar ndóigh, íomhá iomráiteach Ghobnatan. I mBéal Átha an Ghaorthaidh mar chomhartha Cuimhne ar uafáis an Ghorta Mór (1845-51) sa cheantar tá Corcán na Leiteann ón nGorta féin. Sa bhreis ar sin, ar láthair Choláiste na Mumhan, tá plaic ag comóradh an leath-chéad bliain taréis Éirí Amach 1916. Nochtadh leacht chomórtha céad bliain an Choláiste féin i 2004. Mar chríoch, ar an nGugán tá séad chomharthaí i gcuimhne: an file J.J. Callinan [1795 – 1829], an Cairdinéal Caitliceach Timothy Manning [1909 – 1989], agus an tAth. Denis O’Mahony¹²² ar an suíomh naofa seo a thuill a cháil ó Naomh Fionnbarra féinig.

Figure 4.13 **Séad Chomhartha i gcuimhne Seán Ó Síocháin i gCill na Martra**



(Foinse: Research and Dig, 2014)

4.14 Logainmneacha.

Faighimid doimhin-léargas ar stair aon cheantair óna logainmneacha, ainmneacha páirce agus a leithéid. Mar is dual do cheantar atá báite sa traidisiún, tá luach nách beag ag baint le logainmneacha Mhúscraí. Aontaíodh ag na ceardlanna poiblí go raibh gá le doiciméadú a dhéanamh ar logainmneacha agus ainmneacha páirceanna na dúthaí.

Is féidir léargas ar na h-ainmneacha áitiúla, ar logainmneacha cheantar Mhúscraí, agus eolas seandálaíoch, tireolaíoch, agus stairiúil a fháil ar www.logainm.ie. Tá Suirbhé Logainmneacha Chorcaí, fé stiúir an Dr. Éamon Lankford, taréis 260 ainm ó Mhúscraí a chlárú.¹²³ Tá achar uilig Contae Chorcaigh clúdaithe ag an suirbhé seo agus is féidir é scrúdú i gceann ceathrú Leabharlann Chontae Chorcaí ar Bhóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh.

¹²² Scríbh Callinan ‘The Outlaw of Loch Lene’. I 1918 d’fhoilsigh Ollscoil Illinois ‘*The Poems of J.J. Callinan* [USA, 1918]

¹²³ Comhfhreagras, Kieran Wyse, Reference & Local Studies, Leabharlann Contae Chorcaighe, leis an údar, 20/10/2014.

5.0 Measúnú den Suntasáíocht

5.1 Cúlra

Do réir polasaí *Historic England*- “na prionsabail, polasaithe agus teoracha Caomhnaithe atá chun bainistiú inbhuanaithe den chomhshaol stairiúil “ is í an caomhnú an próiseas, le bainistiú a dhéanamh ar athraithe go leibhéil suntasacha ar shuíomhanna, an modh is fearr chun luachanna oidhreachta a choimeád¹²⁴. Is í strátéis Caomhnaithe agus Bainistíochta an phróiseis trín’ar féidir suntasáíocht an tsuímh do choimeád agus d’úsáid go leanúnach agus go h-inbhuanaithe.

Ní leor stadéir ar na n-íarsmaí fisicúla amháin le tuiscint iomlán a fháil ar shuíomh. Caithfidh suntasáíocht an tsuímh a bheith curtha i gcomhthéacs na gcúinsí sóisialta agus cultúrtha a chruthaig an áit. Ta sé seo go h-áirithe fíor i gcás Ghaeltacht Mhúscraí. Maidir le suíomhanna uilig Éireann, caithfear an measúnú tábhachta do dhéanamh do réir na gcritéir leagtha amach sa cháipéis *Caomhnú Oidhreachta Ailtireachta: teoracha do údaráis pleanála*.¹²⁵:

- spéis Ailtireachta
- spéis Stairiúil
- spéis Seandálaíochta
- spéis Ealaíona
- spéis Cultúrtha
- spéis Eolaíochta
- spéis Teicniúil
- spéis Sóisialta

Is cuid bunúsach folaithe é an Oidhreachta Nádúrtha d’ár nOidhreachta (fch an bhrí le ‘Oidhreachta’ san Acht Oidhreachta 1995)¹²⁶. Is ina thaobh sin atá ‘Suim’ ann féin, nádúrtha mar abhar sa tuiscint.

Le ceart ba chóir caomhnú do dhéanamh ar na luachanna Oidhreachta go léir atá áirithe i gceantar. Ach, ar uairimh, beidh iomaíocht idir riachtanaisí critéir amháin le critéir eile. Sa chás sin, tá tuiscint ar an dtábhacht le gach critéir acu agus a áit i ndéanamh iomlán tábhacht Mhúscraí féin go h-uile, idir áitreabh agus foth-chodaibh, abhair is abhair. Is ansan amháin is féidir cinneadh is breithiúntas conspóideach a dhéanamh.

5.2 Ráitísí Suntasacha Reatha

Cé nách bhfuil aon phlean reatha ar scála comheasta go bhfuil anailís déanta aige ar Oidhreachta Mhúscraí, tá ar a laghad dhá dhocuiméid atá tar éis scrudú a dhéanamh ar dhá shuíomh thábhachtacha sa Ghaeltacht.(Scrín Ghobnatan agus Cúl na Catharach). Thíos, tá breithmeas de Scrín Ghobnatan curtha i láthair ag John Cronin & Associates i 2003¹²⁷:

Mar atá sé i láthair na h-uaire, tá Scrín Ghobnait suntasach ar na cúiseanna seo leanas:

- Toisc an saibhreas agus réimsí luachanna cultúrtha, aesteitiúil agus eacnamaíochta gaolmhara follasach go láidir i Scrín Ghobnatan, meastar é bheith ar thábhacht ollmhór suntasach go h-áitiúil, go réigiúnda agus go náisiúnta.

¹²⁴ Paul Drury and Anna McPherson, *Conservation principles, policies and guidance for sustainable management of the historic environment* (Historic England, 2008), 22

¹²⁵ Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, *Architectural heritage protection: guidelines for planning authorities* ((Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, 2011), 24

¹²⁶ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1995/act/4/enacted/en/html>

¹²⁷ John Cronin and Associates, *Heritage Plan for St Gobnait’s Shrine and environs* (John Cronin and Associates 2003), 27-28

- An gaol idir an suíomh agus Naomh Gobnait. Tá an suíomh ana shaibhir le dlús neamh ghnáthach rudaí agus cleachtais. Áiríonn sé sin an suíomh mainistreach seo, i mBaile Mhúirne, ar ar aon dul le suíomhanna móra ar nós Loch Dearg agus Cruach Phádraig. Lena ath-léimneacht, inoiriúnaitheacht agus na timthriall sioraí déanann sé seo Scrín Naomh Gobnait mar Pailimseist gléigeal de chráifeachas Éireannach.
- Is ceann de'sna na suíomhanna Oilithreachta is tábhachtaí in Éirinn é: lena nósmaireacht leanúnach daoine/oilithrig agus iad ag tabhairt *Turas Ghobnatan*, méadaíotar tábhacht cultúrtha na h-áite. Is áit é do adhradh, phaidireóracht, idirghabháil aigne agus machnamh ciúin.
- Tá fianaise láidir ar dhaoineibh sa tsuíomh seo ón tréimhse Réamh Stairiúil – Tá fianaise áitreabh maireachtála daoine sa cheantar ó aimsir an Chré Úmha ar a laghad, agus dfhéadfadh gur suíomh tábhachtach cleachtais creidimh págánach é roim teacht na Críostaíochta chun an taobh seo tíre.
- Tugann na creatalaigh is gíotáí structúir, fós fágtha sa cheantar, fianaise ar atharaithe bunúsacha agus doimhne i stair eaglasta na hÉireann; taispéanann an suíomh stairiúil leis, ana chuid tradisiúin Críostaíochta mar a cleachtadh sa tír seo le 1500 blian anuas.
- Tá cúlra tuaithe an tsuímh stairiúil seo de árd thábhacht aesteiticiúil agus tugann don chuaríteoir nua aimseartha, maothán ciúin chun macnaimh do dhéanamh ar an saol atá imithe.
- Is gnéith tábhachtach Cultúrtha eile na suímh reilgiúnacha agus oidhreachta seo a bheith lonnaithe laistig den nGaeltacht. Tá éagsúlacht shaibhir ins na Logainmneacha Gaelacha áitiúla, sna suíomhanna agus sa cheantar. Chomh maith leis an méid thuas luaite tá tábhacht le h-áird do dhírú ar na mionabhair seo leanas:
- Tá tábhacht ar leith ag bainnt leis an suíomh mar ionad adhlacadh do Phobail áitiúil Baile Mhúirne, Cúil Aodha agus Baile Mhic Ire. Tá an reilg nua atá dá úsáid go rialto, suite ó dheas den seana Tig Gléibe.
- Tá traidisiún fada ag Pobal na h-áite aire agus cothabháil a dhéanamh ar an Séipéal ársa seo atá aitheanta le Naomh Gobnait. Tá an seana reilg leis i riocht mhaith de dheascaibh iarrachtaí pobail agus is fuirist don phobal sin agus cuairteoirí teacht ar an áit.
- Tá abhair éagsúil leis ann atá tábhachtach ionta féin mar shéadcomharthaí cultúrtha – leithéidí dealbh Séamus Murphy de Naomh Gobnait agus leacaíobh áirithe os cionn uaigneanna. Tá an droichead ar an mbóthar siar suas chun na reilge leis gleoite agus dea chumtha.
- Tá Coill Ghobnatan, atá suite lastuaidh de shuíomh Mainistreach aitheanta go sainiúil mar iarrathóir do Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus dá réir sin tá breithmheas déanta ag Dúchas gur suíomh de thábhacht Idirnáisiúnta é. Cé go ndearbhaíonn an breithmheas an suíomh a bheith ar árd chaighdeán réasúnta d'fhonn a ainminthe mar cSAC, tá sé ar leibhéal níos ísle ar scála Árdchaighdeán na Suíomhanna cSAC.
- Tugann na crainn fan bhóthair radharc agus suathantas tábhachtach don suíomh ach go háirithe ó thaobh cúlra físiúil a bhronnadh ar an láthair agus tú ag teacht air ón dtaobh Thoir.
- Tá roinnt foirgnimh sa chlós feirme atá ceangailte leis an reilg. Imeasc na bhfoirgneamh sin is é an tigh feirme go mbeadh suim ar leith Éiceolaíoch ann in ainneoin é i mbaol titime agus an chrot seo anois dá dhéanamh oiriúnach mar bhaile do sciatháin leathair. Méadaíonn an árdcháighdeán ithire cuil is míolta, a bhronnann Coill Ghobnatan magcuaird, ar a thábhacht. Tá roinnt des na foirgnimh clóis leis oiriúnach do scréachóga.
- Ar thaobh an bhóthair de chlós na feirme seo, is ceart go h-áirithe Tig na Leitean do luath – an foirgneamh as a ndáiltí an 'súp' aimsir an Ghorta Mhóir.
- Tá tábhacht staire, ailtireachta agus sóisialta ag baint leis an sean Thig Gléibe in ainneoin an droch chrot atá air.
- Tá láithreán Teampall Ghobnatan ag an nGléib tábhachtach ann féin mar shuíomh turasóireachta agus mar sin tábhachtach don eacnamaíocht áitiúil.

Is fiú trí dhifríocht idir Plean Caomhnaithe Teampall Naomh Ghobnatan agus an CMIP seo a luadh. Deir an plean seo go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta le Coill Ghobnatan agus a chuid póirthe cosanta faoi achtanna Eireann agus an AE. Mar sin ní ceart a rá go bhfuil an Choill *ar leibhéal níos ísle ar Scála Árdcaighdeán na suiomhanna cSAC*. Ghnóthaigh an choill seo aitheantas “Ana Mhaith” faoi théarmaí Suirbhé Coilltíbh Náisiúnta Aiceanta. Fágadh Tig na Leitean ar lár as an Ráiteas Tábhachta de chuid an Plean Caomhnaithe in ainneoin é bheith mar chuid den suíomh iomlán áitribh eaglasta. D’úsáidí Tigh na Leitean chun leite agus súp do dháileadh le linn aimsir an Ghorta agus is structúr Caomhnaithe é. Tá an structúr seo ar Thábhacht Réigiúnda. Ar deireadh, dhein an CMIP seo Coill Ghobnatan a áireamh mar shuíomh thábhachtach idirnáisiúnta.

Insan Ráiteas Measúnachta Tionchair Timpeallachta don N22 nua, tá Suíomh Luíochán Cúl na Catharach áirithe le tábhacht réigiúnda¹²⁸. Ach i litir chun an Bórd Pleanála, sínithe ag naonúr stairí acadúla aitheanta, tá cás an tábhacht straitéiseach a bhain leis an luíochán i gCogadh na Saoire mínithe go soiléir (féach appendix b don téacs iomlán)¹²⁹. Toisc an scála a bhaineann leis, an toradh agus tráth a tharlaigh an eachtra go luath i ndiaidh an céim ar gcúl don IRA ag Cluan Mhoilt, is é tuairim an CMIP seo go bhfuil tábhacht Náisiúnta leis an suíomh luíocháin is gur dócha tábhacht idirnáisiúnta leis.

5.3 Measúnú Súntasaíochta

Seo ar lean, ainilís ar thábhacht na ngnéithe Ailtreachta, Staire, Seandálaíochta, Ealaíona, Cultúra, Eolaíochta, Teicniúla, Sóisialta agus an Nádúr mar atá le fáil i nGaeltacht Mhúscraí.

Gnéithe Ailtreachta

Níl mórán foirgnimh de thábhacht ailtreachta i Múscraí. Eisceacht ámh is ea Tigh Mhinistéir Eaglais na hÉireann i mBaile Mhúirne (an Gléib). Is ceann de ‘sna foirgnimh clasaiceacha is deise sa Ghaeltacht é. Díreach síar ó thuaidh tá Séipéal ón 19ú céad i stíl Bórd na gCéad Torthaí. Foirgneamh tábhachtach eile is ea Aireagal íocónach Naomh Fionnbarra i nGuagán Barra. Tá an séipéal breá seo de chuid an Ath-bheochana Ceilteach ar an sampla is dea chumtha agus is fearr d’ath-bheochan an Chultúir Ghaelaigh ag deireadh an 19ú aois agus tráth luath na 20ú aoise. Tá tábhacht áitiúil le stíl Tógála a’ Phobail deireadh na 19ú aoise agus luath 20úaoise, le feiscint i sráid bhailte Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Bhaile Mhúirne, Chúil Aodha, Réidh na nDoirí (Fig 5.2) agus Chill na Martra. Tá na sráideanna agus lár ionaid seo críochnaithe le raidhse tithe agus foirgnimh feirme, atá tógtha is stíl na 19ú aoise is tús na 20ú aoise, agus atá scaipithe ar fuaid faid na Gaeltachta(fig5.3). Tá ann leis bailiúchán d’eaglaisí caitlicí 19ú aoise(fig5.4) agus droichid cloiche(fig 2.13) de chuid na 18ú/19ú aoise.

¹²⁸ McCarthy Hyder Consultants, *N22 Baile Bhúirne-Macroon (Baile Bhuine-Coolcour) environment impact assessment volume 2: main text* (McCarthy Hyder Consultants, 2009), 12-10

¹²⁹ Michael Hopkinson et al, “Coolnacaheragh ambush site and the N22,” (Litir chun An Bord Pleanála 7/5/2010)

Figure 5.1

Airgeal Naomh Fionnbharra



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Figure 5.2

Is iad foirgnimh deire 19ú/luath 20ú aois a léiríonn croí-lár

Réidh na nDoirí



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Figure 5.3

Foirgneamh feirme



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Figure 5.4

Séipéal Chill na Martra



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Gnéithe Staire

Tá stair shaibhir doicméadaithe ag an gceantar, atá ceangailte le h-ana chuid de phríomh eachtraí staire náisiúnta an hÉireann. Ach cé go bhfuil na saincomharthaí stairiúla i Múscraí fite fuaite leis an stair náisiúnta níos leithne, is sa bhéaloideas i gcuimhne na ndaoine áitiúla atá teacht air sa chéad áit. Do gach iarchúntas stairiúil oifigiúil, tá cómhthéacs áitiúil saibhir, a dhoimhiníonn agus a chuireann leis an iarchúntas. Mar shampla, taispeánann an seandálaíocht atá tagtha chun solais stair ag síneadh siar go Ré an Chré Úmha luath. Ach is follas go gcreideann an béaloideas agus cuimhne na ndaoine áitiúla go síneann an tréimse seo siar chun ré na gcloch nó Mesolaiteach. Tá traidisiúin tábhachtacha agus seanchas sníomhtha le gach huile suíomh acu seo atá tagaithe anuas ó ghlúin go glúin i Múscraí. Ach ní fuirist iad seo d'aithint i ndoicméadaí scríofa. Dea-shampla ar leith den tsórt seo isea tórramhachas tábhachtach idir-náisiúnta Theampall Ghobnatan.

Sainmhíníonn leanúnachas traidisiúin staire Mhúscraí. Cuir i gcás, ba shampla áitiúil Cath Chéim an Fhia, 1822, den achrann talamhaíochta forleathan timpeall na tíre go luath san 19ú aois, cath a chum an file iomráiteach Máire Bhuí Ní Laoghaire amhrán cáiliúil ina thaobh. Ba Chumann Talún rúnda na Buachaillí Bána a úsáideach ionsaithe ar thiarnaí talún mar shlí chun cearta na dtionóntaithe do chosaint. B'idir na Buachaillí Bána agus na Gíománaigh (ar son rialtas Shasana) a troideadh Cath Chéim an Fhia. Maraíodh Gíománach agus beirt de Mhuintir na h-áite. Ach tá cuimhne na ndaoine leanúnach agus mar sin, síneann sé ar aghaidh, ó ghlúin go glúin, go dtiteann Cogadh na Saoirse isteach ann 'sna 1920daí. Tá tionchar dorcha an Ghorta leis le braith san insint cinneadh-scéil seo

Tá an tírdhreach agus an cultúr nascaithe le chéile chun stair áitiúil a ghinniúint i slí eiseachtúil. Tá sé seo cothaithe le béaloideas láidir fuinniúil atá seachadta idir phobail Mhúscraí trí mheán na Gaoluinne. In ainneoin nách oileán é Múscraí, tugann tailte iniata an réigiúin rian is rún láidir ar an gcúrsa staire atá neamhchoitianta in Éirinn.

Gnéithe Seandálaíochta

Tá flúirse is raidhse séad comharthaí ón gCré Umha agus an luath Mheánaois sa Ghaeltacht seo mar abhar suime ar leith. Réitíonn an líon mór atá fágtha de shéad comharthaí an Chré Umha le patrún forleathan áitreabh cónaithe Cré Umha in Iar-dheisceart na tíre. Níl na h-iarsmaí Fulachta FIadh atá facht fa nua-bhóthar meáite don N22 cosúil le h-aon cheann eile do réir réamh thuairiscí. Tá an dá suíomh oilithreachta Naomh Fionbarra agus Naomh Gobnait de thábhacht Náisiúnta agus tábhacht Idir-Náisiúnta.(fig 5.5 agus 5.6) Is suim Náisiúnta an líon mór Droichead Lindéar atá sa cheanntar.

Figure 5.5 Aguisín curtha le suíomh oilithreachta Naomh Fionnbharra deireadh na 17ú aoise



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Figure 5.6 Teampall Ghobnatan le h-Eaglais de chuid Bórd na gCéad Toradh ar chlé, teampall meánaoiseach sa lár agus an “Ullaigh Láir” – uaigh Ghobnatan ar dheis.



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Gnéithe Éalaíona

Dealraíonn sé gur chothaigh suíomh teantaithe Mhúscraí fuinneamh cruthaitheach agus traidisiún gan briseadh des na h-Ealaíona i réimsí is leithiní foirm. Tá fianaise ar an bhfoinse saibhir cruthaíoch i nGaeltacht Mhúscraí ar folúin ó fhilí, amhránaithe, ceoltóirí agus ealaíontóirí na dúichí sin. Glactar go forleathan go bhfuil a stair agus a dtraidisiúin, a gceol, is amhráin, a ndánta is an rinne, imeasc na n-ealaíon cruthaitheach is láidre ar fuaid na tíre ar fad. Tá díorma maith laochra ealaíona agus cultúrtha a shaothraigh i Múscraí agus a thuill aitheantas náisiúnta agus idir náisiúnta dá bharr. Le n-áireamh ina measc siúd tá Seán Ó Riada, Seán Ó Ríordain, Máire Bhuí Ní Laoghaire, Eibhlín Dubh Ní Chonaill, An Suibhneach Meann, Seámus Ó Céilleachair, An tAthair Peadar Ó Laoghaire, Seán O Cuív, Dónal O Mulláin, Donnacha Ó Buachalla, Muintir Chéileachair (Bán), Amhlaoibh Ó Loingsigh, Tadhg Ó Riordain, Mícheál Ó Loingsigh (Maidhc Mór), Conchubhar Ó Deasmhumhna, Mícheál Máistir Ó Briain, Diarmaid ‘ac Coitir, Cáit is Aindrias Ó Muimhneacháin, Dómhnall Ó Luasa (Lios Buí), Séamus Mór Ó Muimhneacháin, Gaedhal na nGaedhal, Dónal Ó Liatháin, Donnacha Ó Laoghaire, Bess Cronin, Peadar O’Riada, Iarla O’Lionáird agus Muintir Mhaidhcí Uí Shúilleabháin.

Tá amhránaíocht ar an sean nós láidir i Múscraí. Is cóir aitheantas do thabhairt do Scéim Aisling Gheal, sna scoileanna áitiúla, i gcur chun cinn na h-oibre sin.

Is é an tirdhreach físiúil a thímpeallaíonn na daoine agus a gcultúr, faoi ndeara an fuinneamh saibhir cruthaíoch i Múscraí. Doirteann báisteach ann. Tá trioblóid le taisteail trí’n gceantar do réir na staire. Na gnéithe seo i dteannta a chéile, agus áilleacht na dúichí, a chothaíonn na tréithe seo cumas ceart cruthaitheachta i seanachaíocht, seanchas, ceol agus rínne. Níl an ceantar saor ar fad ó thionachar a’ domhain is a mhór mheascadh shaolta ag á bhfuil féidireacht chun diúltachta. Ach tá a shuíomh taréis leogaint do sleamhnú isteach san 21ú aois agus a chuid féin-aithne agus a dhúchas go folláin, níos láidre aige, ná mórán d’áitreabh Éireann. Bronann sé seo ar ardán eisceachtúil le h-aoireacht ealaíona is cur in iúil.

Gnéith fiór thábhachtach is sealbhú na n-ealaíon cruthaíoch i Múscaí isea Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh. Cuireann sé ar fáil sraithibh de choirmeacha ceoil thraidisiúnta ar árd chaighdeán maraon le ranganna ar uirlisí thraidisiúnta, amhránaíocht ar an sean nós, Luibíní agus agallaimh beirte. Tacaíonn sé leis le clár leathan dearcealaíona.

Tá dhá dhealbh ealaíonta le tabhairt faoi ndeara i Múscaí. Léiríonn an dá cheann Naomh Gobnait. Tá dealbh adhmaid ón 13ú aois den naomh, atá neamhchoitianta agus uathúil, is é cruthaithe ag ealaíontóir an-aithnid. Tá sé faoi chúram an tsagart paróiste i mBaile Mhúirne. Meastar go bhfuil cumhachta leighis ag an dealbh/reilic seo. Tá an dealbh eile de thábhacht ealaíona seasta i scrín Ghobnatan féin. B'é an dealbhadóir cáiliúil Séamus Murphy RHA a shnoigh an dealbh seo sna 1950daí.

Tá an ealaíon i mboilg na séipéal seasta sa Ghaeltacht seo suimiúil. Tá gloine daite na bhfuinneoga ar árd chaighdeán ach go háirithe.

Tá roinnt mhaith scannán déanta sa cheantar. Ina measc an *Winds that Shakes the Barley* a bhuaigh an Palm d'Or 2006, i gCannes, dá stiúrthoir Ken Loach. Scannán é seo bunaithe ar Choghadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad. Tagann an scannán, *Song for a Raggy Boy* leis chun chuimhne. Tá mórchuid scannáin fáisnéise leis déanta ós na 1960daí i leith ag tosnú leis an BBC i 1965 le scannán ar Sheán Ó Riada. Ina measc leis tá taifead bliana iomlán, ar scannán, de shaoghal na ndaoine is na duichí, i a craoladh mar 13 clár fáisnéise ar TG4 I 1997 faoin dteideal *Ceol na Talún*. Tá sé mar thaifead tábhachtach ar mhódh maireachtála agus cultúir na ndaoine ag an am.

Gnéith cultúrtha

Mar Ghaeltacht intíre, tá cheanntar Mhúscaí iargúlta ó thaobh teangeolaíochta dhe. Tugann sé sin foirm teangeolaíochta agus nathanna cainte leithleach don gceanntar, rud a threisíonn saibhreas cultúrtha na h-áite. Tá cuimhne agus seanchas Mhúscaí taiscithe go stairiúil, athráite agus curtha in iúil tríd an nGaoluinn agus a theangeolaíocht shainiúil. Tá sláinte an Oidhreachta Domhláimsithe fite fúaithe le sláinte na teangan Ghaelaí sa cheanntar sna todhachaí.

Deir an geografaí Jared Diamond “Is ártach gach teanga chun módh macnaimh, módh cainnte ar leith, Litríocht ar leith agus dearcadh ar leith ar an ndomhan, do chur in iúil”¹³⁰. Tá an ráiteas seo oiriúnach le cur i bhfeidhm ar chanúint Mhúscaí.

Tá Múscaí taréis páirt shuntasach a imirt i gcaomhnú na teangan Gaelach, an ceol Gaelach agus i ndul chun cinn na filíochta as Gaoluinn. I 1904 b'é Coláiste Na Mumhan an céad Coláiste tiomnaithe teangeolaíochta na Gaeilge do dhaoine fásta. Is pearsa é Séan Ó Riada de thábhacht idirnáisiúnta. Níl duine eile níos freagraí ás athbheochaint an cheoil Gaelach sa 20ú aois ná é. Is i mBaile Mhúirne a rugadh an File Seán Ó Ríordáin a aithnítear a bheith ar dhuine des na filí is tabhachtaí i dteanga na Gaoluinne le linn na fichiú aoise.

Tugann an ceangailt tréan stairiúil le Naoimh gach ceanntar Múscaíoch tiomnacht traidisiún doimhin oilithreachta agus nósanna deabhóide. Baineann sé seo go díreach leis an mbéaloideas áitiúil agus dílseacht cultúrtha i Múscaí. Ach díreach comh tábhachtach tá sé amhlaigh leis do mhórán de shliocht bun-dúchasaigh Mhúscaí. Mealainn na cleachtais creidimh seo suim scoláirí agus cuairteoirí ó lasmuigh dn Ghaeltacht Mhúscaí.

Tá an cruinníu neamh choitianta a dheineann Scrín Ghobnatan, Oilthireacht Fhionnbarra agus An Teampaillín léiriú ar iarsmaí seanda réamh-Chríostaíocht toisc a suíomh, a mbéaloideas nó

¹³⁰ Jared Diamond, *The world until yesterday: what we can learn from traditional societies* (London: Penguin Books, 2012), 370

an dá cheann le chéile. Tá meas mór ar an dtír ionad fós. Is ball gníomhach oilithreachta fós ionaid Naomh Gobnait is Naomh Fionnbarra.(Fig.5.7) Níl dearúd déanta ar an Teampaillín suite ar a chnocán árd mar a mbíodh cillín leanbh tráth agus mar a lonnigh Ó Suilleabhán Bearra a chéad campa le linn a thuras fada go géibhinn. Léiríonn na trí suíomhanna seo in éineacht, ceangailt dhoimhin searmainse sa talamh seo a shníonn siar, ar a laghad chomh fada, le Ré an Chré Uamh. Is annamh le rá in Iarthar na hEorpa go bhfuil a leithéid de thírdreach leochailleach fós beo. Tá na trí suíomha, mar aonad, tábhachtach ar scála idirnáisiúnta. Is cóir aitheantas a thabhairt don mhéadú suime atá léirithe i dToibreacha Laichtín le déanaí.

Figure 5.7 **Tobar Ghobnatan (Tabhair fé ndear’ na croiseanna scrabhaidhte ag oilthirigh)**



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Gnéith teicnolaíochta

Bhí an tocailt seandálaíochta a dhein an tOllamh Ó Ceallaigh i 1952 ar dhá shuíomh cócaireachta ó Ré an Chré Umha (fulachta fia) mar thábhacht lárnach ar ár dtuiscint ar shuíomhanna den tsort seo. Ba rí-neomat i seandálaíocht triallach in Éirinn, an túrgnamh ar suíomh a dhein sé mar ar bheirigh sé feoil fite i dtuí in iomar uisce amuigh faoin aer. D’athraigh sé go mór ár tuiscint ar na módhanna cócaireachta seandálaíochta as san amach.

Suim Teichniúil

Is abhar suime teicniúil an Muileann Ramhraithe sa Chill Mhór, díreach lasmuigh de Bhéal Átha an Ghaorthaidh. Is chun feabhas do chur ar chaighdeán an éadigh fite i dtionnscoil na h-Olna a tógadh é. Tá bailiúchain breá droichidí cloiche tógtha faid Mhúscaí le linn na 18ú agus 19ú aoise agus is fianaise iad ar árdchumas ár saortha cloiche an cheantar.

Suim Sóisialta

Tá mothú áite láidir ag áitreabhaigh an cheantair. Is cuid den tírdreach fisiciúil agus cultúrtha iad, agus is mar sin a aithníonn said iad féin. Tá na mothúcháin muintireasa le bailtí fearann agus Paróiste fíor-láidir go minic. Bíonn tionnchar duairc le h-athraithe diúltacha fisiciúla is cultúrtha agus ceaptar go mbainid ó aoibhneas maireachtála áite.

Is mór é mórtas mhuintir na gaeltachta seo i dteacht aniar a dteanga Gaeilge, a gceol is a rinne. Tá an tréith seo teacht-aniar agus neamhspleáchas le brath go láidir ina mórtas as ucht páirt Mhúscraí ina dtroid ar son saoirse na hÉireann.

Is féidir an umhlaíocht seo i dtreo na staire agus oidhreachta a fheiscint I lorg na séad comharthaí, leacacha cuimhneacháin, logainmneacha agus in úsáid ainmneacha staire dá gclubanna, fóirne agus foirgnimh. Is cuid lárnach ina saoghal, ag mórán áitreabhach, teanga na Gaoluinne, an ceol, amhráin agus rinne. Tá traidisiúin na scoraíochta criticiúil chun cultúir do chaomhnú i Múscraí, ach tá sé ag meath. Gnéith tábhachtach eile atá aige ná go gcothaíonn sé idirghabháil shóisialta agus idirghníomhú imeasc comharsain.

Tá suíomhanna oilithreachta Naomh Fionnbarra agus Naomh Gobnait mar ghnéithe tábhachtacha shoisialta do phobal Mhúscraí.

Suim ar an Nádúr

Tá Gaeltacht Mhúscraí faoi thírdhréachta éagsúla ós na mullaigh sléibhe go dtí na conic, agus síos chun na mágha torthúla. Mar thoradh air sin tá ana chuid éagsúlachta gnáthóga insan gceannntar. Áiríotar ann, Brat-phortach árdthalaimh, Fraochmhá fluich is trim agus Foraíos buaircíneach 'sna tailte árd. Áiríotar 'sna ísealhailte Féar-thalamh feabhasaithe, Bratphortach ísealthalaimh, Coillearnaig Daire dúchasacha, Fáltacha sceach, Coillearnaigh fluicha agus tailte ffluicha.

Tá chuid des na gnáthóga nádúrtha agus breac-nádúrtha sa cheanntar d'árd luach caomhnaithe nádúir agus liostáltha in Annex II den Treoir maidir le Gnáthóga an Aontais Eorpach. Tá roinnt pór atá neamh-choitianta agus cosanta sa cheanntar. Mar shampla: Cromán na gCearc, an Meirliún, an Fabhcún gorm, an Crúidín, an Drúichtín Ballach, an Chrú Ialtóg Bheag, Raithneach Chill Áirne agus Madraí Uisce. Tá roinnt mhaith suíomhanna, i Múscraí, atá ainmnithe mar limistéir sainithe do chaomhnú an nádúir (maraon le SACs, NHAs agus SPA), a léiríonn an árdchaighdean agus tábhacht bithéagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta atá sa cheanntar.

Tá dhá dhobharcheanntar suntasach aibhne sa cheanntar, Abha na Laoi agus Abha an tSuláin. Táid tábhachtach mar fhoinsé uisce agus cumhachta, comh maith le gnáthóga fia dhúlra luachmhara agus mar achmhainn iascaireachta. Tá diuilicín péarla an fhíor uisce san dá dhobharcheanntar.

Tá oidhrecht shaibhir an nádúir i Múscraí mar thoradh ar an aeráid, geolaíocht, Tírdhreach agus stair úsáid na talamhan. Cuireann sé go mór le conláistí nádúrtha agus radhairce na Gaeltachta, agus is achmhainn thábhachtach é le cosaint dos na glúinte atá romhainn.

Dealraíonn sé gur úsáideadh, go h-éifeachtach, an tírdhreach nádúrtha tímpeall Mhúscraí, mar comhghuaillí ag na fórsaí Éireannacha le linn Cogadh na Saoirse.

5.4 Ráiteas Suntasaíochta

Tá Oidhrecht inláimsithe Mhúscraí ceangailte go dofhuascailte leis an Doláimsithe. Taispéanann an comhchomhairle phoiblí go bhfuil tromlach phobal Mhúscraí abálta léirmhíniú a thabhairt ar a chuid Oidhreachta le tuiscint leathan agus iomlán. Dá réir sin nuair a deantar measúnacht ar thábhacht seandálaíochta agus ailtireachta an cheanntair gan an áit mar ghnáthóg agus láthair i gcomhthéacs an traidisiúin béaloideas do thógaint san áireamh, laghdaíonn sé an léirthuisicint ar an gceanntar fé leith agus ar Mhúscraí mar aonad.

Tá an tírdhreach dlúth. Tá an ceanntar ar fad timpealtha ag na cnoic agus na sleibhte agus na crainn ag féachaint anuas air. Is gnáthaí go mbíonn na scamail íseal agus trom ag fógairt báistí

le teacht. Is áit é ionar fuirist don aisling bheith fíoraithe. Go simplí, tá an tírdreach snoite ag muintir Mhúscraí agus ar an dtaobh eile tá muintir Múscraí snoite ag an dtírdhreach. Ach is é fíis na ndaoine do charachtéir an tírdreach féin atá uathúil. Sin é croí lár an eisceacht annamh seo, Múscraí.

Tá ceangailt doimhin, casta agus folaithe idir dhaoine agus áit. Is lú ceann gan an chinn eile. Is í an choibhneas seo a thugann an tábhacht idirnáisiúnta do Mhúscraí.

Ar son na hÉireann, gineann Múscraí foinse is tobar cultúir cruthaíoch, sprid áite agus ionsporáide a throidéann le nádúir an oll-mheascadh domhain.

Toisc tábhacht traidisiún na filíochta is ceoil sa cheantar, chum baill d'Acadamh Fódhla dán agus a fhonn ceoil, ar mhaithe leis an CMIP seo, agus chun grá Mhuintir Mhúscraí dá dtailte do léiriú. Tá sé cumtha i nGaoluinn Mhúscraí agus sid é an dán úd:

Ceanntar Ghlas Mhúscraí

A'rabhais riamh i nGugán Barra, nú ar shleasa Chéim an Fhia,
In Uibh-Laoghaire maoinéach aiceanta, nú ar mhacha Dhún Dá Radhairc,
Ar Thearman Ghort na Tiobhratan, nú iargúlthacht Fuithirí,
Ceanntar aoibhinn maisiúil, iseadh Gaeltacht seo Mhúscraí

Sé'n áit is breághtha in Éirinn é, tá féile ann a's ceól.
Duthaigh áluinn mhaorgha, faoi bhrat drúchta, maidean cheóig,
Gleannta, gaothraidh, glaise agus cumaracha fraoigh,
Dob é sin fód mo shínnsear, i bhfearann ghlas Mhúscraí.

Annsúd a bheir fé gheasa ag fuaim easa an tSuláin,
Na h-éin go binn a' cantaireacht, ar ghéaga a's cnocán,
Caomhghuth cuaiche'r chrannaibh, an sionnach glic inníoch,
An fhia's a h-os dea-dhathach, ar shleasa ghlas' Mhúscraí

Tá lus na meala go flúirseach ann, go cúmhra fíor, ar feór
Raithneach a's bláth na fiúise, ar chlathacha, i ngach clós
Fraoch bán, an plúirín sneachta, an rós, 'san seamar caoin
A's an cuileann, rogha na coille, mar órnáid, ar fuaid Mhúscraí

Tá radharcanna do-chreidte, i bhfolach annsúd faoi scáth,
Planndaí nádurtha fiaine, agus crónán beach ar bhláth,
An méaracán beag dearg, a's lus gleoidhte na mban sídhe
An Smólach a's an chéirseach, 's iad a fógairt seóide Mhúscraí.

Tá'n earc luachra fé leac ann, an broc, as an ghráinneóg,
An Iora-rua, an lasair coille, an eala, 'a an easóg,
An colúr balbh ar a sheachaint, an druid, 'san fheadóg buí,
A's tá radhaise cearca feádha, i dtaobh tíre seo, Mhúscraí.

Annsúd tá aibhní gléineacha, na Laoi, a's an t-Sulláin,
An madra uisge ar a léim ann, an breac, a's an bradán
An eascú I ngach mion-ghlaise, 'san corr-iasg, a'leogaint scíth,
An nádúir ar theaspántas ar uisgí glan Mhúscraí.

Tá láithreacha stairiúla ann, lorg uasal laoch gan cháim,
Béal A'Ghleanna, Cúl na Catharach, Céim an Fhia 'san Geata Bán,

Cnoc Satharain Chíll na Martra, Túirín Dubh ‘san Charraig Mhín,
Go raibh leabaidh ins na Flaithis, ag fir chalma Mhúscraí

Ceanntar mór cultúra é, de cheol a’s litiríocht,
Bhí Eibhlín Dubh Ní Chonaill, Ó Riada, a’s Máire Bhuí,
Ó Síocháin, an t-athair Peadar, a’s Bess Cronin an bhéil bhínn,
Tá na ceolta sídhe mar annlann, ag amhránaithe Mhúscraí

Tá fotharacha creidimh ann, gur mhór a gclú, a’s a gcáil,
Bhí Fionnbarra, agus Gobnait, Lachtín, a’s Naomh Abán,
Do mhair an Oidhreacht creidimh seo, le paidir, a’s aithríghe,
D’aindheoin gear-leanúint an t-Sasanaigh, ar phobal seo Mhúscraí

Tá báidhiúlacht agus caradas in abhantracht seo na Laoi
Tá mórtas cine agus díogras ag borradh i ngach croí
Tá an smior gaelach fós go daingean ann idir cheol is litiríocht
Níl Dáimh Scoil eile in Éirinn ach amháin ag Báird Mhúscraighe.

Moladh le Rí na hAoine a chruthaigh ár ndúthaigh cháidh,
A’s a bhronn an gabháltas tíre seo, ar ár sínnsear, le mór-ghrá,
Gan truailliúgha, gan lot, gan aindhise, gan mháchail ná ceataighe,
An nádúr mar mhaoin buan-sheasamhach, i gceanntar ghlas Mhúscraí

Má shiulaíonn tú gleannta a’s sléibhte, Ó Thoraí go Cúil Aodha,
Beidh radharcanna na h-Éireann, le h-iniúchadh, a’s le plé.
Ach níl aon áit chomh dea-thréitheach, dea mhaisithe, dea chroidheach
Leis a’ gceanntar áluinn maorgha, Múscraí glas Uí Fhloinn.

Cúmtha 2009. Focail- Dónal Ó hÉalaithe. Ceol- Peadar Ó Riada.

5.5 Bagairt don Súntasaíocht

Turasóireacht

Tagann deis agus bagairt, in éineacht, do luachanna oidhreachta Gaeltachta le turasóireacht. Tá tuilleadh cuairteoirí ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil postanna agus, ach go háirithe, conláistí de árd luach ar fáil d’áitreabhaigh an cheanntair. Is fíor é seo go háirithe i mBéal Átha’n Ghaorthaidh. Ar an dtaobh eile den scéal sin áfach, dfhéadfadh iomarca turasóirí, den tsaghas mí cheart, tionnchar tubaisteach a chur ar oidhreacht Mhúscraí. Mar shampla, is ró fhuirist go mbeadh tromlach daoine gan Gaeilge fostaithe ag aonad ró-mhór díolacháin is ostaíochta. Laghadódh seo aon tseans úsáid na teangan mar theanga imeasc an phobail go poiblí. Tá baol eile do spórad an phobail le h-aithint nuair a tógtar tithe samhraidh. Is fuirist le n-aithint ná ch mbeadh an córas bothair is suicealú sa cheantar ábalta brúgh breise dá leithéid a sheasamh.

Mar fhocal scoir an an ábhar, níl dabht ná go n’árdódh costas ceannach nó cíos tithe go mór ionas ná béidis ar fáil ann don áitreabhach.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil fadhb le h-ualach leannta sabháhtal turasóireachta ar an gceantar a mheá. Freagra na n-áitreabhach le teacht árdú uimhireacha is ea gnéith amháin. Mar shampla, cé go bhfuil tuairim is 200,000 turasóirí sa bhliain ar cuairt go Caislén Caernarfon¹³¹, san Bhreatain Bhig, fós is í an Bhreatain an teanga laethúil dúchais ‘sna bailte mórthimpeall agus a ndaonra 10,000 daoine.

¹³¹ Bhí 206,185 cuairteoirí i 2017, <http://www.bbc.com/news/uk-wales-42504430> (scrúdaithe: 7/2/18)

Tá an gnéith fíor ag teastáil ó thurasóirí cultúrtha a chaitheann go fial. Tá an gnéith seo ag Múscraí. Is fuirist don chuariteoir ceangailt do dhéanamh idir thórdhreach agus na daoine ina gcónaí ann. I láthair na h-uaire ceaptar Múscraí a bheith ina áit ná stopfá ann, idir dhá áit eile.

Mar mhalairt air sin tá leithinis an Daingin mar a bhfanann timpeall 69% des na turasóirí eachtrannacha, ar a laghad, dhá oíche¹³². 'Sé an tirdreach drámatúil an eochair a mheallann na turasóirí go leithinis an Daingin. I Múscraí is é an dlúth-cheangal féin, idir dhaoine agus talamh, an eochair thábhachtach neamhchoitianta sin. Seo é an gnéith le luí ar lucht turasóireachta sa Ghaeltacht. Ciallaíonn sé seo turais a chruthú a cheanglaíonn leis na cúig céadfaí, agus a bhaineann úsáid as saintréithe nádúrtha agus cultúrtha Mhúscraí (mar shampla: súilóidí sléibhe, iascaireacht, Peil, Iomáint, Caitheamh Bollaí, ceol, bun chúrsa cannúna Ghaoluinn Mhúscraí, rinne ceilí agus ithe agus ól bia agus deoch atá táirgite sa Ghaeltacht. Seo é an taobh uachtarach den mhargadh ó thaobh caiteachas agus tuilleamh de. Is breá lena leithéid de thurasóir a mhothú go bhfuilid ag áimsiú cultúr annamh iargcúlta, neamhghnáthach. Tugann an t-eolas seo le fios duinn nách ionann an láthair seo agus láthaireacha cuairteoireachta le slaodaibh iomadúla daoinibh ar thuras ar nós Carraig Chaisil nó Caisleán Chill Choinnigh.

Na príomh bagairtí:

- Oll-Turasóireacht
- Laighdú ar uimhreacha na dturasóirí cultúrtha.

Gaeltacht na n-oibritheoirí siar thaisteal.

Ní mór an tairfe do phobal leanúnach aon cheantar daonra atá seasamhach nó ag méadú, go deimhin déanann sé dochar d'Oidhreacht Mhúscraí, mura bhfuil idirghabháil ceart idir na daoine sin le h-áit agus áitreabhaigh na gaeltachta ina saoghal laethiúil. Tá furmhór Mhúscraí i ngiorracht turas uair a chloig do chathair Chorcaighe. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé i ngiorracht raon fuiriste tiomána do cheantar mór fostaíochta. Laghdóigh úasghrádú an N22 faid an turais seo níos mó. Dá dheascaibh seo beidh éiléamh níos mó ar an gceantar d'fhonn forbairt tithíochta. Tá fianaise ann cheana féin go bhfuil a suíomh idir Chorcaigh is Cill Airne táréis flosc ró mhór do chur ar Bhaile Mhúirne/Bhaile Mhic Íre le tógáil tithe thar sráidbhailte eile na Gaeltachta. Mhéadaigh líon na dtithe ó 178 go 280¹³³. i mBaile Mhúirne/Baile Mhic Íre idir na blianta 2005 agus 2015. Tá sé seo i bhfad níos mó ná aon mhéadú eile ar fuaid Mhúscraí.

Tá ar chumas eastát mór tithíochta amháin an bonn a bhaint go suntasach ó theanga na Gaoluinne mar theanga an phobail go Poiblí má lonnaítear an eastát san áit mícheart nó é a bheith deartha go h-olc. Má mealltar daoine gan Gaeilge isteach sa cheantar toisc tithíocht ar praghas réasúnta, tabharfar tús áite don Bhéarla mar teanga laethiúil agus ísleoidh sé carachtair teangeolaíoch an réigiúin. Do réir na h-anailíse a déanadh i 2007 tuigtear go gcaithfidh ar a laghad 67% de pobal na Gaeltachta bheith gníomhach, ina nGaelgeóirí daingean phréamhaithe chun go mbeadh an teanga inbhuanaithe¹³⁴. Do réir staidéir 2011, áiríotar líofacht na Gaeilge ar fud Mhúscraí ar 43.5%¹³⁵. Bhí sé seo ag 40.5% do réir staidéir 2007¹³⁶.

¹³² Feargus Dunne agus Fiona Tobin, *West Kerry Gaeltacht tourism survey 2010* (Údúras na Gaeltachta agus Institiúid Theicniúil, Tráilí, 2010), 9

¹³³ *Blarney Macroom Municipal District local area plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Coomhairle Contae Chorcaí, 2017) 110

¹³⁴ Conchúr Ó Giollagáin et al, *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: principal findings and recommendations* (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2007), 10

¹³⁵ Conchúr Ó Giollagáin and Martin Charlton, *Nuashonrú ar an staidéir cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011* (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus the National institute for regional and spatial analysis, 2015), 71

¹³⁶ Conchúr Ó Giollagáin et al, *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: principal findings and recommendations* (Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2007), 19-21

Ar an dtaobh eile, cabhróigh feabhsú an N22 le daoine gur maith leo filleadh ar Mhúscraí chun maireachtála agus chun postanna atá lonnaithe lasmuigh den gceannntar. Déanfaigh sé an saol níos áisí do áitreabhaigh an cheantair leis. Ach le daoine ag úsáid an ghluaistean níos a mhó, méadóigh a n'úsáid de MhaghCromtha, Chill Áirne is Chorcaighe mar lárionaid seirbhíse. Níl aon siopa i gCúil Aodha. Níl aon stáisiún peitрил i mBéal Átha'n Ghaorthaigh agus tá srianta ar a sheirbhísí poist. Tá gnóthanna eile taréis dúnadh comh maith. I gceantracha dlúth dhaonra Bhaile Mhúirne/Bhaile Mhic Íre tá na seirbhísí áitiúla cothaithe go mór ag trádáil ócáideach an N22. Ach beidh na gnóluchtaí áitiúla faoi bhrú mór nuair a bheidh an seach bhóthar i bhfeidhm. Tá an dá Oifig Poist i Réidh na nDoirí is Cill na Martra faoi bhagairt mhór. Má tharlaíonn sé seo beidh sé deacair ar shiopaí, atá nascaithe leo, maireachtaint. Má thagann deireadh le h-oifigí Poist tuaithe na Gaeltachta agus cúlú ar shiopaí dá bharr, caillfear láthaireacha shóisialta tábhachtacha. Leagan seo an tóin as dlús a' phobail agus an seachadadh eolais áitiúil ó ghlúin go glúin. Creimeann an cúlú seirbhísí seo an Ghaeltacht mar áit le maireachtaint ann. Dá dheascaibh seo, d'áireofaí an ceantar i dtéarmaí réadúil eachnamaíochta amháin, seachas mar áit ar leith ina bhfuil iliomad saibhris.

Tá moladh ann go ngeobhadh an leasú bóthair um N22 díreach trí shuíomh luíocháin Cúl na Cathrach (fig. 5.8). In aineoin iarrachtaí maolaithe díobhála, agus suirbhé seandálaíochta dó bheartú ag Bonneagair Iompair Éireann, beidh an suíomh loitithe go maith. Níl an suíomh luíocháin seo caomhnaithe faoi aon acht caomhnaithe seandálaíochta nó caomhnaithe oidhreachtacha i láthair na h-úaire.

Fig. 5.8 **Sreang tógtha ar bhealach molta an N22 nua trí Cúl na Cathrach cheana féin**



(Foinse: Research and Dig, 2017)

Is docha, i bhfaid aimsire, go laghdóigh dúshláin an Athrú Aimsire an tionnchar atá ag an síor thaisteal saoráideach ag an áitreabhach. Le laghdú an Eacnamaíochta Carbóin a fhógair Comhdháil Aeráide Pharis, tiocfaigh athrú ar chostais úsáide an ghluaisteán clainne agus téamh an tí aonarach¹³⁷. (Hill 2016) Gan dabht tá seans go gcabhróidh teiceolaíocht nua, atá ann is atá le teacht, le cuid de dhochar an athrú aeráide.

¹³⁷ Alan Hill, *Uplands community study*, (Irish Uplands Forum, 2016)

Caithfíh Éire a chuid den fhuinneamh athnuachtante a mhéadú go 16% de Oll-Úsáid Fuinnimh Náisiunta roimn 2020 faoi Treoir um Fhuinneamh Inathnuaithe an AE 2009/28/EC¹³⁸. Sa bhreis air sin, tá Mapa Fuinnimh 2050 ag an gCoimisiún Eorpach anois a chuireann d'iachaibh ar an AE a gcuid scéithe a laghdú go 85-95% de léibhéallach 1990. Tá gá le méadú suntasach groí in' úsáid Fuinneamh Inathnuaithe chun é seo a chur i gcrích. Is chun foinsí daingean fuinnimh agus chun déileáil le torthaí uafásacha a bheadh ag athrú aeráide neamh cheannasithe, is cúis leis seo go léir. Meastar anois nách n'eireoidh le h-Éire a geasa 2020 a chomhlionadh¹³⁹ (Melia 2016). Fíneáileacha agus brúgh breise i dtaobh Fuinneamh Inathnuaithe an toradh a bheidh air seo.

Ní raibh sé soiléir nó fuirist sonraí i dtaoibh Muilte Gaoithe I Múscaí do bhailiú. Tá roinnt den eolas atá ar-líne ás data. I Mí Deireadh Fomhair 2017 ní raibh aon Mhuilte Gaoithe i Múscaí do réir dealrabh! I 2016 thug an Bórd Pleanála cead d'aon mhuilleann déag atá 150 méadar ar aoirde (go barra) lonnaithe i lár na Gaeltachta. Tugadh comhrac Árd Chuirte don chinneadh seo. I Mí Iúil 2017 ceadaíodh athbhreithniú breithiúnach¹⁴⁰. Faoi seo, 5ú Samhain 2017, níl aon bhreithiúntas tabhartha fós. Thug éisteacht Árd Chúirte in Eanáir 2017, cead do 6 thuirbín gaoithe ar an nDoireach agus bailte fearainn eile magcuaird¹⁴¹. Tá na tuirbíní seo leis 150 méadar go barra suas.

I Mí Méan Fomhair 2016, tá naoi bhfeirm gaoithe laistig de 5km de Mhúscaí (Tábla 5.1) do réir An Údarás um Fuinneamh Inathnuaithe. Tá sé ar a gumas 162 MW cumhachta a ghinniúint i dteannta a chéile. I Mí Iúil 2016, cheadaigh an Bórd Pleanála feirm gaoithe ar Chnocán a' Mhóna. Cuirfíh an scéim seo amháin 38 thuirbín breise fá teorainn na Gaeltachta¹⁴². Tá sé ar chumas Cnocán a' Mhóna 114MW breise cumhachta a ghinniúint¹⁴³. 126 méadar ar aoirde a bheidh na tuirbíní seo. Nuair a cuirtear na forbairtí seo uile le chéile ciallaíon sé go mbeidh 134 túirbíní ag cothú 275.64MW laistigh d'achar comhgarach slí do Mhúscaí. Tá roinnt des na tuirbíní seo ag caitheamh a scáth thar teorainn isteach ar thalamh na Gaeltachta cheana féin. Mar sin, cé go bhfuilid lonnaithe lasmuigh go fisicúil de Mhúscaí, is cuid iad cheana féin de shaoghal laethiúil na n'áitreabhach. Tá mórán ann a mheasann iad a bheith ionsáitheach agus mícheart.

¹³⁸ *National renewable energy action plan, Ireland* (Rialtas na hÉireann, 2010), 4

¹³⁹ Paul Melia, "Ireland set to miss 2020 emissions targets by 'a substantial margin'", *Irish Independent* (Iúil 26, 2017), <https://www.independent.ie/news/environment/ireland-set-to-miss-its-2020-emissions-target-by-a-substantial-margin-35970003.html> (scrúdaithe: 7/2/18)

¹⁴⁰ http://highcourtsearch.courts.ie/hcslive/order_detail.show?sessionID=1688164683&yearNo=2017&recordNo=558&processType=JR, (scrúdaithe: 1/11/17)

¹⁴¹ "Residents lose challenge over Cork wind farm permission", *Irish Times* (Eanáir 18, 2017), (www.irishtimes.com/news/crime-and-law/residents-lose-challenge-over-cork-wind-farm-permission-1.2942094, scrúdaithe: 5/11/17)

¹⁴² Anne Lucey, "Major wind farm gets the green light after An Bord Pleanála ruling", *Irish Examiner* (Iúil 30, 2016), www.irishexaminer.com/ireland/major-wind-farm-gets-the-green-light-after-an-bord-pleanala-ruling-413202.html, (scrúdaithe: 7/3/2018)

¹⁴³ Brendan Allen, *Grousemount Wind Farm: planning report*, (Baile Átha Cliath: ESB International, 2015) 8

Tábla 5.1 **Muilte Gaoithe laistigh d’achar 5KM de Mhúscraí¹⁴⁴**

Scéim	Líon tuirbíní	Féidireacht cumhachta i MW
CathairDhomhnaigh	4	10
Claodach Rua	2	4.99
Cúm a’Cheoigh (2)	8	18
Cúm Uí Iarlaithe (1)	15	42.5
Cúm Uí Iarlaithe (2)	10	8.5
Cúm Uí Iarlaithe (3)	13	30
Gleann Laoi (1)	23	29.8
Na Gníomha	11	9.35
CaolChoill	10	8.5
Iomlán	96	161.64

Dar le Plean Forbartha Chontae Chorcaí ina Mapaí Staitéise Fuinnimh Gaoithe (2014) tá furmhór mór Mhúscraí measta a bheith laistigh de cheantar oiriúnach¹⁴⁵ le breathnú air. Mar mhalairt i seo is “gnáthaí sheachaint do dhéanamh ar” ceantracha le eceolaíocht, tirdhreach, áiseanna, caitheamh aimsire agus sealúchais daona. Sna ceantracha áirithe sin ní smaoiníotar ar fheirmeacha gaoithe ach go h-eisceachtúil agus nuair ná bhfuil aon loit ag gabháil leis¹⁴⁶. Triailéann Plean Forbartha an Chontae, maidir le polasaí fuinnimh gaoithe, cothromaíocht do dhéanamh idir solatháir infrastructúir nua fuinnimh agus an gá atá le cosaint do thabhairt do mhaointe tábhachtacha eile ar fuaid an chontae. Ach níl meas aige ar thábhachtacht Mhúscraí mar cheantar le maoin éagsúil agus luachmhar cultúrtha le tábhacht idirnáisiúnta. Agus an chéad Polasaí fuinnimh gaoithe I bPlean Forbartha Contae dá ullmhú, is ceart áird do thabhairt ar an ngnéith tábhachtach idirnáisiúnta seo agus tírdhreach leochailleach Mhúscraí. Mar sin is ceart an aidhm faoi láthair I dtaoibh *Policy Objective ED-3.6 ‘Normally Discouraged’* do scaipeadh mar bhrat thar an gceantar Gaeltachta seo.

Seachas na buntáistí éacnamúla do úinéirí talamhan/lucht tacaíochta scéimeanna agus na deontaisí pobail a cuirtear ar fáil i scéimeanna áirithe, cotháionn tógáil tógraí móra muilte gaoithe, ag daoine ó lasmuigh de Mhúscraí, easaontas bagarthach. Loitfidh a leithéid d’easaontas sa phobal an comhionannas sóisialta, an carachtar, an áiseacht maireachtála agus an inmharthanacht i Múscraí. Dá dheascaibh seo déanfar díobháil do chroí-luachanna oidhreachta tírdheach tábhachtach idirnáisiúnta. Dá bharr seo, níl sé oiriúnach go mbeadh forbairt fuinnimh athnuachtainte curtha ina luí ar Mhúscraí is dá threorú ag forbarthóirí an tionnscail.

Na Priomh Bagairtí

- Eastát tithíochta nua le líon mór tithe.
- Aistharrac seirbhísí
- Uasgrádú N22
- Athrú Aeráide

¹⁴⁴ maps.seai.ie/wind/,

www.iwea.com/index.cfm/page/bycounty/id/21, www.iwea.com/index.cfm/page/bycounty/id/22, (scrudaithe: 8/9/2016)

¹⁴⁵ Cork County Council, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 140

¹⁴⁶ *Ibid*, 139

Patrún den Áitreamh

Ní mhaireann ach 22% de dhaonra Mhúscraí sna cúig príomhsráidbhailte – Baile Mhic Íre/Baile Mhúirne, Béal Átha an Ghaorthaigh, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí agus Cill na Martra. Mar sin tá tromlach Mhuintir Mhúscraí ag maireachtaint i dtithíocht aonarach lasmuigh des na bailte. Mar thoradh air seo tá trom úsáid dá bhaint as an ngluaisteán mar chóir taistil, agus culú tagaithe ar na sráidbhailte mar ionad soláthair seirbhísí. Tá mórfhlaitheas an ghluaisteáin méadaithe arís de dheascaibh an ghanntanais géar cóir taistil phoiblí. Níl aon cheangal iompar poiblí idir dá ghleann na bpríomh abhantracht sa Ghaeltacht seo i láthair na h-uaire. Is é an Bealach Bus idir Chiarraige agus cathair Corcaighe, via Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre an t-aon marcaíocht ar fáil ó Bhus Éireann i Múscraí. Do bhí seirbhís ó Bhéal Átha'n Ghaorthaidh go MaghCromtha, ach do cuireadh deireadh leis i 2011 de dheascaibh easba paisnéirí¹⁴⁷. Le tacaíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair, tá Luas Mhúscraí (le Local Link Cork) ag reachtáil seirbhís gach Máirt ó Bhéal Átha an Ghaorthaigh go MaghCromtha via Cill na Martra. Tá seirbhí Local Link Cork leis ag ceangailt Béal Átha an Ghaorthaigh le Beantraí gach Déardaoin. Dealraíonn sé nách bhfuil mórán eolais áitiúil I dtaobh na seirbhísí seo agus is iad na seanóirí is mó a bhaineann úsáid as.

Tá an tóin leagtha as na bailti beaga mar ionaid seirbhísí rathúla toisc an saoirse a bhronnan an gluaisteán ar dhaonra atá scaipithe ar fuaid na duichí. Is toisc go bhfuil sé chomh fuirist d'áitreabhaigh dul go MaghChromtha, agus atá sé dul go Béal Átha an Ghaorthaigh nó Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre, is toisc seo go bhfuil seirbhísí imithe agus tuilleadh acu ag bagairt a n'imeachta. Tá sé seo fíor ach go háirithe do thaistealaithe rialta go bhfuil a dtriail i dtreo chathair Chorcaighe. Déanann na bóithre cúnga casta, idir Bhaile Mhic Íre agus Bhéal Átha an Ghaorthaigh, an scéal níos a mheasa. Laghdaígtear an deis úsáidte Gaeilge go poiblí agus an ceangal idir-chomharsain leis an bpatrún taistil seo. I mBéal Átha'n Ghaorthaidh tá líon na n-áiteanna neodracha le feidhmiú shóisialta idir chomhairsain, laghdaithe go mór ionnas nách bhfuil fágtha ach an Tig Tábhairne nó an Pháirc peile. Ag chuir go mór le laghdú deileáil idir-phobail tá an laghdú tinnreamh suntasach atá tagaithe ar fhreastal Aifrin. Tá an bearna seo líonta ábhairín ag éagsúlacht seirbhísí sóisialta, grúpaí le speiseanna ar leith agus clubanna, i mBéal Átha an Ghaorthaigh agus ar fuaid Mhúscraí. Tá ról riachtanach ag hallaí pobail is tábhairní na sráidmbailte mar áisitheoir nó ionad do ghrúpaí éagsúla áitiúla Mhúscraí.

Déanann athraithe na Sráid Bhailti go léir leochaileach. Tá níos mó cónaitheoirí ag teastáil uatha uilig. Gan iad seo ní bheidh na seirbhísí is na gnóthluchtaí inmharthanach ar bhonn eacnamúil anois nó sna todhchaí amach romhainn. Tá an meath mar phatrún rialta le fírinne i láthair na h-uaire de dheascaibh easpa úsáide gnóthluchtaí áitiúla ag na h-áitreabhaigh. Ciallaíonn seo go dteipeann gnó anois is arís agus dá bharr sin maolaíonn úsáid an tsráid bhaile ag na daoine. Gan dabht bíonn tionchar diúltach aige sin ar na seirbhísí is tithe gnó an cheanntair.

Tá an Foraoiseacht taréis mórán de léarscáil na mbailte fearainn do chlúdach anois. Nuair a tarraingíodh teorann na Gaeltachta le linn na 1950daí, bhí daoine a maireachtaint ins na ceantracha sin. Ach de dheascaibh imeacht na ndaoine agus an buntáiste eacnamúil a bhain le plandáil foraoise, tá na ceantracha anois lomaithe de dhaoine agus clúdaithe ag crainn. Tá an tírdreach cultúrtha geall le bheith scriosta go h-iomlán ag an bhforaoiseacht. Bfhéidir go bhfuil roinnt des na séad chomharthaí seandálaíochta agus roinnt ghnáthóga áirithe caomhnaithe toisc an dlí, ach tá gach préamh eile gur follas do daoine agus áit do cheangailt le chéile, anois múchta is cailte. Caitheann cleachtais pleanála an lae inniu na daoine anuas ar shráidbhailte leochailleacha. Is ceart é seo. Mar is cuid den bhfadhb seo an tithíocht aonarach scaipithe tríd

¹⁴⁷ Eoin English, "'Double blow' for Gaeltacht village as bus service axed," *Irish Examiner*, (27/1/2011), <https://www.irishexaminer.com/ireland/double-blow-for-gaeltacht-village-as-bus-service-axed-143297.html>, (scrúdaithe: 6/7/2016)

an dtírdhreach ionas go bhfuil meath eacnamúil, uaigneas is meath eceolaíoch le h-easpa infrastructúr, rogha fostaíochta agus seirbhísí phoiblí. Ach gan tithíocht nua sa tuath mágcuaird, beidh an sway leis an bplandáil foraoise agus méadóigh an fhadhb níos a mhó. Tá seo fíor leis i gcás na muilte gaoithe. Gan daoine ag maireachtaint ar an dtalamh, teipfidh an oidhreacht doláimhsithe i Múscraí. Ritheann sé seo i dtaca le polasaí tithíochta tuaithe Chomhairle Contae Chorcaí mar a meastar freastal do dhéanamh orthu siúd a lorgaíonn cead tig aonaraigh, dá n'úsáid féinig a thógaint, sa Ghaeltacht (Ach na gnáth rialacha pleanála I gceist gan dabht). Mar mhalairt ar seo, is ceart freastal air dhaoine, nách bhfuil i dteideal tógáil faoin dtuath, trí iad do ghríosadh chun lonnaithe i ngreasán lonnaithe.

Tá níos mó cainteoirí Gaoluinne ag teastáil. Ba chóir teaghlaigh nua bheith ag maireachtaint sna sráidbhailte mar ghnáth bhéas. Is ceart cead do thabhairt do dhornán níos lú cur futha faoin dtuath. Is ceart tús áite a thabhairt do dheisiú sean thithe thar tógáil foirgnimh nua. In ainneoin gan ach aon foirgneamh déag cosanta bheith ann, tá bailiúchán deas tógála ón 19ú aois déanach agus an luath 20ú aois.

Níl aon chosc ar dhaoineibh, nách cainteoirí dúchasacha iad, tithe dara láimhe do cheannach sa Ghaeltacht. Mar an gcéanna, níl aon chosc ar daoineibh nách cainteoirí dúchasacha iad, tithe do cheannach 'sna h-eastáit tithíochta. Is atharú gear polasaí é seo i gcomparáid leis na srianta atá ar dhaoineibh tithe aonaraigh do thógaint sa Ghaeltacht. Cothaíonn a leithéid sin mí rialacht polasaí fadhbanna maidir leis an Ghaeilge do chothú mar an teanga dúchais ins an bhfearann poiblí. Caithfear áfach bheith curamach gan cosc a chur ar dhaoine, nách cainteoirí dúchasacha iad, tithe do cheannach sa Ghaeltacht. Dá ndéanfaí é sin léireodh sé nach raibh tuiscint cheart ar an meas mór atá ag daoine nuathagtha go Mhúscraí agus an oidhreacht ann. Bhainfeadh sé ó thairfe mórán ar an bpobal ann. Is amhlaigh a chuirfeadh bacanna dá leithéid srian ar líon na gceannaitheoirí tithe, agus dá bharr sin bheadh dí-luacháil ar thithíocht sa Ghaeltacht i gcoitinne.

Tá bac suntasach dá chur ar neartú na sráidbhailte de dheascaibh an droch chuma atá ar structúr láimhseála fuíoll uisce ar fuaid Mhúscraí (fig 5.8). Tá éagcumas an fhearais oibrithe uisce i mBéal Átha an Ghaorthaigh ag cur bac ar chead pleanála do thithe breise sa tsráidbhaile. Is é seo anois an príomh bac atá ar fhás inmharthanach i mBéal Átha an Ghaorthaigh. Cé gur fhás an daonra beagán ó 234 duine i 2006 go 238 duine i 2011, do thit an meid linn tí ó 114 i 2005 go 96 i 2015¹⁴⁸. Tá na teainceanna fuail i mBéal Átha an Ghaorthaigh agus i mBaile Mhic Íre ach ag sholátharú an chéad glanadh caca¹⁴⁹. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gach ní seachas an smionagar, cnuipóga iontuaslaithithe agus an sail san ndríodar salach seo, ag rith le sruth isteach san abhainn agus an abhantracht mágcuaird. Ar nós an Teainc fuail i mBéal Átha an Ghaorthaigh, tá teainc Bhaile Mhic Íre ag brúchtaíol thar a ghoile¹⁵⁰. Níl pleanana chun fearais nua do thógaint i mBaile Mhic Íre agus Béal Átha an Ghaorthaigh tagaithe chun críche. Tá an tógra do Bhaile Mhic Íre ag stáid pleanála i láthair na h-uaire¹⁵¹. Is malairt é seo ar an neamhthábhacht léirithe maidir le uas-ghrádú fearaisí Bhéal Átha an Ghaorthaigh¹⁵². Cuireann an droch bhail seo ar chreatalach an chórais uisce fuíola, srian láidir ar cheadanna pleanála maraon le forbairt Tionscalaíochta áitiúil, turasóireacht agus luach tairifeach na n-abhainn is na lochaibh gan trácht ar an oidhreacht nádúrtha. Tá an easpa soláthar uisce i mBéal Átha an

¹⁴⁸ *Blarney Macroom Municipal District local area plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2017) 104

¹⁴⁹ Fiona Gartland, "Sewage plants waste water not reaching EU standards," *Irish Times*, (2/7/2009), www.irishtimes.com/news/sewage-plants-waste-water-not-reaching-eu-standards-1.690961, (scrúdaithe: 7/11/17)

¹⁵⁰ www.epa.ie/licences/lic_eDMS/090151b2803a62d0.pdf, (scrúdaithe: 7/11/17)

¹⁵¹ www.water.ie/news/investment-of-228-million/, (scrúdaithe: 7/11/17)

¹⁵² <https://www.kildarestreet.com/wrans/?id=2012-01-24.1661.0>; (scrúdaithe: 7/11/17)

Ghaorthaigh agus Baile Mhúirne ag cur bac ar aon fhorbairt nua tithíochta, de leibhéal oiriúnach, ins na sráidbhailte.

Na Príomh Bagairtí:

- Titim an daonra ‘sna Sráid Bhailte is tailte mágcuaird araon.
- Gan dóthain cainteóiri Gaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht.
- Córas lochtach bainistiú fuíoll uisce

Fig. 5.9 An leithreas phoiblí ag suíomh oilithireachta Ghugán Barra. D’ainmnigh Lonely Planet é, i 2016, mar cheann des na 100 leithrisi is fearr ar domhan¹⁵³. Tá fuíol na leithreas scaoilthe chun siubhail díreach isteach sa loch gan aon glanadh air.



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Fostaíocht

In ainneoin tréan iarracht Údarás na Gaeltachta, ní fhreastalaíon na foirmeacha fostaíochta atá ar fáil i Múscaí, riachtanaisí thiomlach céimithe tríú leibhéal an cheannair. B’fhéidir nách féidir é dhéanamh. Bhí 684 daoine fostaíthe ag Údarás na Gaeltachta trína gcliant chómhlucháil i 2017¹⁵⁴. Bhíodh an déantúsaíocht in uachtar ach tá bonn níos leithine anois faoin earnáil fostaíochta¹⁵⁵. Níl Gaoluinn riachtanach do fhurmhóir na bpostanna seo.

Fágann ana chuid Céimithe Coláiste ceannair Mhúscaí chun a ngairm beatha do chur chun cinn, toisc go gcaitheann siad nó go dteastaíonn uatha (nó bhféidir ar an dá chúis]. Filleann mórán acu seo nuair a bhíonn taithí oibre facha acu. Ach is é an gnáth rud leo seo, go mairid sa Ghaeltacht, ach iad ag taisteal chun na Galltachta chun oibre gach lá. Dá thoradh seo agus gluaiseacht na n’aos óg I dtreo obair phroifisiúnta lasmuigh den nGaeltacht, tá na folúntaisí oibre a ceapadh a bheith líonta acu dá lionadh ag eachtrannaigh ón nGalltachta is abhus. Ní gnáthach cumas labhartha Gaeilge ag na oibrítheóirí seo. Mar sin, tá an ceannas ag an mBéarla

¹⁵³ Nick Bramwell, “Gougane Barra has Ireland’s top toilet,” Irish Examiner (May 2, 2016),

www.irishexaminer.com/ireland/gougane-barra-has-irelands-top-toilet-396073.html, (Accessed: 7/3/2018)

¹⁵⁴ *Údarás na Gaeltachta: 2017 Review* (Údarás na Gaeltachta) 18

¹⁵⁵ John Walsh, *The influence of the promotion of Irish language on Ireland’s socio-economic development*, PhD Thesis, (Scoil Díl agus Rialtais, Oll Scoil Cathair Bhaile Átha Cliath, 2005) 204

san ionad oibre. Go deimhin, d'fhéadfadh ana chuid de chomhluchtaí faoi chabhair Údarás na Gaeltachta, bheith lonnaithe in aon áit in Éirinn. Is beag doíbh a áiríonn cultúr Mhúscraí mar cuid dá saibhreas, agus é mar eochair idirdhealaithe a dtáirge nó seirbhísí nuair atáid ag iomaíocht sa mhargadh (Walsh, 2005). Chun bheith féarálta deallraíonn sé go bhfuil an scéal sin ag athrú. Sampla de seo is ea na comhlachtaí Folláin agus Grúdlann na Naoi bhFia Bán, a áiríonn oidhreacht Chultúrtha Mhúscraí go lárnach in iomhá a gcuid táirgí. Sampla de chomhlacht a fhéadfadh bheith lonnaithe in aon áit ach a chuireann le aitheantas Mhúscraí is ea Monarcha saighdiúirí bréagáin Prince August agus a n'ionad cuairteoireachta i gCill na Martra. Ghlac an t-uinéar seilbh ar an Radharc Catha, is mó ar domhan, le déanaí. (fig.5.9).

Figure 5.10 **Snódh Cath Waterloo ag monarcán Saighdiúirí Bréagáin Prince August**



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Tuigeann an t-Údarás an t-ualach atá ag an earnáil táirgíthe sa cheantar, agus táid ag iarraigh tacú le forbairt do dhéanamh ar na h-earnáil éile. In ainneoin na staire agus an oiread san ag brath ar phostanna tairgiúcháin, tá sé fós tábhachtach bonn láidir do chomead faoi thionscail táirgítheoireachta i Múscraí. Tá mórán des na monarchain ag cur fostaíocht oiriúnach ar fáil do chéimithe Ollscoile. Comhlíonann na monarchain seo riachtainsí fostaíochta sciar mór den bpobal fiú mura gcomhlíonann siad iad uilig. Bhí mí-shástacht le tacaíocht an stáit soiléir, le linn agalamh le roinnt des na h-úinéirí. Tá maolú tagaithe ar dheontaisí caipiteal agus i roinnt cásanna tá seirbhísí bunúsacha agus simplí fágtha ar lár, ar nós bainsitiú fuíoll uisce, cóiríú bóthar agus córas leathan bhannda. Tá an córas gutháin sothghluaiste, leis, lag. Ach go ginearálta tá na gnóthluchtaí taréis na fadhbanna seo a sharú iad féinig. Ach caithfear a lua gur ábhar inní maidir le mealladh gnóluchtaí nua chun an cheantair, sna todhchaí, an éagsúlacht agus easnamh tacaíochta. Is ceart a rá go bhfuairéadar san uilig faoi agalamh, cúnamh stáit. Bhíodar uilig buíoch dá bharr.

Tá an easpa leathan bhannda ag cosc Fiontraithe agus Proifisiúnaithe agus iad imbun gnó úr nua do thosnú. Is bac breise do phroifisiúnaithe atá ag maireachtaint agus ag obair go h-áitiúil, an easpa spáis comhroinnte mar a mbeadh ar chumas duine obair go h-aonarach, nó i dteannta a chéile, ar thionscadail.

Bé an déiríocht an gnáth chleachtas feirmeoireacht thraidisiúnta i Múscraí cé go bhfuil sé meascáithe níos mó anois¹⁵⁶. De dheascaibh mórán de thalamh na Gaeltachta bheith sléibhtiúil nó ‘na bhogach, níl sé oiriúnach do phór bó gallda. Taréis don córas quota bheith árdaithe, tá laghadú tagaithe ar phraghas bainne agus ar phroifidí leis. Ciallaíonn na nithe seo, i dtaca le cailliúint na n-íocaíochtaí tacaíochta REPS, agus na praghasanna ró íseal ar fáil ar olann caorach, an Uain agus Mairt Fheoil, go bhfuil laghdú ar líon na bhfeirmeacha agus an achar talamhan atá dá úsáid chun bia d’fhás. Tá mórán den talamh a bhíodh tráth faoi iníor stoic anois clúdaithe le plandáil foraoise (fig. 5.10) Tá rátaí maithe airigid le tuilleamh le foraoiseacht. Ach ar an dtaoibh eile den scéal, loiteann said an talamh maidir le h-aon úsáid talamhaíochta. (fig.5.11). Mar thoradh air seo agus in ainneoin an mealladh airigidis atá ag foraoiseacht do fheirimeoirí Mhúscraí, tá an achar talamhan faoi phlandáil níos lú nár mar a mheasfá go gcothódh an gríosadh eacnamúil seachas an buntáiste eacnamúil a shaotharaíonn feirmeoireacht árdthailte is tailte eile imeallacha. (Fig 5.12 & 5.13). Dá ngabhaidís an bóthar sin, bheadh scáth ar a gcáil mar tháirgítheoirí bídh. É seo mar atá, tá an crot ar an scéal gur b’í seo an ghlúin dheireannach d’fheiriméoirí sléibhe mar go bhfuil an aos óg ag seachaint an t-slí beatha seo lena chuid dian éileamh ar am, agus an teacht isteach íseal dá thairife¹⁵⁷. Mar a luaitear thuas, tá isteach is amach ar 17% de Mhúscraí faoi fhoraois. Is foraoiseacht tráchtála é seo ar fad, nach mór. Ar bhonn náisiúnta, tá 10.5% den talamh clúdaithe le crainn¹⁵⁸.

Figure 5.11

An Plándáil foraoise ag gabháil talamh feirmeoireachta imeallach



(Foinse: Research and Dig, 2014)

¹⁵⁶ John Walsh, *The influence of the promotion of Irish language on Ireland’s socio-economic development*, PhD Thesis, (School of law and government, Dublin City University, 2005) 192

¹⁵⁷ Tommy Moyles, “The last generation of upland farmers”, *The Farmers Journal* (Bealtaine 30, 2016), www.farmersjournal.ie/the-last-generation-of-upland-farmers-210311 (scrúdaithe: 4/9/2016)

¹⁵⁸ Data from 2012. *Forest Statistics – Ireland 2017* (Department of Agriculture, Food and the Marine, 2018) 2

Figure 5.12

An Radharc le feiscint i mBéal a’Ghleanna taréis buaint na foraoise



(Foinse: Research and Dig, 2014)

Figure 5.13

Clúdach foraoise i Múscraí





Fig. 5.14 Na ceantracha oscionn 200m aoirde taisoéainte i ndath oráiste



Treasna na duiche sa bhliain 2015 bhí postanna lasmuigh den bhfeirm ag 53% de theaghlach feirme¹⁵⁹. Bhí an figiúir seo ag 59% i 2006¹⁶⁰. Níl na figiúirí seo againn do Mhúscraí ach níl aon dabht, agus an tírdhreach sléibhtiúil dá chur san áireamh, gurb amhlaigh anso leis, mura bhfuilid níos aoirde fós mar a bheithfeá ag súil leis (i 2015, bhí 88% ag bailiú ioncam éigin lasmuigh den fheirm¹⁶¹). Ar an dtaobh eile níl ach 2% d’fheirmeacha na hÉireann go bhfuil gnó éagsúil éigin ar a ngabháltas acu¹⁶². Tá an líon seo san UK ag 31%¹⁶³. Cé go bhfuil, faoi láthair, líon na bhfiontar feirme íseal go náisiúnta, tá sé maoite ag 33% d’fheirmeoirí go bhfuil suim acu a ngnó féin do thosnú¹⁶⁴. Is dhá rud difriúil iad suim agus gníomh, gan dabht. Ach mar sin féin, mura mbeadh ann ach dornán beag d’fheirmeoirí Mhúscraí a fhoirbreodh a bhfionntar feirme féin, do mhaolódh sé an líon daoine ag taisteal amach chun postanna lasmuigh den gceantar agus laghdódh sé an dúil ata leis an talamh do chlúdach le crainn síór ghlas. Toradh eile a bheadh ar a leithéid de scéal ísea go bfheabhsódh sé an Ghaeltacht mar áitreabh cónaithe nó le cuairt a thabhairt ar.

¹⁵⁹ Noel Baker, Pobl bhreith feirmeoireachta 2015 – data: ‘disgraceful reality’ of need for off-farm income, *Irish Examiner*, (September 22, 2015) <http://www.irishexaminer.com/viewpoints/analysis/farming-poll-2015--data-disgraceful-reality-of-need-for-off-farm-income-355102.html>, (scrúdaithe 16/10/2016)

¹⁶⁰ Ciaran Moran, “Almost 1 in 3 farmers employed off farm” (May 27, 2014) <http://www.agriland.ie/farming-news/almost-1-3-farmers-employed-farm/> (scrúdaithe 7/2/2018)

¹⁶¹ Emma Lynch et al, *Teagasc national farm survey: the sustainability of small farming in Ireland* (Teagasc: Athenry, 2015) 6

¹⁶² David Meredith, Kevin Heanue agus Sinead McCarthy, “Farm development: attitudes of farmers to farm diversification”, cur i láthair ag *National Rural Development Conference* (16/10/2012) 11

¹⁶³ Ibid

¹⁶⁴ Ibid, 13

An Earnáil Bídh Speisialta is ea earnáil amháin a fhéadfadh bheith ana oiriúnach do Mhúscraí agus a neart ó thaobh cultúir agus timpeallachta. Cuireadh luach €615 milliún ar an earnáil seo chun buntáiste na h-eacnamaíochta Éireannach¹⁶⁵. Cuirtear le tairife an bhuntáiste seo nuair a ceannaíotar an bia seo go h-áitiúil. Deir staidéar amháin ón UK linn, gur fiú £2.50 don eacnamaíocht áitiúil gach £1.00 a caitear ar bhia áitiúil¹⁶⁶.

Is ceist eile le cíoradh an draeineáil maidir le h-úsáid tailimh imeallach agus a thionnchar ar leibhéal na dtuillte. Is minic feirmeoirí ag iarraidh bogaigh is páirceanna fliucha do dhraeineáil chun feabhas do chur ar thalamh is an táirgiú ann. Dealraíonn sé go gcuirfí seo méadú ar thuillte fá abhantracht na Laoi agus an tSuláin. Beidh tionnchar trom diúltach aige seo ar thithe, gnóluchtaí agus saol laethiúil áitreabhach na Gaeltachta. Tá an baol seo anois méadaithe de dheascaibh an athrú aeráide agus é sin ag giniúint titime báistí níos troime agus níos faide¹⁶⁷.

Aon réiteach amháin gur féidir a mholadh is a threiseodh úsáid na bhfeirmeach is caighdeán a dtírdhreach is ea an sampla a thugann an scéim BurrenLife dúinn. B'é an BurrenLife an chéad mór-thionnscnamh chun caomhnaithe feirmeoireachta. Seoladh é i 2005. Díoltar feirmeoirí a ghlacann páirt ann, as ucht obair atá críochnaithe acu agus spriocanna soiléire timpeallachta atá curtha i gcrích acu. Is iad na feirmeoirí atá dá threorú, agus tá an costas riarúcháin íseal¹⁶⁸. Bhí 160 feirmeoir páirteach sa dara babhta den scéim seo (2010-2014). Roinneadh suas le €5milliún ar lucht glacaithe páirte sa tréimhse sin. €6.600 an meán íocaíocht¹⁶⁹ bliantúil in aghaidh gach feirmeoir. Sa tríú babhta anois táthar ag súil le suas le 450¹⁷⁰ bheith páirteach ann. Nuair a thosnaíodar i 2005, ní raibh ach 20 feirmeoir páirteach¹⁷¹. Is teistiméireacht ar fheabhas na scéime an méadú seo. Tá áis oibre is saothrú talún na bhfeirmeoirí neartaithe ag scéim an BurrenLife trí infrastructúr do chur ar fáil agus, ag an am chéanna, ag cothú gríosadh chun feirmeacha a fhorbairt le h-éagsúlacht leathan bitheolaíoch. Scéim gleoite é. Is é seo i ndeire báire, faoi ndeara caomhnú na Bóirne mar thírdhreach beo. Go bunúsach sé atá ag tárlúint ná go bhfuil gaol tairifeach cothaithe idir an nádúir agus an fheirmeoireacht seachas an coimhlínt a bhíodh ann. Tá an eacnamaíocht, módh maireachtála ionmharthainne agus an nádúir fite le chéile sa scéim seo. Scéimeanna eile ar aon dul leis an BurrenLife is ea an scéim AranLife agis an scéim áitiúil feirmeoireachta is timpeallachta atá beartaithe do Shléitibh na Staighrí Dubha.

Na Príomh Constaicí:

- Leathan Bhannda ró lag
- Soláthar fostaíocht áitiúla atá mí-oiriúnach
- Easpa spáis comhroinnte don chomh oibrí Fiontar agus Proifisiúnta
- Laghdú tairife eacnamúil feirmeoireachta, ach go háirthe an fheirmeoireacht sléibhe

¹⁶⁵ Cathal O'Donoghue et al, *Rural economic development in Ireland, (Baile Átha an Rí: Teagasc, 2014)* 82

¹⁶⁶ Ibid, 83

¹⁶⁷ Beatrice Kelly agus Mary Stack, *Climate change, heritage and tourism: implications for Ireland's coast and inland waterways*, (An Comhairle Oidhreachta agus Fáilte Ireland, 2009) 4

¹⁶⁸ <http://burrenprogramme.com/the-programme/our-approach/>, (scrúdaithe 4/10/2016)

¹⁶⁹ Brendan Dunford, *The Burren life programme: an overview*, (National Economic and Social Council, 2016) 12

¹⁷⁰ Odile Evans, "BurrenLIFE programme takes home top award from the European Commission", *The Farmers Journal* (2/6/2017), <https://www.farmersjournal.ie/burrenlife-programme-takes-home-top-award-from-the-european-commission-282228>, (scrúdaithe 9/2/2018)

¹⁷¹ Brendan Dunford, *The Burren life programme: an overview*, (National Economic and Social Council, 2016) 11

An Seasamh le Gaeilge

Go ginearálta, tá Muintir Mhúscraí bródúil as úsáid a dteanga dhúchais an Ghaoluinn. In ainneoin sin tá drogall ar mhórán an teanga d'úsáid go poiblí. Dá bharr seo, tá sé tábhachtach go bhfeicfeadh daoine gur inglacaithe an rud é Gaoluinn a labhairt agus gur tairifeach í a labhairt chomh maith. Is cóir daoine cáiliúla ag leibhéalacha éagsúla sa phobal náisiúnta a spreagadh, go ciúin, chun úsáid na teangan. Ní mór na grúpaí éagsúla, aitheanta, le tionnchar sa phobal áitiúil do spreagadh leis. Méadóigh sé seo dúil i labhairt na Gaoluinne. Is ceart leis cur ina luí ar chainteoirí le saibhreas teangan, gur cheart dóibh bheith bog ar dhaoine atá ar bheagán Gaoluinne agus úsáid gramadaí is canúna lochtach. Is minic daoine ar árd caighdeán Gaoluinne dá gceartú nuair a bhíonn focal nó frása níos fearr ar fáil, seachas an ceann úsáidte. Ach sin cuid de mhistéar na Gaoluinne, Bíonn sí ag síor fhás is ag síor mhéadú ag gach duine ionta féin is iad ag dul i gcríonnacht. Is teanga dhifirúil í seachas Béarla agus is féidir feabhas do chur uirthi de shíor. Sa tslí seo, ní gníomh ró mhór an botún seachas mar a bheadh i mBéarla abair. Caithfear an meon seo do mhíniú is do chur i gcrích. *Ná mol nó dí-mhol Daoi mar ní faightear Saoi gan locht.* Cothaíonn síor-cheartú ar thosnathóir Gaoluinne, náire agus leisce chun á úsáid arís. Malairt bhreá air sin an drochíde in úsáid an Bhéarla ag tromlach glan a chuid cainteoirí. Is constaic shuntasach in úsáid laethúil Gaeilge san earnáil phoiblí. Ceann de chúiseanna athbheochana na Breatnaise ab ea ábaltacht an aos óig athchoiriú ar a' dteanga chun é a dhéanamh níos oiriúnaí dá saol féin.

Deallraíon sé go bhfuil canmhain Mhúscraí ar gcúl sa cheanntar, agus foirm Aicmeach den teanga ag teacht chun cinn ina h-áit. Cruthaíonn sé sin coimhlint idir dhaoine a cheartaíonn a chéile toisc úsáid foirmeacha Gaeilge a fhuaimíonn míchuí. Aithníonn an docuiméad seo an tábhacht chriticiúil a bhaineann le canmhain Mhúscraí maidir le féin-aithint chultúrtha sa cheantar. Tá sé tábhachtach go n'aithníonn is go gcúmhaíonn an pobal áitiúil é seo. Ba ábhar buartha minic-luaite sna ceardlanna comhairleacha poiblí an éagsúlacht canmhain seo agus an druidiúint i dtreo Gaeilge caighdeanach. Is sé tuairim na docuiméide seo gur cheart diriú ar an teanga dúchasach áitiúil nuair atá daoine dá ngríosadh is dá mealladh chun gnímh. Má bhíotar ag diriú ar lochtanna agus ar chanmhain seachas an canmhain áitiúil, is amhlaigh a bheidh toradh diúltach ar chúrsaí ó thaobh foghlaimoirí dhe. Nuair a bheidh an tosnaitheoir ag idirghabháil agus uaibhreach as an dteanga is féidir bogadh níos doimhne isteach sa channúin áitiúil mar chuid de thomadh níos doimhne sa chultúr áitiúil.

Cé go bhfuil ag eirí leis an gcóras oideachais an Ghaeilge a mhúineadh do áitreabhaigh óga na Gaeltachta, tá líon na leanaí dá dtógaint trí mheán na Gaoluinne sa Ghaeltacht ag laghdú.

Is cuid de mheath idirnáisiúnta éagsúlacht teangan, an cúlú teangan seo sa Ghaeltacht agus in Éirinn. Má leanann mar atá, meastar go mbeidh 95% de theangacha an Domhain marbh nó ina stad faoin mbliain 2100¹⁷².

Na Príomh Constaicí:

- Breithiúnas ar daoine eile.
- Laghdú in úsáid Ghaoluinne Múscraí.

Easpa Glór Lárnach

In ainneoin an bheocht agus an líon mór eagraíochtaí pobail i Múscraí, is é easnamh aon chomhairle amháin lárnach, leathan, neamhspleach, bhunaithe, is cúis leis an laige bunúsach sa cheantar. Ina éaghmuis tá an Ghaeltacht níos leochailí faoi thionnchair eachtrannacha. Dá bharr tá an cumas stocaireachta agus tacaithe ar son Mhúscraí, lagaithe leis. Is comhairle nó

¹⁷² Jared Diamond, *The world until yesterday: what we can learn from traditional societies* (Londain: Penguin Books, 2012), 370

iontaobheas láidir pobail an ghluaiseacht is fearr chun gníomhartha na tuairisce seo do chur i gcrích is do choimeád i riar.

Is é teacht chun cinn comhairlí pobail is iontaobhisí in Albain faoi ndeara an méadú beag atá acu ‘sna h-oileáin ansúd’¹⁷³. Tá Iontaoibheas Náisiunta Alban, uinéirí an oileáin bhig Cana, taréis smacht an iontaobhis forbartha a thabhairt ar láimh dos na h-áitreachaigh taréis dóibh a aithint nách n’oibríon structúr bainistíochta, a ritheann ó bharr go bun, lena a leithéid d’áit¹⁷⁴.

Comhairle pobail bunaithe ar fuaid na Gaeltachta agus le tacaíocht airgid ó Údarás na Gaeltachta, is ea Comharchumann Forbartha Mhúscraí. Seo gníomh fiúntach le moladh. Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí atá freagrach as ceannaireacht ar Phlean Teangan Mhúscraí agus é chur i bhfeidhm.

De dheascaibh na mbagarthaí atá agus a fhéadfadh a bheith ann agus atá ainmnithe sa chaibideal seo, is chun tairife Mhúscraí é dá neartófaí go mór Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo nó dá mbuanófaí grúpa nua agus an cúram de gheasa orthu na gníomharthaí is aidhmeanna uilig an plean oidhreachta seo do chur i gcrích. Is ceart don ghrúpa nua seo comh-oibriú go dluth le h-Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Chorcaí. Braitheann nadúr agus crot an ghrúpa seo go mór ar thaighde atá idir lámhíbh i láthair na h-uaire ag Acadamh Fódhla.

Bagairt bhunúsach:

- Easpa guth láidir Pobail neamhspleach, lárnach ag agóid ar son Múscraí.

Céimeanna éagsiúla caomhnaithe

Soláthar agus méadú ar eolas agus tuiscint Mhuintir Mhúscraí ar a n’oidhreacht is ea an slí is fearr chun a chur ar a gcumas cinní eolgaiseacha do dhéanamh maidir len a n’áitreabh do threorú trí Ré an Atharaithe atá chughainn. Ní chosnóigh liostáil suíomhanna ach dornán beag suíomhanna suntasacha. Tá áileacht Mhúscraí snoite i ndlúth sraithíbh tírdreach lán le brí. Tá an táipéis éabhlóideach seo de áitribh bheaga tábhachtacha ag braith ar dhaoine aonaracha chun iad a chosaint is a úsáid. Ni féidir leis an Stát é seo a dhéanamh agus ní cóir dóibh ach chomh beag. Comhairle agus tacaíocht is ea ról an Stáit.

Tá ana chuid áiteanna gan aon chosaint dhlithiúil faoi reachtaíocht oidhreachta. Ina measc le n’áireamh tá: foirgnimh dúchasacha ón 19ú aois déanach, is luath 20ú aoise; Suíomhanna luíochán Chogadh na Saoirse is an Cogadh Cathardha, sainchomharthaí nádúrtha a bhaineann le Béaloideas áitiúil, agus foirgnimh áirithe a bhaineann leis an Dr Ó Loinsigh agus Seán Ó Riada. Ba chóir cuid acu seo a bheith áirithe ina bhFoirgnimh Liostaithe. Tá cuid acu nár chóir. Titfigh an dualgas ar uinéirí talún is ar an bpobal, i gcoitinne iad seo a chaomhnú san áit nách bhfuilid liostáltha.

Níl aon chosaint dlithiúil ag aon chuid de Oidhreacht Dholáimhsithe Mhúscraí (m.s. Ceol áitiúil, agalaimh beirte/luibíní, amhránaíocht ar an Sean- Nós, Cannúin Mhúscraí).

¹⁷³ Kevin McKenna, “After centuries of neglect are Scotland’s island on the road to recovery?”, *The Observer*, (Deire Fomhair 8, 2017), www.theguardian.com/uk-news/2017/oct/07/are-scotland-islands-on-road-to-recovery (scrúdaithe: 2/3/2018)

¹⁷⁴ Severin Carrell, “Tiny Scottish island’s 15 strong community gets control of its destiny”, *The Guardian*, (Nodhlaig 28, 2017), www.theguardian.com/uk-news/2017/dec/28/tiny-scottish-islands-canna-15-strong-community-gets-control-of-its-destiny (scrúdaithe: 2/3/2018)

Tá moladh déanta ag Acadamh Fódhla go mba chóir don Ghaeltacht seo stádas Suiomh Oidhreachta Domhanda UNESCO a lorg. Go deimhin tá cás láidir go mbeadh Múscaí cáilithe len' áireamh faoi chritéir iv roghnaíocht UNESCO a deir:

*“to be directly or tangibly associated with events or living traditions, with ideas, or with beliefs, with artistic and literary works of outstanding universal significance.”*¹⁷⁵

Tá áiteanna ar nós Múscaí ar an liosta cheana féin, St. Kilda in Albain agus Gleann Madriu-Perafita-Claror san Andorra mar shampla. Chuirfeadh líostáil go mór leis na leibhéil cosanta saintreoracha an Ghaeltacht seo go cinnte. Ach níl sé cinnte go bhfaighfí a leithéid. (is dócha go n'eireodh níos fearr le iarrtas ar bhonn roinnt Ghaeltachtaí eile ar chómh thábhacht oidhreachta a bheith san iarracht). Agus mura bhfuil bainistiú cúramach déanta ar an bpróiseis, thárlódh coimhlint shuntasach bíogadh mar thoradh air. Nuair a déantar suiomhanna ar bheagán turasóirí do insealbhú, is minic gur amhlaigh go n'árdaíonn líon na dturasóirí go suntasach. Bheadh ar chumas a leithéid seo na h-uimhreacha turasóirí d'árdú thar leibhéil inbhuanaithe i Múscaí.

Malairt rogha le Múscaí do chosaint, agus an toradh tuaiplise seo do sheachaint, a bheadh againn dá liostáilfí an ceangailt speisialta atá idir dhaoine agus áitreabh, canúinn Mhúscaí, na agaillaimh beirte/luíbní agus traidisiún na Naomh áitiúil, do chur ar liosta Oidhreachta Cultúrtha Dolámsaithe UNESCO.

Tá tábhacht ar leith ag Abhantracht na Laoi do Chathair Chorcaí maraon leis an ndaonra áitiúil. Ach níl aon chosaint aitheanta facha aige. Tá gnéithe áirithe sa Phlean Bainistiú Tuillte (m.s. fallaí/bainc tuillte, i mBaile Mhic Íre) a fhéadfadh diobháil do dhéanamh do shuíomhanna seandálaíochta, an saibhreas radhairce, agus Coill Ghobnatan. Mar sin tá baol bagarthach ag baint le tuillte agus bainistiú mí-thuisceanach tuillte. Tacaíonn an tuairisc seo le h-iarrachtaí tógála cosanta agus bainistiú ciallmhar tailte a chosnaíonn iad siúd ar a bhfuil cónaí i dtithe i mbaol tuillte, agus an oidhreacht áitiúil atá i mbaol tuillte. Níl aon phlean bainistiú tuillte do Abha an tSuláin. De dheascaibh an athrú aeráide (Fealy et al, 2009) agus a thuar báistí de thréimhsí fliucha níos troime, níos déine agus niosa shia¹⁷⁶, tá gá anois le pleann bainistiú agus réitigh oiriunacha d'ullmhú.

Tá an chúis ar son rannpháirtíochta níos treise ón bpobal, lena gcuid eolais agus le bainistiú a dtírdhreach cultúrtha, soiléir go maith taréis chás Cúl na Catharach. Dar le mórán tá tábhacht idirnáisiúnta ag suíomh Luíochán Cúl an Catharach le linn Cogadh na Saoirse. Ach níl ach Acadamh Fódhla i mbun stocaíreachta ar son bainistiú ceart an tSuíomh i láthair na h-uaire. Deir an EIS a bhaineann leis an N22 nua go gur tábhachtacht réigiúnda atá ag an suíomh¹⁷⁷. Ach táimid den dtuairim go bhfuil an luíochán ar a laghad de thábhacht Náisiúnta de dheascaibh a scála, a thoradh agus an ócáid 'nar tharla sé ach go speisialta taréis don IRA bheith ar gcúl indiadh Chluain Mhoilt. Deir foilsíú Chomhairle Contae Chorcaí, *Heritage centenary sites of rebel County Cork*.

*“the ambush at Coolnacahera was one of the largest in Cork, and was also notable in that in the aftermath the British employed planes in an effort to spot the IRA's movements. It is today depicted on Ordnance Survey mapping, and a monument is located at the site of the ambush*¹⁷⁸.

¹⁷⁵ <http://whc.unesco.org/en/criteria/>, (scrúdaithe: 7/2/2018)

¹⁷⁶ Beatrice Kelly agus Mary Stack, *Climate change, heritage and tourism: implications for Ireland's coast and inland waterways*, (An Comhairle Oidhreachta agus Fáilte Ireland, 2009) 4

¹⁷⁷ McCarthy Hyder Consultants, *N22 Baile Bhúirne-Macroom (Baile Bhuirne-Coolcours) environment impact assessment, volume 2: main text* (McCarthy Hyder Consultants, 2009), 12-10

¹⁷⁸ Rubicon Heritage, *Heritage centenary sites of rebel County Cork* (Comhairle Contae Chorcaí: Corcaigh, 2016)

Tá an N22 le gearradh díreach treasna ar an gcuid Iartharach de shuíomh an luíocháin. Cé go bhfuil an bealach rianaithe amach ón gcuid is lárnaí sa chath, beidh tionnchar throm diobhálach aige ar Fhirinne an Luíocháin. Moladh cúrsaí eile a sheachnódh an suíomh. Fuaireadh nách rabhadar seo oiriúnach mar:

‘primarily due to impacts on property, increased earthworks and potential impact on other sites of cultural heritage interest’¹⁷⁹

Is fiú a lua gur tharla réabhadh suntasach le linn obair ghlanta chun bóithirín seirbhíse do ghearradh mar chuid de ghlanadh an bhealaigh i 2017 (Fig.5.14).

Dá mbeadh idirghábhail níos éifeachtaí le muintir a h-áite maidir le cad a bhí le tálúint don suíomh, tá seans ann go mbeadh toradh éagsúil ar an módh bainistíochta. B’fhéidir arís ná beadh. Ach ar a laghad bheadh sé taréis a chur in iúil níos bríomhaire don Transport Infrastructure Ireland (TII) an tábhachtacht náisiúnta nó fiú idirnáisiúnta a bhain leis an áit. Bheadh an tábhacht seo agus a neamhchoitiantacht taréis meachaint níos troime do thabhairt do chaomhnú an tsuímh agus cinneadh dá dhéanamh, agus bhéidir go mbeadh deireadh an scéil difriúil. Is fiú a luadh nách bhfuil aon chosaint dhleathach ag an suíomh faoi Acht na SéadChomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Maoimheann Plean Forbartha Contae Chorcaí (2014) mar aidhm ghinearálta ámh, Caomhnú na bPáirceanna Catha (Objective TO 2-1). Deir Roinn 12.5.5 an Phlean seo agus iad ag tagairt do Chogadh an Saoirse agus Cogadh Cathardha;

‘it is the intention of Cork County Council to acknowledge the importance of these sites and to endeavour to protect and preserve them as places of historic heritage’¹⁸⁰.

Mar chuid dá ngeallaúintí i dtaoibh oidhreacht fán mbealach tá an TII ag cur cleachtais cuardach miotail agus claiseanna tástála seandálaíochta dá ghearradh acu ar shuíomh an luíocháin. Agus mar fhocal scoir, tá scannánú ón aer maraon le suirbhé fotógrafaíochta déanta cheana féin roim críochnú na h-oibre tógála.

Na Priomh Bagairtí:

- Suíomhanna atá tábhachtach go náisiúnta ach nách bhfuil caomhnaithe le dlí.
- Aithint agus tuiscint ar an ngá chun árdú ar bhainistiú ceart Oidhreachta do Mhúscraí.

¹⁷⁹ Irish Archaeological Consultancy, *A review of the evidence – the Coolnacaherach Ambush Site, 25th February 1921, County Cork* (2008), 16

¹⁸⁰ Cork County Council, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Cork: Cork County Council, 2014), 198-199

6.0 Deiseanna agus Srianachtaí

6.1 Cúlra

Treoiríníte ar leith le caomhnú agus forbairt a dhéanamh ar Ghaeltacht Mhúscraí ionas go mbeadh an Suntasaíocht Oidhreachta cothabháilte go h-oiriúnach is ea gnó pholasaí caomhnaithe.

Tá dian mhachnamh ar bacla polasaí caomhnaithe le forbairt is le díriu ar na buncheisteanna seo leanas:

- Riachtanaisí áitreabhaigh na Gaeltachta;
- Srianachtaí agus deiseanna maidir le forbairt an láthair, bunaithe ar an Ráiteas Suntasaíochta do chur ar fáil;
- Prionsabail na gcairt is foláirimh cuí (m.s. Burra & Québec);
- Reachtáíocht cuí, treoir linnte agus pleananna forbartha.

6.2 Riachtanaisí na nÁitreabhach

Is tírdreach beo síor-atharach í Gaeltacht Mhúscraí. Is áit í mara a n'oireann do dhaoine a bheith. Ach, seachas an árdú daonra le linn ré an Tíogair Cheiltigh, tá an daonra ag dreo do réir a cheile, le tamall fada. Gan pobal inbhuanaithe dúchasach caillfear ana chuid des na príomh gnéithe a thugann tábhacht idirnáisiunta do Mhúscraí. Tá postanna oiriúnacha a comhlánann a gcuid oideachais, a n'ábaltach is a gclaonadh chun oibre, lárnach le rachtanaisí na ndaoine ag maireachtaint sa Ghaeltacht. Tá soláthar seirbhísí fóna (m.s. siopa, Oifig Poist, Bus, leathan-bhanda 7rl) riachtanach chun martha sa Ghaeltacht.

Le linn na gcruinnithe comhcomhairle poiblí agus na h-agallaimh le áitreabhaigh Ghaeltachta, ba rí-shoiléir an dlúth-cheangailt idir dhaoine agus áitreabh. Cé go bhfuil postanna agus seirbhísí oiriúnacha, riachtanach don saol laethiúil, tá árdchaighdeán timpeallachta fisiciúil agus cultúrtha chomh maith. Gan é seo a bheith amhlaigh, aistreóigh ana chuid daoine go ceanntracha mara bhfuil an infrastruchtúr agus fostaíocht níos fearr. Do réir dealraimh ta seo déanta ag ana chuid daoine cheana féin. Ach b'fhearr leis an chuid is mó acu fanúint sa Ghaeltacht nó, fós ag tnúth le socrú síos arís sa Ghaeltacht I ndeireadh báire.

Cé go bhfuil riachtanaisí bunúsacha comónta i measc na áitreabhaigh Mhúscraí, is féidir easaontas a bheith eatartha maidir leis an slí is fearr len iad seo a sholáthar. Ní pobal monailíotach í an Ghaeltacht. Ba bhreá le roinnt daoine níos mó turaseoireachta a mhealladh chun an cheanntair. Chothódh sé seo postanna agus seirbhísí áitiúla a d'fhéadfadh a bheith faoi bhagairt. Ar an dtaobh eile, bheadh daoine eile den dtuairim gur bagairt an turaseoireacht do charactéir an Ghaeltacht. Sampla eile isea brabús airgid a tuitear le foraois do chur ar thalamh immealach. Ar abharaí an tsaoil scriosfadh an plandáil sin oidhreacht an pasite talaimh ar fad. Measan morán daoine go bhfuil na crainn sin ag loit an tír radharc. Tá gach tuairim fiúntach san dá shampla. Sé curam an duiciúiméad seo an treor a thabhairt nuair a thárlaíon aighneas dá leithéid. Ní féidir athrú do sheachaint. Cabhróigh an doiciméid seo le pobal Mhúscraí bainistiú do dhéanamh ar an t-athrú sin.

6.3 Srianacht ag eirí as suntasacht

6.3.1 Measúnú ar Luachanna Oidhreachta

Glactar leis go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag Gaeltacht Múscraí. Tá táipéis d'áitreabh is daoine iata laistigh den gceantar tírdhreach seo agus iad ar thábhacht áitiúil, réigiúnda, náisiúnta agus idirnáisiúnta mar a bhfuil i réim inniu tírdhreach beo le brí doimhin. Is cóir d'aon bhainistiú, sna todhachaí, na srianta a eascrann as luachanna oidhreachta aitheanta do thógaint ar bórd.

Imeasc na gnéithe suntasach aitheanta:

- Aireagal Naomh Fionnbarra i nGúagán Barra. (ráta tábhachta: náisiúnta)
- Coimpléasc oilithreachta Naomh Gobnait. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- Bailiúcháin Béaloideas na Gaeltachta seo agus an nasc idir dhaoibh is áitreabh. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- Ról Muintir Mhúscraí agus an tirdreach sa choimhlint ar son Cearta na Talún agus Saoirse. (Ráta tábhacht: idir-náisiúnta)
- An árd dlús séadcomharthaí ó aois na CréÚmha is luath Meánaoiseach. (ráta tábhacht: náisiúnta)
- An cleachtas Oilithreachta. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- An tradisiún beo ceoil, amhráin, filíocht agus rinne. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- An dá dhealbh ealaíonta i Múscraí. (ráta tábhachta: náisiúnta)
- An fhoirm uathúil teangeolaíoch Gaeilge Mhúscraí. (ráta tábhachta: náisiúnta)
- Tá ról suntasach ag Múscraí i gcaomhnú na teangan Gaelach agus an cheoil Gaelach. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- An tochair seandálaíochta ar dhá shuíomh cócaireachta ó aois an ChréÚmha (fulachtaí fia) a déanadh i 1952 ag an Ollamh O'Kelly. (ráta tábhachta: náisiúnta)
- An muileann Olna sa Chill Mhór. (ráta tábhachta: réigiúnda)
- Sráid-dhreachaibh na sráidbhailte ó dheireadh an 19ú aoise go luath 20ú aoise. (ráta tábhachta: réigiúnda)
- Na tithe ferime, cróite agus sciobóil ó dheireadh na 19ú aoise go luath 20ú aoise. (ráta tábhachta: réigiúnda)
- Séipéal na gCéad Torthaí agus Tigh Gleibe i mBaile Mhic Íre/Baile Mhúirne. (ráta tábhachta: réigiúnda)
- An réimse leathan gnáthóga sa cheanntar. Tá an caighdeán agus tábhacht an Bitheagsúlachta sa cheanntar ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. (ráta tábhachta: idirnáisiúnta)
- Abhantracht na Laoi (ráta tábhachta: réigiúnda)

Is cóir aon deis maidir le luachanna oidhreachta thuas luaite a bhuanú is a ath-bhuanú, nuair tá sé oiriúnach, a fhiosrú is do chur i bhfeidhm. Is cóir béim ar leith do chur ar neartú úsáide na láthaireacha suntasacha agus nósanna na n-áitreabhach ina ngnáth saol laethiúil.

6.3.2 Treoirí na bPrionsabail Oidhreachta

Níl aon chairt caomhnaithe ginearálta ar leith a dhéanann déileáil le bainistiú ar réigiúin mór stairiúil seo. *Cairt Burra* (2013) an ceann is comhgaráí. Doicaiméid eile atá ionchurtha isea an *Québec Declaration on the preservation of the spirit of place* (2008). Tugann na prionsabail sa chairt, is an dearbhú, treoir ar leith maidir le forbairt ar an nGaeltacht. Mar sin caithfear caomhnú agus forbairt Mhúscraí do chomhlíona dho réir prionsabail oiriúnacha ina cairte agus an dearbhú. Le n'áireamh ina measc siúd tá:

Cairt Burra Alt 1.2

Cialiaíon tábhacht Chultúrtha an luach aestitiúil, stairiúil, eolaíoch, sóisialta nó spioradálta a ghabhann le tráth atá imithe, atá ann inniu nó a bheidh, d'aon ghlúin. Tá tábhacht Cultúrtha inchollaithe ins an áit féin, a chodaibh uilig, a shuíomh, úsáid, gaolta, a chuid mínithe, tuairiscí, áitreabh gaolta agus ábhair gaolta. Is féidir go mbeadh réimse luachanna igceist maidir le h-aonaraigh is grúpaí éagsúla.

Cairt Burra Alt 2.4

Is cóir cosaint a thabhairt do áitribh suntais Cultúrtha agus gan iad a chuir i mbaol nó i laige.

Cairt Burra Alt 12

Is cóir do chaomhnú, léirmhíniú agus bainistiú áitreabh, rannpháirtíocht do sholáthar dos na daoine lena mbaineann sé is a chuid míreanna tábhachtacha, a bhrí speisialta dhóibh, nó ag á bhfuil freagracht cultúrtha eile, nó spioradálachta, acu ina bhith.

Cairt Burra Alt 13

Is chóir aitheantas, omós agus spreagadh do thabhairt do luachaibh cultúrtha atá i láthair le chéile. Tá tábhacht leis seo go h-áirithe i gcásanna mar a bhfuil aighneas.

Cairt Burra Alt 22.1

Bheadh obair nua inghlacaithe, ar nós aguisíní breise nó athruithe súioimhe eile, nuair atá omós aige don áit agus gan bréagnú ná doiléiriú dá dhéanamh aige ar an suntasaíocht cultúrtha ann, nó gan laghdú ar an léirmhíniú nó an meas atá air.

Cairt Burra Alt 24.2

Is cóir omós a thabhairt do mhínithe suntasacha áite, luachanna spioradálta san áireamh. Is cóir an deis chun leanúnachais agus athbheóchana na mínithe sin a bheith fiosraithe agus curtha i bhfeidhm.

Cairt Burra Alt 25

Is minic gan an suntasacht cultúrtha 'bheith ró-shoiléir in áiteanna, agus is cóir léirmhíniú do dhéaneamh orthu. Is cóir go gcuirfeadh léirmhíniú le tuiscint agus rannpháirtíocht, agus a bheith cuí go cultúrtha.

Cairt Burra Alt 27.1

Is cóir tionchar athraithe beartaithe, agus athraithe síor-mhéadaithe ar an suntasaíocht cultúrtha áite, do mheas ag tagairt don ráiteas suntasaíochta agus an polasaí bainistíochta an tsuíomh. Thárlódh sé é bheith riachtanach maolú do dhéanamh ar na athraithe atá beartaithe, ionas coimeád níos fearr a dhéanamh ar an suntasaíocht cultúrtha.

Cairt Burra Alt 27.2

Is cóir taifeadta imleor an chreatalaigh, a úsáid, a chomhcheangailtí, agus a mhínithe bheith taifeadta roim agus i 'ndiadh aon athraithe do bheith déanta d'áitreabh.

Fógairt Québec 1

Agus sinn ag aithint go bhfuil spiorad áite déanta d'elimintí inlámhsithe (suíomhanna, foirgnimh, tírdreachaibh, bealaí, rudaí), i dteannta le h-elemintí doláimhsithe (cuimhne, scéalta, scríbhinní, docuiméadaí, féilte, comóradh, deasgnátha, eolas thradisiúnta, luachanna, uigeachtaí, dathanna, boladh, agus rl.), iad uilig a chuireann go suntasach le h-áitreabh a chruthú is chun spiorad a thabhairt dó, fógraímid go dtugann oidhreacht chultúrtha doláimhsithe miniú níos iomláine agus níos shaibhre do oidhreacht in iomlán agus caithfear é a thógaint san áireamh I ndéanamh gach reachtaíocht a bhaineann le h-oidhreacht cultúrtha, agus i ngach tógra caomhnaithe is athchóirithe séadchomharthaí, suíomhanna, tírdreachaibh, slite agus bailiúcháin rudaí.

Fógairt Québec 3

Ós rud é gur próiséis athchruthú atá le spiorad áite, agus é ag freagairt ríachtanaisí chun athraithe agus leanúnachas na bpobail, seasaímíd leis an gcinneadh gur féidir athrú le h-imeacht ama agus ó chultúr amháin go cultúr eile, do réir cleachtadh a gcuimhne, agus gur féidir le h-áit áirithe, spioradanna éagsúla do chomhroinnt idir ghrúpaí difiriúla.

Dearbhú Québec 9

Ós rud é gurab iad na pobail áitiúla na daoine is fearr chun tuiscint iomlán a bheith acu ar spiorad an áitribh, go h-áirithe i gcás grúpaí traidisiúnta cultúrtha, dearbhaímíd gurab iad na pobail seo atá cóirithe is fearr chun é a chosaint agus ba chóir go mbeadh dlúthbhaint acu le gach saothar maidir le spiorad áite a fhorchoimeád agus a tharchur. Is cóir tacaíocht a thabhairt do shlite tharchuir neamh fhoirmeálta (scéalta, deasgnátha, taispéantaisí, eispéiris traidisiúnta is cleachtaisí 7rl.) agus foirmeálta (cláracha oideachasúla, bunachair digiteacha, suiomhanna idirlíne, úirlisí oideolaíochta, léirithe uil-mhéanacha, 7rl.) toisc go gceintíonn siad cosaint spiorad áite, agus níos tábhachtaí, forbairt inbhuanaithe agus sóisialta an phobail.

Ag éirí as na prionsabail oiriúnacha thuas luaite, ní chóir go mbeadh tionchar díobhálach ceadaithe do ghnéithe den suntasaíocht ach amháin nuair:

- nuair atá dóthain eolais ar fáil a léiríonn tuiscint cheart faoi thionnchar aon tairiscinte, ar shuntasaíocht an Ghealtacht;
- measúnú iomlán cruinnithe ar roghanna malartacha a mhaolódh tionnchair diúltacha;
- nuair is féidir téarnamh ar gnéithe d'árd suantasaíocht (ní bhaineann ach le míreanna le suntasaíocht iséal nó atá ionsaitheach);
- nuair a chabhraíonn sé le leanúnachas lonnaíochta agus úsáid na suiomhanna aonaracha suntasaíochta agus, an réigiúin ar fad;
- nuair nách bhfuil aon rogha éagsúil sodhéanta a bhronnfadh caighdeáin sabháltachta agus /nó riachtanaisí dlíthiúla agus
- go bhfuil taifead sásúil déanta ar cheanntar nó elimint.

6.4 Comhthéacs Pleanála Oidhreachta

Tá elimintí de thírdreach Mhúsraí caomhnaithe fé chonarthaí agus conbhinsin idirnáisiúnta, reachtaíocht náisiúnta, agus faoi threoir reachtúil agus neamh reachtúil. Le n'áireamh tá *Acht Forbairt agus Pleanáil 2000*, an *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004*, *Treoracha Eorpach ar Éanlaithe (1979)* agus *Treoracha ar Ghnáthóga (1992)*, na *Rialacháin ar Éanlaithe agus Gnáthóga Nádúrtha 2011*, an *Act Fiadhúlra 1976*, agus an *Acht Fiadhúlra (Leasú) Act 2000-2010*, *Plean Forbartha Chonntae Corcaighe 2014*, agus an *Plean Bithéagsúileachta Chonntae 2009-2014*. Beartaisí stáit is rialtais áitiúil eile ar nós tuairisc CEDRA, *Stráitéis Turasóireachta Contae Chorcaí*, an *Stráitéis 20 bliain na Gaeilge (2010-30)* agus beidh tionnchar ag an *Stráitéis Náisiúnta Tírdhreach Éireann 2015-2025* agus *Project Ireland 2040: National Planning Framework (2018)* ar aon pholasaí nó gníomhaíocht a bheadh molta.

6.4.1 Act Pleanáil agus Forbairt 2000

Tá aon structúr déag i nGaeltacht Mhúsraí liostaithe i dTaifead Structúir Caomhnaithe Contae Chorcaighe (RPS). Tá na hachmainní seo caomhnaithe fé *Act Pleanáil agus Forbairt 2000* dá thoradh. Caithfear cead pleanála a lorg ó Comhairle Conntae Chorcaighe sa chás go dteastódh ó úinéirí na bhfoirgneamh sin athraithe do dheanamh a dhéanfadh athrú ar charactéir na n-árus sin.

6.4.2 Act na Séadcomharthaí Náisiúnta

Tá 392 suiomh Seandálaíochta sa cheantar ata liostáltha ag Taifeadta na Séadcomharthaí agus Áiteanna (RMP). Tugann an liostáil seo cosaint dóibh fé *Achtanna na Séadcomharthaí Náisiúnta 1930-2004*.

6.4.3 Caomhnú an Fiadhúlra

Tá caomhnú bronnta ar roinnt species is tírdreach ainmnithe fé scáth *Treoracha Éanlaithe Eorpach (1979)* agus *Treoracha ar Gnáthóga (1992)*, na *Rialacháin do Éanlaithe agus Gnáthóga Nádúrtha 2011*, *Act an Fiadhúlra 1976* agus *Act Fiadhúlra (Leasú) 2000-2010*. Nuair a beartaíotar forbairt a luíofadh ar speices atá caomhnaithe nó áit chaomhnaithe, caithfear ceadúnas maolaithe a lorg ón Seirbhís Páirceanna agus Fiadhúlra Náisiúnta. Tá ocht suiomh ainmnithe do chaomhnú an nádúir i Múscraí.

6.4.4 Plean Forbairt Conntae

Aithníonn *Plean Forbartha Conntae Corcaighe 2014* tábhacht ár n'oidhreacht teangan. Tugann polasaithe agus aidhmeanna cosaint agus treoracha maidir le deileáil le forbairtí agus a dtionchar ar chultúr na Gaeltachta. Deir an docuiméad, maidir le ceantacha Gaeltachta Contae Chorcaí, 'nách mór aire speisialta chun caomhnaithe ar oidhreacht cultúrtha agus teangan, gan bac dá chur ar fhorbairt agus le freagra oiriúnach ag freastal ar dheiseanna is dúshláin'¹⁸¹. Aithníonn sé chomh maith go bhfuil pobal beo ó thaobh eacnamaíocht agus shóisialta riachtanach chun an Ghaoluinn do choimead beo mar theanga pobail¹⁸². Aithníonn an plean an ról lárnach atá ag an córas pleanála maidir le cumas maireachtála sa Ghaeltach – "aithnítear go bhfuil an gaol idir forbairt agus an teanga is cultúr gaelach casta agus ní abhar é go sásóigh socrú simplí é agus, chomh maith, go bhfuil tionnchar tábhachtach neamh dhíreach ag na cumhachtaíbh pleanála ar chaomhnú agus cosnamh an chultúir¹⁸³.

Sé moladh an phlean chun cosnaimh na h-oidhreachta teangeolaíoch is cultúr ceantacha Gaeltachta Chorcaí trí:

- a) Gríosadh do dhéanamh lasitigh den Ghaeltacht ar fhorbairt a fhógraíonn, a chabharaíonn, agus a thacaíonn leis an oidhreacht cultúrtha, úsáid teanga na Gaolúinne san áireamh.
- b) Gríosadh do dhéanamh lasitigh den Ghaeltacht ar fhorbairt a chuireann fostaíocht ar fáil nó áiseanna shóisialta, go speisialta, ach ní amháin, do dhaoine óga áitiúla.
- c) Cur i gcoinnibh forbairt sa Ghaeltacht go raibh deallramh air go gcuirfeadh sé ar gcúl an oidhreacht chultúrtha (úsáid na teangan ag an bpobal san áireamh) murach go raibh tairfí faid-téarmacha ionmhaireannacha níos a thabhachtaí do leas an phobail áitiuil nó do phleanáil ceart agus forbairt ionmhaireannach don réigiún níos leithine.
- d) Deimhin do dhéanamh de go bhfuil an Ghaoluinn mar phríomh theanga ar fhógraíocht oifigiúil sa Ghaeltacht mura bhfuil cúis dearfa agus trom-thábhacht chun a mhalairt do dhéanamh.
- e) Dímhóladh do dhéanamh ar aon taispeántas bolscaireachta sa Ghaeltacht, nách n'úsáideann an Ghaoluinn mar phríomh theanga.

¹⁸¹ Cork County Council, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Conate Chorcaí, 2014), 199

¹⁸² Ibid

¹⁸³ Ibid

- f) Macnamh do dhéanamh ar an mbuntáiste a bhainfeadh le coinníol a loragódh scrúdú anailíseach tionchair teangeoláioch ó iarrtas pleanála do mhór fhorbairt. Is cásanna iad seo ná beadh a dtionnchar ar úsáid na Gaolúinne mar theanga an phobail go faid téarmach soiléir ón dtús, ach go háirithe le linn cinnneadh dá dhéanamh maidir le bronnadh an chead pleanála¹⁸⁴.

Maidir le bainistiú tithíocht tuaithe, tugann an plean forbartha le fios go ndeanfaí freastal ar dhaoine áitúla más mian leo tigh a thógaint dá n'úsáid buan féinig. Go deimhin is é polasaí ráite an plean go “dtacófaí is go n’ath-nuafaí pobail buanaithe tuaithe, trí chabhair a thabhairt dóibh siúd ag á bhfuil gátar tithíochta d’fhonn maireachtaint imeasc a bpobal tuaithe”¹⁸⁵. Moltar do dhaoine nách gcáilíonn do thithíocht tuaithe, dul chun maireachtaint i sráidbhailte nó baile mór. Tacaíonn an plean forbartha go rábach le h-ath-nuachtaint fotharaigh (Aidhm RC1 8-1). Ní ceadaíotar tógáil tithíochta saoire nó tithíochta táinisteacha lasmuigh de theorainn forbairtí lonnaíochta.

6.4.5 Tuairisc an Coimisiún um Forbairt Eacnamaíocht Tuaithe Éireann (CEDRA)

Bunaithe ag an rialtas i 2012, b'é príomh dhualgas CEDRA tionscnamh stratéiseach a aithint a chinnteodh go dtacódh na ceantair tuaithe le cúnaimh imharantach d'fhás na h-eacnamaíochta náisiúnta, agus a fhorbairt ins an todhchaí. Thug an tuairisc a foilsíodh dá thoradh i 2014, anailís géarchúiseach ar na fadhbanna agus chuir sé sraith moltaí I láthair an rialtais. Bhunaidh sé leis, Criosanna Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ). Tá na ceantair REDZ seo feidhmeach, seachas ina gceanntracha riartha geografach a leiríonn an patrún spásúil gníomhaíochtaí eacnamúla áitiúil, agus na próiséis forbartha atá ar bun. Is é Mágh Cromtha an ceantar REDZ ina bhfuil Múscraí. Tá an Plean Oidhreachta seo ag coimead le fealsúnacht tuairisc CEDRA a mholann réiteach áit-ar-leith trí threoir cros-rannógach. Aithníonn an Plean Oidhreachta seo comh maith, an rí-ról bríomhar sóisialta is eacnamúil atá ag Mágh Cromtha i mbeatha Mhúscraí. Mar sin tacaíonn an Plean seo le Maghcromtha a bheith ainmnithe mar phríomh bhaile seirbhísí Gaeltachta Mhúscraí faoi Acht na Gaeltachta 2012.

6.4.6 Fás earnáil turasóireachta i gCorcaigh: straitéis cumannach

Foilsithe i 2016, is é aidhm comh-straitéis Chathair is Comhairle Contae, líon na gcuartheoirí baile is eachtrannacha go Corcaigh do mhéadú go 2.8 milliún um 2020. Díríonn an plean go n-iomlán ar chósta Chorcaí. Níl aon tagairt do's na focail “Múscraí” nó “Gaeltacht”.

Aithníonn an docuiméad trí shaghas turasóir a bhí ‘bog’ le turas do thabhairt ar Chorcaigh. D’áinmnigh Fáilte Ireland iad seo: Fiosrach faoi Chultúr, Adathóirí Shóisialta agus na Laochra Éalaithe. Gí go bhfuil difríochtaí idir na trí ranna, tá a bhfurmhór ag lorg taithí suimiúil, fírinneach. Tagann na daoine seo ó cheithre príomh mharagadh; an USA, an UK, an Fhrainc agus an

¹⁸⁴ Ibid, 200

¹⁸⁵ Ibid, 54

Ghearmáin. Sholátharaigh na ceithre tíortha seo eatortha 97% de chuairteoirí go Corcaigh¹⁸⁶. Sa bhliain chéanna bé €94.59 an gnáth mheán chaiteachas ag na cuairteoirí seo¹⁸⁷.

Cé go ndíríonn an stráitéis ar achmhuinní nádúrtha, fisiciúla agus oidhreacht do-láimhsithe an chontae, níl aon treoracha ar fáil ann maidir lena gcaomhnaithe. Go deimhin níl aon tagairt ann don diobháil a imríonn turasóireacht droch bhainistithe ar shuíomhanna stairiúla, timpeallacht nádúrtha nó ar thraidisiúin cultúrtha.

Ritheann teora Mhúscraí 15.7km lastoir de shlí turasóireachta an t-Atlantach Fhiain. Luíonn an Gaeltacht lasmuigh de réimse Oirthear Éire Ársa.

6.4.7 Straitéis 20 bliana Teanga na Gaolainne (2010-2030)

Méadú fá thrí ar líon na gcainteoirí Gaolainne go 250,000 is príomh aidhm don docuiméad seo ó 2010¹⁸⁸. Dhá aidhm eile luaite is ea méadú 25% ar chainteoirí Gaolainne sa Ghaeltacht agus méadú ar chumas daoine teacht ar sheirbhísí stáit trí Ghaeilge. Tógann an docuiméad ar *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* de chuid an rialtais. Ón trí aidhm déag luaite ag an bpolasaí seo, deir aidhm a ceathair “Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge¹⁸⁹.

Mar chuid den bplean Straitéis 20 bliain seo tá d’fhiacaibh ar gach ceantar Gaeltachta plean forbartha teangan do chur ar fáil a chaomhnóigh is a thacóigh le h-úsáid na Gaolainne mar theanga pobail. Caillfidh aon cheantar, ná cuireann a leithéid ar fail laistigh de thréimhse dhá bhliain, a stádas Gaeltachta. Roghnaigh Údarás na Gaeltachta Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo leis an bplean seo do chur ar fail. Deanadh é sin i 2017. Seo leanas príomh aidhmeanna Phlean Teangan Mhúscraí¹⁹⁰:

- Imeachtaí Sóisialta -clár leathan imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm don aos óg agus don aos fásta, chun úsáid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil a chur chun cinn imeasc an phobail agus chun níos mó deiseanna úsáide a chruthú dóibh.
- Tuismitheoirí -Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na tuismitheoirí trí mheán ceardlanna Gaeilge neamhfhoirmiúla, ranganna Gaeilge foirmiúla, imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge, acmhainní i dtaca leis an obair scoile, níos mó eolais agus comhairleoireachta maidir le buntáistí an dhátheangachais.
- Ranganna Gaeilge - Réimse leathan ranganna foirmiúla & neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do gach aoisghrúpa.
- Ionad Curam Leanaí (Crèche) Dá luaithe is a chloiseann an páiste Gaeilge, is ea is fearr é. Ionad Cúram Leanaí a fhorbairt i nGaeltacht Mhúscraí chun seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Cinneadh Comhfhiosach-Go ndéanfadh muintir na háite agus gnóthaí pobail na háite a spreagadh i dtreo cinneadh comhfhiosach níos mó Gaeilge a labhairt.
- Teanga an Bhaile - An méid Gaeilge a labhraítear sa bhaile a mhéadú
- Feasacht Teanga - Go mbeadh feasacht, bród agus mórtas i leith Gaeilge a labhairt
- Polasaithe Gaeilge - Méadú i líon na ngnóthaí áitiúla, na n-eagraíochtaí pobail áitiúla agus na n-ionad pobail le polasaí Gaeilge á chur i bhfeidhm acu faoi dheireadh thréimhse an Phlean.

¹⁸⁶ MCCP The Planning Agency, *Growing tourism in Cork: a collective strategy* (Comhairle Cathair Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí: Corcaigh, 2016) 14

¹⁸⁷ Ibid, 11

¹⁸⁸ *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, (Rialtas na hÉireann, 2010) 9

¹⁸⁹ Ibid, 4

¹⁹⁰ *Plean teanga do limistéar pleanála teanga Mhúscraí*, (Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo, 2017) 183-

- Líon na gCainteoirí Gaeilge Idir thús saolré an Phlean agus 2021 cuirfear stop le laghdú / meath na Gaeilge sa limistéar agus cuirfear stop leis an méadú sa líon daoine gan Ghaeilge acu. Idir 2021 agus deireadh thréimhse an Phlean (2025) beidh méadú ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge agus laghdú ar an líon gan Ghaeilge acu:
- Líon na bPáistí Réamhscoile le Gaeilge - Méadú i líon na leanaí go bhfuil Gaeilge mhaith agus Gaeilge ó dhúchas acu ag tosnú sna naíonraí áitiúla faoi dheireadh thréimhse an Phlean Teanga.
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta - Go mbeadh stádas Scoil Ghaeltachta bainte amach ag gach scoil sa limistéar le linn thréimhse an Phlean Teanga.

Reachtáileadh roinnt cruinnithe le príomh údar an PLeán Teangan Mhúscraí ionas go mbeadh an docuiméad seo mar taca do aidhmeanna agus gníoháochtaí an pleán teangan.

6.4.8 Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025

Go bunúshach, is amhlaigh a dhíríonn pleán an lae inniu ar thaighde, aithne, tógáil agus traéneáil. Soláthar eolais a thabharfaidh deis chun ciní níos fearr maidir le bainistiú ár dtírdhreach, is cuspóir don bpleán seo.

6.4.9 Project Ireland 2040: National Planning Framework

Foilsíodh é i mBéarla amháin Feabhra 2018, agus feidhm aige forbairt náisiúnta, réiginiúnda agus spás áitiúil do threorú go dtí an bhliain 2040 le structúr aidhmeanna. Tá bonn dlithiúil faoi trí aguisíní leis an Acht Pleanála agus Forbartha. Laistigh den structúr aidhmeanna seo tá aidhm amháin polasaí a bhaineann go háirithe leis an nGaeltacht:

Aidhm Polasaí Náisiúnta 29

Tacú le cur i grích na bpleananna teangan i gceantracha Pleanáil Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus Gréasáin Teanga Ghaeilge.¹⁹¹

Roinnt polasaithe eile, bainteach le forbairt Mhúscraí, le n'áireamh:

Aidhm Polasaí Náisiúnta 14

An tuiscint áitribh, cultúir agus caighdeán caraicéar is gnéithe eisceachtúla Tírdhreach Tuaithe na hÉireann do chosaint is do mholadh chun tuatha na hÉireann do dhéanamh aoibhinn is tarraiceach mar bhall maireachtála, saothair is cuairde.

Aidhm Polasaí Náisiúnta 15

Tacú le forbairt inmhairtheannach na gceantracha tuaithe agus cosc do chur ar feo na gceantracha mar a bhfuil dreo daonra le linn na ndéicéamh blianta is déanaí agus trí bhainistiú do dhéanamh ar fhás na gceantracha sin faoi thionchar mhór urbach ionas go seachnófaí iomarca forbartha ansúd faid atá iarrachtaí caomhnaithe dá ndéanamh ar phobail beo bríomhar do choimead faoin dtuath.

Aidhm Polasaí Náisiúnta 23

Tacú le forbairt eacnamaíocht tuaithe trí thacaíocht do thabhairt d'fhorbairt earnáileacha inmhairtheanneacha bidh is talamhaíochta maraon le foraoiseacht, iascaigh agus feirmeoireacht fó-uisce, fuinneamh agus tionnscail súthach, an eacnamaíocht bhitheolaíoch agus an claochlódh chun na h-éagsúlacht gníomhaíochta as-feirme is ar-feirme, faid is atáthar ag coinnibh aithne ar thábhacht caomhnaithe an tírdhreach nádúrtha tuatha is an oidhreacht tógála sin atá chomh tábhachtach do thionnscail na turasóireachta tuaithe.

Aidhm Polasaí Náisiúnta 55

¹⁹¹ Department of Housing, Planning and Local Government, *Project Ireland 2040: national planning framework*, (Rialtas na hÉireann, 2018) 85

Usáid fuinneamh inmhairtheannach, agus a ghinnte, in áiteanna oiriúnacha laistigh den timpeallacht tógtha, nó nádúrtha, ionas gur féidir an aidhm eacnamaíochta bunaithe ar charbón íseal do chur i gcrích roim 2050.

Gí go bhfuil aitheantas le fáil i structúir polasaí na ndocuiméad Stráitéise maidir le caomhnú Oidhreacht Tógtha agus Nádúrtha, níl aon tagairt beacht ann do oidhreacht do-láimhsithe. Go deimhin sé an t-aon aidhm cuí atá ann ná:

Aidhm Polasaí Náisiúnta 60

Caomhnú agus cur le tréithe saibhre Oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha na hÉireann i slí oiriúnach ar aon dul len' a dtábhacht.

Comrádaí an *Structúr Pleanála Náisiúnta* is ea an *Plean forbartha Náisiúnta 2018-2027*. Tá uasghrádú an N22 ó Bhaile Mhúirne go MagCromtha le dul chun cinn mar chuid de phlean €116 billiún infheistíochta deich mbliana¹⁹². Maíonn an Plean infheistíocht €178 milliún áirithe mar thacaíocht do Theanga na Gaolúinne, An Ghaeltacht agus na h-Oileáin¹⁹³. Ar deireadh, tá sé i gceist an Plean Náisiúnta Leathan Bhandá do scaipeadh mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta. Díreach roim seoladh an Phlean Forbartha Náisiúnta fairíor, thárla sé gur tharraig ceann den dá chomhlucht fágtha sa phróiséis tairiscinte as an deileáil, rud a fhágann amhras anois faoi sheasamhacht an Phlean Leathan Bhandá¹⁹⁴.

¹⁹² Department of Public Expenditure and Reform, *Project Ireland 2040: national development plan 2018-2027*, (Government of Ireland, 2018) 41

¹⁹³ *Ibid*, 50

¹⁹⁴ Will Goodbody, "Is the National Broadband Plan doomed", *www.rte.ie* (February 4, 2018), www.rte.ie/news/analysis-and-comment/2018/0204/938189-rural-broadband/, (Accessed: 26/2/2018)

7.0 Polasaithe Caomhnaithe agus Gníomhaíochta

7.1 Réamhrá

An t-aon mhódh marthanach le caomhnú do dhéanamh ar luachanna oidhreachta is ea comhcheangailt do dhéanamh, leis na gnéithe sóisialta is eacnamúla a ghoilleann ar na háitreabhaigh, mar go bhfuil an cumasc seo idir suntasaíocht príomhga oidhreacht Mhúscraí agus na daoine a mhaireann ann. Tá suntasaíocht príomhdha oidhreacht na Gaeltachta agus a ghiodam eacnamúil is shóisialta faoi bhrúgh le fiche nó triocha bliain anuas. Ní an siar atharú amháin (tráthú daonra agus tionnchar domhanda) faoi ndearadh é seo ach an freagra a tugadh don atharú sin, chomh maith.

Lorgaíonn bainistiú éifeachtach oidhreachta, aisling laidir a thabharfaidh treoir glan i dtreo forbartha agus caomhnú inbhuanaithe. Is cóir d'aon strátéis bheith comhthrom agus solúbtha chun freastal ar riachtanaisí faidtéarmacha Mhúscraí agus Muintir Mhuscraí. Seo thíos aisling na doiciméide seo:

Is áit dochreidthe beo fuinniúil é Múscraí. Is áit í ina bhfuil carachtair na ndaoine agus an tírdreach fite fuaite trína chéile ar chomhspleáchas. Tagann athraithe de shíor. Is chun cabhrú le múintir Mhúscraí bainistiú ar athrú is cosaint do dhéanamh ar na gnéithe suntasaíochta príomhdha sa réigiún ina maireann siad, is cúram don docuiméad seo. Tá súil go gcabhróigh an docuiméad seo le h-áit níos fearr chun maireachtála, chun saothair agus chun téarnaimh chuige, de Ghaeltacht Mhúscraí.

Ta na polasaithe agus na gnímh uile ag claoi go dlúth leis an aisling sin. Níl aon chuid acu seachtrach. Táid cruthaithe chun cur le agus tacú dá chéile.

I dteannta le bheith faoi dhéan na h-aislinge seo, áiríonn na polasaithe caomhnaithe agus gnímh seo na sríanta ábharthacha, na deiseanna agus riachtanaisí na n'áitreabhach, do réir na bprionsabal seo leanas:

- coimead an oidhreacht shuntasach ina n'áiteanna aonaraigh, a chomh-dheanann Múscraí;
- Comhairle an phroifisiúnaí agus an Conraitheóir ábalta d'úsáid, do réir mar atá gá leo.

7.2 Polasaithe agus Gníomhaithe

Polasaithe Ginearálta

- Is cóir go solátharódh an CMIP seo bonn le gach cinneadh a déantar maidir le bainistiú oidhreachta Mhúscraí.
- Is cóir gurb é an CMIP atá mar bhonn ag Comairle Contae Corcaighe, Údarás na Gaeltachta agus na rannóga Stáit eile, nuair atá cinneadh dá dhéanamh acu i dtaobh Mhúscraí.
- Is cóir go mbeadh gach forbairt inbhuanaithe agus ag seasamh le cultúr agus módh maireachtála na Gaeltachta seo.

Turasóireacht

Polasáí

Gríosadh do dhéanamh ar fhorbairt tionscail inbhuanaithe turasóireachta a dhíríonn isteach ar an dteanga, tírdhreach agus traidisiúin Mhúscraí. Gí go bhfuil féin-aithne, féin-mheas agus misneach na Gaeltachta seo láidir agus éagsúil, ní mór feabhas do chur ar an aithne atá ar an gcultúr neamh choitianta éagsúil seo, lasmuigh de dhúthaigh Mhúscraí féin. Neartaíonn agus soiléiríonn an

gníomh innste scéil, an neamhchoitiantacht, an áilleacht agus an dlús áite a bhaineann le ceann tar ar leith.

Gníomhaíochtaí

- Ní mór do chúig sráidbhaile na gaeltachta teacht le chéile chun tionnscail inmharthannach turasóireachta a chothú. Sampla maith oibre is ea *Loop Head Tourism*. Ba cheart comhdháil áitiúil do reachtáil mar a mbeidh gach duine bhfuil a ladhair acu san earnáil I láthair ó gach sráidbhaile, le h-éisteacht le cad é an cleachtas is fear, agus le stráitéis do iomlán na Gaeltachta seo. Sampla maith de an saghas cainteora a bheadh i *Loop Head Tourism, Knockmealdown Active, the Lee Sessions, Sheeps Head Way, a City of a thousand welcomes* nó *Burrenbeo*. B'fhéidir gur cheart turas taighde d'eagrú go Ceann Léime.
- Forbairt ar stráitéis stuama turasóireachta is margaíochta do Mhúscraí. Is docha go mbeadh a leithéidí Bail Tarráiceacha, tariscintí Bainistiú Cuairteoirí, Infrastructúr, Lóistín, Lárionad Míniúcháin, eochair mharagaí agus maragaíocht (straitéis media shoisialta san áireamh) i gcáipéis dá leithéid. Ba chóir do cháipéis dá leithéid díriú go príomhdha ar thurasóirí cultúrtha atá saibhir agus léirthuisicint acu ar sainiúlacht an réigiúin agus ar é a gcumas fanacht thar oíche. Grúpaí scoile ar mian leo bheith tumtha sa teanga Gaelach, sprioc mhargadh éile. Caithfear aire sainiúil a thabhairt don tionchar a bheadh ag turasóireacht ar oidhreacht shuntasach Mhúscraí agus conas bainistiú a dhéanamh air sin. Caithfear áireamh, meastóireacht agus monatóireacht do dhéanamh ar na leathan-tionchair atá ag turasóireacht ar an dtimpeallacht. Is féidir an CMIP seo d'úsáid do réir mar oirfidh ina leithéid de phlean turasóireachta.
- Mór áireamh oidhreachta, de gach suíomh so-láimhsithe agus do-láimhsithe, maraon le cleachtais na Gaeltachta, do chruinniú.
- Is ceart do Mhúscraí brandáil tharraingteach a chruthú – gníomh a chothódh comhrá eatartha féin agus, le cúnaimh saineolaithe, is pléadh ar a n'iomhá is a bhféin-aithne os comhair a tsaoil agus conas is fear é seo a mhúnlú. Ní mór don ghníomh scrúdaithe seo áirdeal aireach do thabhairt do chosaint na teangan agus oidhreacht gaeltachta i gcur le chéile an tsaothair seo. Mar sin ní féidir feachtas éadoimhin lán le féin thabhacht, do dhéanamh de. Is ceart do thairgiteoirí sna h-earnáil Bidh, Craifeanna agus Turasóireacht, an dea-bhrannda seo, a bheith mar thoradh ar an saothar thuasluaite, do úsáid igcónaí.
- Is ceart suíomh idirlín taibhseach, dhá theangach, dírithe ar lucht ceannaithe earraí, do bhuanú. Is ann ar chóir gach eolas a bheith i dtaoibh cad na thaobh Múscraí a bheith speisialta, conas teacht ann agus cá h-áit le fanacht ann. Bíodh pacáistí éagsúil, atá fuirist le ceannach, agus a sholátharaíonn rogha taithí is turais, ar fáil ann. Úsáid www.visitchichester.org/, www.carlingford.ie agus www.loophead.ie mar mhúnlaí.
- Is cóir bailiúchán de íomhánna/pictiúirí d'árd chaighdeán do chur ar fáil is do uaslódáil chun suíomh Fáilte Ireland's mar a bhfuil bailiúchán ábhair dá leithéid (www.irelandscontentpool.com/account/landingpage/). Ní mór an t-eolas seo do scaipeadh ar lucht gnótha na háite.
- Is ceart tacaíocht a thabhairt do ghnóthluchtaí áitiúla maidir le comhoibriú lena chéile le pacáistí taibhseacha a chruthú bailithe timpeall na gcúig céadfaí. Mar shampla ranganna tosaigh chun Galuinn Mhúscraí, dul chun cluiche peile áitiúil d'fheiscint, turais rothaíochta agus bídh, caitheamh bollaí a thriail, freastal ar sheisiún ceoil, páirt a ghlacadh i gCeilí, Faire na n-Éan, fanacht ar fheirm gníomhach thar oíche, Iascaireacht agus Kayaiceáil. Is féidir éagsúlacht eachtraí do chur chun cinn trí imeachtaí is ócáidí eagartha. Tá sé fíor thabhachtach go ndíolfadh is go moladh na gnóthluchtaí is eagraíochtaí atá ag saothrú na turasóireachta, a chéile igcónaí. Na daoine do choimead sa ghaeltacht agus táille árd de shniogadh astu, is ea an aidhm.
- Is ceart Coláiste na Mumhan d'fhorbairt mar lárionad teangacha le linn na bliana ar fad. Is ceart iniúchadh do dhéanamh ar fhorbairt an Choláiste mar ionad le staidéar ar

eiceolaíocht, oidhreacht, stair agus seandálaíocht. Tá ionsparáid le fáil trí fhéachaint ar Choláistí Chorca Dhuibhne (www.colaiste.ie)

- Cothaigh plean bainistíochta imeasc pobal bhruachaibh Locha Lua, agus dreamanna eile go bhfuil suim acu ann, chun é fhorbairt le nósanna caitheamh aimsire ionmharthanacha.
- Scáil Mhúscraí! Is ceart liosta de éagsúlacht suíomhanna oidhreachta a léiríonn scéal Mhúscraí do chruthú. Is ceart an 20 suíomh is fearr ó thaobh iomláine, folláine, slí teachta orthu, sábháltachta, ionmharthanach nuair atá faoi ualach, d'oscailt don phobal ach é seo le cead na n'úinéirí talún agus daoine go bhfuil láimh acu in aire aon tsuíomh acu. Caithfear úinéirí talún do chosaint ó aon liamhaintí árachais agus is gá árachas oiriunach do chur i bhfearas. Ní mór áireamh baoil agus ráitisí sábháltachta do chur i bhfearas do gach suíomh ar Scéal Mhúscraí atá beartaithe. Ní foláir gur oifigig cáilithe proifisiúnta sábháltachta agus sláinte, ag a bhfuil doimhin eolas agus taithí mhaith acu ar obair go geanamhail le h-áitribh tírdhreach leochaileacha, stairiúla, a bheadh i mbun na ráitisí agus áirimh. Nuair atá gníomh le déanamh ní mór an dearadh agus an tógáil do bheith déanta ag daoine le cáilíochtaí oiriúnacha agus do réir na dtreoirínnte atá foilsithe i *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice* (2015)¹⁹⁵ agus *Burra Charter*¹⁹⁶. Nuair is gá, is ceart fearaisí oiriunacha do shlí isteach, bhainistiú sábháltachta agus creimiú do chur in órd (e.g. fógraí treoir agus foláirimh, clathacha agus céimeanna claí, seastáin rothair, páirceáil 7rl). Ní foláir páinéalacha dhá theangach ar bheith i ngach ball. Ní mór do gach leasú bheith ar aon riail le coinníollacha an *Burra Charter*(2013)¹⁹⁷. Ní foláir scrúdú do dhéanamh, gach ráithe, ar gach suíomh ó thaobh sábháltachta agus damáiste dhe. Is ceart síntiús cothabhála do dhíol le h-úinéirí suíomh. Is ceart barántas dlíthiúil do bheith ag gach úinéir suíomh go bhfuil an cead slí isteach ann lena chaoin chead siúd agus ná bhfuil aon chearta slí isteach nua dá dhéanamh. Cabhróigh *Scéal Mhúscraí* le turasóireacht do scaipe go cothrom ar fuaid duichí na Gaeltachta.
- Ar chomhairle na n'eagraíochtaí áitiúla turasóireachta is oidhreachta agus na n'áitreabhach comhgarach, is ceart gríosadh do dhéanamh ar Coillte le cead do thabhairt isteach chun séadchomharthaí seandálaíochta ar a gcuid tailte. (an Caiseal ag Rath a' Ghaiscíg m.s.) Nuair is gá, is ceart fearaisí oiriunacha do shlí isteach, bhainistiú sábháltachta agus creimiú do chur in órd (e.g. fógraí treoir agus foláirimh, clathacha agus céimeanna claí, seastáin rothair, páirceáil 7rl). Ní foláir páinéalacha dhá theangacha a bheith i ngach ball. Ní mór do gach leasú bheith ar aon riail le coinníollacha an *Burra Charter*(2013)¹⁹⁸ agus '*Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: Principles and Practice*' (2015). Ní foláir scrúdú do dhéanamh, gach ráithe, ar gach suíomh ó thaobh sábháltachta agus damáiste dhe. Is féidir go mbeadh cuid des na suíomhanna seo ar *Scéal Mhúscraí* nó bhféidir arís ná beadh.
- Ba cheart féidireacht cead isteach san uaimh thalún ag Rath Ghaisigh ar bhealach cosúil leis an uaimh thalún 15m ar fhad ag Culsh, lasmuigh de Tarland in Albain, a chinntiú (fig. 7.1)

¹⁹⁵ Kenneth Dodd, *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice*, (Visitor safety in the countryside group, 2015)

¹⁹⁶ <http://australia.icomos.org/wp-content/uploads/The-Burra-Charter-2013-Adopted-31.10.2013.pdf>, (scrúdaithe: 8/2/2018)

¹⁹⁷ <http://australia.icomos.org/wp-content/uploads/The-Burra-Charter-2013-Adopted-31.10.2013.pdf>, (scrúdaithe: 8/2/2018)

¹⁹⁸ Ibid

Figiúr 7.1 –Ar dhul isteach san uaimh thalún de chuid na hIarannaíse ag Culsh ní mór do dhuine cromadh síos agus tóirse a bheith ina lámh aige. Níl aon fhoireann oibre ann. Tarland, RA (Ríocht Aontaithe)



(Source: Research and Dig, 2018)

- Laghdaíonn leibhéal suime in áiteanna ar leith fá'n 500km de Slí Béara/Bréifne an díograis áitiúil don ghiota i Múscraí. Níl cosán deimhniúeach ann i láthair na h-uaire. Tá airgead caipitil anois i dtreo chuige seo. Ní mór na achmhainní oiriúnacha do chur le chéile chun an conair seo do chothabháil nuair a bheidh sé críochnaithe agus chun maragaíochta do dhéanamh ar. Ba chóir an *Straitéis Margaíochta don Slí Béara Breifne 2014*¹⁹⁹ do chur i gcrích.
- Neartódh imeachtaí bunaithe ar *Slí Béara Breifne* suim áitiúil sa stair agus sa tsiúbhloíd álainn seo.
- Is ceart tacú le cruthú siubhlóidí agus slite rothaíochta ag a bhfuil téamaí soiléirithe. Is ceart béim ar leith do chur ar bhéaloideas. Níl ach na trí siubhlóidí ciorcail i gCoillte Náisiúnta an Ghugáin. Ach níl ceann amháin des na cosáin sin a ghluaiseann trín' Ghaeltacht. Nuair is féidir, is ceart suíomhanna beartaithe ar Scéal Múscraí do bheith mar chuid des na siubhlóidí seo. Is féidir a leithéid de chosáin is slí rothar do chraobhscaoileadh le cabhair éachtaireachta is féilte.
- Tosnaíonn Slí Fhionn Barra (cosán oilthireachta Naomh Fhionnbarra) I nDrom an Dá Liaig agus leanann cosán 35km ó thuaidh go Gugán. Le caoin chead na n-úinéirí talamhan agus na páirtithe cuí eile, is ceart an conair seo agus cosáin eile oilthireachta chun an Ghugáin d'fhorbairt dóibh sin atá ag cuardach taithí spriodáltachta.
- Ní mór réimse árachais do chur i dtreo do gach ball mar a mbeidh an pobal ag gnáthú is ag gabháil slí (i.e. bealaí siubhail agus suíomhanna mar a bhfuil slí isteach). Cuireann an Oifig na gCosán Náisiúnta/Comhairle Náisiúnta Spóirt árachas ar fáil do shlite siubhail márcálta agus do chonair eile caitheamh aimsire²⁰⁰. Cosnaíonn an polasaí na h-úinéirí talamhan atá fan na slí.
- Ní mór áireamh dáinséara agus ráiteas sábháltachta do dhéanamh do gach slí siubhail beartaithe, agus do shuíomhanna oidhreachta ar a mbeidh fáil phoiblí. Ní mór é seo do chur i dtreo leis d'aon suíomh nó cosán atá ann cheana féinig.

¹⁹⁹ Harriet Emerson, *Beara Breifne Way Marketing Strategy* (Baile Chaisleán Béara: Beara Tourism, 2014)

²⁰⁰ *Recreation in the Irish Countryside: property rights, obligations and responsibilities* (Department of Environment, Community and Local Government, 2013)

- Is ceart fógraíocht tarraiceach do bheith breacaithe ar gach slí isteach chun na Gaeltachta. Ní mór cultúr éagsúil Mhúscraí do bheith ar fholúin sna fógraí seo.
- Ba cheart post Bhainisteoir Tionscadail Turasóireachta is Imeachtaí a chruthú. Beidh ról lárnach ag an té a cheapfar maidir le: an strátéis turasóireachta a chur i bhfeidhm; an suíomh idirlín nua turasóireachta a rith; na tionscadail turasóireachta a bhrú chun tosaigh sa réigiún; súil a choimeád ar an tionchar ar shuntasaíocht oidhreachta; cothabháil suíomhanna oidhreachta inrochtana a chomhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna sábháilteachta na suíomhanna; cúrsaí riachtanacha oiliúna a eagrú; agus, ar deireadh, imeachtaí a chomhordú agus a bhrú chun cinn. Ba chóir don bhainisteoir tionscadail turasóireachta agus imeachtaí atá molta oibriú as láthair nua oibre a chuimseoidh Oifig Turasóireachta / Ionad Oideachais & Taighde Béaloidis / Cartlann / Caifé (mar a chuirtear síos air i mír 10.4).
- An strátéis san imleabhar seo do cur i bhfeidhm. (féach caibidil 8, 9 & 10).

Gaeltacht na siar-thaistéalaithe

Polasaí

Gríosadh do dhéanamh ar áitreabhaigh na seirbhísí agus conláistí ar leith i Múscraí, do shníomh isteach ina ngnáthas is saol laethiúil ionas go mbeidh an réigiún féin lán beocht is geall le bheith inmharthanach. Tá na sráidbhailte tábhachtach mar lárionaid seirbhíse agus níl rath orthu nuair atáid ag iomaíocht le MagCromtha, Cill Árne nó Corcaigh. Beidh an rath orthu ámh má bhíonn daoine ina gcónaí iontu.

Gníomhartha

- Tá gá le cur go mor leis an gcóras taistil phoiblí. Is ceart an córas Luas nó Local Link a fhás le minicíocht breise agus éagsúlacht bealaí. Ba mhaith an rud é bus eile do chur ar fáil don Scéim Shóisialta a ritheann Luas ionas gur féidir leo an bearna seo a líonadh. Caithfear Béal Átha'n Gaorthaigh agus Baile Mhúirne do cheangal le cóir taistil phoiblí. Tá bolscaireacht áitiúil riachtanach chun úsáid breise na seirbhíse do chothú. Caithfear tráthchlár sceideal na mbus a fhoilsiú ar-líne agus clódhbhualte agus na seirbhísí is rogha cóir taistil uilig luaite (i.e. Local Link, Scéim Sóisialta agus Bus Éireann) Ní foláir do eagraíochtaí uilig atá ag pléadh leis an abhar seo a gcuid tráthchlár is seirbhísí do chomhcheangailt le chéile agus nascadh níos a shimplí do chothú don taistealaí eatarthu. Tá Loop Head Tourism ag seoladh seirbhís bus leictreach ar an ngréasán taistil poiblí fan leithinis d'áitreabhaigh agus turasóirí araon le linn 2018²⁰¹. Creideann Loop Head Tourism go mbeidh an bus beag leictreach níos eacnamúla ná bus deisel. Ní foláir múnla seo Ceann Léime do iniúchadh. Is ceart doimhin-mhachnamh do dhéanamh ar thréad gluaisteán leictreach, féin-thiománta, do chur ar fáil don pobal áitiúil.
- Is ceart don sheirbhís bus Chorcaí-Chiarraí stad bus do chur ar fáil ag an oifig leasa shóisialaigh i MagCromtha.
- Tá na h-Oifigí Poist agus a siopaí tánaisteacha i Réidh na nDoirí agus Cill na Martra ffor riachtanach don chomhthathú sóisialta sna bailtí sin. Ní féidir iad seo a dhúnadh. Caithfear Oifig an Phoist Bhéal Átha'n Ghaorthaidh a athoscailt. Caithfear Oifig an Phoist do choimead mBaile Mhic Íre oscailte comh maith. Tá cuis ghéar eacnamúil agus teangeolaíoch le seirbhísí na n'Oifigí Poist do choimead agus tá fóirdheontas Stáit riachtanach chuige seo²⁰². Ach is cuid é seo do fheachtas riachtanach ath-bheochana sráidbhailte – feachtas a áiríonn borradh le cur ar Shráidbhailte rud a cabhróigh ansan leis an ceantar do bheith mealltach mar áit le maireachtála ann is árdóigh san daonra leis

²⁰¹ Peter O'Connell, "Electric bus to go around the loop", *The Clare Champion*, <http://clarechampion.ie/electric-bus-to-go-round-the-loop/>, (Accessed: 8/3/2018)

²⁰² For Réidh na nDoirí and Cill na Martra, this is in keeping with recommendation 18 as contained in the *Final report of the Post Office network business development group* (Business Development Group, 2015) 70

sin, úsáid na seirbhísí áitiúla. Mar sin is mar dheontas forbartha atá an stáit ag cabhrú, seachas mar síor fhordeontas tacaithe. Sa phlean a cuireadh le chéile chun tarraicreacht na noifigí poist tuatha do mhéadú, bhí roinnt moltaí dar le *The Final report of the Post Office network business development group (2015)* agus is ceart iad do chur i bhfeidhm le cead agus cúnaimh na máistrí poist Gaeltachta. Do réir na tuairisce seo, is cóir go mbeadh na h-oifigí poist Gaeltachta ag soláthar an réimse is leithine seirbhísí rialtais gur féidir²⁰³. Ní mór na Máistrí poist nua cheaptha as seo amach uile bheith ina gcainteoirí líofa Gaoluinne.

- Tá tábhacht le lonnú seirbhísí pobail sna sráidbhailte. Is ceart na Scoileanna, Ionaid Sláinte, Leabharlann agus na seirbhísí eile atá sna sráidbhailte im láthair na h-uaire, do choimead.
- Is ceart cuairteanna seachtainiúla go Cill na Martra ag dochtúir agus banaltra a bhuanú.
- Le h-Ospidéal Bheantraí tá fáil ar sheirbhís riachtanach leighis do mhórán d'áitreabhaigh Mhúscraí. Tacaíonn an tuairisc seo go mór le leanúnachas seirbhísí san Ospidéal seo.
- Nuair a tabharfar faoi thógail an N22 ag suíomh Luíochán Chúl na Catharach, ní mór na gníomhartha seo leanas do chur i gcích chun maolú do dhéanamh ar an ndíobháil ar an láthair catha:
 - Mar is féidir, ní foláir an obair ar an suíomh do choimeád go cruinn leis an mbealach rianaithe amháin agus na paistí atá loitithe cheana féinig ag innealra.
 - Más rud é go bhfuil paistí eile le tochailt le linn tógála, ní mór do seandálaithe Transport Infrastructure Ireland bheith ag plé leis na conrathóirí agus an comhairle cuí a thabhairt dóibh ar conas na codaibh ar árd-thábhacht do sheachaint. Ní mór do sheandálaithe Transport Infrastructure Ireland's comhairle do ghlacadh ó Acadamh Fódhla sa ghnó seo
 - Ní mór traéneáil/oideachas éigeantach do gach duine a théann ar shuíomh maidir le tábhacht an t-suíomh agus an chúis le fanacht ar na bealaigh rianta
- Caithfear na h-éarnáil mhiondíola agus fáilte a neartú.
 - Cruthaigh branda comhnascaithe idir mhiondioltóirí na Gaeltachta (na bialainní, na tithé tábhairne, gruagairí, búistéirí, poiticéirí, siopaí, comharchumainn, agus rí). Más oiriúnach chuige é, iad a chur mar pháirt den Bhranda Turasóireachta.
 - Córas Dearbhán Mhúscraí d'fhorbairt. Féach sampla Leitir Ceanainn (www.shoplk.ie)
 - Ba chóir do mhiondioltóirí agus lucht fáilte bualadh um a chéile go rialta le comhórdiniú do dhéanamh ar fheachtaisí is Lacáistí, bolscaireacht is gníomhartha margáochta agus le h-eagrú agus riar.
 - Is féidir treoir cabharach gnótha do lorg ó Retail Excellence Ireland.
 - Is ceart cómhhdháil dírithe ar ghnótha miondála, is fáilte do chur ar bun i Múscraí mar thosach le feachtas comhoibriú idir na h-earnáil sin. Ba chóir é dhíriú ar an ndúshlán a chothaíonn custaiméirí ceangailte len' a ngluaistean agus conas deileáil leo le gnó miondíola is fáilte.
 - Is ceart tacú le scoláirí Mhágh Cromtha ag a bhfuil suim sa Gaeilge trí obair a sholáthar dóibh i Múscraí le linn an tSamhraidh agus ar na deireadh seachtainí.
- Is ceart tréan iarracht le áisiú is aghdú do dhéanamh a chabhródh le Muintir Mhágh Chromtha le Gaoluinn d'úsáid ina saoghal laethiúil.
 - Ba chóir ranganna Gaeilge labhartha, saor in aisce le linn ám lóin, is um thráthóna, a sholáthar go ginearálta do phobal an bhaile agus do gnóthaí go bhfuil suim acu ionta.
 - Dfhéadfaí córas séad chnaipe do chur ar fáil a thaispeánfadh cainteoirí Gaeilge sa bhaile. Tabharfaidh sé seo deis do chainteoirí dúchasacha Ghaeltachta an Geailge a labhairt le linn siopadóireachta dhóibh i Mhágh Cromtha. Chabhródh sé

²⁰³ *Final report of the Post Office network business development group* (Business Development Group, 2015) 68

le caighdeán an Gaeilge i measc pobal Mhágh Cromtha do neartú. Abair ciorcail iomlán glas mar chóir chun duine le árd inniúlacht sa Ghaeilge d'aithint! Dfhéadfaí an leath chiorcal a úsáid ansan chun duine le inniúlacht teoranta d'aithint. Dfhéadfaí greamán sainiúil a úsáid ar fhuinneoga lucht gnótha mar a bhfuil cainteoirí Gaeilge lonnaithe.

- Ba chóir spreagadh a thabhairt d'úinéirí gnó trí shruth-dheontaisí beaga, nó laghdú VAT, chun a gcuid comharthaí agus bileógí clóbhuailte do dhéanamh dhá theangach.
- Is ceart bunscoileanna agus meanscoileanna MhághCromtha do ghríosadh chun páirt do ghlacadh sa scéim Gaelbhreach. Cothaíonn an scéim seo meas agus úsáid Gaeilge sna scoileanna.
- Nuair atá an céad dréacht eile do Phlean Fuinneamh Gaoithe Chorcaighe dá chur le chéile, is ceart iad a atharú le áird ar an dtábhacht idirnáisiúnta is an dreach leochaiolleach atá ar thírdhreach Mhúscraí. Mar sin is cóir macnamh do dhéanamh ar an treoir pholasaí 'Policy Objective ED-3.6' "*Normally Discouraged*" do shíneadh amach ós cionn ceantar na Gaeltachta²⁰⁴.
- Is ceart polasaí fuinnimh, a bheadh ceannródaithe ag an bpobal, do chruthú. Réiteach faid téarmach oiriúnach a laghdódh toirmisc idirphobail agus a chosnódh inmharthanacht sa cheantar, a bheadh i gceist. D'áireodh a leithéid de straitéis na fuinnimh athnuaite sa Ghaeltacht (gaoith, gréinne, bithmhais), gineadóireacht bídeach, caomhnú fuinnimh, taisciú carbóin agus cóir taistil. Is ceart smaoineamh ar scéimeanna infheistióchta i bhfuinnimh a bheadh pobal threoraithe (e.g. Feirm Gaoithe Phobail Teampall Dhoire, Contae Thiobrad Árann agus Brixton Energy Solar 3, Londain). D'íocfaí aon ioncain óna leithéid tharnais chun na scarshealbhoírí is úsáidte sa phobal. Is amhlaigh a bheadh ar chumas an phlean pobal threoraithe seo ceannródaithe do dhéanamh ar dhúshlán is fadhbanna an athrú aeráide. Is ceart do Chomhairle Contae Chorcaí an stráitéis seo a ghabháil chucu féin agus é bheith mar chuid dá bPlean Forbartha Contae. Is ceart é phósadh isteach sa phlean Réigiún na Gaeltachta *Stráitéis 20 bliain na Gaeilge (2010-30)*²⁰⁵. Is ceart an stráitéis fuinnimh do ath-scrúdú gach cúig bliana de dheascaibh a thapúla is atá an t-athrú ag teacht ar an dteicneolaíocht. Is suimiúil an gníomh é Muintir Árann d'fheiscint ag gabháil smachta ar thodhchaí a bhfuinnimh féin. Tá súil ag Comharchumann Fuinneamh Oileáin Árann smacht iomlán a bheith acu ar fhuinneamh sna trí oileáin agus a bheith neamhspleách is iad neodrach ó thaobh carbóin leis²⁰⁶. Is fiú tagairt leis don scéim téamh pobail atá ag muintir an tsráidbhaile éiceolaíoch Chloch Shiúrdáin Thiobrad Árann.
- Pé acu ann nó as do stráitéis áitiúil fuinnimh, is ceart don údarás áitiúil agus iad ag pléadh iarrataisí pleanála fuinnimh gaoithe, a gcumhachtaibh faoi Article 103 (1) do Acht Pleanála agus Forbartha d'úsáid agus Ráiteas Tionchar Timpleallachta (EIS)²⁰⁷. do lorg ó gach iarrtas pleanála a cuirtear faoin'a mbráid faoi fhorbairtí fuinnimh gaoithe i Múscraí. Bheadh eisceacht i gceist leis seo dá mba ó ghnó nó feirm áitiúil ag cuardach foinse fuinnimh dóibh féin, a bheadh suas le 800kw, a bheadh faoi chaibideal. Ina theanta san, ní mór do gach iarrtas EIS do thógraí fuinnimh athnuaite i Múscraí ón earnáil trádála, na tionchair uile ar oidhreacht do-láimhsithe agus an mairtheanacht, do ríomh. Is ceart na tionchair uile ar oidhreacht doláimhsithe agus an mairtheanacht seo do scrúdú go h-áitiúil agus arís fan nGaeltacht iomlán féinig. Beidh caidreamh an phobail áitiúil riachtanach chuige seo. De dheascaibh iomarca neamh-thuiriscíú ar

²⁰⁴ Cork County Council, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 139

²⁰⁵ <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/20-Year-Strategy-English-version.pdf> (accessed: 8/2/2018)

²⁰⁶ Sylvia Thompson, "Power to the people: is community energy the way forward?", *Irish Times* (30/1/2016), <https://www.irishtimes.com/news/environment/power-to-the-people-is-community-energy-the-way-forward-1.2515437>, (scrúdaithe: 8/2/2018)

²⁰⁷ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/30/enacted/en/html>, (scrúdaithe: 8/2/2018)

shuíomhanna seandálaíochta sna ceantair árdthailte, caithfidh aon tuairisc seandálaíochta dian scrúdú láthaireán bheith curtha i gcrích don EIS²⁰⁸. Caithfear a dtoradh is a dtionchar in iomláine ar charaictéir stairiúil an tírdhreach do bheith curtha san áireamh. Tá na gníomhartha seo mar bhreis ar na gnáth ainilísí a déantar ar an dtionchar a bheadh ar oidhreacht nádúrtha nó oidhreacht tógála.

- Cuireann córas ar-líne fiosrúcháin pleanála Comhairle Contae Chorcaighe eolas maith ar fáil maidir le h-iarrtaisí pleanála sa chontae²⁰⁹. Is cóir an scéal seo do scaipeadh agus an córas fuaráin eolais re pleanála do scaipeadh go foirleathan agus níos fearr.
- Is cóir gríosadh do dhéanamh ar na h-institiúidí tríú leibhéal a gcuid triallacha agus taighde ar theicneolaíocht nua do lonnú sa Ghaeltacht. Is féidir go mbeadh gá le h-idirghabháil comhairleach láidir leis an bpobal i gcásannaibh áirithe.

Partrún Áitreabhaíochta

Polasaí

Go h-achmhuinneach, tá gá leis na sráidbhailte do chothú trí árdú daonra, ach é seo déanta faid is atá beocht agus cultúr na tuatha caomhnaithe.

Gníomhartha

- Tacaíocht do thabhairt dos na sráidbhailte mar ionaid seirbhísí, is ceart tromlach tithíochta nua do dhíriú ar na sráidbhailte Gaeltachta.
- Is ceart tithíocht sóisialta d'árd chaighdeán do sholáthar d'áitreabhaigh Ghaeltachta nuair atá sé uatha. Is ceart an tithíocht nua bheith sna sráidbhailte.
- Is ceart aon tigh baile aosaigh bheith lonnaithe sna sráidbhailte. Is ceart tithe aosaigh aon úrlár do cheadú sna sráidbhailte.
- Is cuid thábhachtach d'oidhreacht an cheantair iad sráidbhailte Mhúscraí agus iad fíor thabhairt do thodhchaí inmharthanach an cheantair. Is ceart tromlach na dtithe nua do bheith lonnaithe laistigh de, nó cómhgarach do shráidbhaile (i ngiorracht siubhal 10 neomat do lár a' bhaile)
- Beidh sé tábhachtach gan forbairtí tithíochta mí-oiriúnacha do scaoileadh chun cinn sna sráidbhailte. Samplaí den saghas seo ruda is ea dealramh fo-urbach nó cnuasach síor athráiteach tithíochta nó tithe aonaracha le droch ghnúis laistig de theorainn an tsráidbhaile.
- Ní foláir tithíocht le raidhse both do bheith deartha le crot atá préamhaithe i gcarraictear agus i n'oidhreacht na sráide sin agus ní chóir a leithéid do cheadú ach nuair atá sé ag cur le h-áilacht, inmharthanacht agus dreach an tsráidbhaile sin.
- Ní foláir tithíocht nua, le raidhse both, do choimeád i gcomhréir leis an docuiméad treoireach Comhairle Contae Chorcaí *Making places: a design guide for residential estate development*²¹⁰.
- Mar a bhfuil scéim scata tithe le gáirdín chun tosaigh ag gabháil leo, is ceart falla ceart do thógáil fan gach teorainn acu. Is ceart an falla eatarthu bheith 65cm-85cm ar aoirde agus é críochnaithe ar barra le caipín-cloiche atá compórdach le suí air. Beidh sé le tuiscint mar seo ag an áitreabhach tí agus an fál mórthímpeal a ghabháiltais soiléir le feiscint, gurb faoi féin atá a fhaiche ar aghaidh an tí, agus sa tslí seo, is fearr seans á úsáide coitianta. Cabhróigh an falla íseal, is a chaipín leathan, le h-idirghabháil comharsanúil. Is féidir aon fhalla a fhéachann éagcórach ina shuíomh, a mhalartú le fál de scairteacha is planndaí dúchasacha na h-áite.

²⁰⁸ Alison Harvey and Kate Moloney, *The onshore wind farm sector in Ireland: planning in harmony with heritage* (An Comhairle Oidhreachta: Cil Chainnigh) 2013

²⁰⁹ <http://maps.corkcoco.ie/planningenquiryv3/LAResources/info.aspx> (scrúdaithe: 8/2/2018)

²¹⁰ Melville Dunbar Associates, PRC Architects and Ailbhe Cullen, *Making places: a design guide for residential estate development*, (Cork County Council: Cork) 2011

- Ní ceart ach planndaí de phór dhúchasach do chur i spásanna oscailte idir thithe, i dtailte forbairtí nua tithíochta.
- Is ceart an teora luais i scéimeanna nua bheith socraithe ag 20km. Tabharfaidh seo an misneach do thuismithóirí go mbeidh a bpáiste slán sábháilta is iad ag imirt mórthimpeall.
- Go ginearálta, ní ceart d'aon fhorbairt nua breis do chothú thar 10% den stoc tithíochta atá sa bhaile cheana féin.
- Ní foláir na sráidbhailte do bheith in áirithe mar áitreabh le freastal ar an éileamh a bheidh ann ó thithíocht tuaithe. Ciallaíonn sé seo gur ceart paistí talamhan oiriúnacha, ar imeal an bhaile, do bheith aitheanta mar áitreabh mar a bhféadfaí dornáin tithe éagsúla do scaipeadh timpeall agus iad le crot agus dreach a bheadh tarraigreach do lucht tuatha, ach a chabhródh is a chuirfeadh, go h-inmharthanach, leis an sráidbhaile.
- Is ceart gach sráidbhaile do bheith faoi bhrat is próiséas “Scrúdú Sráidbhaile” nó “Ráiteas Deartha Sráidbhaile”. Sholátharódh a leithéid treoirínite glan d'fhonn forbairt tuisceanach is oiriúnach do chur i gcrích faid is atá sé leis ag tabhairt aitheantais do phríomh mhaoine oidhreachta, snódh an tírdhreach timpeall agus na cnámharlaigh cultúrtha is ailtireachta. Ní docuiméadaí dlíthúla a bheadh ionta seo ach bheidís mar threoir agus mar thaca do phleanáil agus zónáil áitiúil atá bearthaithe cheana féin. Is é sin le rá, is ‘craiceann eile’ sonraí fós, faoi mhapaí traidisiunta zonála an Plean Áitiúil de chuid Ceanntar Toghachána MhagCromtha. Tá Aidhm maidir le Ráiteas Dearadh Sráidbhaile (Obj. HE 4-7)²¹¹ ar fáil i bPlean Forbartha Contae Chorcaí (2014) agus léiríonn sé conas an ráiteas dearadh sráidbhaile d’ullmhú agus do chur i gcrích, maraon le tógraí eile pobail treoraithe, atá ag cur feabhas ar timpeallacht, ach an comhairle uilig ar mhaithe leis an bpolasaí Plean Áitiúil
- Is sna sráidbhailte amháin is ceart siopaí is ionaid díolacháin a lonnú as seo amach.
- Caithfear infrastuctúr nua aimsireach glanta fuíol-uisce do chur i bhfearas chun feabhais shóisialta is eacnamúil Mhúscraí. Is ceart tús áite, sa ghnó seo, do thabhairt do aonaid glanta uisce i mBéal Átha'n Ghaorthaidh agus i mBaile Mhúirne. Ní ceart go mbeadh fuíol-uisce ag taoscadh isteach i Loch an Ghuagáin (Is príomh gnéith an Loch i dTírdhreach Beannaithe an tsuímh oilithireachta) Ní mór deileáil sa cheart le fuíol uisce sa Ghaeltacht. Aidhm faid téarmach sa Ghaeltacht is ea go mbeadh an t-uisce tabhartha tharnais chun dóthain feabhais go bhfillfeadh an diúilicín fiór uisce chun pórú sa Ghaeltacht. Mar sin ní mór é seo do choimead in aigne agus na fearais glanta uisce do chur i dtreo sa dá shráidbhaile.
- Anois nuair atá tógáil feabhais dá dhéanamh ar an N22 is ceart an feachtas d’úsáid chun gás píobaithe do thabhairt chun na Gaeltachta, ach go háirithe go Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre.
- Is ceart scéimeanna taciúil do bhronnadh ar chainteoirí Gaolunne gur mian leo teacht chun martha go Gaeltacht Mhúscraí. Bheadh leagán níos lú de scéim taciúil cánach *Living City* go maith ach é a dhíriú ar áitreach áirithe agus le teora ama ceangailte leis. Abair- go mbronnfaí a leithéid ar lucht athnuachaint tithe os cionn 50 bliain d’aois agus áta laistigh de theorainn sráidbhaile ní i gceantracha tuatha. Bheadh sé seo mar bharr ar ghnáth dheontaisí cónaitheacha. Is féidir go mbeadh seana bhotháin is sciobóil feirme leis, feabhasaithe isteach ina dtithe cónaithe faoin scéim seo. Chuirfeadh a leithéid de scéim flosc faoi fhorbairt is athnuachtaint an stoc tithíochta sa cheantar agus chuirfeadh le h-oidhrecht fisiciúil an réigiúin. Is ceart an scéim do dhíol le thuismithoirí leanabhe Gaelscoileanna atá lonaithe lasmuigh de cheantar Mhúscraí. Cuirtear an scéim *Living City* ar fáil do úinéirí a mhaireann sa tigh seo amháin agus déantar é trí dheoin laghdú 10% ar a dteacht isteach in aghaidh caiteachas ceadaithe thar tréimhse 10 mbliana²¹².

²¹¹ Comhairle Contae Chorcaí, *Cork County Development Plan, volume 1: main policy material* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí, 2014), 198

²¹² www.revenue.ie/en/personal/living-city-initiative.html, (accessed: 16/6/2015)

- Beidh tithíocht ag teastáil leis lasmuigh des na sráidbhailte ionas go mbeidh aithne ar an dTírdhreach Cultúrtha agus go mbeidh an Tuath Magcuaird, cosanta. Sa chás seo, is fearr athnuachtaint ar na structúir atá ann cheana féin (tithíocht imthe i léigh sa chlós feirme san áireamh). Is cóir aon tógáil nua do bheith ar aon dearadh le *Rural Design Guide (2010)*²¹³. Chontae Chorcaí. Do réir polasaí tithíochta tuaithe an Chomhairle Contae, tabharfar áird ar mhuintir na háite nuair is toil leo tigh dá gcuid féin do thógaint le maireachtaint go lán-aimsireach ann iad féinig (i gcomhréir leis na gnáth coinníollacha pleanála)
- Is ceart go leanfaidh aon nua phlandáil foraoiseachta na dea-chleachtais atá le fáil ‘sna *Treoirlínte do Foraois agus Tírdreach (2000)* atá ríomhtha amach ag an Roinn Talamhaíochta, Bia agus Mara²¹⁴.
- Roim aon nua-phlandáil foraoise, ní mór áireamh iomlán cruinn do dhéanamh ar an suíomh atá i gceist plándála. Ní foláir don áireamh seo cúntas cruinn fotógraíochta, Stair suímh, Log-aimneacha, gnéithe seandálaíochta, béaloideas agus foirgneamh do bheith cruinnithe isteach. Caithfear cóipeanna cruai-chlúdaigh maraon le cóipeanna digiteacha do thaisciú i gCartlann Chathair agus Contae, Leabharlann Chontae Chorcaí, Leabharlann Bhaile Mhúirne, An Roinn Pleanála Comhairle Contae Chorcaighe agus leis an Acadamh Fódhla.
- Cuireann scéimeanna foraoiseachta Coilltíbh Dúchasacha agus Comharsanachta tacaíocht airgid ar fáil chun coilltíbh áitiúla d’fheabhsú le áiseanna is gnéithe pléisiúrtha don bpobal. Is ceart na scéimeanna seo do chur chun cinn sa cheantar.
- Is ceart scéim feirmeoireachta ar son an nádúir ar nós *BurrenLiife*, a bheadh treoraithe ag feirmeoirí, do bhuanú. Do chuirfeadh a leithéid de scéim go mór le tairife na bhfeirmeoirí áitiúla agus le luach oidhreachta na h-áite.
- Ní mór feabhas do chur ar an mbóthar idir Baile Mhic Íre/Baile Bhúirne agus Béal Átha an Ghaorthaidh. Is é an chuid is measa an píosa idir bhaile fearainn An Ráth Thoir trí Réidh na nDoirí go Béal Átha an Ghaorthaidh.

Fostaíocht

Polasaí

Caithfear éagsúlacht postanna a chruthú, nó a threisiú, a bheidh ar aon dul le h-oideachas agus le meoin dhaonra Mhúscraí. Is féidir é seo do chur i gcrích go rábach má luíonn an réigiúin le bainistiú do dhéanamh ar bhuntáistí agus achmhúinní nádúrtha nuair a bhíd i gcomórtas lena dtionscail inmharthanach talamhaíochta, bídh, ceardaíocht/dearadh, turasoireacht agus cultúr. Is ceart freastal ar riachtanaisí lucht táirgítheoireachta Mhúscraí. Ina theannta sin, is ceart spreagadh do thabhairt do ghnóthluchtaí I labhairt is úsáid na Gaoluinne san ionad oibre. Is ceart gríosadh do dhéanamh ar na comhluchtaí, na traidisiúin is cultúr Gaeltachta d’úsáid le dearadh is crot faoi leith a bhronnadh ar a gcuid maragaíochta, brandála is cur le chéile a dtáirgíthe is a seirbhísí.

Gníomhartha

- Caithfidh árd chaighdean leathan bhanda bheith foirleathan sa Ghaeltacht.
- Is ceart aonad saorspáis comhroinnte do bhuanú do dhaoine proifisiúnta, gurb í an Ghaoluinn a dteanga labhartha, I gceann des na sráidbhailte. Sampla maith don aonad íseal-chíosa seo is ea an *Fumbally Exchange* (www.fumballyexchange.com) nó an Ludgate Hub i Sciobairín (www.ludgate.ie). Dea shampla eile isea an E-Youghal Enterprise Centre (<http://ecentres.ie/youghal/>). Tugann Ionad Eochaille tacaíocht láidir

²¹³ Colin Buchanan and Partners Ltd. and Mike Shanahan and Associates Architects, *Cork rural design guide: building a new house in the countryside* (Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí) 2003

²¹⁴ *Forestry and landscape guidelines* (Baile Átha Cliath: The Forestry Service, Department of the Marine and Natural Resources) 2000

do lucht cheardaíochta. Cuimhníonn duine ar Choláiste Íosagáin mar láithir oiriúnach dá leithéid. Is léir le fada gur buntáiste don earnáil cruthaióch nua-thosnaithe bheith lonnaithe i sean fhoirgnimh seachas tógáil nua²¹⁵. Cé nár tógadh é go dtí na 1930s²¹⁶, tá a charaictér coimeádtha go maith ag Coláiste Íosagáin agus go deimhin is ann a déanadh an scannán *Song for a raggy Boy*, a stiúraigh Aisling Walsh 2003.

- Is ceart ranganna saor in aisce Gaoluinne do chur ar fáil amantaí lóin, do ghnóluchtaí. Is ceart iad a bheith ina ranganna comhrá agus spóirt leo. Is ceart iad a bheith practiciúil agus curtha in oiriúint do ghnó an aonaid.
- Is ceart Comhdháil a eagrú bunaithe ar bhuntáistí a bhaineann le h-acmhainní caipitil is cultúir áite, do fhí isteach sna táirgí is seirbhísí.
- Is ceart d'Údarás na Gaeltachta suirbhéanna géarchúiseacha do reachtáil gach cúig bliain bunaithe ar aidhmeanna fostaíochta dhaoine atá ag críochnú oideachas dara leibhéal is tríú leibhéal. Cabhróigh sé seo le diriú isteach ar ghnóthaíbh áirithe ag a bhfuil íomhá oiriúnach do riachtanaisí áitreabhaigh an cheantair.
- Is cóir na deontaisí agus scéimeanna tacaíochta atá ar fáil ó eagraíochtaí éagsúla an stáit, a bheith oiriúnach d'fhostoirí an cheantair más féidir in aonchor. Tá breis comarsáide, glacadh comhairle agus comhaontú ag teastáil ós na h-eagraíochta seo.
- Gí go dtáirgíonn Múscraí bia agus deoch d'árd chaighdeán ar a bhfuil aithne mhaith ionta féin (e.g. Cáis Chúil Aodha, Macroom Buffalo Mozzarella, Folláin, Feoil De Róiste, Grúdlann na 9 Fia Bán), is beag aitheantais atá tugtha don nGaeltacht mar cheantar bídh. Ní foláir an bia agus deoch atá táirgíthe i Muscraí do bheith mar chuid de chlár brandála turasóireachta na Gaeltachta. Is cóir gríosadh do dhéanamh ar tháirgítheoirí bídh do bheith oscailte don bpobal agus a bheith mar chuid de chosán dí is bídh Mhúscraí.
- Caithfear leathnú amach do dhéanamh ar tháirgiú eacnamúil na bhfeirmeacha trí comhdháil bunaithe ar cheard bhiannaibh, póir speisialta agus turasóireacht feirme, do reachtáil. D'fhéadfadh clár comhairleach feasa é seo a leanúint. Is ceart béim ar leith do chur ar thacú le feirmeoirí i gcruthú a ngnóanna, i scéimeanna comharchumainn agus i gcomhaontaisí soláthair, a thabhrfadh proifíd breise ar €10,000. isteach chuchu.
- Is fiú iniúchadh do dhéanamh ar an bhfuil áit don Local Enterprise Office, do chuid Comhairle Contae Chorcaí, i Réigiún Mhúscraí.

Seasamh i dtreo na Gaoluinne

Polasaí

Spreagadh a thabhairt d'úsáid Gaoluinne imeasc áitreabhaigh is cuairteoirí uile, is cuma pé caighdean Gaoluinne atá acu.

Gníomhartha

- An Plean Teangan atá ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo do chur i bhfeidhm le gach tacaíocht ar fail dóibh.
- Ranganna comhrá Gaeilge do chur ar fail ag leibhéalacha éagsúla do chách ag á bhfuil suim an Ghaoluinn d'fhoghlaim nó a fheabhsú. Is ceart sult a bheith ag baint leis na ranganna seo seachas iad 'bheith bunaithe ar an Árd Teist.

²¹⁵ Paula Wallace, "Why your new company needs an old building", *Entrepreneur* (3/1/2018),

<https://www.entrepreneur.com/article/306787>, (scrúdaithe: 9/2/2018)

²¹⁶ <http://www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?type=record&county=CO®no=20905806>, (scrúdaithe: 11/2/2018)

- Is ceart comharthaí agus ábhair clóite uilig, atá in úsáid sa Ghaeltacht, do bheith i nGaoluinn amháin nó dhá-theangach. Is féidir a leithéid do ghríosadh chun cinn le cabhair deontaisí beaga nó scéim aistharrac VAT
- Is ceart feachtas bunaithe ar dian-thaighde a chruthú, ag fearadh cuireadh roim daoine chun Gaoluinn do léibhéal agus compórd dóibh féin, a úsáid agus gan aon bhreithiúnas ‘bheith caite leo.
- Cruthaig Féile Scoraíochta chun spreagadh do thabhairt do daoine bualadh le chéile chun comhrá trí Ghaoluinn do dhéanamh i dtithe a gcomharsana. D’fhéadfadh clár dá leithéid maidineacha caifé, cóisirí dinnéir, ceol, rinne agus scéalaíocht, d’áireamh agus iad dá reachtáil sna tithe.
- Dealraíonn sé go bhfuil úsáid na Gaolunne imeasc déagóirí Mhúscraí níos fearr anois seachas mar ‘bhí scór blian ó shin. Is ceart an claonadh seo do ghríosadh ar aghaidh. Mar sin féin is measa do dhéagóirí, daoine fásta dá rádh leo go raibh an Ghaeilge “cool”, nó brú do chur orthu é a úsáid níos mhó. Is fearr i bhfad cead a gcinn a thabhairt dóibh. Is ceart ciste do chur fáil chun smaointí dhéagóirí i leith imeachtaí a spreagadh úsáid na Gaolunne eatartha féinig.
- Is ceart sruth beag deontaisí do bhuanú a chabhródh le h-eagraíochtaí a reachtáileann eachtraí rialta, aon-uaire, trí Ghaeilge.
- Is ceart cinntiú go bhfuil dóthain seirbhísí tacúla teangan ar fáil do theaghlaigh a úsáideann an Ghaoluinn. Tá na fóirdheontaisí do seirbhísí réamh scolaíochta agus cúraim leanaí i gceist leis seo.
- Is ceart gur canúin Mhúscraí a múintear in aon rang Gaeilge ag á bhfuil tacaíocht airgid.
- Cruthaigh feachtas eadrom-chroíoch d’fhonn spreagadh a thabhairt do dhaoine a gcanúint Mhúscraíoch d’úsáid, idir fhocail is frásaibh.

Easpa Guth Láidir, Lárnach Polasaí

Is ceart Comhairle láidir neamhspleach le bonn leathan pobail do bhuanú.

Gníomhartha

- Tá comhairle neamhspleách pobail le bonn leathan pobail le bhuanú. Thabharfadh Comhairle Pobal Múscraí guth láidir comhchumann do bhuíonta éagsúla suime an réigiún, é ag soláthar an abhcóideacht, an radharc agus an soiléireacht len’ a bhfuil géarghá. Tá doimhin mhacnamh ag teastáil chun go n’eireodh leis an gcéad céim eile seo. D’fhéadfadh sé bheith bunaithe timpeall ar athstruchtúrú is neartú Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo nó é ag eirí as doimhin-thaighde, atá idir láimhímh i láthair na h-uaire ag Acadamh Fódhla, ar structúir úr nua. Má tá structúr úr nua le buanú is cóir do obair láimh ar láimh le Comharchumann Forbartha Mhúscraí maraon le h-Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Chorcaí. Múnlaí maithe ar fiú féachaint orthu isea Isle of Eigg Heritage Trust san Albain (www.isleofeigg.org/ieht/), an Mull and Iona Community Trust (www.mict.co.uk/), *Wicklow Uplands Council* (<http://wicklowuplands.ie>) agus an *Bere Island Projects Group* (www.bereisland.net) is ea dhá shampla den saghas seo eagraíochta.
- Is ceart cinnte an ghrúpa seo bheith gléineach glan oscailte le comhairliúcháin láidir phoiblí lastiar díobh. Ní ceart dóibh geallúint thar a mbuille. Is maith an t-athrú pearsanra ina leithéid do eagraíocht bheith mall, réidh, diadh ar ndiaidh, chun go gcosnófaí an cuimhne inmheánach eagraíochta.
- Is fearr é bheith dearbhghníomhach agus macnamhach ina dhéileáil ag stiúru Muintir Mhúscraí seachas a bheith frithghníomhach faoi riar ag tionchair eachtrannacha.
- Is ceart don ghrúpa bheith eolach ar srianta a gcuid tuisceanna, féin agus saineolas eachtrach do lorg nuair is oiriúnaí é.

- Is ceart bunreacht, agus téarmaí tagartha mar is gá, bheith ag an ngrúpa seo chun iad a chomhcheangailt eatartha féin agus aighneas do sheachaint.
- Tá moltaí an Phlean Oidhreachta seo le cur i bhfeidhm ag an nGrúpa. Chun na gníomhartha seo a chur i gcrích, is fearr sraith de phleananna trí bliana, a bheidh ag fás as a chéile, do chur i dtreo, bunaithe ar an CMIP seo. Caithfear gach gníomh do cheangailt le foinse airgeadais. Is féidir gurb iad na pleannana gníomhartha seo a bheidh mar bhunús an Chomhairle nuair a bheidh sé bunaithe. Ní foláir athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaomhnú. An Bainistíocht agus an Plean Mínithe seo ar a laghad gach cúig bliain.
- Is ceart go mbeadh gníomhartha uilig an Ghrúpa/Chomhairle ag coimeád le polasaithe agus prionsabail na tuarascála seo.
- Is ceart gníomhartha buafacha a roghnú ar dtúis, mar thosach, ionas go bhfásfaid misneach agus ábaltacht sa Ghrúpa/Chomhairle. Cabróigh sé seo le h-aithne is iomhá an Ghrúpa a chothú imeasc an phobail i Muscraí agus méadóigh a lucht tacaíochta áitiúla.
- Is ceart cruinniú go rialta le h-eagraíochtaí eile dá leithéid, i nGaeltachtaí eile agus grúpaí eile comharchumainn Árdthailte, ionas nách mbeidh an Grúpa gearrtha amach ina aonar agus go mbeidh cabhair acu le réiteach a gcuid fadhbanna.

Céimeanna difrúil Cosanta

Polasaí

Is ag pobal Mhúscraí atá freagracht as ucht a gcuid oidhreachta. Is ceart tacaíocht do thabhairt dóibh trí mheáin oideachais, treoir agus cúnaimh deontais.

Gníomhartha

- Is ceart ar a laghad ceann des na nithe seo leanas do inshealbhú ar liosta Oidhreacht Doláimshithe UNESCO.
 - An Ceangal idir dhaoine is áite.
 - Adhradh na Naomh Áitiúil
 - Úsáid Cannúin Mhúscraí
 - Na h-agallaimh Beirte/Lúibíní
 - Amhránaíocht Sean-nóis.
- Is ceart fiosrú do dhéanamh ar na suíomhanna seandálaíochta atá bailithe ag an Acadamh Fódhla ag seandálaithe a bheadh ag obair ar son Fardal Seandálaíochta Chonntae Chorcaighe. Caithfear aon suíomh seandálaíochta atá deimhnithe fíor do chur ar an liosta Taifead Séadcomharthaí agus Áiteanna (RMP).
- Is ceart liosta de shuíomhanna Luíocháin Chogadh na Saoirse agus an cogadh Cathardha do chur le chéile. Is ceart na suíomhanna is tábhachtaí acu seo d'inchur ar an RMP ag is cosaint a bhronnadh orthu faoi Act na Séadcomharthaí Náisiúnta. Moltar go háirithe Béal an Ghleanna agus Cúl na Catharach bheith ina measc.
- Is ceart dian staidéar, faoi stiúir Acadamh Fódhla le tacaíocht Chomhaire Contae Chorcaí, ar cad a tharla le Luíochán de chuid Cogadh na Saoirse i gCúl na Catharach do thionól. Is ceart smaoinemh ar chomhdháil ag fiosrú thábhachta an abhair chéanna. Tosnóigh na gníomhartha seo comhrá agus cuirfí gníomhartha mínithe in áit. Is ceart gach iarracht a bheith déanta as seo amach ionas nách ndéanfaí aon diabháil níos mó do shuíomh luíochán Chúl an Catharach le linn na h-oibre feabhsúcháin ar an N22.
- Is ceart liosta do shuíomhanna eile, nárbh láthaireacha catha iad, ach a bhí bainteach le Cogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathardha mar sin féin, do chur le chéile. (M.S. tithe sábhálta nó tithe cónaithe poblachtánaig iomráiteacha, Ionad faire an IRA i gCeann Droma). Is ceart go gcuirfí úinéirí na talún ar an eolas faoi'n stádas stairiúil atá ag na suíomhanna seo. Is ceart machnamh ar chosaint do bhronnadh ar chuid des na suíomhanna is tábhachtaí acu seo, ag brath ar chomhráití leis na h-úinéirí.

- Is ceart eolas I dtaobh cabhair airigid iomlán do fheirmeoiracht cúramach, eiceolaíoch is caomhnathach ar fhoirgnimh talamhaíochta (i.e. GLAS – an scéim a lean REPS4) a sholáthar do fheirmeoirí Mhúscraí. Ba mhaith an áis é seimineár eolais agus córas comhairleach/meantóireachta, ar conas iarrataisí cruinne deontais d’ullmhú agus conas is fearr feirmeoireacht ar thalamh imeallach. Leagan Mhúscraíoch de Burrenlife a bhuanú más maith leat.
- Is ceart comhdháil ar tábhacht, aire agus athnuachtaint clathacha is díogaibh d’eagrú.
- Is ceart a chur in iúil dos na h-earnáil sin a fhéadfadh bheith diobhálach do Sheandálaíocht, Tithe Caomhnaithe, Suíomhana ar Leith agus Pór Caomhnaithe (earnáil turasoíreachta, feirmeoireachta, tógála) eolas faoi’na gcuid dualgaisí mar chaomhnóirí Oidhreachta Mhúscraí. Caithfear liosta de theangbháileacha do thabhairt dóibh don tráth go measann said iad féin do bheith i ngleic le gabháil seandálaíochta, abhar tithíochta liostáltha nó oidhrecht nádúrtha atá caomhnaithe. Murach seo, ní h-amháin go ndéanfar diobháil don nGaeltacht ach beidh an ceantar bochtaithe ó thaobh cuairteoireachta dhe.
- Seachadaigh go forleathan ar fud na Gaeltachta aon fhoilsiúcháin ar chaomhnú oidhreachta sa dúthaigh.
- Cur le cumas grúpaí Bailte Slachtmhara chun an oidhrecht nádúrtha agus tógtha a chaomhnú.
- Is coir ranganna rinne seite agus céilí do reachtáil sa Ghaeltacht –rud a chothóigh ócáidí pobail.
- Cruthaigh cúrsa idirbhliana ar aithint oidhreachta is a bainistiú, i Múscraí. Is ceart béim ar leith do leagadh ar Oidhrecht Doláimhsithe. D’fhéadfadh sruth den chúrsa sin bheith ar obair an Doctúir Ó Loingsigh.
- Úsáid oidhreachta do chur chun cinn ins na bun scoileanna.
- Is ceart an tacaíocht airigid do choimeád faoi scéim amhránaíochta Aisling Gheal agus a gclár leathan oideachas deonach i scoileanna Mhúscraí. Tá ag eirí thar cuimse leis an scéim seo le h-árdú caighdeáin, tuisceana is meas ar amhránaithe is sean nós sa Ghaeltacht.
- Is ceart gríosadh do dhéanamh ar úghdair áitiúla ar oidhrecht tógála, nádúrtha nó doláimhsithe, chun cainteanna do thabhairt i mbunscoileanna is mean scoileanna agus chun cuaird bunaithe ar Mhúscraí do reachtáil.
- Is ceart go mbheadh sprioc ag gach bunscoil sa Ghaeltacht, stádas an Bhrat Glas do bhaint amach.
- Caithfidh aon strátéis turasoíreachta na bagairtí dos na h-achmhainní oidhreachta d’ aithint agus conas is fearr maolú a dhéanamh orthu.
- Is aidhm faid téarmach ag an bPlean seo go dtabharfaí na coinníollacha chun cinn chun gur féidir leis na duirlicí níos fíor uisce porú ina mbaile in abhantracht na Gaeltachta. Ní mór staidéar féidireachta do ghairm is an staidéar cuí do dhéanamh ar cad leis go bhfuil gá chun gur féidir an aidhm do thabhairt chun cinn laistigh de chuinsí eacnamaíochta shóisialta na n’áitreabhach. Ní mór trealamh cuí fuíoluisce do chur i dtreo, tacú le feirmeoireacht d’árd luach don nádúr agus bainistiú cúramach do dhéanamh ar fhoraoisigh má tá caighdeán an uisce le feabhsú go dtí an léibhéal atá riachtanach.
- Caithfear réiteach ceart do dhéanamh ar an bhfuíol uisce uilig. Tá sé rí-thabachtach go gcuirfí seirbhís trealimh nua uisce I bhfearas sa dá phríomh shráidbhaile (Baile Mhic Íre/Baile Bhúirne and Béal Átha an Ghaorthaidh). Má tá aidhm an Plean seo maidir leis na duirlicí níos fíor uisce le tabhairt go dearfa chun críche, caithfear na ionad láimhseála úr-uisce do chur le chéile agus é seo san áireamh.
- Is ceart an méid is mó suíomh le suím oidhreachta gur féidir do chur leis an 20 éigin suíomh atá ar scéim Scéalta Mhúscraí. Ní féidir é seo do chur i gcrích ach le toil uinéirí na talún amháin. Nuair a cuirtear suíomh nua ar fáil caithfear uinéir na talún do chosaint ó aon liamhaintí árachais agus árachas oiriúnach do chur i dtreo. Ní mór meastúcháin baoil agus sábháltachta do thabhairt ar láimh do gach suíomh ar a bhfuil fáil. Ní mór na meastúcháin seo do bheith déanta ag daoine ceartcháilithe i sláinte agus sábháltachta agus ag á bhfuil

doimhin thaithí ar bheith ag obair go sothlúbtha tuisceanach le tírdheach stairiúil. Nuair atá gá le gníomh ní mór iad do bheith deartha agus tógtha ag daoine cáilithe, oiriúnacha agus an obair a bheith déanta i gcomhréir leis na teoracha atá le fáil san bhfoilsíúchán *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice* (2015)²¹⁷ agus an *Burra Charter*²¹⁸. Má meastar an cur isteach a bheith ró-mhór ar charaictéar an tsuímh de dheascaibh na n-athruithe a bheadh á n-éileamh do chúrsaí sláinte is sábháilte, ní ceart an áit do chur ar fáil don bpobal. Ní mór gach suíomh do scrúdu gach ráithe ar a laghad. Is ceart rolla suíomhanna ceadaithe don bpobal agus mapaí ar-líne do chur ar fáil.

- Ta sé ríthábhachtach go mbuanófaí clár maith bailithe béaloideasa is nósmaireacht oidhreachta is é chur ar phár le roinnt leis an saoghal (leagain Gaoluinne agus leagain Bhéarla). Caithfear é seo do dhéanamh le cúram agus le tacaíocht faidharmach na nÚdarás cuí, agus le traéneáil eiteiciúil, teoraiciúil agus praicticiúil maraon le straitéis faidharmach chun é choimeád inmharthanach sa phobal. Ag á thús, is é an bailiú an gad is goire don scórnach, ach chun an stór bailithe d'úsáid ní mór an clár ceart oideachais do chur le chéile le doimhin machnamh.
- Aithníodh roinnt bailiúcháin béaloideasa staire/oidhreachta agus seanchais le linn an taighde. Is ceart iad seo a chuardach, a fháil, crot digiteach do chur orthu agus iad a shníomh isteach i dtaisce oidhreachta bhéaloideasa Mhúscraí. Is ceart an taisce seo do chur ar fáil ar-líne is é a cheangailt le mapaí ag úsáid an chórais GIS (féach an radharcaire Oidhreachta www.heritagemaps.ie/). Is ceart ainmneacha na bpríomh bailitheoirí bheith snaidhmithe leo seo. Is ceart do scoileanna uile na Gaeltachta páirt do ghlacadh chucu féin sa chlár seo agus é bheith mar shnaidhm leanúnach curriculum ina gclár leanúnach oideachais le tagairt do bhailiúchán agus úsáid an ábhair bailithe. Cothóigh na h-achmhainní cultúrtha, a leanfaidh an forbairt thuasluaite, forbairt san earnáil oideachais agus turasóireachta.
- Mar chuid den saothar thuasluaite, is ceart na logainmneacha do chruinniú agus stratéis a gcrabhscaoileadh do bheartú is do chur i gcrích. Is cóir do thógra bailithe Logainmneacha do bheith bunaithe ar an obair fóna atá i Suirbhé Áitainmneacha Chorcaí.
- Is ceart stair-seanchais na duichí, idir Ghaeilge agus Béarla, do thiomsiú in aon suíomh Idirlín amháin i dteannta leis an mapáil cuí. Is ceart foinse mapála lárnach le cead-isteach oscailte do chur ar fáil, agus gach áit le luach oidhreachta breacaithe ann. Moltar úsáid an Radharcathóir Oidhreachta (www.heritagemaps.ie).
- Ba mhaith é Ionad Oideachais Béaloideasa do bhuanú i lár Bhéal Átha an Ghaorthaigh. Is ceart go mbeadh gaol comhgarach idir an Ionad Oideachas Béaloideasa agus Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loinsigh. Go deimhin féin, is le imeacht aimsire, d'fhéadfadh sé bheith faoina structúr bainistióchta. Ba mhaith é ceangailt oifigiúil do bheith aige le Roinn Bhéaloideasa UCC. Tá tuilleadh eolais air seo i gcaibideal 10.
- Déantar deimhin go bhfuil dóthain airgeadú ag Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh chun gur féidir leis an sruth imeachtaí ar árdchaighdeán agus a chlár oideachasúil do choimeád faoi lán tseol.
- Dá mhéid daoine ag a bhfuil aithne ar shuíomhanna oidhreachta agus a dtraidisiúin 'sea is fearr an seans is ádh, go seachfaí an t-eolas ar na háiteanna seo is a gcleachtas, ar aghaidh chun na nglúinte atá le teacht. Is minic a déantar dearúd ar réimse den bpobal ámh, agus is iad sin na daoine ar mhí-chumas cuirp nó meabhrach. Tá sé soiléir anois go gcabhraíonn slí isteach chun suíomhanna oidhreachta, agus imeachtaí traidisúnta pobail, le sláinte, ach go h-áirithe le sláinte meabhrach²¹⁹. Is cóir comhairle oiriúnach d'fháil ón Údarás Náisiúnta

²¹⁷ Kenneth Dodd, *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice*, (Visitor safety in the countryside group, 2015)

²¹⁸ <http://australia.icomos.org/wp-content/uploads/The-Burra-Charter-2013-Adopted-31.10.2013.pdf>, (Accessed: 8/2/2018)

²¹⁹ Gareth Maeer, Amelia Robinson and Marie Hobson, *Values and benefits of heritage*, (London: Heritage Lottery Fund, 2016) 17

Míchumais agus eagraíochtaí gaolmhar eile, maidir le straitéis feabhsú áitreabh agus cleachtais agus fáil isteach ionta. Ní foláir do gach forbairt gníomhartha mínithe ar-láthair nó as-láthair, na daoine seo do choimeád in aigne. Is ceart, leis, an chuid sin den bpobal atá ag dul in aois do choimeád in aigne ach go háirithe le h-áiseanna cathaoir-rotha bheith ar fáil, ach go háirithe, ag na h-ionaid oillithreachta ag Teampall Ghobnatan agus Teampall an Ghugáin. Ach ní mór d'aon ghníomhaíocht fisiciúil beartaithe ar shuíomh oidhreachta do bheith curtha i gcrích go hiomlán ar aon dul le comhairle an Roinn Cultúrtha, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leabhrán *Access – improving the accessibility of historic buildings and places* (2011)²²⁰.

- Is é príomh chuspóir aon gníomhaíocht forbartha is mínithe oidhreachta, an tuiscint agus meas na ndaoine, idir áitreabhaigh agus cuairteoirí, ar thábhacht oidhreachta Mhúscraí i gcoitinne agus a bhfuil d'áitreabh ann.
- Is cóir deisiúcháin éigeandála caomhnaithe do dhéanamh láithreach ar an túr-thig i nDún Dea Radhairc. Deimhin do dhéanamh do shábháltacht an séad chomhartha agus é a chosaint óna tuilleadh creimeadh is ea an bhuaire is mó faoi láthair. Is ceart leis plean caomhnaithe d'ullmhú don suíomh I gcomhcheadal leis an úinéir talamhan.
- Is ceart staidéar do dhéanamh ar na fuinneoga gloine I séipéil éagsúla an Gaeltachta seo agus a dtábhacht do ríomh is pé obair caomhnaithe is oiriúnaí a mheas.
- Moltar athchruthú staidéartha ar an dtaobh Thoir do bholg séipéal Chill na Martra mar a bhí sna 1920na agus é seo bheith déanta le dea chleachtais caomhnaithe. Ní féidir é seo do dhéanamh gan comhairle dhoimhin riachtanach ón bpobal ansúd, agus a gléir.
- Tá gá le plean caomhnaithe do chur i bhfearas do shuíomhanna An Teampaillín agus Oilithreachta Naoimh Fionnbarra. Ní féidir é seo do dhéanamh gan comhairle dhoimhin riachtanach ón bpobal ansúd agus a gléir.
- Tá fadhb ag gabháil le suíomh An Teampaillín (fig. 7.1) Ní mór breith do dhéanamh ar bhuanstaid na bhfallaí, agus ar an saghas saothar caomhnaithe cuí a bheadh molta a chur i bhfearas a luaithe agus is féidir. An fhaid is atá an fhadhb seo beo i dtaobh buanstaid na bhfallaí agus obair caomhnaithe, b'fhéidir gur mhaith é lucht siubhlóide Shlí Bhéarra Breifne do ath-threorú lasmuigh mórthimpeall an suíomh agus comharthaí bhárnála dhá theangacha do chur ar fáil.

Fig. 7.2 **An Teampaillín**



(Foinse: Research and Dig, 2015)

²²⁰ Shaffrey Associates Architects agus Fionnuala Rogerson Architects, *Access: improving the accessibility of historic buildings and places* (Baile Átha Cliath: Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta) 2011

- Tá roinnt áiteanna i structúr an Ath Donncha Ó Mathúna ar shuíomh oilithreachta Naomh Fhionnbarra mar a bhfuil bolg nó at (fig. 7.2) Tá géar ghá len’ é bheith iniúchta ag innealtóir caomhnaithe cáilithe chun an cás do scrúdú agus a chomhairle ina thaobh d’fháil.

Figure 7.3 **Bolg ag at ar thaobh an fhalla le feiscint ar taobh clé an phictiúra**



(Foinse: Research and Dig, 2016)

- Mar chuid d’obair chaomhnaithe Aragail Naomh Fionnbarra, moltar athchruthú a chéad dhreach do chur i gcéim le cabhair an chomhairle is na cleachtais caomhnaithe is fearr. Tá doimhin chomhrá leis an bpobal áitiúil agus a gcléir rí-thábhachtach.

Figure 7.4 **Bolg Aragail Naomh Fionnbarra go lua san 20ú aois**



(Foinse: pictiúr le buíochas do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Figure 7.5

Bolg Aragail Naomh Fionnbarra mar atá inniu



(Foinse: Research and Dig, 2016)

- Tá gá ag suíomh naofa meánaoiseach Theampall Ghobnatan leis na gníomhartha seo leanas:
 - Tá dainséar faoi láthair go dtitfheadh cuid den séipéal meánaoiseach seo cheal obair caomhnaithe. Tá gá le h-innealtóir caomhnaithe speisialta a shonródh idirghabháil oiriúnach le cinntiú go gcoiméadfaí an struchtúr ina sheasamh. Is dócha go mbeidh caidheáil fallai, síonadh, pointeáil fallaí ag teastáil sa tsaothar agus ceart é dhéanamh ag úsáid moirtéil aol bhog. Is docha leis go mbeidh gá le roinnt groutála leis.
 - Is ceart na séadcomharthaí atá ar an láthair cheanna féin d’fhágaint ann, maraon leis an tithíocht timpeall Thuras na Croise. Ach ní cóir a thuilleadh séadcomharthaí a chuir leis na fallai meánaoiseacha. Tá diobháil dá dhéanamh acu de bharr análú fallaí an tséipéil.
 - Is docha go bhfuil na comharthaí treo atá ann faoi láthair ag luí isteach ar na mairbh fúthu. Is ceart é a mhalartú do réir mar a bhíonn sé ag lagú le solas na gréine is aois. Is ceart iad a mhalartú do réir a chéile le comharthaí saor sheasta - a leithéidí capaill adhmaid .(fig7.4)
 - Tá an díon agus Túrtheach ar eaglais anglacánach Bhórd na gCéad Tortha le scrudú. Má tá deisiúcháin le déanamh, is fearf iad a dhéanamh go luath. Árdóigh an costas agus an diobháil má fantar ró fhada leis. (fig. 7.5 & 7.6).
 - Is ceart macnamh do dhéanamh ar shlí chun níos mó úsáide do bhaint as an Eaglais Céad Tortha
 - Is ceart iar-thigh Reachtaire Eaglais na hÉireann do chur faoi thaisce. Is ceart daingniú do dhéanamh ar fhallaí is oscailtí an fhoirgnimh agus bárr na bhfallaí do chlúdach go daingean. Bfhéidir gur fiú díon sealadach do chur air? Is ceart tuairisc iomlán griangrafa a dhéanamh chomh maith. Is ceart aon elimint scaoilte do bhailiú is do chlúdach go sabhála ón aimsir ionas gur féidir iad a insealbhú arís sa todhchaí más gá. Is cóir aon sclátaí ar féidir a úsáid arís do bhailiú anois, ar an gcuma

gcéadhna, is do chur i dtaisce le hath-sealbhu arís níos déanaí. Ba mhaith an mhaise sna blianta romhainn, an foirgneamh agus a clós botháin d’athchóiriú – dhéanadh sé ionad cúrsaí spriodáltha is diseart breá ar nós Ionad Díseart Ghleann Dá Loch (www.glendaloughhermitage.ie). Ba cheart comhairle chuí a fháil ó innealtóir caomhantais go bhfuil taithí mhaith aige (fig. 7.9 & 7.10).

- Ní mór obair caomhnaithe cuí do chur in áit do Thig na Leiteann (fig. 7.11)
- Dá ndéanadh coimeádaithe an dealbh adhmaid de Naomh Gobnait de chuid na tríú haoise dhéag iarratas ag lorg comhairle chaomhantais agus maoiniú le haghaidh obair caomhnaithe den chleachtas is fearr a dhéanamh ar an dealbh, ba cheart é a chur ar fáil.
- Ba cheart cúnadh a chur ar fáil don Choiste Scrínte, grúpaí Bailte Slachtmhara agus coimeádaithe eile reiligí Mhúsraí maidir le oiliúint i dtaca le cúram, caomhnú agus taifeadadh reiligí agus conas dul i mbun cúnadh deontais a fháil. Eagraíonn Comhairle Contae Chorcaí a leithéidí de cheardlanna go rialta agus ba cheart na grúpaí seo a spreagadh le freastal orthu.

Fig. 7.6

Fógraíocht míniúcháin ar chaipilíní adhmaid Rinn a’ Dúin,

Co. Roscomáin



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Fig 7.7 & 7.8 Fásra ag dreapadh suas an Túrtheach agus ar an dtaobh Thuaidh den díon



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Figure 7.9 Reachtair Eglais na hÉireann



(Foinse: Research and Dig, 2018)

Figure 7.10 Reachtair Eglais na hÉireann



(Foinse: Research and Dig, 2018)

Figure 7.11 Tig na Leiteann



(Foinse: Research and Dig, 2018)

- Is cóir obair caomhnaithe do dhéanamh ar an Túr Barraice trí úrlár. ón 19ú aois. de chuid an RIC. ar An Sliabh Riabhach. (in aice Óstán an Mhuilinn) (figure 7.7)²²¹.
- Nuair is féidir, ní foláir gach deisiú droichid cloiche sa Ghaeltacht, do dhéanamh, ag baint úsáid as módhanna is abhair thraidisiúnta. (Cé acu is foirgneamh cosanta iad nó nách ea)

²²¹ CO058-010001-, *Record of Monuments and Places, Cork*, (Dúchas, 1998), <https://www.archaeology.ie/publications-forms-legislation/record-of-monuments-and-places>, (scrúdaithe: 9/2/2018)



(Foinse: Research and Dig, 2017)

- Roim glanta do aon séad chomhartha de chuid Cogadh na Saoirse nó Cogadh na gCarad, ní mór comhairle i dtaobh an módh is fearr chun tabhairt faoin obair d'fháil ó Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta an Chontae. Má úsáidtear uirlisí nó tuaslagáin ró shearbh nó garbh, is féidir go mbeidh droch dhíobháil déanta don dromchla agus go mbeidh creimiú tapaigh ar as san amach.
- Tá ana chuid den gcaractéar ón dtréimhse idir na Cogaí Móra fágtha ag Coláiste Íosagáin agus is ann, sa bhliain 2003, a déanadh an scannán *Song for a raggy boy*, faoi stiúir Aisling Walsh. Gí go bhfuil sé ar liosta mar fhoirgneamh le tábhacht réigiúnda²²² san Áireamh Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta, níl Coláiste Íosagáin fógartha mar fhoirgneamh cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha, 2000. Tá sé ráite sa Phlean seo gur suíomh maith d'fhonn Lár-ionad Goir Gnótha a bheadh sa láithir seo. Má thagann seo chun cinn, ní mór d'aon obair cothabhála bheith omósach dá charaictéar. Cé go mb'fhéidir é seo do bheith níos a chostasúla ag tosach na h-oibre, cothóigh an caipiteal cultúrtha, agus sainiúlacht an fhoirgnimh, timpeallacht cruthaíoch a bheidh i bhfad níos a thairfí don curam sa bhfaid téarma.
- Tá an Laoi agus an Sulán tugtha do thuilte. Tá strátéis bainistiú ann don Laoi cheana féin. Ach ar ámharáí an tsaoil, tá sé dírithe ar a dtarlaíonn níos faide síos fan na h-abhann. Tá sé riachtanach go gcuirfí plean bainistiú tuilte ceart i bhfearas don Ghaeltacht agus riachtanaisí a phobal áitúil is a ndúshlán ag déileáil leis an athrú aeráide. Ní mór do chách bheith rannpháirteach sa phróiseis cruthaíoch i gcur le chéile an phlean sin. Le linn cnuasachta na tuairisce seo, bhí sé soiléar gur b'é saotharú i dteannta an nádúir agus saotharú caoin ar an dtírdhreach, ab ea ba rogha coitianta.
- In éaghmuis aon phlean tuilte sa Ghaeltacht, is ceart aon plean bainistíochta tuilte do phlé le muintir na háite a luaithe agus is féidir. Le ceart, is cóir go mbeidís lárnach i ndearadh na h-oibre. Le linn cnuasachta na tuairisce seo, bhí sé soiléar gur b'é saotharú i dteannta an nádúir agus saotharú caoin ar an dtírdhreach, ab ea ba rogha coitianta nuair atá bainistiú an tírdhreach idir lámha.

²²² <http://www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?type=record&county=CO®no=20905806>, (scrudaithe: 11/2/2018)

Fás

Polasaí

- Áit níos fearr le maireachtaint ann a bheadh sa Ghaeltacht dá gcuirfí furmhór na moltaí thuas luaite i bhfeidhm. Tabharfaidh sé spreagadh leis do dhaoineibh a chónaíonn cóngarach don Gaeltacht, a stádas Gaeltachta do lorg dá mbailtí fearthainn féin. Más rud é go sroiseann na Bailte Fearainn seo Catagór B Gaeltachta lena gcainteoirí gaeilge (i.e. 44% d'áitreabhaigh oscionn trí mbliana d'aois ag labhairt gaolúine go laethiúil²²³) is cóir iad a ghríosadh agus ba mhaith an mhaise é iad d'áireamh sa Ghaeltacht. Do neartódh fás beag, diadh ar ndiadh, cumas na Gaeltachta dul i ngleic go fuinneamhail le gach athrú.

Gníomhartha

- Má cheadaíonn spas é, is ceart daoine atá ina gcónaí i mbailtí fearthainn imeallach le teorainn Mhúscraí do scaoileadh isteach sna scoileanna agus chun na seirbhísí eile as Gaeilge. Má tá éileamh ar bhreis spáis, is ceart freastal air.

7.3 Airigeadú

Cé go bhfuil sé tábhachtach ríomh do dhéanamh ar fhoinsí éagsúla Stáit, Foinsí nea-Rialtas agus an AE, i leith gníomhartha áirithe, ní féidir é sin a dhéanamh i láthair na h-uaire nuair is clár 15 bliana i gceist, agus nách bhfuil réimse iomlán an chumais riar fós soiléir. Athraíonn an bhéim eagraíochta stáit is nea-stáit (NGO) ar thógraí is eanáil éagsúla, i mblianta éagsúla, mar shampla. Mar sin féin tá maoiniú déanta ag na h-eagraíochtaí thíos luaithe is iad ag úsáid scéimeanna éagsúla is cláracha tacaíochta, chun forbairt shóisialta, eacnamúil, turasóireachta is oidhreachta ar nós na moltaí thuas luaite. Mar sin, ní foláir súil gear do choimeád ar a gcuid cláracha deontasaíochta agus conas mar d'fhéafaí iad d'úsáid chun Gníomhartha na tuairisce seo do chur i gcríoch. Níl iomlán ráite leis an liosta foinsí Stáit is AE luaite anso thíos.

- Comhairle Contae Chorcaí
- Create Ireland
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (tabhair faoi ndearadh an Roinn seo meascáithe timpeall, taréis gach uile toghachán, ó 1994 i leith)
- An Roinn Tuaithe agus Forbairt Pobail.
- AE (EU) INTERREG agus foinsí eile airigid an AE
- Fáilte Ireland
- Irish Georgian Society
- Árachas Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann
- Foras na Gaelige
- Leader (tabhair faoi ndearadh gur Údarás na Gaeltachta a dháileann ciste Leader i Múscraí)
- Oifig Forbartha áitiúil (anois mar chuid de Chomhairle Contae Chorcaí)
- Pobal
- Acadamh Ríoga na hÉireann
- Sustainable Energy Authority of Ireland
- An Chomhairle Ealaíona
- An Chomhairle Oidhreachta (The Heritage Council)
- Údarás na Gaeltachta

Nuair is féidir, is ceart foinsí gnótha is pobail áitiúla d'aimsiú le tacú le tógraí áitiúla. Tá méid áirithe féin-mhaoiniú áitiúil ag teastáil do fhurmhór scéimeanna an Rialtais agus an AE. Is féidir le comhluchtaí agus daoine cabhair cánach d'fháil trí shíntiúisí deonacha do chur ar fáil

²²³ Conchúr Ó Giollagáin et al, *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: principal findings and recommendations* (Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2007), 13

faoi Roinn 848A den Acht Comhdhluthú *Cánach* 1997²²⁴. Má éiríonn leis an Iontaoibheas/Grúpa riartha an taighde seo, aitheantas carthanach do bhaint amach, cruthóigh sé foinse tacaíochta airigid ó chomhluchtaí is daoine.

Tá an eagraíocht Wheel mar urlabhraí ag carthanachtaí agus eagraíochtaí deonacha agus cuirid eolas áiseach ar fáil ar a suíomh idirlínne www.wheel.ie , i dtaobh feachtasí bailithe airigid ón bpobal agus deontasí. Déantar athnuachtaint rialta ar an suíomh seo agus is ann a bhíonn liostáil suas chun dáta ar thairiscintí deontais atá beo ag an am.

Cuireann eagraíochtaí maoinithe nótaí comhairleach ar fáil maidir le lionadh isteach iarratais deontais agus roineann alán acu eolas i dtaobh iarrachtaí rathúla cheana. Mura bhfuil iarrtas rathúil, ná bíodh eagla ort a dtuairimí d'fháil i dtaobh d'iarratas.

Is féidir dochar nó díobháil do theacht chun pobal de dheascaibh deontasí is scéimeanna cánach. Mura bhfuilid san áit ceart, bainistithe sa cheart agus monatóireacht déanta orthu, tá cumas éagchothramaíochta marthanach faid-théarmach ionta. Mar mhalairt air sin is féidir nách mbeadh maoiniú ar fáil do ghnéithe a chuirfeadh le cumas maireachtaint in áitreabh.(e.g. tacaíocht breise do Fheirmeoireacht Árdthailte). Mar sin is ceart áireamh doimhin do dhéanamh ar gach scém deontais is cánach. Dá thoradh san, ansan, is cóir moltaí do dhéanamh maidir le cioca deontasí, is liúntasí cánach, is oiriúnaí, agus atá taréis athrú nó curtha leo, agus conas is fearr iad do chur in oiriúint don bPlean. Tá roinnt aguisíní dá leithéid luaite sa cháipéis seo cheana féin.

7.4 An Cur i ngníomh.

Samhalaíotar go gcuirfean an turascáil seo i bhfeidhm maraon lena mhonatóireacht, ag comhairle pobal leathan bhunaithe neamhspleách. Is ceart cruinnithe gach ceathrú ar a laghad. Is ceart cruinniú sa bhliain ar a laghad, mar a ndéantar áireamh ar gach a bhí, agus nách raibh, curtha i gcrích as an bPlean. Is ceart athbhreithniú cuimsitheach do dhéanamh ar an bPlean ar a laghad uair sna cúig mbliana.

Le moltaí an docúiméad seo a chur i gcrích moltar sraith de ghníomh-phleananna trí mbliana, a rithfidh i ndiaidh a chéile. Is cóir gach gníomh do bheith ceangailte le foinsí féidireach airigid, agus iad siúd a bheadh feagararach. Is féidir leis na pleananna gníomhartha seo bheith mar bhunús do chruinniú an Chomhairle/Ghrúpa.


Fiú mura mbuanófaí an Comhairle láidir neamhspleách pobail seo, is féidir le h-aon duine, nó grúpa, atá ag iarraidh Múscraí do chur chun cinn mar áitreabh maireachtála, saothair is cuairteoireachta, an docúiméad seo a úsáid. Níl gníomhaíochtaí teoranta do liosta na docúiméide seo. Agus níl iomlán na dtuairimí fóna teoranta do údair an cháipéis seo. Dá réir sin tá fáilte roim gach gníomh atá ag teacht le h-aisling, prionsabail, polasaithe agus treoir an phlean seo.

²²⁴ Róisín Burke, Neil Jackman and Conor Ryan, *Adopt a monument: guidance for community archaeology projects*, (An Comhairle Oidhreachta, 2017) 51

8.1 Cad chuige an Míniú?

Is Tírdhreach Cultúrtha le tábhacht idirnáisiúnta é Múscaí. Faraoir tá an stádas seo atá aige faoi bhaol ag creimeadh faid théarmach díthiú daonra agus an síor lagú atá ag gabháil don idirghábhail shóisialta a cheanglaíonn daoine le chéile. Cúram búnasach is ea an cur chun cinn oidhreachta agus úsáid an mhíniúcháin oidhreachta. Ceanglaíonn míniúcháin láidre, dearfa, daoine le scéal a n'áitribh, níos a dhoimhne ná mar a bhéadh amhlaigh de ghnáth. Eascaíonn suim i mbainistiú agus abhcóideacht, ar son a chaomhnaithe, as a leithéid de nós (fig 8.1). Méadaíonn sé aoibhneas san áitreabh leis.

Figure 8.1 Roth shuáilceach míniúcháin oidhreachta²²⁵



Feabhas do chur le doimhneacht agus leithead tuisceana ar oidhreacht Mhúscaí is ea príomhaidhm na stráitéise míniúcháin thíos luaite. Is iad Muintir na h-áite féin an lucht éisteachta is tábhachtaí sa chás seo. Is iad siúd príomh chosantóirí na h-áite. Gí go n-aithníonn muintir na háite go maith luachanna na h-oidhreachta Gaeltachta, thabharfaidh tuiscint níos a mhó buanaíocht níos a mhó don Tírdhreach Cultúrtha. Is iad cuairteoirí chun Múscaí an céad buíon eile is tábhachtaí. Tá gá le turasóirí árd chaite airgid, a thuigeann luach neamhchoitianta na Gaeltachta, do mhealladh go Múscaí chun na seirbhísí áirithe, a chuireann le luach saoghail na n-áitreabhach, do choimeád sa tsiúbhal. Caithfear Oll -Thurasóireacht do sheachaint mar go millfeadh sé caraicéar an Réigiúin. Aon lagú mar seo, loitfigh sé fírinne na háite, rud atá riachtanach do earnáil turasóireachta ar árd-luach, inmharthanach. Tá gá le dóthain gníomhartha míithe chun gur féidir cuairteoirí do cheangailt leis an nGaeltacht agus a n'aoibhneas a mhéadú agus a meas ar Mhúscaí do dhaingniú.

²²⁵ Sharon Veale and Sheridan Burke, *Castle Hill Heritage Park interpretation plan, stage 1 strategic overview* (Sydney: Godden Mackay Logan Ltd., 2008) 6

8.2 Brí Mhúscraí

Múscraí's Is é an comhcheangailt gaoil idir dhaoine is áitreabh an chéad brí a aithnítear le Múscraí. Is lú ceann in éaghmuis an chinn eile. Is é an gaol seo a bhronann tábhacht idirnáisiúnta ar áitreabh Mhúscraí.

Dar leis an meastúchán seo, níl aon séadchomhartha, duine nó tráth níos tábhachtaí na an chuid eile.

Mar sin, ní ceart díriú isteach go h-áirithe ar dhuine, séadchomhartha, nó tráth ar leith. mar go millfeadh sé cur i láthair scéal chasta Mhúscraí. Ní mór don Mhíniú a bheith leathan ina chur síos.

In Éirinn, is gnáthaí gurb iad an lucht proifisiúnta, agus a maoinitheoirí, a fágтар i mbun príomh thréithe tábhachtacha réigiúin do chur i láthair. Go deimhin, is iad na suíomhanna móra máistriúla a chaomhnaiótar in aonchor.(e.g. Caisleán Bhaile Átha Cliath, Brúgh na Bóinne agus Carraig Chaisil) Bíonn leagan cam, pribhléidiúil den am atá caite, curtha i láthair is é bunaithe ar fhir mhóra nó eachtraí móra. Fágтар mná, leanaí, oidhreacht an ghnáth lae ar leataoibh i gcomhthéacs seo na bhfear cumhachtacha. Tá athrú ag teacht ar an riocht seo ach beidh a íochtar fós ann. Is ceart don Mhíniú caraicéar agus snamdha casta áitreabh an pobal sa Ghaeltacht, do chur i láthair.

8.3 Prionsabail Treoracha Oidhreachta

Caithfear Míniú Mhúscraí do chur i bhfearas do réir prionsabail cuí na Cáirteach *Coinbhinsiún Granada*²²⁶, *Cáirt Burra*²²⁷, agus *Cáirt Ename(Cáirt chun míniúcháin agus suíomhanna oidhreachta cultúrtha do chur i láthair)*²²⁸. Tá comhairle shoiléir, d'oibreacha ar suíomh, le fáil i bprionsabail na gcáirtreacha seo. Imeasc na bprionsabal oiriúnacha i gcártracha *Granada* agus *Burra* tá:

Granada Charter Alt 12

Gí aitheantas dá thabhairt do chead slí isteach ag an bpobal chun suíomhanna caomhnaithe, ní foláir do gach páirtí a gheallúint ná ch ndéanfar díobháil de dheascaibh an cead isteach seo ach go háirithe ná déanfaidh forbairtí structúir dochar ailtreachta nó do chairaictéir stairiúla a leithéid de ghabháltas nó a thímpeallacht.

Burra Charter Alt 2.2

Tá sé mar aidhm ag caomhnú, tábhacht cultúrtha áitreabh do choimead ann.

Burra Charter Alt 5.1

Is cóir do caomhnú áite, aithne do chur air agus macnamh air, gach gnéith den dtábhacht cultúrtha is nádúrtha agus gan an bhéim do leagaint ar aon gnéith amháin ar chostas an choda eile.

Burra Charter Alt 7.2

Is ceart úsáid comhoiriúnach do bheith ag áit. Is ceart do pholasaí úsáid nó meascán úsáide nó cleamhnas úsáideanna is srianta, d'aithint chun gur féidir tábhacht cultúrtha áite do choimead. Nuair atá úsáid nua i gceist, caithfear bheith deimhin de go bhfuil an t-atharú is lú déanta don ghléasadh agus an úsáid, go mbeadh meas ar a mbrí is a nithe gaolmhóra, agus, nuair is féidir, go leanfar leis na cleachtais a thug an tábhacht cultúrtha don áit.

²²⁶ <http://www.esiweb.org/pdf/granada%20convention.pdf>

²²⁷ <http://www.esiweb.org/pdf/granada%20convention.pdf>

²²⁸ http://www.enamecharter.org/downloads/ICOMOS_Interpretation_Charter_EN_10-04-07.pdf

Burra Charter Alt 14

Ag braith ar chúinsí, is féidir go mbeadh sa phróiseas caomhnaithe: coimeád nó ath-thosnú úsáide, bríanna is ceangailtí do choimeád; cothabháil, caomhnú athbhuanú, ath-thógáil, nua-thaithí agus míniú; agus de ghnáth beidh níos mó ná ábhar amháin nó meascán des na h-ábhair acu san thuas luaite i gceist.

Burra Charter Alt 15.2

Is ceart cumas atharaithe déanta ag maolú tábhachta cultúrtha do bheith ais-athrach, agus an ais-athrú sin do dhéanamh a luaithe is a cheadaion cuinsí.

Burra Charter Alt 15.4

Is ceart meas do bheith ar gach iarracht agus gnéith de thabhacht cultúir áite. Má úsáideann áitreabh ábhar éadaigh, comhcheangailtí éagsúla, bríthibh nó dearcaíobh éagsúla, ó thréimhsí difriúla, ní féidir gnéith ar leith acu seo do chur chun cinn ar chostas an choda eile, ach amháin nuair atá an laghad méid sin fágtha ar lár, é chomh beag sin, chomh neafuiseach sin i dtábhacht cultúrtha, nách mbainfí sé ó bhéim, is tábhacht, is an míniú sin atá sainiúl go cultúrtha.

Burra Charter Article 25

Is minic nách mbíonn tábhacht cultúrtha áitribh ró-shoiléir agus caithear iad seo do bheith léirithe le Míniú. Caithfí Míniú, cur le tuiscint agus aoibhneas agus a bheith ceart-oiriúnach go cultúrtha.

Tá iomlán *Cart Ename (Charter for the interpretation and presentation of cultural heritage sites)* le tabhairt faoi ndeara (féach appendix c do théacs an cairt)²²⁹.

8.4 Roinnt Trioblóidí a fhéadfadh bheith le Bainistiú Turasóirí is Cuairteoirí

- Cur isteach laethiúil ar shaol uinéirí talún is áitreabhaigh eile.
- Breis tráchta agus páirceáil fan bhóthair
- Aighneas idir chaomhnú agus turasóireacht, e.g. D'fhéadfadh caomhnú bheith níos a ghátaraí do láthair ach fós, go measfaí gan é bheith tábhachtach don táirge turasóireachta.
- Is ionann méadú ar líon cuairteoirí agus méadú ar líon is úsáid áiseanna, e.g. leithrisí is sóláistí.
- Díobháil déanta ag cuairteoirí do pháirceanna trí chosáin garbh coise dá ngearradh ionta.
- Díobháil déanta ag cuairteoirí do shéadcomharthaí.
- Tá buairt ag baint fós le structúir roinnt suíomhanna staire, i Múscraí.
- Di-luacháil ar fhírinne áiteanna áitiúla, a nósanna agus a gcleachtais traidisiúnta is ealaíona, toisc luacháil ábharachais dá dhéanamh orthu
- Laghdú fáil ar thithíocht cíósúil do mhuintir na h-áite do réir mar thagann éileamh ag turasóirí ar lóistín agus an árdú cíosa a ghabhann len' a leithéid, *Airbnb* is a shamhail.
- Méadú i bpraghasanna tithe thar chumais íocaíochta morán des na h-áitreabhaigh
- Forbairtí ró mhór
- Tá roinnt daoine ann a bhainfidh fónamh díreach ón dturasóireacht (e.g. ioncaim), a thuilleadh acu go neamhdhíreach (e.g. áiseanna breise). Ach beidh daoine eile nách ndéanfaidh agus ná beidh ann dóibh ach tionchar mí-oiriúnach (e.g. méadú tráchta).

²²⁹ Ibid

Tabharfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí chun Múscaí tairife do shiopaí, tabhairní, bialanna, B&Bna, agus óstáin. Ach an méid sin ráite, beidh fadhbanna bainistiú leis an méadú uimhreacha seo agus caithfear deileáil leis anois. Mura ndéantar é seo, beidh coimhlint idir dhaoine gur mian leo aoibhneas na Gaeltachta do bhlaiseadh, úinéirí na talún agus iad ag iarraidh a sealúchaisí d'úsáid mar a oireann dóibh féin laistigh den ndlí agus fírinne folláin féin-aithne cultúrtha an réigiúin. Mar sin, caithfear monatóireacht do dhéanamh ar uimhreacha agus iompar na gcuairteoirí ionas gur féidir cosaint do dhéanamh ar luachanna oidhreachta Mhúscaí agus cearta na n'áitreabhach i leith a maireachtála go dearfach.

Mar a moltar san tuairisc seo, má buanaíotar Comhairle nó Iontaoibheas Gaeltachta is ceart go mbeadh plé ar thionchar na turasóireachta, ar luachanna oidhreachta Mhúscaí agus ar chaighdeán saoil na n-áitreabhach mar abhar rialta ar agenda gach cruinniú. Caithfear gach cinneadh na gcrúinnithe seo a bhaineann le Míinthe is gníomha turasóireachta bheith do réir agus i dtaca leis an bPlean Caomhnaithe, Bainistíochta agus Minúcháin seo.

8.5 Lucht Féachana

Le Míniú breise beidh méadú measa, ar Mhúscaí, ag daonra níos foirleithine. Ach caithfear an míniú seo a bheith in oiriúint do mhianta daoine gur suim leo oidhreacht agus cultúr i gcoitinne. Níl aon slí faoin spéir gur ceart an Míniú ar Shuíomh do bheith cóirithe don ró-eolgaiseach. Is amhlaidh a mhaolódh a leithéid ar shuim furchóir na n'áitreabhach agus na gcuairteoirí. Is ceart an Míniú go léir do bheith i riocht is gur méadú suime agus ábhair macnaimh, don lucht féachana, is toradh dá dturas.

Bíonn Ionaid Míniúcháin ina ngníomhartha, de ghnáth, ag iarraidh cur le h-aoibhneas an chuairteóra leis an áitreabh. Is é an príomh aidhm atá ag gníomharthaí míniúcháin i gceantar Mhúscaí, do réir treoir na docuiméide seo: leathanú agus méadú measa do chothú imeasc pobal na h-áite ar a Réigiún féinig. Ní chiallaíon sé seo, ámh, ná bhfuil tábhacht le Míniúchán beacht is fuirist le teacht air, do chur ar fáil do chuairteoirí. Tá a leithéid de ghníomhartha tábhachtach do thurasóirí cultúrtha saibhre (Bídís ó thall nó abhus) mar go bhfuilid tábhachtach chun seirbhísí is áiseanna áitiúla do choimeád is do chruthú.

Tá doimhin-mheas ag na h-áitreabhaigh ar charaictéar Mhúscaí cheana féin. Ní bheadh sé ar chumas aon áireamh scríte, cothrom na féinne do thabhairt dá gcuid eolais faoin iliomad san áitreabh atá faoina riar sa réigiún. Mar sin féin, do chabhródh bolscaireacht I leith an réimse leathan tábhacht leis an nGaeltacht le gaol doimhin na n-áitreabhach len'a dtírdhreach do dhaingniú agus bheadh buntáistí caomhnaithe dá thoradh.

Diorma fíorthábhachtach imeasc an daonra áitiúil is ea an líon mór eachtrannach ina gcónaí san áit – duine as gach ochtar áitreabhach. Cabhródh gníomhartha Míniúcháin a bheadh meáite go maith le tuiscint agus ceangal na nua-áitreabhach le Múscaí. Is amhalaidh a bheidh, chomh maith, dos'na h-Éireannaigh, nách ó Mhúscaí dóibh, ach atá taréis bogadh isteach sa Ghaeltacht.

Níl an líon cuairteoirí pléisiúir is turasóireachta ag teacht go Múscaí soiléir i láthair na h-uaire. Leide amháin dúinn is ea an uimhir 63,000 a deirtear linn a tháinig go Páirc Foraoise Ghúgán Barra sa bhliain 2010²³⁰. Faraor, ní h-eol dúinn cioca nó cé mhéid acu seo an thurasóirí eachtrannacha nó baile iad. Tarangíonn monarcha saighdiúirí bréagáin Prince August i gCill na

²³⁰ *Tourism to the South West (Preliminary) 2010*, (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland) 13

Martra beagán breis agus 20,000 cuairteoir in aghaidh na bliana²³¹. Tá súil ag úinéir an mhonarcha líon seo na gcuariteoirí do dhúbailt 'sna blianta beaga romhain amach. Níl aon fhigiúirí againn do Scrín Ghobnatan nó aon ionad tarraiceach eile ach chomh beag. Tá tri Óstáin bheaga sa Ghaeltacht seo. Tá dhá cheann acu siúd lonnaithe ar an bpríomh bhóthar idir Corcaigh is Cill Áirne agus an triú ceann le fáil sa Ghúgán. Braitheann Óstán Ghúgáin Barra go príomhadh ar chuariteoirí thar tuinn, agus bíonn sé dúnta I gcaitheamh an gheimhriugh dá dheascaibh sin. Dealraíonn sé nách bhfuil mórán B&B agus Airb&b ar fáil. Níl aon chafé, tábhairne bídh nó bialann ar fáil I mBéal Átha an Ghaorthaidh, Cúil Aodha nó Réidh na nDoirí. Tá pizza ar fail i dtábhairne Uí Mhurchú i gCill na Martra. Léiríonn a bhfuil thuas go bhfuil slí do bhreis turasóirí cultúrtha, ach go háirithe iad siúd a fhanann thar oíche.

Tá 665,000²³² duine I ndaonra Chorcaí is Chiarraí do réir figiúirí an CSO sa bhliain 2011. Daoine gairmiúla, fostathoirí nó bainisteoirí ab ea suas le 220,000 duine acu siúd. Ábhar suime é seo mar is saotharíon dhá dtrian de thurasóirí cultúrtha sna h-earnálacha gairmiúil os bainistióchta.

Sa bhliain 2016, thug 2,229,000 turasóirí thar tuinn turas ar cheantar Chorcaí, is Chiarraí²³³. Ach níl aon áireamh ina measc seo ar Mhúscraí. Is fíor a rá gur beag acu siúd a leag cois i Múscraí. Go deimhin féin tharla i gceistneoir suirbhé 2012 de chuid Fáilte Ireland a líon 567 turasóirí, leis an gceist *'is there any one thing about West Cork in particular that [they] would advise other holidaymakers to do or see?'* níor luaigh éinne acu Múscraí²³⁴. Ach an méid sin ráite, do bhí Gugán Barra luaite go láidir san suirbhé céanna. Mar sin féinig, léiríonn an taighde seo nách bhfuil an samhail "Múscraí" ann féin le fáil i gcoinsias turasóirí eachtrannacha nó baile. Is tri ráite béil a d'fhoghlaim os cionn leath des na daoine faoi Iarthar Chorcaí, ar an gcéad dul síos, agus is cúis buartha d'fhorbairt earnáil mharthannach turasóireachta an easpa eolais foirleathan seo.

Ó mheitheal oibre an choiléir bháin(C1) ab ea 57% des na turasóirí a tháinig go h-oileán na hÉireann i 2016. Ón earnáil Phroifisiúnta/Bainistíochta ag ab ea 30% éigin eile acu (AB)²³⁵. Thug 42% de thurasóirí gluaisteán leo nó thógadar ceann ar chíos anso²³⁶. Árdáion an uimhir sin go 85%²³⁷ le cuairteoirí a tháinig go h-Iarthar Chorcaí. Ina measc siúd a shrois Iarthar Chorcaí, b'é an dreapadh/siúbhloíd sléibhe a rogha caitheamh aimsire go mór (27% de chuariteoirí)²³⁸. Tá brí leis seo nuair a cuimhnítear gur áilleacht tírdhreach is príomh chúis le cuairt do thabhairt ar an áit. Tá cáirdiúlacht is fáilte na ndaoine leis ina thréith suntasach. Thóg 88% des na turasóirí comhairle ón idirlíon, 35% acu comhairle na leabhar treorach turasóireachta agus 25% acu comhairle an Irish tourist board²³⁹ féin is iad ag pleanáil a dturais. Is fiú a rá ná fuil ach Gugán Barra luaite i leagan 2012 den *Lonely Planet Guidebook* is iad ag cainnt ar Éirinn²⁴⁰. Níl an focal "Múscraí" in aon bhall ann.

²³¹ Ralph Riegel, "Steadfast tin soldiers now capturing the hearts of a whole new generation", *Irish Independent* (Nodhlaig 25, 2015), <https://www.independent.ie/irish-news/steadfast-tin-soldiers-now-capturing-the-hearts-of-a-whole-new-generation-34313909.html> (Scrúdaithe: 13/1/2015)

²³² <http://www.cso.ie/en/statistics/population/populationofeachprovincecountyandcity2011/>, (Accessed: 8/2/18)

²³³ *Tourism Facts 2016* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland, 2017) 5

²³⁴ *Holidaymaker study – West Cork 2012* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland) 1

²³⁵ *Island of Ireland: overseas tourism performance, 2016 facts and figures*(Baile Átha Cliath:Tourism Ireland, 2017)4

²³⁶ *Tourism Facts 2016* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland, 2017) 7

²³⁷ *Holidaymaker study – West Cork 2012* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland), 3

²³⁸ *Ibid*, 4

²³⁹ *Ibid*, 2

²⁴⁰ Fionn Davenport, *Ireland* (Melbourne: Lonely Planet, 2012)

8.6 An margadh le súil do dhíriú air.

Treisiú leis an lucht féachana atá ann faoi láthair, agus gríosadh don dream nár tháinig go Múscraí fós, is aidhm do aon Ghníomharthaí Míniúcháin sa todhchaí. Ní h-aon chlann amháin iad na h-áitreabhaigh áitiúla agus na turasóirí atá báidhiúil le teacht chun na Gaeltachta. Tá lucht féachana éagsúil i gceist ann, agus bhéidir go mbeadh gníomharthaí míniúcháin éagsúla leis ag teastáil dhonn freastal orthu uilig.

Níl suim ag gach éinne i dturas go Múscraí. Is meascán den bhFéin-aithne Cultúrtha, an Doimhin-cheangal idir daoine is áitreabh, agus áilleacht an Tírdhreach a chothaíonn Múscraí mar cheann scribe tarraiceach don dturasóir. Bainfí trom-fhorbairt tuatach nó breac úsáid útamálach ó thraidisúin áitiúla nó tírdhreach, an bonn ó earnáil turasóireachta árd-luachmhar inmharthanach faid-théarmach d'fhorbairt agus leighfidh sé luachanna oidhreachta. Is mar gheall ar sin a chaithfear fíor bhreith do thabhairt ar cioca margadh/lucht féachana a leantar.

Is minic go meallann grúpaí lucht eagartha turasóireachta bus chun a bhfigiúirí féin d'árdú. Is féidir le grúpaí turasóirí bus cur le h-uimhreacha is eacnamaíocht aon ionad turasóireachta mar a ngnáthaíon siad. Ach is fíor leis, mura bhfanann siad thar oíche sa cheantar, go bhfuil an teacht isteach eacnamúil uatha lag I gcomparáid leis an iarracht pobail a chosain sé freastal orthu. Dar le Loop Head Tourism nách fiu bacaint leo mar go raibh an fómhar eacnamúil astu ró lag²⁴¹. Is fiú a áireamh gur eagraidh 84% de chuirteoirí thar tuinn a dturais féin go neamhspleach, agus cheannaigh 16% pacáistí²⁴² le linn 2015.

Tá dian-thaighde rannógach déanta ag Fáilte Ireland. Áiríotar na *Culturally curious* (na Fiosaraigh Cultúrtha) agus na *Great escapers* (na Laochra Éalaithe). Tá cleamhnas níos fearr do 'sna Fiosaraigh Cultúrtha le Múscraí agus is iad seo an saghas turasóir a oireann don Ghaeltacht. Is maith leis an rannóg seo áiteanna ar leith agus, tá seans maith leis, go bhfanfaidís tréimhse níos faide. De ghnáth is é an saghas duine an Fiosaraigh Cultúrtha:

Lucht 'dreach-faire gníomhach' atá ag cuardach turais is áitreabh nua tírdhreach, staire agus cultúrtha a chuirfí len' a dtaithí agus lena gcuid eolais. Ní gnáthach dóibh fillleadh arís ar feadh tamaill, agus is minicí iad ina n'aonar nó ina ndísibh agus is annamh iad ag taisteal mar chlann. Is gnáthaí dá leithéid seo bheith os cionn 40.²⁴³

Is iad na Laochra Éalaithe ansan:

Lanúin timpeall ar 30 bliain d'aois de ghnáth agus is minic bunóc nó leanáí óga ina dteannta. Bíonn géar ghá acu de ghnáth le sos óna saoghal is slí beatha broidiúil. Tá suim ar leith acu i saoire faoin dtuath, agus is gnáthaí leo taisteal mar lánúin nó mar chlann. Imíonn an Laoch Éalaithe ar saoire chun sos, chun dul i ngleic leis an nádúir agus chun ath-cheangal len'a bpáirtneir. Bíonn suim ag a leithéid páirt do ghlacadh i gcuardach níos aiclí chomh fada is nách bhfuil sé ró dhian. Bíonn suim ag an rannóg seo dul i dteagabháil níos doimhne leis an nádúir go h-áirithe áiteanna iargúlta agus gliondaracha²⁴⁴.

²⁴¹ www.loophead.ie/responsible-tourism-policy/, (Accessed: 8/3/2018)

²⁴² Liam Mannix and Hollie Kearns, *Tourism for towns: an introduction to developing a sustainable tourism sector in your historic town*, (Kilkenny: The Heritage Council, 2017) 3

²⁴³ www.failteireland.ie/International-sales/International-sales/Culturally-Curious.aspx, (scrúdaithe: 1/11/17)

²⁴⁴ www.failteireland.ie/International-sales/International-sales/Great-escapers.aspx, (scrúdaithe: 1/11/17)

Tá dhá dtrian na gcuairteoirí go réigiún Iarthar Chorcaí os cionn 35²⁴⁵ do réir taighde a dhein Fáilte Ireland. Ba lánuin os cionn trian acu. B'iad áilleacht na duichí agus cáirdeas ós na daoine áitiúla, an dá rud ba mhó a thugadar faoi ndearadh le linn a dturas go h-Iarthar Chorcaí.

Margadh le súil do dhíriú air	Abhar gur suim leo is gur súil leo
Áitreabhaigh áitiúla a labhrann Gaoluinn	Teacht ar thuiscint ar cá luíonn Múscaí ina bhféin-aithint, is cá luíonn Scéal na Gaeltachta go Náisiúnta agus go h-idirNáisiúnta. Míniúcháin eolgaiseacha is suimiúla a ínsíonn éabhlóid is éagsúlacht an cheantair. Siubhalóidí deasa suimiúla agus a shamhail céanna i dtaithí.
Áitreabhaigh áitiúla gan Gaoluinn	Teacht ar thuiscint ar cá luíonn Múscaí ina bhféin-aithint, is cá luíonn Scéal na Gaeltachta go Náisiúnta agus go h-idirNáisiúnta. Míniúcháin eolgaiseacha is suimiúla a ínsíonn éabhlóid is éagsúlacht an cheantair. Siubhalóidí deasa suimiúla agus a shamhail céanna i dtaithí.
Cuairteoirí Lae	Tráthnóna suimiúil a chuirfidh le saibhreas idir chorp agus aigne. Míniúchán d'árd chaighdeán a léiríonn Múscaí i gcomhthéacs níos leithe d'Éire agus go h-idir-náisiúnta. Cosáin éasca cos is rothar agus turasanna bóthair a chothaíonn feá na físe don chuairteoir - Lá dá gCeithre Fichid is dócha.
Clanta ar Saoire	Tírdhreach áluinn. Comharsanacht atá cáirdiúil mar ar féidir le leanbhaí bheith saor chun cuardach is foghlúime. Taithí a chuirfidh giodam sna daoine fásta.
Daoine níos a shine	Ionaid tharraiceacha turasóireachta agus oilithireachta le Míniúcháin d'árd chaighdeán is le slí isteach áiseach.
Turasóir Éireannach	Cuairt shuimiúil a chuirfidh le saibhreas idir chorp agus aigne. Míniúchán d'árd chaighdeán a léiríonn Múscaí i gcomhthéacs níos leithe d'Éire agus go h-idir-náisiúnta. Cosáin éasca cos is rothar agus turaiseanna bóthair a chothaíonn feá na físe don chuairteoir - Lá dá gCeithre Fichid is docha.
Cuairteoirí thar tuinn i leith.	Míniúcháin d'árd chaighdeán idir-theangach a mhíniú scéal Mhúscaí i gcomhthéacs leathan Éireann agus go h-Idirnáisiúnta. Is mian leo taithí suimiúil agus a mhothú gur áit shainiúil an Ghaeltacht. Is mian leo a cheapadh go bhfuil turas tabhartha acu ar áitreabh nách ann do, d'fhurmhór turasóirí eile.
Grupaí Scoile agus oideachais	Bileoga oibre agus ábhar ar-líne ceangailte trí Ghaeilge le curricula bunscoileanna is meánscoileanna. Míniúcháin árd-chaighdeán le Cultúr Mhúscaí a thabhairt chun beathaigh.

²⁴⁵ *Holidaymaker study – West Cork 2012* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland) 5

Grúpaí Taistil	Míniúchán d'árd chaighdeán a léiríonn Múscaí i gcomhthéacs níos leithne Éireannach is idir-náisiúnta. Bóthar éasca le h-áiteanna áiseacha agus suimiúla. Tugann an easpa dianfhorbairt ar an nGaeltacht beo seo an sásamh do chuariteoirí go bhfuilid ag gluaiseacht trí áitreabh 'Fíor', agus nách cur i gcéill do thurasóirí atá dá fheiscint acu. Murach go bhfuilid ag cur fúthu thar oíche sa Ghaeltacht, ní fiú bacaint leo seo I bhfeachtas turasóireachta fa' Mhúscaí.
----------------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

8.7 Príomh Scéalta is Teachtaireachtaí

Níl ach timpeal ar 10% den daonra gur suim leo foghlaim nuair a bhíd ar cuairt chun séadchomharthaí, do réir Bord Fáilte. Is suim tánaisteach é seachas an duil atá acu teacht ar rud éigin "Fírinneach" agus a shuibhreach iad. Ní bhaineann ach dornán beag daoine tairife as eolas staire is seandálaíochta nuair atá sé breacaithe ar sheastáin léachtóireachta. Mar bharr air sin, ní chuireann sé 'daonra' san áit, rud a thabharfadh le brachtaint don gcuariteoir cad é'n saghas áite a bhí ann ina aonchor. Ní mór do gach Míniúcháin Oidhreacht bheith fuirist le teacht air, suimiúil agus eolas ar fáil uaidh. Ní gá go mbeadh sé taithneamhach. Tá sé seo fíor ach go h-áirithe i gcás suíomhanna mar ar tharla eachtraí gránna ar nós cogáíocht nó scliúchas (e.g. Cogadh na Saoirse, Cogadh na gCarad, An Gorta). Ní mór do Mhíniúcháin cur le tuiscint an áitreabhaigh agus an cuairteora araon. Déantar é seo trí Phríomh Scéalta is Teachtaireachtaí na suíomh. Is ceart dos'na Scéalta is Teachtaireachtaí seo eascairt aníos a' príomh théamaí bithe na Gaeltachta.

Tá mapaí staire, foinsí scríte, agallaimh agus turasanna suímhe taréis mórán eolais do chur ar fáil faoi fhorbairt Mhúscaí thar na ciannta. Is iad seo na príomh comhgaisí nuair atá na scéalta ar Fhorbairt Mhúscaí dá gcur le chéile. Is iad na Príomh Scéalta:

Is ionann Daoine agus áitreabh– An gaol atá idir dhaoine is áitreabh is ea príomh scéal Mhúscaí (saothrú na talamhan, an teanga, an béaloideas). Go simplí, is lú ceann acu gan na cinn eile. Conas a fhorbair an gaol seo thar na cianta aimsire?

Áit ar leithligh– Cad a dheineann áit ar leith de réigiún Mhúscaí inniu agus san am atá imithe? (i leith teangan, cultúir, is seandálaíochta dhe). Ca'nathaobh go bhfuil sé tábhachtach cultúr na Gaeltachta do choimeád Fíor?

An Spiorad Neamhspleach– Tá traidisiún fada agus iomadúil ag Múscaí maidir le gníomhartha do chur i gcrích go h-éagsúil. Ba dhaingean láidir Gaelach ó thaobh cultúir agus neamhspleáchais an Ghaeltacht le linn na luath-meán-aoise. Le linn an 19ú agus fichiú aois, bhí an síor aighneas chun cearta talamhan, saoirse, agus in aghaidh fórsaí an tsaorstáit le linn Cogadh na gCarad. Bhí gaol suimiúil leis idir an gcoismhuintir agus na mionn-uaisle áitiúla. Is dócha gurb é an ról leanúnach atá ag Múscaí i gcur chun cinn teanga na Gaolúinne, an fhilíocht, an ceol agus an rinne, an ról is tábhachtaí díobh uilig.

8.8 Aidhmeanna Míniúcháin

Is ceart do chuariteoirí chun na Gaeltachta breis is fás do chur lena dtuiscint ar Mhúscaí agus ca'na thaobh é bheith tábhachtach. Is ceart go mbeadh meas agus méadú tuisciana i dtaoibh an tírdhreach beo cultúrtha seo ag áitreabhaigh agus cuairteoirí araon. Seo thíos aidhmeanna gach gníomh Míniúcháin as seo amach:

Eolas agus tuiscint

Seo mar a dhéanfaidh áitreabhaigh is cuairteóirí:

- Foghlaimeoigh siad i dtaobh an gaol casta idir dhaoine is áitreabh agus conas mar fhás sé thar na cianta
- Foghlaimeoigh siad i dtaobh Tírdhreach na searmainise a cheangalaíonn nósmaireacht na Criostaíochta agus na Réamh-Chríostaíochta
- Foghlaimeoigh siad i dtaobh ról Mhúscraí I dteacht chun cinn Stáit na hÉireann agus a ról i dtaca le teanga na Gaoluinne, an ceol, rinne agus filíocht.
- Foghlaimeoigh siad i dtaobh an fia-dhúlra is an dúlra ar fuaid Mhúscraí agus conas mar atá tionnchar aige ar chultúr éagsúil na Gaeltachta seo.

Scileanna

Seo mar a dhéanfaidh áitreabhaigh is cuairteóirí:

- Aithne do chur ar léamh na Talamhan agus a leidí i leith a shaothrú is a athrú thar imeacht na gcianta.

Taithneamh agus Ionsparáid

Seo mar a dhéanfaidh áitreabhaigh is cuairteóirí:

- Bainfidh siad sásamh as a gcuid foghluma i dtaobh tírdhreach cultúrtha de thábhacht idirnáisiúnta
- Bainfidh siad sásamh as an gcuardach agus an fáil-físe
- Bainfidh siad sásamh as áilleacht na h-áite
- Mothóidh siad athbheochaint spreagadh ionta féin de dheascaibh na h-áite is a dhaoine.

Dearca agus luachanna

Seo mar a dhéanfaidh áitreabhaigh is cuairteóirí:

- Fásfaidh siad a dtuiscint ar a chasta is bhí an t-am imithe agus a thionchar ar an lá inniu.
- Fásfaidh fios acu ar an luach breise a bhronann séadchomharthaí, structúir tógála an phobail, úsáid thraidisiúnta na talamhan agus na timpeallachta nádúrtha, ar deamhaireachtáil agus tarraiceacht an cheantar do thurasóireacht.
- Fásfaidh fios acu ar luach leanúnachais úsáid thraidisiúnta na talamhan, canúin Mhúscraí agus an traidisiún beo ceoil gaelach, filíocht agus rinne
- Fásfaidh a dtuiscint ar thábhacht Múscraí mar áit le tábhacht idirnáisiúnta
- Fásfaidh a dtuiscint i leith ról Mhúscraí I ndéanamh agus préamhú ár bhféin-aithne náisiúnta
- Fásfaidh a dtuiscint i leith ról Mhúscraí agus áiteanna eile atá cosúil leis, a cheadaíonn dúinn smaoineamh go h-éagsúil seachas an Domhan Mór agus a bhfuil ann.

Iompar agus Glacadh Páirte

Seo mar a bheidh ag cuairteóirí:

- Bheith mar aidhm acu filleadh arís agus fanacht níos faide
- Cáirde agus clann do ghríosadh chun teacht ar cuaird
- Breis a fhoghlaim i dtaobh Mhúscraí
- Ceangal a bhraith le Múscraí agus a thodhchaí
- Beidh dúil acu cuaird a thabhart ar áitreabh oidhreachta eile
- Tacú le saothar comhairle nó iontaoibheas Mhúscraí sa todhchaí

Seo mar a bheidh ag áitreabhaigh:

- Beidh ceangal níos doimhne le Múscraí acu
- Beidh suim níos doimhne i mbainistíocht todhchaí na Gaeltachta acu
- Beidh dúil i dturais chun suíomhanna oidhreachta sa Ghaeltacht acu

- Beidh dúil i gcaomhnú gnáth láithreacha oidhreachta nách bhfuil cosanta agus go bhfuil smacht acu féin orthu
- An Cannúin Músraíoch do chleachtadh
- Páirt a ghlacadh i dtraidisiúin, in imeachtaí is cleachtais an phobail.
- An Béaloideas agus scéalta áitiúla do sheachadadh ar aghaidh.
- Tacú le saothar comhairle nó ionatoibheas Mhúsraí sa todhchaí.

9.1 Eolas Réamhchuirde

Tá Múscraí mar réigiún ar leith, íseal go maith i gcuimhne daoine go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Gabhann meascán breise alán eile i gContae Chorcaí mar ná feadar siad an t-achar tíre a ghabhann leis an Log-ainm “Múscraí”. An gciallaíonn Múscraí an Ghaeltacht nó an seana bharúntacht Múscraighe nó an é an Múscraí de chuid an Chumainn Lúth Chleas Gael atá i gceist mar a bhfuil éitreabh breise atá lasmuigh den bharúntacht ó thaobh staire dhe? Dá n’úsáidfí an t-anim Múscraí le limistéir na Gaeltachta amháin, agus é déanta i gcuideachtain brandáil chliste agus maragaíocht bhríomhar, chabhródh sé go mór.

Tá suíomh shimplí ach atá anois beagán as data, a áiríonn an Ghaeltacht mar ionad turasóireachta²⁴⁶. Fairíor ní shásaíonn sé lucht a úsáidte inniu ó thaobh áiseachta is oibríthe dhe. Níl aon tacaíocht aige ó mhedia shóisialta áitiúil ach chomh beag. In ainneoin roinnt cuntaisí media shóisialta atá tiomnaithe do Mhúscraí, níl aon bhrandáil dírithe ar imeachtaí is turasóireacht sa Ghaeltacht le fáil i gcúntas forleathan twitter, Facebook nó Instagram. Tá samhail an cháis breacaithe seo lé fáil leis an ábhar clóidhte. Tá mapa maith de “Slí Mhúscraí” ar fáil (an chuid áitiúil de Shlí Bhéara-Breifne). Ach bun agus bárr an scéil isea go bhfuil an fo iarracht láidir aonarach, nó ag grúpa, dá lagú i gcónaí in éaghmuis aon straitéis maragaíochta is bhranda amháin.

9.2 Teacht is gluaiseacht timpeal

Tá fógra simplí ar phríomh bhóithre isteach go Múscraí go bhfuilir anois ag teacht isteach sa Ghaeltacht. Tá an fhógraíocht seo ar nós aon Ghaeltacht eile. Tá na fógraí bóthair go dtí na sráidbhílte go maith. Tá an fhógraíocht bóthair go dtí roinnt suíomhanna teoranta go maith (Scrín Ghobnatan, an Teampaillín, Ráth an Ghaiscígh) agus ní ann do inaonchor do áiteanna eile (Séipéal Chúil Aodha, Suíomh Luíochán Bhéal a Ghleanna). (fig. 9.1). Tá cúpla méar-fhógra aonarach dea-chúmtha ag treorú daoine ar shiúbhloídí scaipithe i mBaile Mhic Íre/Baile Mhúirne (fig. 9.2).

Fig. 9.1 **Gí go bhfuil treoir-fhógra chun ráth Ráth an Ghaiscígh ar bhóthar an L3402 Béal Átha an Ghaorthaidh-Réidh na nDoirí, ní deir aon cheann leat cá h-áit le stop. Tá an Ráth i bhfolach lastiar de choilearnach.**



(Foinse: Research and Dig, 2017)

²⁴⁶ <http://homepage.eircom.net/~meithealmuscraig/guide/>, (scrúdaithe 13/1/2016)

Fig. 9.2

Fógraíocht feicthe i mBaile Mhic Íre/Baile Mhúirne



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Níl aon eolas turasóireachta ag na pollaí staid Bus i mBaile Mhic Íre nó Baile Bhúirne. Ní mór an méid Cláracha Eolais i dtaobh áiteanna suimiúla atá le feiscint i lár na sráidbhailte. Is eisceacht iad na painéalacha eolais a bhaineann le Sli Bhéara-Breifne (conairtí siubhail is rothaíochta) i mBéal Átha an Ghaorthaidh(fig. 9.3). Tá na painéleacha eolais Slí Beara-Breifne i mBaile Mhic Íre/Baile Bhúirne lonnaithe i bhfad ós na príomh láithreacha cruinnithe. Níl aon phainéalacha eolais i gCúil Aodha, Réidh na nDoirí ná Cill na Martra.

Fig. 9.3

Painéalacha Sli Bhéara-Breifne i mBéal Átha an Ghaorthaidh (faoi chiorcal dearg)



(Foinse: Research and Dig, 2016)

9.3 Slí isteach agus Míniúcháin i láthair na h-uaire

Níl mórán Míniúcháin ar na suíomhanna oidhreachta. Tá fógra treoir as Béarla amháin (fig. 9.1) chun An Teampaillín atá ar an Slí Béara-Breifne. Níl aon Mhíniúcháin ag Aragail Naomh Fionnbarra nó ag Teampall Ghobnatan agus seachas an fógra beag chun An Teampaillín agus Loch an Ghugáin Barra níl aon Mhíniúcháin in aon ball seandálaíochta, staire, nádúrtha nó d'fhoirgneolaíocht shuimiúil. Tá séadcomharthaí chun laochra staire, cathanna Chogadh na Saoirse agus eachtraithe eile ón stair ar fuaid na duichí. Ach níl aon comhthéacs nó scéal ar fáil ann.

Fig. 9.1

Painéal míniúcháin ar an suíomh.



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Tá na painéalacha míniúcháin mórthimpeall an taispeántais de Chath Waterloo ag monarcha bréagán Prince August, i gCill na Martra, dírithe ar chogaí Napoleon amháin.

Níl aon áis ar fáil dóibh sin gur mian leo iniúchadh níos bríomhaire a dheanamh, agus sin nuair a thógann i n'áireamh an easba fógraíochta sna sráidbhailte agus ag an Teampaillín. An léamh leisciúil atá i réim. Ní cheangalaíonn na míniúcháin an cuairteoir leis an láthair go sásúil, ná ní tharraigíonn sé ar a gcuid feathhanna. Níl aon fhuaim-threoir leis an gceol nó an fhilíocht, mar shampla. Níl aon Mhíniúcháin oiriúnacha do leanbhaí ar aon suíomh. Nuair atáid ann, níl ins na míniúcháin ach beagán eolas le tabhairt le fios don gcuariteoir cad air go dtángadar ina gcuid siúbhail nó cad é'n duine nó eachtra atá dá cheiliuradh.

Tá sé le moladh go bhfuil séadcomharthaí agus míniúcháin ann. Mar sin féin ní cóir féachaint ar na míniúcháin atá ann faoi láthair ach mar a bheadh bunchloch nó tosach le tógáil orthu. Tá níos mó ag teastáil ionas gur féidir meas agus tuiscint an phobail, agus na gcuariteoirí, a fhás.

9.4 Imeachtaí

Is mór le rá líon na n'imeachtaí ceoil, filíochta (e.g. Dámhscoil Mhúscraí), ealaíona agus spóirt (peil, iománaíocht agus caitheamh bollaí) agus iad iomadúil is ar chaighdeán árd. Tá clár ranganna agus imeachtaí atá bríomhar agus ar chaighdeán árd san Ionad Cultúrtha. Is fiú a gclár ceoil thraidisúnta a lua go háirithe. Tá na h-imeachtaí i Múscraí den chaighdeán is aoirde, fíor agus folláin de dheascaibh iad do bheith dá reachtáil ar son na n'áitreabhach. Tá sé fíor-thábhachtach go leanfadh an t-Ionad Cultúrtha le clár ealaíona de chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta, beag bheann ar éilimh na turasóireachta.

10.0 Míните is gníomhartha bainsitíochta cuairteoirí a thárlódh

Forbairt ar an gceangal idir chuairteoirí le h-áitreabhaigh agus le ceantar Mhúscraí is ea gnó gníomhartha míniúcháin oidhreachta ar aon suíomh. Is ceart go gcruthódh léirmhíniú réigiúin soiléireacht i dtaobh a chultúr, doimhin-dhearcadh d’ofráil agus gríosadh ar aire an lucht féachana le h-úsáid an scéil. Thar aon ní eile, is ceart go saibhreódh míniúcháin Mhúscraí taithí dhaoine agus iad a ghríosadh chun breis teangabhála leis an áit.

Is ceart an tirdhreach cultúrtha do chosaint ó aon tranglam agus chun é sin do dhéanamh ní mór ábhar míniúcháin do bheith dea-dheartha. Ní mór bheith cúramach leis ná cuirfear isteach ar ghnáth shaol laethiúil an phobail áitiúil is iad i mbun a gcuid gnótha. Caithfear cloí le *Acht na Séad Chomharthai Náisiúnta* (1930-2004) agus le h-achtanna éagsúla cosnaithe fiadhulra, I gcónaí is gach am.

Níl gníomharthaí míniúcháin teoranta don méid atá molta sa chaibideal seo amháin. Níl ach fairsinge áirithe i samhlaíocht na n-úghdar! Tá míle fáilte roim aon smaointe eile chomh fada is go gclaíonn said le prionsabail, polasaithe agus treoir an cuid míniúcháin don docuiméad seo.

10.1 Treoirínte Ghinearálta Míniúcháin Oidhreachta

1. Ní mór d’ábhar scríte uile bheith dhá theangach. Is ceart an Ghaoluinn do bheith go soiléir in uachtar mar theanga. Is ceart treoracha I bhfuirm fuaimne nó aon abhar eile fuaimne ar fáil, do bheith dhá theangach.
2. Ní mór gníomhartha uile míniúcháin do bheith ar aon dul le teachtaireachtaí is scéalta mar atá luaite i gcuid 8.7.
3. Ní mór míniúcháin uile do bheith bunaithe ar chomhairle is taighde scoláirí aitheanta.
4. Claoidh leis na fíricí. Ná bíodh tuarimíocht i gceist.
5. Nuair ná ch réitíonn na cúntaisí éagsúla d’eachtra, ní mór na cúntaisí éagsúla do thabhairt is é fhágaint faoin lucht féachana a n’aighe féin do dhéanamh suas.
6. Nuair atáid ag dearadh míniúcháin, ní foláir do lucht deartha agus taighde a n’aighe féin do chuardach lena dtuairimí pearsanta féin, is a gcúlra is a gclaonta féin do sheachaint.
7. Ní mór comóradh seachas ceiliúradh nuair atá míniúcháin dá ndéanamh ar ócáidí is tréimhsí coimhlinte. Ná h-úsáid ráitisí corraitheacha nó aon buaileam scíatha.
8. Is fearr focail shimplí in ionad an téarma casta, nuair is féidir.
9. Ní bhíonn eolas ar thréimhsí nó laochra atá cáiliúil, ar eolas ag cách. Ní mór don Mhíniúchán bheith ag freastal ar an lucht féachana foirleathan i gcónaí.
10. Ní foláir líon na bhfocal ar phainéalacha is fuaimthreoir do choimeád beag is gairid más féidir.
11. Ná h-abair duine nó áit “cáiliúil”. Más fíor go bhfuilid cáiliúil, beidh a fhios san ag cách cheana féin.
12. Ní mór Míniúcháin do bheith bainteach leis an abhar faoi chaibideal agus suimiúil.
13. Ní ceart go gcuirfeadh an Míniúchán agus a ghléasra, isteach nó amach ar láthair is ábhar a mhíните.

10.2 Gníomhartha Ullamhúcháin Réamh-Cuairde

• Suíomh Idirlínne

Ní mór suíomh simplí, soiléir, fuirist le cuardach dhá theangach agus oiriúnach don chostaiméir, d’fhorbairt don Ghaeltacht. Is ann a bheidh an t-eolas ar cad a thugann cáil do Mhúscraí, cad is féidir a dhéanamh ann, aon imeachtaí agus aon lóistín, is conas teacht air, agus aon chóir taistil poiblí sa Ghaeltacht. Is ceart rogha do chur ar fáil - turais lae, dhá lá nó trí agus seacht lá, i bhfearas don lucht féachana éagsúil. Caithfear gríosadh do dhéanamh ar lucht gnótha agus áiseanna, maragaíocht agus bolscaireacht do dhéanamh dá chéile. Ní foláir pacáistí

eachtraíochta is lóistín do chur ar fáil le ceannach go fuirist. Bain úsáid as samhail www.visitchichester.org/; www.carlingford.ie agus www.loophead.ie mar mhúnla.

- **Billeoga eolais is eitleoga**

Tá gá le billeog eolais d'árd-chaighdeán, maraon le foth-bhilleoga beaga, a scéifeadh eolas i dtaobh oidhreacht luachmhar Mhúscraí don bhfánaí in aon bhall. Ba cheart do bhilleoga Múscraí a mholadh mar cheann scríbe ar leith ar a b'fhiú cuaird do thabhairt. Bíodh seoladh idirlíne agus mapaí soiléire ar na billeoga. Is mó an t-achar atá i mbilleog eolais chun cur síos ar áiseanna na Gaeltachta maraon len' a éagsúlacht neamhchoitianta agus a chuid lóistín. Ní mór plean dáileadh don ábhar bolscaíreachta seo do chur i dtreo. Bheadh oifigí turasóireachta, na stáisiúin bus i gCill Áirne is i gCorcaigh, Calaphoirt is Aerphoirt, óstáin áitiúla, siopaí, tabhairní is B&Bs, 7rl. oiriúnach do dháileadh an ábhair seo. Ní mór an t-abhar do bheith i nGaoluinn, Béarla, Fraincís agus i nGearmáinis.

- **Cóir Taistil Phoiblí**

Mar atá ráite cheanna tá gá le cóir taistil phoiblí chun agus laistig de Mhúscraí, do leathanú. Is coir an seiorbhís Local Link atá ann faoi láthair do threisiú le bealaí nua maron le minicíocht breise. Is féidir leis seirbhís an Scéim Sóisialte do threisiú ionas gur féidir leo bus eile do chur ar fáil chun an bearna nua seo a líonadh. Caithfear Baile Mhúirne agus Béal Átha an Ghaorthaidh do cheangailt le cóir taistil phoiblí. Ní mór breis fógraíocht do chur ar fail chun go méadóigh úsáid na seiorbhíse ag áitreabhaigh agus turasóirí cultúrtha araon. (lucht siubhalóide go h-áirithe). Is cóir tráthchlár máistreach do chruthú a bheidh ar fail i gclódh agus ar líne agus a thaispeánfaigh na roghana éagsuil cóir taistil (i.e. Local Link, Scéim Sóisialte agus Bus Éireann) agus é seo aar fáil i nGaoluinn, Béarla, Fraincís agus Gearmáinis. Is cóir do gach eagraíocht comhoibnriú lena a chéile chun ceangailtí idir sheirbhíse do chothú. Tá Loop Head Tourism ag seoladh gréasán cóir taistil phoiblí ag úsáid bus aibhléise ar an leithinis i 2018 agus é dírithe ar áitreabhaigh is turasoírí²⁴⁷. Measan Loop Head Tourism go mbeidh an bus beag aibhléise níos saoire le rith seachas an bus diesel. Is cóir scrudú do dhéanamh ar an múnla atá ag Ceann Léime. Is cóir comhbhrandáil bheith ar follúin ar gach ártach seachas iad siúd le Bus Éireann. Ní mór gréasán stadanna bus faoi chombhrandáil do chur ar fáil don ngréasán bus Múscraíoch (i.e. an Musbus) (fig. 10.1). Le teacht is forbairt an nua theicneolaíocht agus le íslíú a chostas, is ceart tread gluaisteáin eibhléise soth-ghluaiste do chur ar fáil faoi stiúr comharchumann. Is ceart a leithéid do scéim bheith oscailte don tacathóir fánach chun an cheantair leis.

Fig 10.1

Bus ar leith thurasóirí is é ag stad bus i mBayonne na Fraince



(Foinse: Research and Dig, 2011)

²⁴⁷ Peter O'Connell, "Electric bus to go around the loop", *The Clare Champion*, <http://clarechampion.ie/electric-bus-to-go-round-the-loop/>, (scrúdaithe: 8/3/2018)

10.3 An Teacht agus an Scaipe Mórthimpeal

- **Ealaíon Phoiblí agus fógraí ar an Slí Isteach**

Is fógraí lom, ginearálta de chuid Údarás na Gaeltachta atá ar theorainn Mhúscraí faoi láthair. Is ceart fógraí móra Múscraíoch do chrochadh ar gach slí isteach (fig. 10.2). Is ceart a thabhairt le fios do dhaoine go bhfuilid ar tí bualadh isteach in áitreabh ar leith. Is féidir é seo a chur in úil tri ghnéithe speisialta ealaíona ar thaobh bbóthair si lár sráide is é bunaithe le ionsparáid an oidhreacht áitiúil idir é sin tógtha, nádurtha is doláimhsithe (figí. 10.3, 10.4 & 10.5). Tá ealaíon iontach tuillte ag an nGaeltacht. Cuirfí sé seo le éagsúlacht áite agus méadóigh a féin áithne áitribh. Tá ealaíon iontach tuillte ag an nGaeltacht. Cuirfidh sé seo le éagsúlacht áite agus méadóidh a féin aithne áitribh agus tá sé seo ag teacht go mór le Clár Éire Ildánach i gContae Chorcaí. Chun ealaíon den tsaghas sin a dheineann aithris comónta do sheachaint, moltar an próiseis coimisinthe atá léirithe ag publicart.ie²⁴⁸ do leanúint.

Figure 10.2

Fógraíocht ar an slí isteach go Páirc Náisiunta, RA



(Source: Research and Dig, 2018)

²⁴⁸ <https://publicart.ie/main/commissioning/commissioning-process/>, (scrúdaithe: 8/3/2018)

Figure 10.3
Leamhain

Fógraíocht ar an slí isteach go Páirc Náisiunta Loch



(Foinse: www.geograph.org.uk/photo/3464998, scrúdaithe: 03/11/17)

Fig. 10.4

Dealbh Marcaigh ag comóradh áth threasnaithe Abhainn na Bandan ar an N71



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Figure 10.5

Ceiliúrann an ealaíon an Camino de Santiago, agus na h-oilthirigh a bhí, agus ag an am gcéadhma, tugann sé misneach dóibh siúd dá shiubhal inniu, go bhfuilid ar an cosán ceart.



(Foinse: www.google.ie/search?q=camino+monument&espv=2&biw=1366&bih=623&source=lms&tbm=isch&sa=X&ved=0ahUKEwiSsaKGpsLKAhVFqA4KHdRRAtgQ_AUIBygC#tbm=isch&q=camino+de+santiago+monument&imgsrc=KCDPnWgJjEwC-M%3A, scrúdaithe: 16/01/16)

Fig. 10.6

Fógra beo a léiríonn do theacht isteach go cathair fuinneamhail, suimiúil Vitoria Gastiez, na Spáine.



(Foinse: Research and Dig, 2015)

- **Fógraí Treorach do Shuíomhanna Oidhreachta**

Is ceart fógraíocht brandálta laistig de limistéar na Gaeltachta do sheasamh ar suas agus anuas le 20 suíomh oidhreachta mórtímpeal Mhúscraí (e.g. Séipéal Ghobnatan, na droichidí cláir, Suíomh luíochán Béal a' Ghleanna), fiú iad san ag a bhfuil fógraí cheanna (e.g. Guagán Barra, An Teampaillín). Tá baill áirithe mar a bhfuil trangalam toisc fograíocht atá ann faoi láthair agus b'fhéidir gur fearr é bhaint. Ach ní féidir é seo a dheineamh gan toil an té gur leis é, gan dabht. Is ceart go gcloífeadh deara an uile fhógraíocht le achar agus réimse datha (figuirí 10.5, 10.6, 10.7, 10.8 & 10.9).

Fig. 10.7

Úsáideann Cosáin Náisiúnta Shasanna fógraí-treo galánta, caighdeánach atá déanta le amh-ábhair nádúrtha a luíonn isteach leis an dtírdhreach maguaird



(Foinse: Research and Dig, 2011)

Figúirí 10.8-10.11

Tá caighdeánú déanta ar fhógraíocht treo is eolais uile do shuíomhanna seandálaíochta agus staire ceantar Navia, Asturias na Spáine. Is fuirist don taistealaí gluaisteán is rothar iad d'aithint toisc a gcomh ndreach is deara galánta. Tá caighdeán arbh fhiú cuaird, le tuiscint ón áit mar a mbíd i láthair.






(Foinse: Research and Dig, 2015)

- **Fógraí treo do Lóistín Turasóireachta, Eachtraíocht agus Ceardaíocht**

Is ceart fógraíocht níos fearr do chur ar fáil, ar fuaid na Gaeltachta, ag taispeáint treo chun lóistín, suíomhanna caitheamh aimsire, ceadlainní is a siopaí, fiú dóibh siúd ag a bhfiul fógraíocht crochta acu cheanna féin (potaireacht Cúil a’ Bhuacaigh agus monarcán Prince August) B’fhéidir gur cóir aon áit mar a bhfuil trangalam fógraíocht do ghlanadh suas. Ach ní féidir aon ní do bhaint gan cead iomlán na n-úinéirí. Ní mór gach fógra do bheith dhá theangach agus ar aon dul leis an mbrat dathanna aontaithe. Is fearr na comharthaí bheith den dath donn ar nós iad siúd i Cathair na Máirt, Contae Mhuigheo (fig. 10.10).

Fig. 10.12

Chruthaigh Comhairle Baile Cathair na Mairt scéim caighdeánach fógraíochta turasoireachta a ghlan suas an trangalam, a chothaigh an riocht phoiblí a bhí fuirist le léamh agus, mar sin, a chabhraigh le slí d'aimsiú.



(Foinse: Simon Wall, 2014)

- Cláracha eolais is treoir sna sráidbhailte

Tá gá le bailiúchán cláracha eolais dea-chúmtha le scaipe ar croí na cuig sráidbhailte Gaeltachta. (Baile Mhic Íre/Baile Mhúirne, Béal Átha an Ghaorthaidh. Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, agus Cill na Martra). Tá ceann eile ag teastáil do Ghugán Barra leis. Is ceart eolas ar an suíomh magcuaird, suíomhanna eile suimiúil mórthímpeall agus mapa den nGaeltacht do bheith ar na painéileacha seo (figúirí 10.11, 10.12 & 10.13). Ní mór an téacs uilig i nGaoluinn agus Béarla ach an Gaoluinn igcónaí le feiscint in uachtar. Is féidir leagan den eolas do bheith ar fail I bhFraincís is Gearmáinis nuair is oiriunai é. Is ceart cód QR d'fhonn na ceangailtí glic idir gutháin cliste agus an suíomh nua eolas turasoireachta leis breacaithe ar nuair atá slí ar fáil ar an bpainéal. Dá laghad líon focal ar chlár isea is mó seans go léighfí é. Is ceart na cláracha/painéil eolais uilig bheith do réir an dearadh agus brat datha aontaithe céanna.

Fig 10.13
Uíbh Fáighle

Clár Eolais agus mapa deartha go deas ag Loch na Buaráí, Co.



(Foinse: Research and Dig, 2013)

Figúirí 10.14 & 10.15 Tá comharthaí caighdeánach breacaithe ag Cathair Phort Láirge ag treorú cuairteoirí chun suíomhanna suimiúla ar fuaid na catharach.



(Foinse: Research and Dig, 2013)

- **Léarscail Gaeltachta**

Tá mapa A3 Gaeltachta d'árd chaighdeán ar fáil cheanna féin. (foilsithe ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta). Tá cuid beag ann, ar foghlaim an 'Cúpla Focal', atá an mhaith. Is féidir na suíomhanna ar Slí Mhúscraí maraon le stadanna bus agus stáisiún rothar ar cíós 'sna toghachaí do chur leis an mapa seo nó léascáil nua ghlan A3 do chruthú. Ní mór na mapaí uilig do bheith ar fáil i nGaoluinn, Béarla, Gearmáinis agus Fraincís. Is cóir na mapaí do bheith ar fáil i ngach óstán, B&B, tigh féin-riair, siopa, táirne, caifé agus ionad turasoíreachta le friothálaí, i Múscraí.

- **Leithrisí agus soláistí**

Níl ach trí leithreas phoiblí i Múscraí. (Dhá chean i nGugán Barra agus ceann ar Chúil Aodha). Is féidir teacht ar leithrisí i dtáirní, óstáin agus bialannaí Mhúscraí i gcáin chead na n-úinéirí. Le imeacht aimsire, is féidir tabhairt faoi leithrisí phoiblí maithe dea-chhúmtha is deartha do chur ar fáil i gCárrchlós Scrín Ghobnatan. Nil aon bhall soláistí do lucht siubhail idir Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Baile Mhúirne. Bosca Ionraic le soláistí beag is freagra amháin ar an bhfadhb seo (fig. 10.16). B'fhéidir gur féidir búchairí is toibreacha uisce saor do chur ar fáil trí comhoibriú le úinéirí na talamhan. Is féidir go bhforbródh as seo, gnóthluchtaí beaga ar nós na tithe beaga taé is a leithéidí, oiriúnach le freastal ar lucht siubhalóide is turasoírí.

Fig. 10.16 **Bosca Ionraic fá Slí Falla Hadrian san UK**



(Foinse: Research and Dig, 2011)

- **Scéim Rothar ar Cíos**

Is ceart scéim rothar ar cíós íseal do chur ar fáil a thabharfadh seans do lucht úsáidte Cóir Taistil Phoiblí is Gluaisteán, tabhairt faoi spastóireacht do dheineamh ar fuaid na Gaeltachta (fig. 10.14). Tá scéim Rothar ar Cíos ag Óstán an Ghúgáin dá n'aoineanna, cheanna féin. B'fhéidir gur féidir an scéim seo do leathanú amach chun an phobail forleathan agus, b'fhéidir, go bhféadaí páirtneireacht do chothú le Óstáin Bhaile Mhic Íre/Bhaile Mhúirne nó gnóthluchtaí nó grúpaí pobail sna sráidbhailte eile agus áiteanna eile sa Ghaeltacht. Is cóir combhrandáil do chruthú agus do shíneadh thar gach gnéith don scéim rothair ar cíós. (i.e. an Mústrothar). Do bunaíodh an céad scéim rothair pobail i gCluan na Coillte i 2015 (www.clonbike.com/). Cavan County Council operates a free scheme from their offices (www.cavancoco.ie/free-bike-scheme). Is cóir an scéim rothar do cheangailt leis and seirbhís bus áitiuil. Beidh úsáide as an dá chóras mar thoradh ar seo.

Fig. 10.17

Scéim Rothar ar Cíos dá reachtáil ag táirne i Sydney na h-Ástráile



(Foinse: Research and Dig, 2014)

- **Seastáin Rotha**

Caithfear seastáin oiriunacha do chur ar fáil ag suíomhanna ar fuaid na Gaeltachta ionas gur féidir spaisteoireacht do chothú ar fuaid Mhúscraí. Nuair is féidir, is ceart na seastáin do lonnú díreach le h-ais painéalacha eolais na suíomh suimiúil. Do chothódh na seastáin an scéim rothar ar cíós agus thacódh le spastóireacht ar fuaid Mhúscraí pé acu an é an taistealaí turasóra faid bhóthair, turasóirí eile ag fanacht sa Ghaeltach nó an áitreabhach ag cleachta gleacaíocht coirp atá i gceist. Bhí geall le 400,000 turasóir thar tuinn a thug faoi'n rothair in Éirinn le linn na bliana 2016²⁴⁹. Thug ocht fán gcéad de thurasóirí baile faoi'n rotháiocht²⁵⁰.

10.4 An Míniúcháin ar-suíomh

- **Painéileacha Míniúcháin**

Tá furmhór mhór na míniúcháin oidhreachta i Múscraí inniu gafa le Slí Béara-Breifne. Gí go bhfuil sé ar caighdeán maith, tá furmhór an téacs i mbéarla. Ní mór na painéalacha nua uilig Mhúscraí do bheith dhá theangach agus ag cloí leis a mbrat aontaithe dearadh.(figúirí 10.16, 10.17, 10.18 & 10.19). Caithfear an téacs do choimead ar an gcaolchuid. Úsáidtear focail shimplí fuirist le tuiscint. Is coir do lucht a scríte iarracht ar bheith tarraicreach ina gcuid scríomhnóireachta seachas balamh, leamh. Is leo painéal amháin do furmhór na suíomh. Ní coir gur liosta firicí amháin atá ar na painéalacha seo. Is amhlaigh gur ceart go léireoidís comhthéacs agus tuiscint. Cabhróigh sé má leantar ceann des na trí scéalta/téamaí Gaeltachta mar atá ráite i roinn 8.7 (i.e. is ionann daoine agus áit, áit ar leithlig, an Spiorad neamhspleách). Is cóir trí chraiceann do bheith leis an téacs. Solátharóigh sé seo rogha leibhéal do chuirteoirí ar a mbeidh said compórdach. Neosfaigh craiceann amháin cad é'n rud atá sa láthair (i.e. an ainm agus cén tsaghas suímh). Beidh suas le c.50 focal scríte go mór, dána ag cur eolas bunúsach ar fáil i gcráicean/leibhéal a dó (e.g. Cé thóg agus conathaobh). Cuirfidh an craiceann deirneach níos mó eolas i dtaoibh an suíomh ar fáil don léitheoir, ag baint feidhm as suas le 150-200 focal. Is ceart aon foilsíúchán atá foilsithe cheanna féin agus a thugann uaidh eolas, do luath leis. Cabhróigh léaráidí ath-tharraice d'aon suíomh leath-loitithe, le tuiscint an

²⁴⁹ *Tourism Facts 2016* (Baile Átha Cliath: Fáilte Ireland, 2017) 6

²⁵⁰ *Ibid*, 10

cuairteora agus iad ag iarraidh cead crot na h-áite do shamhalú dóibh féin. Is ceart leagan gairid cuimsitheach, suas le 50 focal, faoi caraictéar an tsuíomh do chur ar fáil i nGearmáinis agus i bhFraincís. Caithfear na fógraí seo do, lionnú I slí nách gcuirfí isteach ar ar sheandálaíocht, ar ailtireacht, oidhreacht timplealachta nó ar radharc an turasóra. Ní coir aon fógra míniú, hain do chur ar thalamh beannaithe. Is ceart cód QR do bheith ar gach painéal ag cothú ceangal idirlinne le físeáin ar YouTube má tá an córas idirlinne láidir a dhóthain agus an amh-abhar ar fáil ann. Ní mór seoladh idirlinne suíomh turasóireacht Múscraí do bheith breacaithe ar gach painéal

Fig. 10.18

Tá na painéalacha míniúcháin ag Vindolanda, Fallaí Hadrian, UK, suite isteach i mbloc straighne. Ní raibh gá le tochailt chun a dhéanta. Ní oireann an módh neamh ionsaithe seandálaíochta seo ach mar a bhfuil an áit saor ó stoc. Caithfear réiteach níos buaine do chur ar fáil mar a bhfuil ba agus caoire. (féach fig. 10.17).



(Foinse: Research and Dig, 2011)

Fig. 10.19

Seasann an painéalacha míniúcháin ag baile tréigthe Rinn Dúin, Co Roscomáin ar an dtalamh. Tá sé suite in áit mar a mbíonn ba agus caoire. Ta an capal adhmaid ró mhór ionas nách féidir é ghoid ró fhuirist ach fós tá sé éadtrom a dhóthain ionas gur féidir le feirmeoir é bhogadh timpeal. Tá an dhearadh daingean go maith ionas nách gcuireann na ba isteach air agus iad dá screabhadh féin ina choinne.



(Foinse: Research and Dig, 2016)

Fig. 10.20


Dea shampla gontacht an téacs dhá theangach ar phainéalacha míniúcháin ag Conwy Castle, UK. Tarraogíon téarmaí comh-aimsire áird an chuariteora.



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Fig. 10.21

Míniúcháin galánta dhá theangach ag Dun Fort St Angelo, Malta. Tabhair an samhail beag treoir fuaimne ar cúinne dhesieal barra an chláir.



(Foinse: The Heritage Council, 2015)

- **Fuinneoga isteach ar an am imithe.**

I bhfoth áit saor ó stoc, d’fhéadfaí ‘fuinneoga isteach chun am imithe’ do chrochadh (fig. 10.20). Is íomhánna tré-dhearcach iad seo a greamíotar istig I gcruaig ghloine agus taispeáinéal siad eachtraihte éagsúil nó dearadh ar an suíomh faoi mar a bhíodh fadó. Is féidir a leithéid do dheardh ionas go bhfuil sé i gcomhréir leis an dtírdhreach ina thimpeal agus é ag cruthú iomhá iomlán idir é féin agus an suíomh mar atá ina thimpeal inniu.

Fig. 10.22
Chromail

Iomhá tré-dhearcach a'taispeáint brise fallaí Chester sa UK, ag arm



(Foinse: Research and Dig, 2015)

- **Pictiúirí ar fhallaí**

Tá roinnt bínntibh tí i sráidbhailte Mhúscraí a bheadh oiriúnach le úsáid mar chanbhás greannta le pictiúirí d'árd chaighdeán a léireodh scéal Mhúscraí trí úsáid an bhéaloideas áitiúil agus eachtraí staire (figiúirí 10.21 & 10.22).

Fig. 10.23

Na Pictiúirí fallaí ar leith a dheinean rud éigin speisialta as rud éigin leamh i Vitoria Gastiez na Spáine.



(Foinse: Research and Dig, 2015)

Fig. 10.24

Seo grianngraf ó dheire 19ú/tosach 20ú aois a thaispeáinean sráid a bhíodh i Sydney na Astráile ach atá anois leagtha síos chun mótarbhealach nua do dheineamh. Tá sé anois crochta mar a mbíodh sé -ar fhalla an mótar bhealach céanna



(Foinse: Research and Dig, 2014)

- **Fógraí sráide i sráidbhailte**

Le toil na n-úinéirí, ba mhaith é plaic beag dhá theangach ar fhallaí na bhfoirgneamh sráide oscionn céad bliain d'aois, a thabharfadh stair is úsáid an fhoirgneamh thar blianta siar (figiúirí 10.23 & 10.24).

Figiúirí 10.25 & 10.26

Fógraíocht i mBayonne na Fraince



(Foinse: Research and Dig, 2012)

- **Blúiríocha téacs**

Is féidir blúiríocha téacs de chuid saoithe aitheanta an cheantair, gearrtha istach i bhflaigíobh, do leagadh isteach i gcosáin na sráidbhailte Gaeltachta (e.g. Dochtúir Ó Loingsigh agus Sean O' Riada) maroan le giotaí flióchta agus béaloideas Mhúscraí (e.g. filíocht le Séan Ó Riordáin agus Máire Bhuí Ní Laoghaire). Is ceart ar a laghad dán mór fada amháin do ghreanna ar chloch is do shíneadh amach ar chosán (fig. 10.25).

Fig 10.27
Chainnigh

Flaigíbh ag marcáil suíomh sean fhallaí mean-aoiseach Chill



(Foinse: Research and Dig, 2017)

- **Turais cluaise**

Is cóir turasanna le tionnlacan taifead cluaise d’fhorbairt agus iad ceangailte le áitreabh éagsúil agus do réir na trí scéal/teachtairacht (i.e. Is ionan daoine agus áit, Áit ar leith, an Spriorad Neamhspleach). Is coir na Turais seo bheith bunaithe ar meascán de fhilíocht, béaloideas, Amhráin, ceol, stair nádúir agus eolas seandálaíochta agus staire. Ní mór códaibh QR na bhfuaimrian éagsúil do bhreaca ar na painéallach cuí ag na láithreáin (ag brath ar leathanbhanda bheith ar fáil) Is ceart Turas do bheith ceangailte leis an córas GPS. Mura bhfuil leathanbhanda ar fáil, ní mór smaoinemh ar uirlisí so-ghluiaiste do chur ar fáil. Ba mhaith é na fuaimrianta seo do chur ar fáil le íoslódáil, trí ghuthán cliste, don té atá ag tabhairt faoi Thuras.

Is coir dhá leagan cluaise do leannaibhe leis do chur ar fáil. Ba mhaith ceann acu do bheith ag diriú ar shaoghal laethiúil cailín óig ag maireachtaint le linn Réadh na gCárthach le linn meannoiseanna. Ba mhaith an ceann eile do bheith ag ínsinnt scéil saoghal laethiúil bhuachalla óg le linn Cogadh Cathardha agus Cogadh na gCarad.

Is coir na fuaimrianta seo do bheith i gcleamhnas le mapáí dea-chumtha, dea-dheartha a bheadh fuirist le leanúint. Is ceart leaganaíochta Gaoluinne, Béarla, Faincise, agus Gearmáinise do bheith ar fáil des na fuaimrianta seo.

Is ceart do ‘sna tionnlacain treorach fuaime seo bheith ag tacú agus ag cur le Scéal Mhúscraí.

- **Leabhar**

Is coir leabhar 15,000-20,000 focal ar charaictéar Mhúscraí do choimisiniú (Seandálaíocht, béaloideas, ceol, tírdhreach, stair agus na daoine). Is coir don leabhar do bheith dea-dheartha agus lán de phictiúirí ar chaighdeán árd. Is coir é bheith cumtha do lucht féachanna forleathan. Is coir leaganaíochta Gaoluinne, Béarla, Faincise agus Gearmáinise do bheith ar fáil.

- **Oifig Turasóireachta / Béaloideas, Oideachais agus Taighde, Cartlann, Café.**

Is coir oifig turasóireachta, béaloideas, oideachas agus taighde d'oscailt i mBéal Átha an Ghaorthaigh. Is coir béim do leagadh ar cur chun cinn an bhéaloisid áitiúil. Is cóir siopa/café ag díol táirgí is earraí láimhdéanta áitiúil d'árdchaighdean agus sóláistí, d'oscailt ar an láthair. Bheadh ar chumas turasóirí loistín agus ticéadaí chun imeachtaí sa cheantar do chur in áirithint tríd an oifig turasóireachta. Tá an cúram bunúsach, tábhachtach ar an oifig turasóireachta le bainistiú agus cur chun cinn na turasóireachta sa cheantar. Sa bhliain 2012 mhaoidh 71% turasóirí go Iarthar Chorcaí gur in oifig Turasóireachta a fuair a gcuid eolais²⁵¹ do réir suirbhé de chuid Fáilte Ireland. Ba chóir don bhainisteoir tionscadail turasóireachta agus imeachtaí a bheith ag obair anseo.

Is cóir oifigeach áitiúil béaloideas d'fhostú agus é i mbun oibre le scoileanna na háite agus na miocléinn a bhíonn ag freastal ar Choláiste na Mumhan – a bheidh feabhsaithe le cúnaimh Dé. Is coir dóibh ceangal do chothú le Roinnte is Institiúidí éagsúla Triú leibhéal agus scoláirí a bhíonn ar cuairt chun an cheantair. Is coir ceangal d'fhorbairt le Roinn Béaloideas UCC. Is coir gur aonad fuinneamhail atá ag tacú le Ionad Culturtha an Dochtúir Ó Loingsigh atá i gceist. Go deimhin is féidir gur cuid den struchtúr eagraíochta céanna iad araon. Is ceart aonad cartlainne is taighde mar a mbeadh scríbhinní agus taifid cnuasaithe agus é oscailte don pobal, do thógaint. Is dea shamplaí nó múnlaí maithe an Lismore Heritage Centre (www.discoverlismore.com) X-PO i gCill na Buí (www.deirdre-omahony.ie/biog/42-artworks/2000-s/51-x-po-killinaboy.html) agus Beara Island Heritage and Information Centre (www.bereisland.net/activities/heritage-centre/).

Ní dócha go mbeidh a leithéid de aonad gan fiacha. Is cóir glaca le seo. Is chun daoine do chur in aithne don nGaeltacht, oideachas do chur ar mhicléinn agus soláthar spás bídh is leithris do lucht rothair is siubhalóide, is curam don aonad seo. Curam tábhachtach eile dá chuid is ea freastalm is cothú caidreamh do áitreabhaigh na háite. Is cóir buiséad a dhíolfadh as taispeántais sealadacha agus forbairt sraitheanna suimiúil oideachais, do chur a fáil leis. Is cóir an Café d'eagrú ar bhonn caighdeán an McKenna Guides agus é dírithe ar bia agus deoch áitiúil do chur chun cinn. Tá dea shampla don tsórt seo le feiscint ag Fennelly's i gCallain, Co Chill Chainigh, mar a bhfuil an caifé lonnaithe i sean fhoirgneamh stairiúil agus iad ag dáileadh bia áitiúil le imeachtaí árd chaighdeán eagartha agus líon na gcuairteoirí chun an bhaile beag seo dá mhéadú acu. (www.facebook.com/fennellysbridgest/).

- **Forbairt ar Structúir Imeachtaí Foghlumthe**

Is féidir ionad náisiúnta foghlumte Teanga na Gaolúinne, Béaloideas agus an Náduir, do dheineamh de Mhúscraí, má cuirtear na achmhuiní oiriúnacha ann. Is mór an tairife tacaíthe is caomhnaithe d'eolas ar carachtar cultúr Mhúscraí a dheinfadh forbairt láidir seirbhíse do mhic léinn, maraon le freastal ar oideachas sa bhun, sa mheann agus sa tríú leibhéal. Cintíonn sé cuairteoirí le caighdeán luach, chun na Gaeltachta. Is coir an clár bun agus Dara leibhéal do cheangailt leis an gCurraiclum Náisiúnta. Is cóir gaol do chothú le Roinnta Béaloideas agus Dúchais Ollscoil Chorcaighe agus le insitiúidí tríú leibhéal oiriúnacha eile. Tá ról bunúsach tábhachtach ag Coláiste na Mumhan sa churam seo.

- **Brúgh na n'Ealaíontóirí.**

Is cóir clár d'fhorbairt do lucht taighde, ealaíona agus fíil agus cuireadh do thabhairt doibh fanacht tamal ar lóistín saor ina aisce agus deontas beag airgid a bhronnadh orthu ach go gcaiothfeadh a gcuid saothar bheith dírithe ar Mhúscraí. Is cóir iad uilig do chur ar lóistín in aon tsráidbhaile amháin. Ní ceart na scoláirí do scaipe. Tá sé mar eolas coitianta go dtagann athbheochain ar bhailte is sráidbhailte mar a mbíonn a leithéid cruinnithe le chéile. Is ceart stáisiúin saothair do chruthú dá leithéid ag an Aonad Múinte Béaloidis. Ní mór an Ionad

²⁵¹ *Holidaymaker study – West Cork 2012* (Bail Átha Cliath: Fáilte Ireland) 2

Culthúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh bheith lárnach sa scéal. Is maith an sampla nó múnla oibre Cill Rialaig dá leithéid (www.facebook.com/CillRialaigArtsCentre/).

- **Structúir Taighde**

Is cóir sraith de cheisteanna seandálaíochta a chur le chéile chun na bearnaí eolais i dtaoibh Múscraí do líonadh. Treoróigh na ceisteanna seo módh oibre gach iniúchadha suíomh as seo amach. Ba mhaith é cleamhnas do chothú le Roinn Seandálaíochta Oll-Scoil Chorcaighe. Is cóir do bhaill acadúil, atá ag obair le muintir na h-áite, gríosadh do dhéanamh ar mhiclén chun na ceisteanna seo d'fhreagairt do réir a chéile. Is cóir an eolas seo uilig do chur ar fáil ar an leathanach idirlínne Stair agus Béaloideas Mhúscraí (b'fhéidir é chur faoi bhrat an mapa oidhreachta idirlínne <https://heritagemaps.ie/>). Is cóir cóipeanna cruaidh do chur ar fáil ag Leabharlann Bhaile Mhúirne agus ag an Ionad Béaloideas atá molta do Bhéal Átha an Ghaorthaidh. Is cóir macnamh do dhéanamh ar léachtanna agus comhdháilbh do reachtáil bunaithe ar thorthaí na taighde seo.

- **Laetheanta Tochailte Oscailte**

Is ceart laetheanta oscailte don bpobal do reachtáil le linn aon tochailt seandálaíochta a cuirtear ar bun. Is cóir na scoileanna áitiúil do ghríosadh chun freastal orthu is páirt do ghlaca ionta. (fig. 10.26).

Fig. 10.28 **Scoil Samhraigh an Mainistir Dhuibh in Áth Trim Co na Mí.**



(Foinse: Research and Dig, 2013)

- **Imeachtaí**

Ní mór Féile Scoraíochta dp chur ar bun mar a mbeidh gríosadh ar dhaoibh o dtreo cuaird a thabhairt ar achéile i dtithe a gcomharsanna agus a gcoomhrá do reachtáil trí ghaoluinn. D'fhéadfadh maidiníocha Caifé, Cóisireacha Dinéair, Ceol, Rínce agus scéalacht, i líonn áirithe tithe, bheith ar chlár na Féile seo. Is cóir siubhalóid/rás/máirseáil trí Mhúscraí, ag comóradh máirseáil Uí Shuilleabháin Béara, do reachtáil go bliantúil i gcaitheamh an tsamhraigh. Is maith é campa meannaíseach do chruthú fan slí, le linn na h-ócáide sin (fig. 10.27). Is ócáid an oiriúnach, a bheadh ansa, chun oideachas do chur ar dhaoibh i dtaoibh Oidhreacht Gaelach Mhúscraí le linn an tréimhse meannaíseach. D'fhéadfaí an smaoineamh seo do leathanú amach trí rás cruadhálach, gaisciúil do reachtáil ón nGleann Garbh go Leitrim. B'ionann gach staid agus lá le linn Máirseáil Uí Shuilleabháin Béara. D'fhéadfaí, leis, comhdháil/féile a bheadh dírithe ar bhéaloideas áitiúil maraon le staidéir bhéaloidis ghinearálta, do reachtáil le linn gailbh an tsaosúir turasóireachta (i.e. Deire Fomhair, Samhain, Feabhra, Márta, Aibreán).

Fig. 10.29
Tiobrad Árann

Geamaireacht Róstáil Coinín le linn Lá Fethard Walled Towns,



(Foinse: Research and Dig, 2010)

10.4 Bainistiú cuairteoirí in áiteanna tuaithe

Meastar go dtiocfaigh roinnt suíomhanna atá an-aithnid, i láthair na h-uaire, chun solais agus a bheidh oscailte don bpobal san am atá romhainn. D'fhéadfadh go mbeadh cuid acu seo ar thalamh feirme nó talamh príomháideach. Tá sé i gceist go mbeidh siad seo ar fad gan foireann agus go mbeidh cead isteach saor in aisce. Tá sé fíor thabhachtach go mbeadh cosaint dlíthiúil in áirithint doibh seo a bhfuil ar a gcumas cead isteach a bhronadh. Tá sé tábhachtach leis go mbeadh cuairteoirí sábhálta agus slí áiseach ar fáil dóibh. Beidh ana chuid des na bealaigh nua seo agus na slí isteach chun suímh, a bheidh ag oscailt air nó ag treasnú nó ag leanúint botharacha poiblí.

- **Iniúchadh Sabháltachta**

Ní mór Iniúchadh Sábháltachta do dheineamh ar gach áit agus bealach a beartaíotar d'oscailt chun an phobail. Is ceart an iniúchadh seo do bheith déanta ag lucht gairmiúil i gcursaí sláinte agus sábháltachta agus ní mór taithí mhaith ar obair thuisceanach doimhin le tírdhreach leochaileach is stairiúil, do bheith ag na daoine seo. Nuair atá gníomh le cur i gcrích, ní mór é bheith déanta ag daoine atá cáilithe chuige agus i gcomhréir le teoracha atá foilsithe san imleabhar *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice* (2015)²⁵². Ní mór deimhin do dhéanamh de ar gach tráth go bhfuil an tionchar is lú, ag aon dearadh, ar luachanna oidhreachta aon suíomh nó bealach. Is féidir go mbeadh cead seandálaí, nó eile, riachtanach d'aon idirghabháil beartaithe. Más amhlaigh go n'éilíonn cursaí sábháltachta agus slí isteach, athraithe mí-chuí ar luachanna oidhreachta suíomh, ní cóir an suíomh sin a oscailt chun an phobail. Ní ceart cead isteach a bhronnadh ach mar ar féidir

²⁵² Kenneth Dodd, *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice*, (Visitor safety in the countryside group, 2015)

bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chontúirtí, dar le h-oifigigh proifisiúnta sláinte agus sábháltachta. Maidir leis na suíomhanna go léir go bhfuil sé i gceist bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm ionntu, de réir mar is gá, ba cheart go mbeadh leanúnachas ag baint leis an gcur chuige. Ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar iompar agus eispéireas na gcuaríteoirí agus pleananna faoi shábháilteacht na gcuaríteoirí a athbhreithniú go rialta.

Tabhair faoi ndearadh: Ní mór na h-infrastructúirí uile do thairife na gcuaríteoirí is spaisteoirí, do choimead i riocht sabhála²⁵³.

- **Mápaí agus Imleabhair treoireach**

Ní mór eolas sábháltachta do chur i Mápaí agus Imleabhair treoireach uile, atá cúltha do baill a' phobal agus lucht turasóireachta na duichí. Ba cheart go mbeadh eolas faoi shábháilteacht agus griangraif de na suíomhanna oidhreachta go léir go bhfuil teacht ag an bpobal orthu ar an suíomh nua idirlín.

- **Trácht**

Nuair atá bealaigh siubhlóide ag treasnú bóithre, ní mór an áitreabh treasnaithe do bheith lonnaithe amach ó chúinní dorcha agus iad lonnaithe mar ar féidir leis an siúbhaláí breith do thabhairt ar aon trácht ag teacht ina chomhgar. Ní mór do lucht gluaisteán leis bheith ábalta dóthain radhairc agus spáis, do bheith acu, le stad roimh áit treasnaithe, nuair is gá. Mar a bhfuil slí isteach ó bhóthar poiblí, chun suíomh nó áit tosnaithe turais, ní mór é bheith suite saor ó aon chúinní dorcha bóthair, agus é bheith oiriúnach, ionas gur féidir leis an gcuaríteoir an bóthar do threasnú go sábhála. Ar an gcuma céanna, ní mór don tionmánaí bheith ábalta aon slí isteach chun suíomh d'fheiscint go soiléir, in am mhaith, chun stad go sábhála. Ní mór fógraíocht foláirimhe oiriúnacha do thiománaithe, (e.g. Bí aireach roimh choisithe agus rothaithe) agus lucht caitheamh aimsire (e.g. Bí aireach ar thrácht), do bheith i ngach ball mar a mbeidh lucht rothar is siubhalóide ag úsáid bóithre poiblí. Ní ceart cuairteoirí le gluaisteáin do threorú chun aon Suíomh Suime Gaeltachta ach mar a bhfuil áit sábhála páirceála ar fáil.

Is do thurais siubhalóidí agus siubhalóidí athfhillte trí choillte is talamh feirme, na moltaí seo leanas:

- **Comharthaí do shlite siubhalóide**

Ní mór deimhin do dheineamh de go bhfuil dóthain comharthaí fan na slí. Maolóidh seo aon bhuaire a bheadh ar lucht siubhalóide i dtaobh iad do bheith ar an slí ceart. Cabhróigh sé leis chun iad do choimead ar an slí ceart seachas bheith iad ag imeacht amú.

- **Comharthaí Sábháltachta**

Is cearta comharthaí, atá deartha go soiléir, ag fógairt foláirimh faoi dhainséar agus freagaracht daoinibh as ucht a n'iompar, do bheith crochtadh ar na suíomhanna oidhreachta uile (figures 10.28 & 10.29). Is ceart na treoracha iompar seo a bheith breacaithe síos go soiléir ar na painéalacha eolais nua. Do réir an tsuímh, is comhairle ar nós: gluaisteán do chur faoi ghlas, gan nithe luachmhara d'fhágaint le feiscint, meas do léiriú ar shéadchomharthaí, gan cuardach miotail do dhéanamh, fanacht ar an mbealach/slí, coinnigh madraí ar théad, dún geataí it' dhiaidh, tabhair abhaile gach brúscar, ná dreapaigh ar shéadchomharthaí, ná déan campáil, ná las tinnite 7rl. Do réir mar is cuí, is féidir go n'iarrfaí ar chuaríteoirí bheith aireach ar: stoc ainmhithe, clocha mí-shocair, dromplaí aidhréidh, céimeanna aidhréidh, trácht, uisce doimhin, baol sleamhnaithe, baol cor-coise agus céimín obann. Ní mór a chur i gcuimhne do chuaríteoirí bheith aireach dá sábháilteacht féin, ag gach suíomh. Is cuí leis easpa leithrisí do lua. Is cóir a chur i gcuimhne do thuismitheoirí gur fúthu atá aire is iompar a gcuid páistí ag gach tráth.

²⁵³ *Recreation in the Irish Countryside: property rights, obligations and responsibilities* (Department of Environment, Community and Local Government, 2013) 8

Agus, ar deireadh, is cóir a chur i gcuimhne do chuaríteoirí go gcaithfear bheith aireach faoi abhair na n'úinéirí agus dá bpríobháideachas. Is ceart na comharthaí uilig do bheith i nGaoluinn agus i mBéarla. Ba cheart siombail rabhaidh a úsáid nuair is féidir. Ba chóir go gcruthódh comharthaíocht sábháilteachta impreisean fáilteach (m.sh. an dearcadh i bhfig. 10.31) B'fhéidir gur féidir comharthaíocht sábháilteachta a chomhcheangal le léirmhíniú suímh.

Fig. 10.30

Eolas sábháilteachta i Wharram Percy, UK



(Foinse: Research and Dig, 2012)

Fig. 10.31

Eolas sábháilteachta i Rinn a' Dúin, Co Roscomáin



(Foinse: Research and Dig, 2016)

- **Lucht Siúbhalóide do choimead ar a slí agus bainistiú is cothabháil tionnchar tuille is creime**

Gabhann lucht siúbhalóide treasna na bpáirceanna oscailte fa' furmhór Slí Fallaí Hadrian i dtuaisceart Shasana. Is gnáthaí stráice féarach, c.1.5m ar leithead, do bhaint chun an slí do mharcáil (fig. 10.31). Cintíonn sé seo go bhfanann lucht siubhalóide ar an slí ceart. Eiríonn an stráice féir seo tiubh le h-imeacht aimsire agus síor bhaint is feabhasaíonn sé mar chosán le siubhal air. Is cóir slite agus cosáin siubhail do bhaint go minic, chun a dtairife is lucht a shiúbhailtha. Is ceart malairt slí do thaispeáint go soiléir nó obair chothabhála ceadaithe do dhéanamh mórthimpeal tuinneacha is riascaigh. Is féidir geataí oiriúnacha plaisteacha do chur ar fáil mar a bhfuil paistí beaga portaig (de chloch nádúrtha más féidir) (fig. 10.32). Is ceart fógraí sealadacha do chrochadh mar a bhfuil creimeadh tárlaithe agus iad seo ag impí ar dhaoineibh gan siubhal ar an ndrompla loitithe ach lena ais (fig. 10.33), nó is féidir cosáin nua do bhaint sa bhféar láimh leis mar mhalairt. Thárlódh go gcaithfí fógraí sealadacha do chrochadh le linn saosúr beirthe na n'uan is na ngamhan. Beidh gá, ar uairibh, le céimeanna cloiche nádúrtha nó adhmaid do leagadh ar fhánaigh ghéar (fig. 10.34). Is cóir feidhmiú go solúbtha is go tigheasach le bainistiú na gcuariteoirí, de ghnáth. Is cóir scrúdaithe rialta do dhéanamh chun deimhin do dhéanamh de gur féidir le lucht siubhlóide a slí d'fháil go fuirist mórthimpeal suíomh. De ghnáth, is cóir aon infrastructure bainistithe slí (e.g. dreapadh, geataí, cosc-bhataí, méar fhógraíocht) do bheith déanta as abhar d'árdchaighdeán nádúrtha. Ní mór aon athrú beartaithe do shiubhlóidí do bheith déanta ag lucht gairmiúil i gcúrsaí sláinte agus sábháilachta agus ní mór taithí mhaith ar obair thuisceanach dhoimhin le tírdhreach leochaileach is stairiúil, a bheith acu. Caithfidh aon athrú beartaithe bheith a rain dul le treoirinte sa bhfoilsíúcháin *Managing Visitor Safety in the Historic Built Environment: principles and practice* (2015)²⁵⁴. Is féidir go mbeadh cead seandálaíoch, nó eile, riachtanach do athraithe beartaithe

Fig. 10.32 **Cosán féar buainte i bpáirc oscailte fa' Slí Fallaí Hadrian, UK**




(Foinse: Research and Dig, 2011)

²⁵⁴ Ibid

Fig. 10.33

Sreang shimplí phlaisteach fan Slí Fallaí Hadrian, UK



(Foinse: Research and Dig, 2011)

Fig. 10.34

Eolas smachta faoi chreimeadh agus breith na n'uan ag Fallaí Hadrian, UK

Hadrian, UK



(Foinse: Research and Dig, 2011)

Fig 10.35

Céimeanna cloiche nádúrtha, Fallaí Hadrian, UK



(Foinse: Research and Dig, 2012)

Figiúr 10.36

Bacainn adhmaid ag imeall an bhóthair phoiblí, Cairngorms National Park, RA (Ríocht Aontaithe)



(Foinse: Research and Dig, 2018)

Figióúr 10.36
(Ríoht Aontaithe)

Droichead adhmaid thar sruthán in Cairngorms National Park, RA



(Foinse: Research and Dig, 2018)

- **Bainistiú ar bhaill dainséaracha áitiúla.**

In' áiteanna mar a bhfuil dáinséar ar leith, m.sh. titim géar, ní mór cuairteóirí do stiúiriú amach as an mbaol trí úsáid fógraíochta bhárnála crochta mórhímpeall (fig. 10.34). B'fhéidir go n'oirfeadh bataí adhmaid mar bhac, nuair is gá. Is cóir, leis, comharthaí bhárnála ag áiteamh ar dhaoine gan séadchomharthaí do dhreapadh. Is ceart straitéis caomhnaithe oiriúnach do bheartú is do chur i bhfeidhm ina aon áit mar a bhfuil oidhreacht i bhfoirm fotharaigh i gceist.

Fig. 10.38

Fógra dainséir áitiúil, Kirkham Priory, UK



(Foinse: Research and Dig, 2012)

Áitreabh le tábhacht oidhreachta idirnáisiunta is ea Múscaí. Is annamh a faightear a leithéid in Iarthar na hEorpa, 'sé sin, an gaol chomh láidir sin idir áitreabh agus daoine, cuimhneamh agus searmanas. Chuir fairsinge, doimhneacht agus tábhacht oidhrecht na Ghaeltachta seo ionadh ar an bhfoireann taighde. Le gach drompla a bhaineamar, tháingamair ar bhonn eile faoi sin arís. A deire báire, b'é an radharc a fuairamar romhainn ná radharc ar thírdhreach cultúrtha fíorthábhachtach gur beag eolas a bhí foirleathan ina thaobh.

Ní ar shamhail Árd-Eaglaise míllteach mór meánaoiseach éigin, nó a leithéid gníomh geolaíoch míorúilteach, alltach, atá croí-thabhacht Mhúscaí bunaithe. Is amhlaigh atá a thábhacht bunaithe ar an ngaol atá idir áitreabh is daoine, agus é imithe i ndoimhneacht agus i gcastacht le caitheamh na gcianta. Is abhar molta é ar mhuintir Mhúscaí is na daoine a d'imigh rompu.

Tá oidhrecht láimhsithe Mhúscaí ceangailte go daingean leis an oidhrecht doláimhsithe. Léiríonn comhairle an phobail go ndearbhaíonn tromlach Mhuintir Mhúscaí a n'oidhrecht le tuiscint leathan uilghnéitheach.

Cruthaíonn cruthaíocht chultúrtha agus spioradálthacht áitreabh Mhúscaí, tobar lán' bhrí a chosnaíonn Náisiún na hÉireann in aghaidh nádúir an síormheasca uil-Dhomhanda.

Ní h-ionann an Ghaeltacht agus áitreabh cruaithe le aois faoi radharc lucht a fhaire agus iad ag cuardach conas mar bhíodh. Tá beocht fós ins na codaibh éagsúla áitribh agus cleachtais a ghineann, i dteannta 'chéile, an Ghaeltacht. Ach tá an bheatha seo i mbaol i láthair na h-uaire.

Do réir a chéile, tá dreo an daonra tuaithe, freagraí pobail chun an brú ón sruth eacnamaíoch shóisialta ró-mhór, cinneadhaí polasaithe agus roghanna pearsanta ag creimeadh fírinne Cultúir Mhúscaí. Éilíonn a leithéid seo de thábhacht is aitheantas agus caithfear tacaíocht físiúil do chur in áirithint i dtreo na Gaeltachta seo. Mura ndéantar é seo, caillfear an fíor oidhrecht éagsúl áitiúil seo agus meathóidh a thábhacht don Náisiún ionas, ar deire, ná beidh ann ach áit bheag ar bheagán tábhachta, brí is beochta.

Tá an docuiméad seo bunaithe ar sár shaothar na n'eagraíochtaí pobail éagsúla sa Ghaeltacht, iarrachtaí fóirne Chomhairle Contae Chorcaí, Údarás na Gaeltachta agus na h-eagraíochtaí stáit eile. Tháinig a chéad síol ó Acadamh Fódhla. Tá súil go ndéanfar áitreabh níos bhfearr le maireachtaint ann, saotharú ann agus cuairde air, do Mhuintir Mhúscaí trí mholtaí, gníomhartha is polasaithe luaite sa tuairisc seo agus gur fearr a bheidh siad dá bharr, chun dul i ngleic le h-athrú agus croí-thábhacht a n'oidhreachta is a gceantar do thabhairt slán.

Appendices

- Aguisín A** Na Grúpaí Pobail Áitiúil i nGaeltacht Mhúscraí
- Aguisín B** Billeog le haghaidh tuairim a nochtadh
- Aguisín C** Litir na stairithe chun An Bord Pleanála
- Aguisín D** Cairt Ename (Cairt mínithe agus léiriú na suíomh oidhreachta cultúrtha – níl leagan Gaeilge ar fáil)

Aguisín A Na Grúpaí Pobail Áitiúil i nGaeltacht Mhúscraí

• Acadamh Fódhla • Aisteoirí Chúil Aodha • Aisling Gheal • Aonach na Nollag • Banna Céilí Lachtaín Naofa • Bantracht na Tuaithe - Cill na Martra • Bia Gleann na Laoi • Bol Chumann - Baile Mhúirne • Bol Chumann - Chúil Aodha • Bolchumann Réidh na nDoirí • Bord Bainistíochta Coláiste Ghobnatan • Bord Bainistíochta Scoil Abán Naofa • Bord Bainistíochta Scoil Chúil Aodha - Barr d'Inse • Bord Bainistíochta Scoil Lachtaín Naofa • Bord Bainistíochta Scoil Mhuire • Bord Bainistíochta Scoil Naomh Fhionnbarra • Bord Bainistíochta Scoil Réidh na nDoirí • Brian Ó Tuama Fund • Buíon Phóibairí Béal Átha an Ghaorthaidh • Bunchlub Cúil Aodha • Bunchlub Béal Átha an Ghaorthaidh • Cairde Mhúscraí san Eoraip • Coiste Staire Réidh na nDoirí • Club Gunna Baile Mhúirne agus Cúil Aodha • Club Óige an tSuláin • Club Óige Béal Átha'n Ghaorthaidh • Club Páistí Cúil Aodha • Club Sóisialta Barra agus Rónán Naofa • Coiste an Dochtúir Ó Loingsigh • Coiste an Halla Béal Átha'n Ghaorthaidh • Coiste Aonach Ceoil Bhaile Mhúirne • Coiste Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo • Coiste Comhcheangal Gaeltacht Mhúscraí • Coiste Dílleachtaí Shearnóbail • Coiste Féile na Laoch • Coiste Forbartha Béal Átha'n Ghaorthaidh • Coiste Forbartha Chill na Martra • Coiste Forbartha Réidh na nDoirí • Coiste Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh • Coiste Litríochta Mhúscraí Plean Teanga Mhúscraí Aguisín III – Páirtithe Leasmhara 280 • Coiste Lourdes • Coiste Mainistir - Cúil Aodha • Coiste na dTuismitheoirí Scoil Fhionnbarra • Coiste Bailte Slachtmhara Baile Mhúirne/Baile Mhic Íre • Coiste Bailte Slachtmhara Béal Átha'n Ghaorthaidh • Coiste Bailte Slachtmhara Cill na Martra • Coiste Bailte Slachtmhara Cúil Aodha • Coiste Paráid Lá le Pádraig, Béal Átha'n Ghaorthaidh • Coiste Scrín Ghobnatan • Coiste Tacaíochta Choláiste Samhraidh Baile Mhúirne • Coiste Tithíochta Uíbh Laoghair Teo. • Coiste Tuismitheoirí Scoil Lachtaín Naofa • Coláiste na Mumhan • Coláiste Samhraidh - Baile Mhúirne (Gael Linn) • Comhairle Phobal & Ceantar Bhaile Mhúirne • Comhairle Tuismitheoirí Choláiste Ghobnatan • Comhaltas Cosanta Chúil Aodha • Comhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teo. • Conradh na Gaeilge • Cór Ban Chúil Aodha • Cór Bhaile Mhúirne • Cór Bhéal Átha'n Ghaorthaidh • Cór Chill na Martra • Cór Chúil Aodha • Cór Réidh na nDoirí • Craobh Lachtaín Naofa, Cill na Martra (C.C.É.) • Cruinniú na bhFliúit • Cuan Barra - Spraio na Laoi • Cumann Bheachairí Mhúscraí • Cumann Ceamara Locha Lua • Cumann Drámaíochta Cill na Martra • Cumann Iascaireachta Guagán Barra • Cumann Peile Cill na Martra • Cumann Peile Naomh Abán Baile Mhúirne • Cumann Peile Béal Átha'n Ghaorthaidh • Cumann Peil na mBan Naomh Fionnbarra • Cumann Seana Ghluaisteáin agus Tarracóirí Mhúscraí • Cumann Siúlóide Chill na Martra • Cumann Staire Bhéal Átha'n Ghaorthaidh • Cumann Tuismitheoirí Scoil Abán Naofa • Dáimhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn • Daonscoil an Ghuagáin • Dúlra & Dúchas Bhaile Mhúirne • Ealaíontóirí Mhúscraí • Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin Plean Teanga Mhúscraí Aguisín III – Páirtithe Leasmhara 281 • Féile Damhsa agus Ceoil Chorcaí agus Chiarraí • Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (I.F.A.) • Fo-choiste na Linne - Cúil Aodha • Glór na nGael Chill na Martra • Grúpa Chéad Freagróra Phobal Bhéal Átha'n Ghaorthaidh • Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí Bhéal Átha'n Ghaorthaidh • Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí Réidh na nDoirí • Grúpa Tuismitheoirí agus Leanaí Chúil Aodha • Grúpa Turasóireachta Gleann na Laoi • IMBOLC • Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh • Iontaobhas Fódhla • Irish Hill Farmers • Karate / Caráité • Lá Lus an Chromchinn • Laochra Óg Hurling & Camogie Club • Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí • Muintearas /Óige na Gaeltachta • Mullach na Réidh - Ionad Áise • Naomh Uinseann de Pól (Comhdháil Naomh Gobnait) • Naomh Uinseann de Pól (Craobh N. Rónáin Uíbh Laoire) • Peileadóirí an tSuláin • Pobal ar Aire (paróiste Uíbh Laoire) • Pobal ar Aire Cill na Martra, Réidh na nDoirí, Baile Mhúirne, Cúil Aodha. • Ranganna Ceoil • Réadóirí Ceantair Ghobnatan Naofa • Réadóirí Chill na Martra • Rince Gaelach/Scoil Rince Uí Thuama • Séipéal Chúil Aodha • Séipeal Naomh Fhionnbarra & Rónáin, Béal Átha'n Ghaorthaidh • Séipéal Naomh

Ghobnait, Baile Mhúirne • Séipéal Chill na Martra • Séipéal Réidh na nDóirí • Séipéal Ghuagán Barra • Slí Gaeltacht Mhúscraí • Special Olympics Irl, Múscraí • Taekwon-do • Taispeántas Baile Mhúirne/Cúil Aodha • Tionól Paróiste Uíbh Laoire • Torrach go Brollach

(Foinse: *Plean Teanga Mhúscraí* (2017)).



Cruinniú Eolais Poiblí

15th November 2014

Ba mhaith linn bhúr dtuairimí a fháil maidir le dearú plean nua oidhreachta do Ghaeltacht Mhúscraí.

COMMENT SHEET

Please fill in this sheet. Your comments will be very helpful. Feel free to use the back of the page if you run out of space.

You can either leave the completed sheets with us today, drop them into the library in Baile Mhúirne, or post them to Liam Mannix, 12 Parnell Street, Kilkenny.

* * * * *

NAME (optional) _____

CONTACT DETAILS (optional)

What makes Muscraí special to you?

Do you have any concerns about the management of the Gaeltacht's heritage? If so, please give details:

Do you have any ideas about what should be in the plan or issues that you think we should address?

To: An Bord Pleanála
From: The undersigned
Re: Coolnacaheeragh ambush site and the N22

7 May 2010

We, the undersigned historians of the Irish War of Independence, are writing to support the preservation of the Coolnacaheeragh battlefield, currently threatened by the proposed N22 dual carriageway. Coolnacaheeragh (also referred to as Coolavokig and Ballyvourney in the literature) was one of the most notable ambushes of the Irish War of Independence, and for cultural and educational reasons the site should be retained in its current state.

The Coolnacaheeragh ambush was one of the largest and longest encounters of the War of Independence. Nearly 200 combatants exchanged fire for four hours, and then continued a six-hour running fight across miles of broken country. With Clonbannin (5 March 1921) and Crossbarry (19 March 1921), Coolnacaheeragh reflected the IRA's growing guerrilla sophistication in early 1921. In three large-scale engagements, the Cork IRA proved its ability to successfully engage strong British forces in nearly conventional warfare settings. Coolnacaheeragh should thus be classified as one of the IRA's most ambitious operations of the entire conflict. The British response at Coolnacaheeragh was also notable in its use of combined arms tactics, with the deployment of infantry, armour, and air units to the scene.

Strategically, the Coolnacaheeragh ambush secured the IRA's safe haven in the Darrynassgart Mountains, along the Cork/Kerry border. After the IRA's damage to the strong Auxiliary Cadet force at Coolnacaheeragh, the Crown forces proved unwilling to enter the region except in overwhelming strength. The area became the redoubt of the Munster IRA, providing refuge to the Cork No. 1 Brigade and Cork No. 3 Brigade flying columns (the latter after the Crossbarry fight). It also hosted the headquarters of the First Southern Division, which emerged as the critical formation of the ensuing Civil War. The Coolnacaheeragh Ambush was essential to the establishment of the largest Republican safe haven of the 1920-21 period.

Reflecting its historical importance, the ambush appears in numerous histories of the Anglo-Irish conflict. For example, Michael Hopkinson's *The Irish War of Independence* (2002), the standard work on the military conflict, provides Coolnacaheeragh with as much space as Kilmichael. William Kautt (professor at the US Army's Command and Staff College) uses the ambush as a key case study in his new *The Irish Rebellion, 1919-1921: Ambushes and Armour* (2010). The engagement is also described in John Borgonovo's *Florence and Josephine O'Donoghue's War of Independence* (2006), and Richard Abbott's *Police Casualties in Ireland* (2000). *Rebel Cork's Fighting Story* (the 1961 edition) dedicates an entire chapter to the battle, as do two memoirs written by IRA participants (Charlie Browne's *The Story of the Seventh* (1971), and Michael Ó Suilleabháin's *Where the Mountainy Men have Sown* (1965)).

In its current state, Coolnacaheeragh offers one of the most attractive opportunities in Ireland for battlefield archaeologists. British observers reported impressive IRA entrenchments on the site, the remnants of which will be destroyed by the proposed road-works. Changes to the landscape will further eliminate key ground features that are essential to understanding the battle. This will ruin the site's potential as an interpretive centre, just a few years before the centenary of the Easter Rising. The loss of such an educational, cultural, and tourism resource must be avoided.

Yours sincerely,

Dr Michael Hopkinson (University of Stirling) – author of *The Irish War of Independence* (2002)
[michaelhopkinson@btinternet.com]

Prof William Kautt (US Army Command and General Staff College, Kansas) – author of *The Irish Rebellion, 1919-1921: Ambushes and Armour* (2010)
[william.kautt2@us.army.mil]

(PTO)

Dr Peter Hart (Memorial University of Newfoundland) – author of *The IRA and its Enemies: Violence and Community in Cork, 1916-1923* (1990) and *The IRA at War 1916-1923* (2003)

[phart@mun.ca]

Dr John Borgonovo (University College Cork) – author of *Florence and Josephine O'Donoghue's War of Independence* (2006)

[johnnyborg@yahoo.com]

Prof Diarmaid Ferriter (University College Dublin) – author of *The Transformation of Ireland* (2004)

[diarmaid.ferriter@ucd.ie]

Dr Marie Coleman (Queen's University Belfast) – author of *County Longford and the Irish Revolution, 1910-1923* (2003)

[m.coleman@qub.ac.uk]

Dr Donal Ó Drisceoil (University College Cork) – historical advisor, *The Wind that Shakes the Barley* (2006)

[d.odriscoll@ucc.ie]

Dr Ruan O'Donnell (University of Limerick) – author of introduction to *Limerick's Fighting Story 1916-21 - Told By The Men Who Made It* (2009)

[Ruan.ODonnell@ul.ie]

Mr Gabriel Doherty (University College Cork) – editor, Mercier Press 'Military History of the Irish Civil War' series

[g.doherty@ucc.ie]

Note: all of the signatories are active in researching/teaching the Irish War of Independence. The publications listed indicate only their most recent or relevant contributions. Due to the logistical difficulties in having everyone personally sign the letter, email addresses are provided if verification is required.

Aguisín D **Cairt Ename (Cairt mínithe agus léiriú na suíomh oidhreachta cultúrtha – níl leagan Gaeilge ar fáil)**

The ICOMOS Charter for the Interpretation and Presentation of Cultural Heritage Sites

PROPOSED FINAL DRAFT

Revised under the Auspices of
the ICOMOS International Scientific Committee
on Interpretation and Presentation

10 April 2007

Preamble

Definitions

Objectives

Principles

PREAMBLE

Since its establishment in 1965 as a worldwide organisation of heritage professionals dedicated to the study, documentation, and protection of cultural heritage sites, ICOMOS has striven to promote the conservation ethic in all its activities and to help enhance public appreciation of humanity's material heritage in all its forms and diversity.

As noted in the Charter of Venice (1964) "It is essential that the principles guiding the preservation and restoration of ancient buildings should be agreed and be laid down on an international basis, with each country being responsible for applying the plan within the framework of its own culture and traditions." Subsequent ICOMOS charters have taken up that mission, establishing professional guidelines for specific conservation challenges and encouraging effective communication about the importance of heritage conservation in every region of the world.

These earlier ICOMOS charters stress the importance of public communication as an essential part of the larger conservation process (variously describing it as "dissemination," "popularization," "presentation," and "interpretation"). They implicitly acknowledge that every act of heritage conservation—within all the world's cultural traditions—is by its nature a communicative act.

From the vast range of surviving material remains and intangible values of past communities and civilisations, the choice of what to preserve, how to preserve it, and how it is to be presented to the public are all elements of site interpretation. They represent every generation's vision of what is significant, what is important, and why material remains from the past should be passed on to generations yet to come.

The need for a clear rationale, standardised terminology, and accepted professional principles for Interpretation and Presentation⁴ is evident. In recent years, the dramatic expansion of interpretive activities at many cultural heritage sites and the introduction of elaborate interpretive technologies and new economic strategies for the

⁴ See definitions on page 3.

marketing and management of cultural heritage sites have created new complexities and aroused basic questions that are central to the goals of both conservation and the public appreciation of cultural heritage sites throughout the world:

- What are the accepted and acceptable goals for the Interpretation and Presentation of cultural heritage sites?
- What principles should help determine which technical means and methods are appropriate in particular cultural and heritage contexts?
- What general ethical and professional considerations should help shape Interpretation and Presentation in light of its wide variety of specific forms and techniques?

The purpose of this Charter is therefore to define the basic principles of Interpretation and Presentation as essential components of heritage conservation efforts and as a means of enhancing public appreciation and understanding of cultural heritage sites.⁴

⁴ Although the principles and objectives of this Charter may equally apply to off-site interpretation, its main focus is interpretation and presentation at, or in the immediate vicinity of, cultural heritage sites.

DEFINITIONS

For the purposes of the present Charter,

Interpretation refers to the full range of potential activities intended to heighten public awareness and enhance understanding of cultural heritage site. These can include print and electronic publications, public lectures, on-site and directly related off-site installations, educational programmes, community activities, and ongoing research, training, and evaluation of the interpretation process itself.

Presentation more specifically denotes the carefully planned communication of interpretive content through the arrangement of interpretive information, physical access, and interpretive infrastructure at a cultural heritage site. It can be conveyed through a variety of technical means, including, yet not requiring, such elements as informational panels, museum-type displays, formalized walking tours, lectures and guided tours, and multimedia applications and websites.

Interpretive infrastructure refers to physical installations, facilities, and areas at, or connected with a cultural heritage site that may be specifically utilised for the purposes of interpretation and presentation including those supporting interpretation via new and existing technologies.

Site interpreters refers to staff or volunteers at a cultural heritage site who are permanently or temporarily engaged in the public communication of information relating to the values and significance of the site.

Cultural Heritage Site refers to a place, locality, natural landscape, settlement area, architectural complex, archaeological site, or standing structure that is recognized and often legally protected as a place of historical and cultural significance.

OBJECTIVES

In recognizing that interpretation and presentation are part of the overall process of cultural heritage conservation and management, this Charter seeks to establish seven cardinal principles, upon which Interpretation and Presentation—in whatever form or medium is deemed appropriate in specific circumstances—should be based.

Principle 1: Access and Understanding

Principle 2: Information Sources

Principle 3: Attention to Setting and Context

Principle 4: Preservation of Authenticity

Principle 5: Planning for Sustainability

Principle 6: Concern for Inclusiveness

Principle 7: Importance of Research, Training, and Evaluation

Following from these seven principles, the objectives of this Charter are to:

- 1. Facilitate understanding and appreciation** of cultural heritage sites and foster public awareness and engagement in the need for their protection and conservation.
- 2. Communicate the meaning** of cultural heritage sites to a range of audiences through careful, documented recognition of significance, through accepted scientific and scholarly methods as well as from living cultural traditions.
- 3. Safeguard the tangible and intangible values** of cultural heritage sites in their natural and cultural settings and social contexts.
- 4. Respect the authenticity** of cultural heritage sites, by communicating the significance of their historic fabric and cultural values and protecting them from the adverse impact of intrusive interpretive infrastructure, visitor pressure, inaccurate or inappropriate interpretation.

5. **Contribute to the sustainable conservation** of cultural heritage sites, through promoting public understanding of, and participation in, ongoing conservation efforts, ensuring long-term maintenance of the interpretive infrastructure and regular review of its interpretive contents.
6. **Encourage inclusiveness** in the interpretation of cultural heritage sites, by facilitating the involvement of stakeholders and associated communities in the development and implementation of interpretive programmes.
7. **Develop technical and professional guidelines** for heritage interpretation and presentation, including technologies, research, and training. Such guidelines must be appropriate and sustainable in their social contexts.

PRINCIPLES

Principle 1: Access and Understanding

Interpretation and presentation programmes should facilitate physical and intellectual access by the public to cultural heritage sites.

1.1 Effective interpretation and presentation should enhance personal experience, increase public respect and understanding, and communicate the importance of the conservation of cultural heritage sites.

1.2 Interpretation and presentation should encourage individuals and communities to reflect on their own perceptions of a site and assist them in establishing a meaningful connection to it. The aim should be to stimulate further interest, learning, experience, and exploration.

1.3 Interpretation and presentation programmes should identify and assess their audiences demographically and culturally. Every effort should be made to communicate the site's values and significance to its varied audiences.

1.4 The diversity of language among visitors and associated communities connected with a heritage site should be taken into account in the interpretive infrastructure.

1.5 Interpretation and presentation activities should also be physically accessible to the public, in all its variety.

1.6 In cases where physical access to a cultural heritage site is restricted due to conservation concerns, cultural sensitivities, adaptive re-use, or safety issues, interpretation and presentation should be provided off-site.

Principle 2: Information Sources

Interpretation and presentation should be based on evidence gathered through accepted scientific and scholarly methods as well as from living cultural traditions.

2.1 Interpretation should show the range of oral and written information, material remains, traditions, and meanings attributed to a site. The sources of this information should be documented, archived, and made accessible to the public.

2.2 Interpretation should be based on a well researched, multidisciplinary study of the site and its surroundings. It should also acknowledge that meaningful interpretation necessarily includes reflection on alternative historical hypotheses, local traditions, and stories.

2.3 At cultural heritage sites where traditional storytelling or memories of historical participants provide an important source of information about the significance of the site, interpretive programmes should incorporate these oral testimonies—either indirectly, through the facilities of the interpretive infrastructure, or directly, through the active participation of members of associated communities as on-site interpreters.

2.4 Visual reconstructions, whether by artists, architects, or computer modelers, should be based upon detailed and systematic analysis of environmental, archaeological, architectural, and historical data, including analysis of written, oral and iconographic sources, and photography. The information sources on which such visual renderings are based should be clearly documented and alternative reconstructions based on the same evidence, when available, should be provided for comparison.

2.5 Interpretation and presentation programmes and activities should also be documented and archived for future reference and reflection.

Principle 3: Context and Setting

The Interpretation and Presentation of cultural heritage sites should relate to their wider social, cultural, historical, and natural contexts and settings.

3.1 Interpretation should explore the significance of a site in its multi-faceted historical, political, spiritual, and artistic contexts. It should consider all aspects of the site's cultural, social, and environmental significance and values.

3.2 The public interpretation of a cultural heritage site should clearly distinguish and date the successive phases and influences in its evolution. The contributions of all periods to the significance of a site should be respected.

3.3 Interpretation should also take into account all groups that have contributed to the historical and cultural significance of the site.

3.4 The surrounding landscape, natural environment, and geographical setting are integral parts of a site's historical and cultural significance, and, as such, should be considered in its interpretation.

3.5 Intangible elements of a site's heritage such as cultural and spiritual traditions, stories, music, dance, theater, literature, visual arts, local customs and culinary heritage should be considered in its interpretation.

3.6 The cross-cultural significance of heritage sites, as well as the range of perspectives about them based on scholarly research, ancient records, and living traditions, should be considered in the formulation of interpretive programmes.

Principle 4: Authenticity

The Interpretation and presentation of cultural heritage sites must respect the basic tenets of authenticity in the spirit of the Nara Document (1994).

4.1 Authenticity is a concern relevant to human communities as well as material remains. The design of a heritage interpretation programme should respect the traditional social functions of the site and the cultural practices and dignity of local residents and associated communities.

4.2 Interpretation and presentation should contribute to the conservation of the authenticity of a cultural heritage site by communicating its significance without adversely impacting its cultural values or irreversibly altering its fabric.

4.3 All visible interpretive infrastructures (such as kiosks, walking paths, and information panels) must be sensitive to the character, setting and the cultural and natural significance of the site, while remaining easily identifiable.

4.4 On-site concerts, dramatic performances, and other interpretive programmes must be carefully planned to protect the significance and physical surroundings of the site and minimise disturbance to the local residents.

Principle 5: Sustainability

The interpretation plan for a cultural heritage site must be sensitive to its natural and cultural environment, with social, financial, and environmental sustainability among its central goals.

5.1 The development and implementation of interpretation and presentation programmes should be an integral part of the overall planning, budgeting, and management process of cultural heritage sites.

5.2 The potential effect of interpretive infrastructure and visitor numbers on the cultural value, physical characteristics, integrity, and natural environment of the site must be fully considered in heritage impact assessment studies.

5.3 Interpretation and presentation should serve a wide range of conservation, educational and cultural objectives. The success of an interpretive programme should not be evaluated solely on the basis of visitor attendance figures or revenue.

5.4 Interpretation and presentation should be an integral part of the conservation process, enhancing the public's awareness of specific conservation problems encountered at the site and explaining the efforts being taken to protect the site's physical integrity and authenticity.

5.5 Any technical or technological elements selected to become a permanent part of a site's interpretive infrastructure should be designed and constructed in a manner that will ensure effective and regular maintenance.

5.6 Interpretive programmes should aim to provide equitable and sustainable economic, social, and cultural benefits to all stakeholders through education, training and employment opportunities in site interpretation programmes.

Principle 6: Inclusiveness

The Interpretation and Presentation of cultural heritage sites must be the result of meaningful collaboration between heritage professionals, host and associated communities, and other stakeholders.

6.1 The multidisciplinary expertise of scholars, community members, conservation experts, governmental authorities, site managers and interpreters, tourism operators, and other professionals should be integrated in the formulation of interpretation and presentation programmes.

6.2 The traditional rights, responsibilities, and interests of property owners and host and associated communities should be noted and respected in the planning of site interpretation and presentation programmes.

6.3 Plans for expansion or revision of interpretation and presentation programmes should be open for public comment and involvement. It is the right and responsibility of all to make their opinions and perspectives known.

6.4 Because the question of intellectual property and traditional cultural rights is especially relevant to the interpretation process and its expression in various communication media (such as on-site multimedia presentations, digital media, and printed materials), legal ownership and right to use images, texts, and other interpretive materials should be discussed, clarified, and agreed in the planning process.

Principle 7: Research, Training, and Evaluation

Continuing research, training, and evaluation are essential components of the interpretation of a cultural heritage site.

7.1 The interpretation of a cultural heritage site should not be considered to be completed with the completion of a specific interpretive infrastructure. Continuing research and consultation are important to furthering the understanding and appreciation of a site's significance. Regular review should be an integral element in every heritage interpretation programme.

7.2 The interpretive programme and infrastructure should be designed and constructed in a way that facilitates ongoing content revision and/or expansion.

7.3 Interpretation and presentation programmes and their physical impact on a site should be continuously monitored and evaluated, and periodic changes made on the basis of both scientific and scholarly analysis and public feedback. Visitors and members of associated communities as well as heritage professionals should be involved in this evaluation process.

7.4 Every interpretation programme should be considered as an educational resource for people of all ages. Its design should take into account its possible uses in school curricula, informal and lifelong learning programmes, communications and information media, special activities, events, and seasonal volunteer involvement.

7.5 The training of qualified professionals in the specialised fields of heritage interpretation and presentation, such as content creation, management, technology, guiding, and education, is a crucial objective. In addition, basic academic conservation programmes should include a component on interpretation and presentation in their courses of study.

7.6 On-site training programmes and courses should be developed with the objective of updating and informing heritage and interpretation staff of all levels and associated and host communities of recent developments and innovations in the field.

7.7 International cooperation and sharing of experience are essential to developing and maintaining standards in interpretation methods and technologies. To that end, international conferences, workshops and exchanges of professional staff as well as national and regional meetings should be encouraged. These will provide an opportunity for the regular sharing of information about the diversity of interpretive approaches and experiences in various regions and cultures.